CRIMINAL ASSETS BUREAU

# An Biúró um Shócmhainní Coiriúla Tuarascáil Bhliantúil



# 2018

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
Cearnóg an Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 PT89
Éire

Guthán: +353 1 666 3266
Ríomhphost: info@cab.ie
Twitter: sócmhainní coiriúla
Facebook: www.facebook.com/criminalassetsbureau.ie

www.cab.ie
www.anbiúroumschómhainnícoiriula.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil as Gaeilge freisin.
Tá an tuarascáil seo ar fáil as Gaeilge freisin.

© Cóipcheart Rialtas na hÉireann.
Rinne Coiste Tuarascála Bliantúla an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla 2018 an tuarascáil seo a ullmhú agus a dhearadh.

# Clár Ábhair

Clár Ábhair ..........................................................................................................i
Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Aire Dlí agus Cirt & Comhionannais . v
Litir ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána ............... ix
Réamhrá ........................................................................................................ xiii

Cuid a hAon: Léargas Ginearálta ar an Biúró um Shócmhainní Coiriúla a n-oifigigh agus a fhoireann.

*An Biúró* ........................................................................................1
*Airgeadas* .......................................................................................1
*Cuspóirí agus feidhmeanna* ..........................................................1
*Príomh-Oifigeach an Bhiúró* .........................................................2
*Oifigeach Dlí an Bhiúró* ................................................................2
*Comhlacht corparáideach* ..............................................................2
*Struchtúr an Bhiúró* ......................................................................3
*Oifigigh agus foireann an Bhiúró* ..................................................3
*Leibhéil Údaraithe Foirne* .............................................................4
*Neamhainmníocht.* .........................................................................4
*Tascfhórsa Speisialta Coireachta* ..................................................4
*An Oifig um Fhaisnéis & Measúnú* ................................................4
*Oifig um Bainistíocht Sócmhainní* .................................................5
*Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit* .....................................................6
*Comhchoistí Póilíneachta* ..............................................................6
*Próifíleoirí Rannach um Shócmhainní* ...........................................7
*Cás 1* ..............................................................................8
*Cás 2* ..............................................................................8
*Cás 3* ..............................................................................8
*Cás 4* ..............................................................................9
*Léarscáil Dáileacháin de Spriocanna CAB (An Biúró um Shócmhainní Coiriúla)* .....................................................................................10
*Oiliúint agus Forbairt* ................................................................... 11
*TACTIC* ........................................................................ 11
*Oiliúint Foirne* .............................................................. 11
*Airgeadraí Fíorúla* ........................................................................ 12
*Cairt na hEagraíochta* ................................................................... 15

Cuid a Dó: Imscrúduithe an Bhiúró um Sócmhainní Coiriúla

*Imscrúduithe* ................................................................................ 17
*Alt 14* ........................................................................................... 17
*Alt 14A* ......................................................................................... 18
*Iarratais a rinneadh le linn na bliana 2018* ................................... 18
*Alt17* .............................................................................................19

Cuid a Trí: Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 go 2016

*Réamhrá* ...................................................................................... 21

## Clár Ábhair


*Athbhreithniú ar Alt 1A* ............ *22*
- *Coinneáil 1* ............ *22*
- *Coinneáil 2* ............ *23*
- *Coinneáil 3* ............ *23*

*Cásanna Tosaithe* ............ *23*
*Athbhreithniú ar Alt2(1)* ............ *23*
*Miondealú Luachála* ............ *24*
*Súil siar ar Alt 3* ............ *25*
*Alt 3(3)* ............ *26*
*Miondealú Geografach* ............ *27*
*Foirgnimh* ............ *27*
*Feithiclí* ............ *27*
*Só-earraí* ............ *28*
- *Cás 1* ............ *28*

*Alt 4(1) agus Alt 4A* ............ *28*
- *Cás 1: Oibríocht Thor* ............ *29*

*Alt 6* ............ *30*
*Alt 7* ............ *30*

Cuid a Ceathair: Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró
*Forbhreathnú* ............ *33*
*Feidhmeanna Cánach* ............ *33*
*Measúnuithe Cánach* ............ *33*
*Achomhairc Chánach* ............ *33*
*Achomhairc chuig na Coimisinéirí um Achomhairc Canach* ............ *33*
*Nithe a Bailíodh* ............ *34*
*Nithe a Aisghabhadh* ............ *34*
*Éilimh* ............ *34*
*Socruithe Ioncaim* ............ *34*
- *An Chúirt Chuarda* ............ *34*
- *An Ard-Chúirt* ............ *34*
- *Breithiúnais* ............ *34*

*Imscrúduithe* ............ *35*
- *Gadaíocht agus Calaois* ............ *35*
- *Tionscal Mótair* ............ *35*
- *Díol agus Soláthar Drugaí* ............ *35*

*Feidhmeanna Custam agus Máil* ............ *35*
- *Smuigléireacht* ............ *36*
- *Trádáil Feithicle agus Cáin Cláraithe Feithicle* ............ *36*
- *Idirchaidreamh le Custaim* ............ *37*

*Táblaí ioncaim* ............ *39*

Cuid a Cúig: Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró
*Forbhreathnú* ... *41*
*Coigilteas* ... *41*
*Ró-Íocaíochtaí* ... *41*
*Nithe a Aisghabhadh* ... *41*
*Achomhairc* ... *42*
*Alt 5(1)(c)* ... *42*
*Cás 1* ... *42*
*Cás 2* ... *43*
*Cás 3* ... *43*
*Cás 4* ... *43*
*Táblaí um Leasa Shóisialaigh* ... *44*

Cuid a Sé: Imscrúduithe Tábhachtacha an Bhiúró
*Réamhrá* ... *45*
*Imscrúdaithe Láimhseáilte le linn 2018* ... *45*
*Cás 1* ... *45*
*Cás 2* ... *45*
*Cás 3* ... *45*
*Cás 4* ... *45*
*Cás 5* ... *45*
*Cás 6* ... *45*
*Cás 7* ... *46*
*Cás 8* ... *46*
*Oibríocht Lamp* ... *46*
*Operation Thor* ... *47*

Cuid a Seacht: Breithiúnais Shuntasacha Chúirte le linn 2018
*CAB v. Murphy & Anor* ... *49*
*CAB v. Connors* ... *92*
*CAB v. Mannion* ... *100*

Cuid a hOcht: Forbairtí Idirnáisiúnta
*An Ghné Idirnáisiúnta* ... *131*
*An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS)* ... *131*
*Oibríochtaí Idirnáisiúnta* ... *131*
*Europol* ... *131*
*Interpol* ... *131*
*CARIN* ... *132*
*ALEFA* ... *132*
*An Coláiste Idirnáisiúnta um Imscrúdú Airgeadais (ICOFI)* ... *133*
*Comhdhálacha ar Airgeadra Fíorúil* ... *133*
*Siompóisiam ar Airgeadra Fíorúil* ... *133*

Clár Ábhair


*Caidreamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí Seachtracha ........133*

*An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann...............133*

*Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann (JATF)...........134*

*Cuairteanna ar an mBiúró...................................................................134*

*Cuairt an Ard-Rúnaí an tUasal John McKeon, An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí............................................135*

*Cuairt Choimisinéara an Gharda an tUasal Drew Harris............136*

Cuid a Naoi: *Tuarascáil Bhliantúil um Nochtuithe Cosanta.......................................137*

Cuid a Deich: *Conclúidí ............................................................................................139*

Aguisín A: *Cuspóirí agus Feidhmeanna an Bhiúró....................................................141*

Aguisín B: *Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha.................................................143*

# Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

A Aire, a chara,

De réir fhorálacha Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain 2018 a chur faoi do bhráid.

Leagtar amach sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí an Bhiúró le linn na bliana 2018, agus é ag féachaint leis an sainchúram reachtúil atá air a chomhlíonadh. Mionsonraítear sa tuarascáil freisin na gníomhartha a rinne an Biúró faoin reachtaíocht um fháltais ó choireacht, faoin reachtaíocht ioncaim agus faoin reachtaíocht leasa shóisialaigh chun díriú go rathúil ar fháltais amhrasta ó iompar coiriúil. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil an Biúró fós mar chuid lárnach den fhreagairt d'iompar coiriúil in Éirinn ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de.

Is léir dom go raibh bliain thar a bheith gnóthach ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla in 2018. Thug mé cuairt ar an mBiúró i mí Mheán Fómhair 2018, áit ar thug mé cuairt ar na hoifigí agus fuair mé mioneolas ar a ngníomhaíochtaí. Aithním, go háirithe ardleibhéil proifisiúntachta oifigeach agus foireann an Bhiúró. Luaim go háirithe an méadú atá tagtha ar líon na gcaingne i ngach réimse gníomhaíochta de chuid an Bhiúró. Go hairithe bhí mé tógtha le coincheap fhoireann ildisciplíneach a rinne CAB ceannródaíocht ar óna bhunadh in 1996.

Tá an Biúró tar éis a naisc le pobail áitiúla a fhorbairt trí thacú le Bainistíocht an Gharda Síochána maidir le ról na bPróifíleoirí Rannach um Shócmhainní a fheabhsú. Is cúis áthais dom é a lua go bhfuil an Biúró tar éis oiliúint a chur ar fáil do Phróifíleoirí Rannach um Shócmhainní breise agus tá gealltanas tugtha go gcuirfear tuilleadh oiliúna ar fáil le linn 2019.
Is cúis áthais dom chomh maith go bhfuil méadú tagtha ar líon na bpróifíl sócmhainní curtha isteach ag baill den Gharda Síochána ar fud na tíre in 2018, ó céad agus a haon in 2017 go céad ochtó a ceathair.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin ar an méadú atá tagtha ar líon na gcás um fháltais ó choireacht atá os comhair na hArd-Chúirte (tríocha cás in 2018 i gcomparáid le fiche hocht cás in 2017). Seo an líon cás nua is airde atá tugtha ós comhair na hArd Cúirte ag an Biúró le linn 23 bliana. Tugaim faoi deara freisin gur thug an Biúró breis agus €5.6 milliún ar ais don Státchiste in 2018 i gcomparáid le €4.3 milliún in 2017. Léiríonn na tuairisceáin seo méadú ó gníomhaíochtaí uile an Biúró.

Le linn na bliana 2018, dhírigh An Biúró um Shócmhainní Coiriúla go mór ar dhul i ngleic le fáltais choiriúla a shaothraítear ó raon leathan gníomhaíochta coiriúla, agus é ag diriú ar gach cineál coireachta a bhaineann le maoin. Chuige sin, d'oibrigh an Biúró I ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí I dTuaisceart na hÉireann, lena n-áirítear Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona (HMRC) agus an Gníomhaireacht Náisiúnta Coiriúlachta (NCA).

I mí na Samhna 2018, reáchtáil oifigigh ón Biúró um Shócmhainní Coiriúla ceardlann ghairmiúil sa Comhdháil Trasteorann ar an

gCoireacht sa Chaisleán Nua, Contae an Dúin, ag dul i ngleic le insíothlú na trádála carranna ag grúpaí coireachta eagraithe.

Ar bhonn idirnáisiúnta, leanann an Biúró le dul i mbun idirchaidrimh agus, nuair is cuí, imscrúduithe le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain agus iad ar lorg sócmhainní a tháinig ó iompar coiriúil.

Is ball gníomhach de Ghréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) é an Biúró, agus feidhmíonn sé go héifeachtach freisin ag an leibhéal idirnáisiúnta ina ról mar Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) in Éirinn.

Agus é ag féachaint lena chuid cuspóirí a bhaint amach, déanann an Biúró idirchaidreamh dlúth leis an nGarda Síochána, le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí uile sa Stát ar mhaithe le straitéis chomhtháite a fhorbairt chun díriú ar shócmhainní agus ar bhrabús a thagann ó iompar coiriúil agus, go háirithe, ó choireacht eagraithe.

Bíonn an Biúró i dteagmháil le heagraíochtaí imscrúduithe eile cosúil le Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) ar mhaithe le leas an phobail.

Mar sin féin, leanann an Biúró le dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar dhul i ngleic le coirpigh thromchúiseacha, lena n-áirítear iad sin a bhíonn páirteach i ngáinneáil ar dhrugaí, ar nithe iad lena gcruthaítear fadhbanna móra inár bpobal. In 2018, rinne an Biúró tríocha ceathair oibríocht chuardaigh déanta suas de céad nócha a dó cuardach i seacht gcontae déag agus fuair sé Orduithe Ard-Chúirte faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 maidir le maoin i seacht gcontae. Chuaigh an ghairmiúlacht a léirigh an Bhiúró agus oibríochtaí cuardaigh á dhéanamh aige i gcion go mór orm, oibríochtaí a chuireann idir phobal agus mheáin fáilte rompu.

Le linn 2018, bhain dhá fhócas le hobair an Bhiúró: ar an gcéad dul síos, bhí sé mar aidhm aige gach gníomh is féidir a chur i bhfeidhm chun srian a chur ar ghníomhaíochtaí grúpaí coireachta eagraithe; agus ar an dara dul síos, bhí sé mar aidhm ag lucht an Bhiúró díriú go háirithe ar ghníomhaíochtaí dronganna coiriúla a bhíonn páirteach i mbuirgléireachta agus robálaithe ar fud an Stáit.

Is cúis áthais dom freisin go bhfuil seisiúin faisnéise á reáchtáil ag an mBiúró do na tríocha sé Comhchoistí Póilíneachta ar mhaithe le feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise. Tugaim faoi deara freisin go bhfuil tacaíocht mhór tugtha ag na Comhchoistí Póilíneachta do ghníomhaíochtaí an Bhiúró agus tugann an tacaíocht atá léirithe ag na hionadaithe pobail a toghadh go háitiúil an-mhisneach ar fad dom. Chuir an Biúró a chuid ghníomhaíochtaí chun tosaigh tríd Oifig Preasa an Gharda Síochána agus na meáin shóisialta.

Cuirim fáilte roimh an ngealltanas atá tugtha sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta 2016 chun reachtaíocht nua a sholáthar, rud a chinnteoidh

acmhainní leordhóthanacha agus go gcuirfear na bearta riachtanacha i bhfeidhm chun déileáil le spriocanna coiriúla áitiúla. Táim sásta go gcinntíonn forbairt Ghréasán na bPróifíleoirí um Shócmhainní go n-oibríonn an Biúró i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána agus leis na pobail áitiúla chun príomhchuspóir an Bhiúró a chur ar aghaidh, i.e. sócmhainní a dhiúltú do choirpigh, agus sócmhainní a bhaint de choirpigh freisin.

Guím gach rath ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla amach anseo.

Is mise le meas



**J A Harris**
**COIMISINÉIR**
**AN GARDA SÍOCHÁNA**

Litir ag cuir ar aghaidh tuarascáil ó Choimisinéir na nGardaí chuig
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Litir ag cuir ar aghaidh tuarascáil ó Príomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir An Garda Síochána

A Choimisinéir, a chara,

Is cúis áthais dom an 23ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain féilire 2018 a chur faoi do bhráid. Cuirtear an tuarascáil seo chugat le cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de bhun fhorálacha Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996. I gcomhréir leis na hoibleagáidí reachtúla atá air, leagtar amach sa tuarascáil na gníomhaíochtaí ar thug an Biúró fúthu le linn na bliana agus é ag díriú ar na fáltais ó choireacht.

Le linn na bliana, lean an Biúró ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt an Líonra Phróifíleora Rannaigh um Shócmhainní. Eagraíodh sraith cruinnithe faisnéise ag cruinnithe Bhainistíochta Réigiúnaí an Gharda Síochána taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tugadh faisnéisiú den chineál céanna ag na cruinnithe Bainistíochta Roinne i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh cruinnithe le fócas speisialta leis na Ceannfoirt Bhleachtaireachta agus próifíleoirí sócmhainní traenáilte ar fud an Stáit. Dá bharr seo, tá méadú tagtha ar an méid spriocanna a cuireadh faoi bhráid an Bhiúró.

Mar thoradh ar ghníomhartha coireachta, mar aon le gníomhartha faoi na forálacha Ioncaim agus Coimirce Sóisialaí, d'éirigh leis an mBiúró níos mó ná €5.6 milliún a bhaint amach don Státchiste in 2018.

Le linn na bliana 2018, tugadh tríocha iarratas nua os comhair na hArd-Chúirte faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht. Tá an uimhir seo i gcomparáid le fiche a hocht iarratas in 2017. Mar a tharla arís eile, tionscnaíodh formhór na n-imeachtaí sin i leith fáltas a tháinig ó gháinneáil ar dhrugaí.

Ina theannta sin, rinneadh gníomhartha in aghaidh daoine a measadh a bheith páirteach i gcineálacha éagsúla iompair choiriúil, go háirithe I dtaca le fáltais choiriúla de chuid grúpaí coireachta eagraithe a bhí ag gabháil go príomha do bhuirgléireacht a bhí ag oibriú i gceantair thuaithe na tíre. Maidir leis seo, tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ag cur tacaíochta ar fáil do thionscnaimh na nGardaí a dtugtar Oibríocht Thor air.

Faoin reachtaíocht a tugadh isteach in 2016 , tá an tairseach chun an tAcht um Fháltais ó Choireacht a agairt laghdaithe ó €13,000 go €5,000. Aithníonn an Biúró, de réir beartas poiblí, go bhfuil sé riachtanach anois freisin díriú ar shócmhainní de luach níos ísle. Tá tionchar aige seo trí luath-idirghabháil a dhéanamh ar choirpigh mheánleibhéil ag súil le cosc a chur ar a ndul chun cinn. In 2018, bhí luach na sócmhainní faoi na cásanna nua de fháltais choiriúla idir €7,000 agus €3.7milliún.

Ag úsáid an reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht iomchuí, chuir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla breis agus €2.2 milliúin ar aghaidh chuig an Státchiste. Chomh maith leis sin, seoladh breis agus €3 milliúin faoi fhorálacha Ioncaim agus d'athshlánaigh an Biúró breis agus €323,000 maidir le ró-íocaíochtaí faoi fhorálacha Leasa Shóisialaigh.

## Litir ó Príomhoifigeach an Bhiúró lena gcuirtear ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

Lean an Biúró ag déanamh comhordú ar a ghníomhaíochtaí ar bhealach a aithníonn Pleananna Póilíneachta An Gharda Síochána agus straitéisí Oifige na gCoimisinéirí Ioncaim, na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Ina theannta sin, cuireadh an Cúrsa um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú d'Imscrúdaitheoirí (TACTIC) i gcrích i gcomhar le Coláiste an Gharda Síochána le linn na bliana. Is é is aidhm shonrach don chúrsa sin freastal ar riachtanais an Bhiúró amach anseo agus, go háirithe, cur leis an gcumas atá aige sárú a dhéanamh ar na dúshláin imscrúdaitheacha atá roimhe maidir le sócmhainní coiriúla a rianú. Tá pleananna beagnach i gcrích chun creidiúnú seachtrach a fháil don chúrsa gairmiúil seo.

Tá an Biúró tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach an phearsanra ar fad.

Leanann an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige le Interpol, le Europol agus le Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN).

Ina theannta sin, leanann an Biúró le hionadaíocht a dhéanamh ar Éireann ar ardán na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní.

Óna bhunú, tá tacaíocht den scoth faighte ag an mBiúró ó reachtóirí, ón bpobal agus ó na meáin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chabhair phroifisiúnta a thug Oifig Preasa An Gharda Síochána don Bhiúró.

Ina theannta sin, ba mhaith liom m'aitheantas a thabhairt d'Oifigeach Dlí an Bhiúró agus foireann an Biúró i dtaca lena iarrachtaí a fhorbairt trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta.

Bíonn gné idirnáisiúnta ag baint le go leor de himscrúduithe an Bhiúró a ciallaíonn go bhfuil comhoibriú idirnáisiúnta idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe i ndlínse eile de dhíth. Le linn 2018, thug an Biúró chun críche rathúil, imscrúdú suntasach bainteach leis an drong coireachta eagraithe Byrne Fearadh fáilte roimh na hiarrachtaí seo srian a chur le gníomhaíochtaí dronganna atá i mbun achrainn.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don chomhar a fuair an Biúró ó na comhlachtaí seo a leanas le linn na bliana: an Garda Síochána, Oifig na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ba mhian liom aitheantas ar leith a thabhairt freisin do shaineolas agus do dhúthracht na n-aturnaetha agus na mball foirne a chuir an Príomh-Aturnae Stáit ar fáil dúinn sa Bhiúró. Ní féidir dóthain béime a chur ar luach na comhairle inmheánaí neamhspleáiche dlí agus na tacaíochta a cuireadh ar fáil chun cur le rath an Bhiúró.

Tá fhios agam go bhfuil brú sa bhreis ar fhoireann Oifigí an Phríomh-Aturnae Stáit atá comhshuite linn de bharr

gníomhaíochtaí méadaithe an Bhiúró le dhá bhliain anuas.

Aithníonn an Biúró go bhfuil níos mó éilimh ar sheirbhísí Oifigí an Phríomh-Aturnae Stáit atá ceangailte leis an Biúró de bharr aschur méadaithe gníomhaíochtaí in 2018. Dá bhrí sin, tugann muid tacaíocht, ó thaobh comhchás gnó de, iarratas ar ardú ar líon na foirne san Oifig sin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don rannchuidiú a rinne na hAbhcóidí Dlí a bhí fostaithe ag an mBiúró.

Bhí mórán athruithe pearsanra ann laistigh den Bhiúró le linn na bliana, agus iad ag eascairt as imeacht roinnt daoine de bharr ardú céime, scoir agus aistrithe.  De bharr struchtúr an Bhiúró, níl aon bhealach ann chun an méid sin a sheachaint. Mar thoradh ar na hathruithe, táthar ag díriú anois ar chóras atá láidir agus a bhfuil dea-acmhainní ar fáil aige a choinneáil le haghaidh oiliúint foirne. Tá an córas sin á fhorbairt le blianta beaga anuas.

Ba mhaith liom a aithint gur cuireadh níos mó acmhainní ar fáil don Bhiúró in 2018. Tháinig ardú ar líon na nGardaí ó daichead a trí in 2017 go daichead a seacht in 2018. Tugadh acmhainní breise do fhoireann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar iasacht don Bhiúró ag ardú ó sé dhuine déag in 2017 go fiche duine in 2018.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus d'obair dhícheallach an phearsanra ar fad a bhfuil baint acu leis an mBiúró san am i láthair agus a raibh baint acu leis an mBiúró roimhe seo. De bharr chineál na hoibre a bhíonn i gceist, ní féidir aitheantas poiblí a thabhairt dóibh ina lán cásanna mar gheall ar an riachtanas le neamhainmníocht agus mar gheall ar riachtanais slándála an phearsanra a bhaineann lena gcuid oibre. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom an deis a thapú fáilte a chur roimh an bpearsanra nua a tháinig isteach sa Bhiúró le linn na bliana agus guím gach rath orthu sa todhchaí.

Is mise le meas

**PATRICK CLAVIN**
**B/ARD-CHEANNFORT**
**PRÍOMH-OIFIGEACH AN BHIÚRÓ**

Litir ó Príomhoifigeach an Bhiúró lena gcuirtear ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Réamhrá

## Tuarascáil Alt 21

Is é seo an 23ú Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear "an Biúró" anseo feasta) agus cuimsítear inti an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 agus an dá dháta sin san áireamh.

Rinneadh an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, agus an tAcht um Fháltais ó Choireacht, 1996, a leasú roinnt uaireanta. Ba leis an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005, a rinneadh an leasú ba shuntasaí díobh.

Chun críche na tuarascála seo, tabharfar "an tAcht" ar an Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005, anseo feasta agus tabharfar "an tAcht um FC" ar an Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2016, anseo feasta. Is é atá in Achtanna 1996, agus in Achtanna 2005 agus 2016 comhtheideal leasuithe lena rialaítear cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Ullmhaítear an tuarascáil seo i dtoll a chéile de bhun Alt 21 den Acht, lena gceanglaítear ar an mBiúró tuarascáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí le linn na bliana 2018 a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, trí Choimisinéir an Gharda Síochána.

Réamhrá

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a hAon

## *Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann*

### An Biúró

Cuireadh an Biúró ar bun go foirmiúil le hachtú an Achta ar an15 Deireadh Fómhair 1996. Foráiltear san Acht don méid seo a leanas (i measc ábhair eile):

- cuspóirí an Bhiúró;
- feidhmeanna an Bhiúró;
- Príomh-Oifigeach an Bhiúró;
- Oifigigh an Bhiúró;
- foireann an Bhiúró;
- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- neamhainmníocht fhoireann an Bhiúró;
- cionta agus pionóis i dtaobh foireann an Bhiúró agus teaghlaigh fhoireann an Bhiúró a aithint;
- cionta agus pionóis i dtaobh cúrsaí a bhac agus i dtaobh imeaglú a dhéanamh;
- Barántais chuardaigh an CAB;
- Orduithe soláthair an CAB.

### Airgeadas

I gcaitheamh na bliana, chaith an Biúró airgead a chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil dó tríd an Oireachtas chun go bhféadfadh sé a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus a chuid cuspóirí reachtúla a bhaint amach.

Faoi mar a fhoráiltear dó le Reacht, is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh ar an airgead ar fad a chuireann an tOireachtas ar fáil, mar atá leagtha faoi Reacht.

Tá "Comhaontú um Rialachas Corparáideach a Dhearbhú" maidir leis na blianta 2017-2019 sínithe ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagtar amach sa chomhaontú sin an creat leathan um rialachas agus cuntasacht ina bhfeidhmíonn an Biúró agus sainmhínítear ann na róil agus freagrachtaí ríthábhachtacha atá ina mbonn agus taca ag an gcaidreamh atá ann idir an Biúró agus an Roinn.

Tugann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais tacaíocht don Bhiúró maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht shocruithe an Bhiúró i ndáil le rialachas, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha.

Déanann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí iniúchadh neamhspleách ar bhonn bliantúil ar nósanna imeachta agus próisis an Bhiúró.

Comparáid idir Cuntais ar feadh na blianta 2017 / 2018

| Bliain | Cur síos | Méid € | |
|---|---|---|---|
| | | **Buiséad Foráil** | **Iomlán Caite** |
| 2017 | Pá | 5,884,000 | 6,102,000 |
| | Neamhphá | 1,701,000 | 2,157,000 |
| | **Iomlán** | **7,585,000** | **8,259,000** |
| | | | |
| 2018* | Pá | 7,247,000 | 7,257,000 |
| | Neamhphá | 1,701,000 | 1,575,000 |
| | **Iomlán** | 8,948,000 | 8,832,000 |

**Ag fanacht ar Iniúchadh - faoi réir Athraithe*

### Cuspóirí agus Feidhmeanna

Leagtar cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró amach in Alt 4 agus in Alt 5 faoi seach den Acht. Leagtar na cuspóirí agus

na feidhmeanna reachtúla sin amach ina n-iomláine in Aguisín A. Is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

1. Na fáltais ó iompar coiriúil a aithint agus a imscrúdú a dhéanamh orthu;

2. Gníomhartha a dhéanamh faoin dlí chun na tairbhí a ghabhann le sócmhainní is fáltais ó iompar coiriúil a bhaint de dhaoine trí na sócmhainní sin a chalcadh, a chaomhnú agus a choigistiú;

3. Gníomhartha a dhéanamh faoi na hAchtanna Ioncaim chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil; agus

4. Imscrúdú a dhéanamh ar éilimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iad a shocrú.

## Príomh-Oifigeach an Bhiúró

Tá an Biúró faoi cheannas Príomh-Oifigeach an Bhiúró, arna cheapadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána óna chuid ball atá ag céim an Ard-Cheannfoirt. Is é Príomh-Oifigeach an Bhiúró faoi láthair ná an Bleachtaire Ard-Cheannfort Patrick Clavin a chuaigh i mbun an phoist ar 4 Lúnasa 2016.

Tá freagracht fhoriomlán ar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, faoi Alt 7 den Acht, as bainistíocht, as rialú agus as riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomh-Oifigeach an Bhiúró freagrach don Choimisinéir as comhlíonadh fheidhmeanna an Bhiúró.

Foráiltear san Alt sin freisin go gceapfar Príomh-Oifigeach Gníomhach chun an Bhiúró chun feidhmeanna Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh i gcás aon éagumais de dheasca breoiteachta, neamhláithreachta nó aon chúise eile.

## Oifigeach Dlí an Bhiúró

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, agus tá sé de dhualgas air faoi Alt 9 den Acht cabhrú leis an mBiúró a chuid cuspóirí agus feidhmeanna a bhaint amach.

## Comhlacht Corparáideach

Is ann don Bhiúró mar chomhlacht corparáideach neamhspleách, faoi mar a fhoráiltear dó faoi Alt 3 den Acht. Rinne an Ard-Chúirt breithniú ar stádas an Bhiúró den chéad uair sa bhliain 1999 i gcás *Murphy -v- Flood* ([1999] IEHC 9).

Is é an Breitheamh Onórach McCracken a thug breithiúnas na hArd-Cúirte ar 1 Iúil 1999. Tá an breithiúnas sin an-tábhachtach maidir le cineál an Bhiúró a thuiscint.

Ba é seo a leanas an tuairim ón gCúirt:

*"Tá an CAB ina chomhlacht corparáideach, agus comharbas suthain aige. In ainneoin nach mór Príomh-Oifigeach an Bhiúró a cheapadh ó bhaill den Gharda Síochána atá ag céim an Ard-Cheannfoirt, tá an CAB neamhspleách ar an nGarda Síochána, cé gur ag an mBiúró atá cuid mhór de na cumhachtaí a thugtar don Gharda Síochána de ghnáth.*
*...*

*Cruthaíodh an CAB le Reacht, ní craobh de chuid an Gharda Síochána é. Chuir an tOireachtas ar bun é mar chomhlacht corpraithe chun a chinntiú nach mbainfeadh daoine tairbhe as aon sócmhainní a fhaigheann siad ó aon ghníomhaíocht choiriúil. Tá sé de chumhacht aige gach gníomh is gá a dhéanamh i leith sócmhainní a tháinig ó ghníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus a ghnóthú agus tugtar cumhachtaí áirithe dó a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó ghníomhaíocht den sórt sin. Tá cumhachtaí áirithe aige freisin faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Mar sin féin, ní comhlacht ionchúisimh ná údarás póilíneachta é. Tar éis dó imscrúdú a dhéanamh agus na cumhachtaí suntasacha imscrúdaithe atá aige a fheidhmiú, déanann sé iarratas chuig an gCúirt chun cúnamh a fháil maidir lena chuid feidhmeanna a fhorfheidhmiú.*
*Is soiléir gur chreid an tOireachtas, agus an CAB á chur ar bun aige, gur ghá, chun leas an phobail, comhlacht a bheadh neamhspleách ar an nGarda Síochána agus a ghníomhódh ar bhealach imscrúdaitheach a bhunú. Mar sin féin, ní cheapaim gurb ionann é agus an Garda Síochána a dhéanann imscrúdú d'fhonn daoine a ionchúiseamh i leith cionta. Déanann an CAB imscrúdú d'fhonn sócmhainní a fuarthas ó ghníomhaíochtaí coiriúla a ghnóthú agus na sócmhainní sin a thabhairt ar aghaidh don Stát."*

## Struchtúr an Bhiúró

A bhuí le struchtúr ilghníomhaireachta an Bhiúró, rud trína dtarraingítear scileanna éagsúla an phearsanra lena mbaineann le chéile, tá cumas imscrúdaitheach níos fearr ag an mBiúró a shainchúram reachtúil a bhaint amach. Féadfar é sin a dhéanamh faoi Alt 5 den Acht, áit a mionsonraítear feidhmeanna an Bhiúró.

## Oifigigh agus foireann an Bhiúró

Déantar foráil in Alt 8 den Acht d'oifigigh a cheapadh chuig an mBiúró. Is faoi Alt 9 den Acht a cheaptar baill foirne an Bhiúró.
Is iad seo a leanas Oifigigh an Bhiúró:

A. Baill den Gharda Síochána;
B. Oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim;
C. Oifigigh de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Tugtar oifigigh ar iasacht óna máthairghníomhaireacht.

Tá foireann an Bhiúró comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- Baill ghairmiúla;
- Baill riaracháin agus theicniúla

Leantar le cumhachtaí agus le dualgais a dhílsiú d'Oifigigh de chuid an Bhiúró beag beann ar a gceapadh mar Oifigigh de chuid an Bhiúró.

Is é leibhéal údaraithe foirne an Bhiúró faoi láthair ná aon duine is nócha, figiúr a chuimsíonn Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne eile araon.

I ndiaidh arduithe céime agus daoine ag dul ar scor le linn 2018, tá trí fholúntas foirne fós sa Bhiúró ar an 31 Nollaig 2018. I measc na bhfolúntas sin, tá dhá fholúntas le haghaidh TF agus folúntas amháin le haghaidh Anailísí.

Mar a luadh sa Tuairisc Bhliantúil 2017, bhí dhá fholúntas le haghaidh cigirí ag

deireadh na bliana 2017 agus líonadh dhá phoist le haghaidh cigirí trí bhíthin iomaíochta i Lúnasa 2018  Mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil 2017, bhí folúntas amháin fágtha san Aonad Anailíse de chuid an bhiúró. Líonadh an post trí bhíthin iomaíochta in Eanáir 2018.

## Leibhéil Údaraithe Foirne

Leibhéil údaraithe ilghníomhaireachta

| | |
|---|---|
| | 47 |
| | 6 |
| | 21 |
| Revenue Cáin agus Custaim na hÉireann Irish Tax and Customs | 17 |

## Neamhainmníocht

D'fhonn sábháilteacht Oifigigh agus bhaill foirne áirithe an Bhiúró a chinntiú, foráiltear do neamhainmníocht na mball sin faoi Alt 10 den Acht. Faoin Alt sin, is in ainm an Bhiúró a chomhlíonann oifigigh agus baill foirne an Bhiúró a gcuid dualgas.

Foráiltear in Alt 11 den Acht gur cion coiriúil é Oifigigh, baill foirne agus teaghlaigh bhaill foirne an Bhiúró a aithint.

Ní thagann na daoine seo a leanas faoin gcosc sin ar aithint: Príomh-Oifigeach an Bhiúró, Príomh-Oifigeach Gníomhach an Bhiúró, Oifigeach Dlí an Bhiúró agus Oifigigh Bhiúró ar bhaill den Gharda Síochána iad.

## Tascfhórsa Speisialta Coireachta

Le linn 2016, bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána Tascfhórsa Speisialta chun díriú ar roinnt dronganna coireachta eagraithe atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, agus béim faoi leith a chur ar choirpigh an dara agus an tríú leibhéal. Mar chuid de bhunú an aonaid seo, atá faoi rialú Bhiúró an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, tugadh 6 Gharda agus Sáirsint amháin ar iasacht don Bhiúró chun cabhrú le himscrúduithe a dhéanamh i ndáil leis na daoine a aithnítear, ionas gur féidir leo díriú ar shócmhainní ar bith a gineadh mar thoradh ar iompar coiriúil a rianú agus a fháil.

Le linn 2018, aithníodh sé sprioc déag agus trí eagraíocht agus thug an fhoireann sin laistigh den Bhiúró a mbaineann leis an Tascfhórsa Speisialta Coireachta faoi imscrúduithe a dhéanamh. Mar thoradh air sin, aithníodh agus rinneadh imscrúdú ar chéad fiche a hocht sprioc faoi dheireadh na bliana.

## An Oifig um Fhaisnéis & Measúnú

Bunaíodh an Oifig um Fhaisnéis agus Measúnú i mí Iúil 2017 in ionad an Oifig um Fhaisnéis Choiriúil a bhí ar an bhfód roimhe sin. Bunaíodh an Oifig um Fhaisnéis agus Measúnú chun a bheith ina ionad faisnéise agus chun réamh-mheasúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ar fad a fhaightear sa Bhiúró.

Tá naisc bhunaithe ag an Oifig sin le gníomhaireachtaí eile Stáit agus le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta ar mhaithe le malartú faisnéise a fhorbairt. Tá freagracht ar an Oifig sin freisin maidir le déileáil le hiarratais náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuirtear chuig gníomhaireachtaí eile, agus a fhaightear ó ghníomhaireachtaí eile freisin, lena n-áirítear Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) agus an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO).

Tá an Oifig um Fhaisnéis agus Measúnú freagrach as measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaigheann an Biúró agus as réamh-fhiosrúcháin a dhéanamh chun a chinntiú an dtagann an t-ábhar faoi shainchúram reachtúil an Bhiúró nó nach dtagann. Bunaithe ar an measúnú sin, déantar moltaí maidir leis na gníomhartha is féidir a dhéanamh.

Ina theannta sin, tá an Oifig um Fhaisnéis agus Measúnú freagrach as oiliúint a chur ar an trí chéad seachtó a hocht Próifíleoir um Shócmhainní ar fud na tíre, agus idirchaidreamh a dhéanamh leo freisin.

## Oifig um Bainistíocht Sócmhainní

Bunaíodh an Oifig um Bainistíocht Sócmhainní in 2017 chun na sócmhainní uile faoi rialú an Bhiúró a bhainistiú. Is gá go leor acmhainní a úsáid chun an réimse leathan sócmhainní atá faoi chúram an Bhiúró a bhainistiú ar bhealach a áirithíonn go gcoinnítear a luach, a chomhlíonann oibleagáidí dlíthiúla an Bhiúró, agus a áirithíonn an luach is fearr don sócmhainn nuair a íoctar a luach réadaithe don Státchiste.

Éilíonn an tAcht um Fháltais ó Choireacht go gcoinnítear sócmhainn ar feadh tréimhse seacht mbliana i ndiaidh chinneadh an Ard-Chúirte (ach amháin má fhaightear comhaontú ó na páirtithe lena mbaineann maidir le diúscairt láithreach). Sa chleachtas, is féidir leis an tréimhse sin a bheith i bhfad níos faide mar gheall ar achomhairc ar orduithe mar sin agus agóidí ina gcoinne. I gcás sócmhainní áirithe, amhail ionaid réadmhaoine, féadfaidh acmhainní leanúnacha a bheith i gceist chun iad a choinneáil, agus i roinnt cásanna, bíonn ar an mBiúró feidhmiú mar thiarna talún.

Chomh maith le sócmhainní inláimhsithe arna gcoinneáil ag an mBiúró, is ann freisin do roinnt mhaith sócmhainní maidir le fiachais ó cháin agus aisíoc ar éilimh leasa shóisialaigh atá iníoctha don Bhiúró. Déanann an Oifig um Bainistíocht Sócmhainní na fiachais seo a bhainistiú freisin d'fhonn réadú a dhéanamh ar a bhfiúchas. Cuireann an oifig seo leibhéal rialachais níos airde ar fáil do shócmhainní faoi cheannas an Bhiúró.

Cuid a hAon

*Forbhreathnú ar an mBiúro um Shócmhainní Coiriúla agus a n-Oifigigh agus a Fhoireann.*

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuireann Rannóg na Sócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (dá ngairtear "OPAS" anseo feasta) comhairle dlí agus seirbhísí aturnae ar fáil don Bhiúró.

Déanann OPAS ionadaíocht don Bhiúró maidir le dlíthíocht a thionscnamh agus a chosaint araon i ngach dlínse chúirte, go príomha le cúnamh ó Abhcóidí, ach ní go heisiach leis. Ina theannta sin, déanann OPAS ionadaíocht don Bhiúró i ngach ábhar cánach agus leasa shóisialaigh os comhair na gcomhlachtaí achomhairc lena mbaineann agus ós comhair na Cúirteanna Cuarda agus in Uaschúirteanna araon.

Ina theannta sin, cuireann CSSO comhairle ghinearálta dlí agus seirbhísí aturnae ar fáil ag gach céim de chásanna, idir imscrúdú agus dhiúscairt, lena n-áirítear seirbhísí dréachtaithe conartha agus seirbhísí tíolactha a sholáthar.

Bhí foireann OPAS comhdhéanta de na daoine seo a leanas le linn na bliana 2018:

- 2 Aturnae
- 2 fheidhmeannach dlí
- 2 Oifigeach Cléireachais

Cé gur cuid lárnach obair an OPAS do rath an Bhiúró, tugtar faoi deara nach leor an líon foirne anois chun aschuir an Bhiúró a choinneáil. Cé nach bhfuil cáineadh ar bith déanta ar fhoireann reatha an OPAS, go háirithe de bharr na figiúirí bainte in 2018 le líon laghdaithe, tá sé soiléir go bhfuil méadú i líon foirne OPAS de dhíth chun dul i ngleic leis an méid ardaithe cásanna atá beartaithe. D'áitíodh chomh-chás gnó do mhéadú sa líon foirne chun na críche seo.

## Comhchoistí Póilíneachta

In 2017, thosaigh Príomhoifigeach an Bhiúró sraith sheisiún faisnéise ag na Comhchoistí Póilíneachta. Leanadh ar aghaidh leis na seisiúin faisnéise seo in 2018 agus faoin Nollag, soláthraíodh iad ag gach ceann den tríocha a sé Comhchoistí Póilíneachta ar fud an Stáit.

Baineann dhá chúis leis na seisiúin faisnéise sin; tuarascáil faoi na dálaí a thabhairt do phobail áitiúla maidir le conas is féidir leis an mBiúró cabhrú chun gréasáin choiriúlachta a bhaint as a chéile ina gceantair; agus faisnéis a lorg ó phobail áitiúla chun cabhrú leis an mBiúró spriocanna nua a roghnú. Tar éis na seisiúin faisnéise, thug an Biúró faoi deara méadú suntasach san fhaisnéis a tháinig ó phobail ar fud an Stáit.

Is léir go mbaineann tairbhe leis na seisiúin faisnéise seo agus is mór an aird atá léirithe iontu ag daoine go háitiúil agus ag na meáin freisin. Go hiondúil, fuair an Biúró tuairisciú feiceálach sna nuachtáin áitiúla, san áireamh ailt ar an leathanach tosaigh go minic.

Mhaígh a lán baill de na Comhchoistí Póilíneachta go raibh an tuiscint a bhí acu faoin mBiúró níos soiléire tar éis na seisiúin faisnéise. Tá sé thar a bheith tábhachtach go n-aithníonn pobail áitiúla gur féidir le baill den phoiblí faisnéis a thabhairt don Bhiúró go huile is go hiomlán faoi rún gan riachtanas fianaise a thabhairt ós comhair na cúirte.

Is féidir faisnéis a thuairisciú go díreach chuig an mBiúró ar an teileafón, tríd an ríomhphost, ar leathanach Facebook agus leathanach Twitter an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, trí Crimestoppers nó trí na próifíleoirí um shócmhainní a oiltear go háitiúil agus atá lonnaithe i Stáisiúin Gardaí áitiúla.


Grianghraf d'Ard-Cheannfort Bleachtaire Patrick Clavin ag Comhchoiste Póilíneachta An Chláir.

## Próifíleoirí Rannach um Shócmhainní

In 2018, lean an Biúró lena chlár rannpháirtíochta le Próifíleoirí Rannach um Shócmhainní. Le linn na bliana, chuir an Biúró oiliúint ar nócha naoi Próifíleoir Rannach um Shócmhainní breise chun folúntais a líonadh laistigh de Ranna an Gharda Síochána éagsúla a dtáinig chur chun cinn mar thoradh ar arduithe céime agus daoine ag dul ar scor. Ag deireadh na bliana, ba é trí chéad seachtó a hocht líon iomlán na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní, lena n-áirítear:

- 353 Garda;
- 18 Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí i mbun dualgais Chustaim agus Máil;
- 7 Oifigeach de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Ina theannta sin, cuireadh oiliúint ar ceathrar ón Earnáil Dlí, beirt ó Sheirbhís Dhócmhainneachta na hÉireann, beirt ón Roinn Cosanta agus beirt ón Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí maidir le próifíliú sócmhainní.

Le linn 2018, reáchtáil Oifigigh Shinsearacha an Bhiúró seisiúin faisnéise d'Fhoirne Bainistíochta Réigiúnacha uile lasmuigh de Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath agus d'Fhoirne Bainistíochta Rannacha uile laistigh de Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis sin seisiúin mhionfhaisnéise a reáchtáil do gach Ceannfoirt Bleachtaireachta a bhfuil freagracht air/uirthi maidir leis na Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní a thascáil go réamhghníomhach laistigh dá Réigiúin/Ranna faoi seach. Is é is cuspóir do na seisiúin mionfhaisnéise sin ná ról na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní a fheabhsú, ón gcur chuige atá bunaithe ar fhaisnéis a bhailiú i dtreo sócmhainní na gcoirpeach áitiúil a aimsiú go réamhghníomhach trí fhianaise a bhailiú, rud a dhéanann gníomhaíocht leantach an Bhiúró a chumasú.

Cuideoidh an beartas seo le próifíl ghníomhaíocht urghabhála sócmhainní i bpobail áitiúla.

In 2018, fuarthas céad ochtó a ceathair próifíl shócmhainní ó Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní ar fud na hÉireann i gcomparáid le céad a haon próifíl shócmhainní a fuarthas in 2017. Leanfaidh le teagmháil leanúnach agus

dlúthchomhoibriú sna Réigiúin agus sna Rannta le linn 2019.

I ndiaidh na rannpháirtíochta seo leis an mbainistíocht Rannach agus Réigiúnach, reáchtáladh roinnt cúrsa oiliúna athnuachana ar fud na tíre.

Le linn 2018, lean Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní ó Réigiúin éagsúla orthu teagmháil a bheith acu leis an mBiúró chun imscrúduithe a imríonn mórthionchar airgeadais ar choirpigh áitiúla a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus dá thoradh sin, aiseolas dearfach a thabhairt laistigh de na pobail áitiúla sin a dtéann gníomhaíochtaí na gcoirpeach áirithe sin i bhfeidhm orthu.

In 2019, beartaítear go ndéanfar Gréasán an Phróifíleora Rannacha um Shócmhainní a fhorbairt tuilleadh le hoiliúint a chur ar Próifíleoirí Rannach um Shócmhainní breise.

Tugann na cásanna seo a leanas samplaí d'imscrúduithe um Bhiúró a d'eascair ó Phróifíleoirí Rannach um Shócmhainní.

## *Cás 1*

Thosaigh an Biúró imscrúdú ar árasán i gcathair Luimnigh tar éis atreorú a fháil ó Phróifíleoir Rannacha um Shócmhainní i rannán ón Chlár. Rinneadh an atreorú tar éis imscrúdaithe a rinne Gardaí as Inis ar drúthlann agus striapachas sa cheantar Thiar Theas.

Tar éis an imscrúdaithe, fuair an Biúró ordú de réir Alt 3 den Achta PoC maidir leis an sócmhainn seo.

## *Cás 2*

Thosaigh an Biúró imscrúdú ar airgead i gcuntas bainc tar éis atreorú a fhail ó Phróifíleoir Rannacha um Shócmhainní ag obair leis an Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (GNECB).

Bhí an GNECB i mbun imscrúdaithe maidir le duine a fuair pas Ríochta Aontaithe go calaoiseach trí bhradaíl aitheantais, agus baineadh úsáid as an pas chun cuntas bainc a oscailt sa dlínse seo. Ansin baineadh úsáid as an cuntas bainc chun airgead a d'eascair ó gníomhartha calaoiseacha a choinneáil.

Tar éis an imscrúdaithe, fuair an Biúró orduithe de réir Alt 3 agus 7 den Achta PoC maidir le €211,727.32 i dtaisce sa chuntas bainc.

## *Cás 3*

Chuir an Biúró tús le h-imscrúdú ar shócmhainní duine a bhí bainteach le díol agus soláthar drugaí rialaithe tar éis atreorú a fháil ó Phróifíleoir Rannacha um Sócmhainní ag obair i Stáisiúin na nGardaí i Sráid an Stórais.

Rinneadh an atreorú tar éis cuardach Gardaí ar áitreabh i mí an Mheithimh 2016, agus dá bharr urghabhadh Audi ar luach €13,000, dhá uaireadóir Rolex, ar luach €3,800 agus €3,000 faoi seach agus uaireadóir Tag Heurere amháin ar luach €1,150.
Tar éis an imscrúdaithe, fuair an Biúró orduithe de réir Alt 3 & 7 den Achta PoC maidir leis an sócmhainní seo.



## *Cás 4*

Chuir an Biúró tús le h-imscrúdú ar shócmhainní duine a bhí bainteach le díol agus soláthar drugaí rialaithe tar éis atreorú a fháil ó Phróifíleoir Rannacha um Sócmhainní ag obair i Rannán na nGardaí i Luimneach.


Rinneadh an atreorú tar éis cuardach Gardaí ar áitreabh i mí an Mhárta 2015 agus urghabhadh €11,260 dá thoradh.

Tar éis an imscrúdaithe, fuair an Biúró orduithe de réir Alt 3 & 7 den Achta PoC maidir leis an €11,260.



Cuid a hAon

*Forbhreathnú ar an mBiúro um Shócmhainní Coiriúla agus a n-Oifigigh agus a Fhoireann.*



## Oiliúint agus Forbairt TACTIC

(Cúrsa d'Imscrúdaitheoirí um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú)

Rinne an Biúró anailís ar riachtanais oiliúna ar mhaithe le riachtanais chriticiúla oiliúna bhaill an Bhiúró a aithint. Ba iad baill den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a d'fhorbair an Cúrsa um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú d'Imscrúdaitheoirí ar mhaithe le sainoiliúint in Imscrúduithe Rianú Sócmhainní agus Airgeadais a chur ar fáil do bhaill den Bhiúró. Dearadh an cúrsa seo i bhformáid a ligeann don chúrsa a theagasc do dhaoine i ngníomhaireachtaí eile iad nach Oifigigh de chuid an Bhiúró iad.

Reáchtáiltear TACTIC i gcomhar le Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána sa Teampall Mór, Co Thiobraid Árann agus i measc na n-ábhar a chumhdaítear ann, tá:

- Sainaithint Sócmhainní/ Nósanna Imeachta um Fháltais ó Choireacht
- Próifíliú & Anailísiú Airgeadais
- Sciúradh Airgid (Trasteorann / Sceimhlitheoireacht)
- Teicnící Próifílithe agus Glanfhiúchais
- Fóiréinsic Dhigiteach /Cibir-Airgeadra
- Coireacht an Bhóna Bháin / Breabaireacht & Caimiléireacht

Cuirtear an cúrsa i láthair i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána i gceithre mhodúl a mhaireann seachtain amháin an ceann. Go dtí seo, críochnaigh tríocha a seacht ball den mBiúro an cúrsa. Faoi láthair, tá an Biúró agus Coláiste an Gharda Síochána i mbun creidiúnú iomlán a bhaint amach don chúrsa le hinstitiúid tríú leibhéal.

## Oiliúint Foirne

Le linn 2018, lean an Biúró ar aghaidh le riachtanais oiliúna Oifigeach agus Fhoireann an Bhiúró a uasghrádú agus a fheabhsú. Chuige sin, tá maoiniú curtha ar fáil ag an mBiúró le haghaidh rannphairtíochta foirne sna cúrsaí seo a leanas:

- Coireacht Chorparáideach, Rialála & an Bhóna Bháin.
- TACTIC
- Comhlíonadh
- Imscrúdú Calaoise agus Ríomhchoireachta
- Imscrúdú Airgeadais & Intleachta
- Cosaint Sonraí
- Rialachas
- Imscrúdú Ríomhfhóiréinsice agus Cibearchoireachta
- Cód Eitice
- Oiliúint um Agallaimh Imscrúdaitheacha Choiriúil
- Oiliúint um Agallaimh Cognaíoch Feabhsaithe
- Scileanna Sainfhinné agus Sheomra na Cúirte
- Oiliúint um Chuardach Áitribh
- Oifigí Imscrúdaithe Shinsearacha

Tugadh roinnt sheisiún eolais feasachta le linn 2018 d'fhoireann an Bhiúró ar ábhair iomchuí, Oiliúint ar Nochtuithe Cosanta, Oiliúint ar Fhoinsí Faisnéise

Daonna Faoi Cheilt, Frithsciúradh Airgid, Donedeal agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

## Airgeadraí Fíorúla

Tá an Biúró ag coinneáil a chuid eolais agus a chumas imscrúdaithe ar criptea-airgeadra agus a n-úsáid in iompar coiriúil ar fud an domhain. Tá an Biúró chun tosaigh ar na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a d'aithin an cumas atá ag coirpigh leas a bhaint as saintréithe criptea-airgeadra chun fáltais coiriúlachta a shaothrú agus a sciúradh. De bharr a chuid imscrúduithe rinne an Biúró roinnt urghabhála ar chineálacha éagsúla criptea-airgeadra an 'Bitcoin' agus 'Ethereum' ina measc. Ó a leithéid de trí imscrúduithe, de bharr dhá cheann acu, tar éis tosú ar Imeachtaí san Ard-Chúirt, tharla forghéilleadh ar méid 'Bitcoin' agus 'Ethereum'. Tá an tríú imscrúdú ag dul ar aghaidh faoi láthair. Seo an chéad uair a ghlacadh seilbh ar an criptea-airgeadra 'Ethereum' ag gníomhaireacht forfheidhmithe dlí ar bith ar fud an domhain.

Chun seasamh an Bhiúró mar ceann de na gníomhaireacht forfheidhmithe dlí is iomráití maidir lena chumas imscrúdú a dhéanamh ar criptea-airgeadra, é a ghabhail a choinneáil agus a fháil réidh leis, cheadaigh Príomh Oifigeach um Bhiúró d'Oifigigh um Bhiúró freastal ar roinnt fóram oiliúna in 2018, go háirithe:

- Ceardlann Domhanda d'Imscrúdaitheoirí Airgeadais ar Criptea-airgeadra, Ollscoil Basel / Damh an Dlí i mBasel, an Eilvéis i mí Eanáir 2018.
- Cibearchruinniú Mullaigh 2018, Calgary, Alberta, Ceanada i mí Márta 2018.
- Siompóisiam Criptea-airgeadra i Phoenix, Arizona i mí Lúnasa 2018.

Tugann na fóraim deis don Bhiúró a chuid eolais sa réimse a roinnt agus a fheabhsú agus teagmháil a dhéanamh le saineolaí domhanda sa réimse seo chun tairbhe imscrúduithe de chuid an Bhiúró sa todhchaí.

Níor bhain costas ar bith don Biúró le tromlach na n-iarratais seo mar d'íoc an t-údarás iarratais as an costas.




In 2018, chéadaigh Príomh Oifigeach um Bhiúró roinnt iarratais oiliúint a chur ar fáil sa réimse Criptea-airgeadra in iompar coiriúil. I measc na húdaráis ghlactha bhí:

- Cur i láthair do Ghrúpa Pompidou, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Éire in 2018.
- Cumann Dlí Forfheidhmithe Chuntasóirí Fóiréinseach (ALEFA), Birmingham, An Ríocht Aontaithe i mí Meithimh 2018.
- Oifig um Drugaí agus Choireacht na Náisiún Aontaithe, Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe, Vienna, an Ostair i mí Iúil 2018.
- An Roinn Dlí agus Cirt, an tAonad Frithsciúradh Airgid agus Comhlíonadh i mí Lúnasa 2018.
- Cur i láthair don Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh (EUAM), Imscrúduithe um Airgeadra Fíorúla, Kiev, an Úcráin i mí Dheireadh Fómhair 2018.
- Banc Ceannais na hÉireann, i mí na Samhna 2018

Chuir an Biúró roinnt léirithe agus seimineáir ar fáil do baill den Gharda Síochána agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile trí Choláiste an Gharda Síochána. Áiríodh orthu sin:

- Oiliúint Ghardaí sa Choláiste an Gharda Síochána
- Cúrsa bPróifíleoirí Rannach um Shócmhainní.
- Sainaonaid atá ceangailte d'Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta.
- Clár Oiliúna um Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí.

Leanann an Biúró ag tabhairt oiliúint ar criptea-airgeadra do roinnt toscaireachta ar cuairt ó tíortha iasachta ina measc:

- Toscaireacht ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, Málta i mí Eanáir 2018.

## Cuid a hAon

*Forbhreathnú ar an mBiúro um Shócmhainní Coiriúla agus a n-Oifigigh agus a Fhoireann.*

- Toscaireacht ón Úcráin i mí Aibreáin 2018.

Tá an Biúró tiomanta an seasamh atá aige mar gníomhaireacht imscrúduithe le aitheantas domhanda sa réimse seo a chaomhnú tríd an eolas atá aige ar an úsáid a bhaineann coirpigh as ar fud an domhain, agus an cumas atá aige coirpigh a shéanadh tairbhe ar bith a bhaint de.




Léiriú agus oiliúint tugtha d'thoscaireacht ó Málta (Eanáir 2018))



Toscaireacht ón Úcráin - Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh - Aibreán 2018.

Léaráid: Struchtúr Eagrúcháin an Bhiúró



## Cuid a hAon

*Forbhreathnú ar an mBiúro um Shócmhainní Coiriúla agus a n-Oifigigh agus a Fhoireann.*

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a Dó
## *Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla*

### Imscrúduithe

Le linn 2018, lean Oifigigh an Bhiúró leis na cumhachtaí agus leis na dualgais a dílsíodh dóibh faoi Alt 8 den Acht a fheidhmiú.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur san Alt sin a dhílsítear d'Oifigigh an Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a mbronntar orthu de bhun iad a bheith ina mbaill dá máthaireagraíocht faoi seach.

Mar aon leis na cumhachtaí sin, tá cumhachtaí ar leith ar fáil don Bhiúró, mar shampla:

1. Barántais chuardaigh an CAB;
2. Orduithe chun ábhar a chur ar fáil don CAB.

Tá na cumhachtaí sin leagtha amach in Alt 14 agus in Alt 14A den Acht agus den Acht um FC faoi seach.

Thug an Biúró faoina chuid imscrúduithe sa bhliain 2018 le comhoibriú agus le cúnamh ó phearsanra an Gharda Síochána ó Rannóga agus ó Aonaid Náisiúnta de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear Biúró an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (BGSCE), an Biúró Náisiúnta um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (BNDCE), an Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil (BNIC), an tAonad Práinnfhreagartha an tAonad Speisialta Bleachtaireachta (ASB) agus an Rannóg Slándála agus Faisnéise, Ceanncheathrú an Gharda Síochána.

Fuarthas tacaíocht ó phearsanra na gCoimisinéirí Ioncaim ó gach ceann de na réigiúin seo a leanas le linn imscrúduithe freisin: Réigiún Bhaile Átha Cliath (Calafort agus Aerfort); Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair; Réigiún an Iardheiscirt agus an Oirthir agus Réigiún an Oirdheiscirt. Fuarthas tacaíocht ón Rannóg Imscrúduithe agus Ionchúiseamh freisin.

Lean an Biúró de bheith ag comhoibriú le hAonaid Imscrúdaithe Speisialta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i ndáil lena gcuid imscrúduithe sa bhliain 2018.

Bhí an cúnamh leanúnach sin ríthábhachtach ar mhaithe le díriú ar fháltais ó iompar coiriúil le linn 2018.

### Alt 14

Foráiltear in Alt 14 den Acht do bharántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Faoi Alt 14(1), féadfaidh Oifigeach Biúró ar ball den Gharda Síochána é iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun barántas a fháil chun cuardach i gcomhair fianaise a bhaineann le sócmhainní nó le fáltais a tháinig ó iompar coiriúil.

Soláthraíonn Alt 14(2) & (3) don tsaincheist do bharántas cuardaigh den chineál céanna i gcúinsí a bhfuil práinn ag baint leo agus a bhfuil iarratas don Chúirt Dúiche dofheidhmithe. Is féidir le hOifigeach de chuid an Bhiúró ar ball den Gharda Síochána é/í agus nach ísle a g(h)rád ná Ceannfort an barántas seo a eisiúint.

I gcaitheamh na bliana 2018, ba chuig an gCúirt Dúiche a rinneadh gach iarratas faoi Alt 14 agus níor eisíodh aon bharántais ar bith de bhun Alt 14(2).

Is é atá i gceist le barántas cuardaigh Alt 14 ná go dtugtar cead d'Oifigeach ainmnithe de chuid an Bhiúró ar ball den Gharda Síochána é ábhar sa láthair ainmnithe a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil, in éineacht le cibé daoine eile a mheasann

an Oifigeach an Bhiúró sin a bheith riachtanach. Baineann tábhacht leis sin toisc go dtugann sé cead don bhall den Gharda Síochána dul in éineacht le daoine eile a mheasann Oifigeach an Bhiúró a bheith riachtanach, lena n-áirítear daoine atá cáilithe go teicniúil agus go gairmiúil, ar mhaithe le cúnamh a thabhairt dó/di le linn an chuardaigh.

Breathnaítear ar na barántais seo mar uirlisí tábhachtacha a ligeann don Bhiúró tabhairt faoi imscrúduithe de bhun a dtéarmaí tagartha reachtúla. Le linn 2018, forghníomhaigh an Biúró roinnt barántais a dhírigh ar ghrúpaí coireachta eagraithe. Dhírigh an Biúró ach go háirithe ar ghrúpa aitheanta coireachta eagraithe i nDeisceart na tíre. Úsáideadh na barántais faoi Alt 14 chun go leor tithe príobháideacha chomh maith le hoifigí proifisiúnta agus gnólachtaí eile a chuardach. Dá bharr seo gabhadh go leor airgid, seodra agus feithiclí.

## Alt 14A

Cuireadh Alt 14A isteach leis an Acht um FC agus foráiltear ann go bhféadfaidh Oifigeach de chuid an Bhiúró ar ball den Gharda Síochána é iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun ordú a fháil lena dtreoraítear duine ainmnithe ábhar a chur ar fáil don Oifigeach sin.

Úsáideadh Orduithe ar Aird faoi Alt 14A go príomha chun fianaise a ardú ó roinnt institiúidí airgeadais taobh istigh den Stáit. Baineann an ábhar le mionsonraí bainc agus go minic le lear mór airgid a aistriú idir cuntais.

Mar thoradh ar an eolas a fuarthas, bhí an Biúró in ann an t-eolas seo a úsáid in imscrúduithe leanúnacha ar roinnt daoine aonair ag creideadh go raibh sócmhainní a léiríonn, go díreach nó go hindíreach, fáltais coiriúla ina seilbh acu.

## Iarratais a rinneadh le linn 2018

Le linn 2018, rinneadh an líon iarratas seo a leanas faoi Alt 14 agus faoi Alt 14A den Acht agus den Acht um FC faoi seach:

Iarratais faoi Alt 14 agus faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

| Cur síos | Iarratais | |
|---|---|---|
| | 2017 | **2018** |
| Barántais chuardaigh faoi Alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005 | 165 | 171 |
| Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005 | 275 | 275 |


Uaireadóir Hublot a ghabhadh le linn oibríocht chuardaigh



Rinne an CAB cuardach faoi Alt 14 (Barántas Cuardaigh) Acht An Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996

## Cuid 17

### An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010

Ceadaíonn an tAlt 17(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheora ), 2010 do bhaill an Gharda Síochána Orduithe a fháil tríd an gCúirt Dúiche chun srian a chur le gluaiseacht airgid atá coinnithe i gcuntais bhainc.

Le linn 2018, d'úsáid an Biúró an tOrd seo ar trí chéad agus a ceathair déag ócáid.

Fuarthas na hOird seo mar gheall ar tríocha a hocht sprioc éagsúil atá faoi imscrúdú ag an mBiúró faoi láthair.

Fanann na hOrduithe seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse ceithre seachtaine a thugann am don Bhall Imscrúdaithe oibriú amach an bhfuil an t-airgead seo in úsáid do sciúradh airgid nó do chionta maoinithe sceimhlitheoirí. Ina dhiaidh seo, is féidir leis an Ordú sin dul i léig nó is féidir leis an mBall Imscrúdaithe athnuachan a dhéanamh air sa gCúirt Dúiche.

Tá méid iomlán na maoinithe atá srianta faoi láthair níos mó ná €5.8 milliúin, 75,000 Steirling agus $600,000 Dollar.

Is féidir Ordú faoi Alt 17(2) a rinne an Chúirt Dúiche a cheistiú trí iarratas a dhéanamh de bhun Alt 19 nó 20 d'Acht 2010.




Oibríocht chuardaigh a dhéanamh ag an Biúró um Shócmhainní Coiriúla in 2018.

# Cuid a Trí
## *Gníomhartha faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 agus 2016*

### Réamhrá

Cuireann an tAcht um Fháltais ó Choireacht 1996 go 2016 ("Acht PoC") meicníocht ar fáil le go mbeidh an Biúró in ann iarratas a dhéanamh don Ard-Chúirt le hordú ("ordú eachtramach") a dhéanamh ag cur cosc ar dhuine / eintiteas déileáil le sócmhainn ar leith, i bhfocail eile, calcaítear an tsócmhainn ar leith.

Ina theannta sin, tugtar cead don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, agus an dualgas cruthúnais uirthi, ar cé acu a tháinig nó nár tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil.

Leasaíodh an tAcht um FC sa bhliain 2005 chun go bhféadfaí na himeachtaí a thabhairt in ainm an Bhiúró in ionad ainm Phríomh-Oifigeach an Bhiúró. Ar an ábhar sin ó 2005, tugadh gach iarratas a rinne an Biúró in ainm an Bhiúró.

Cuirtear tús le himeachtaí na hArd-Chúirte trí iarratas a dhéanamh faoi Alt 2(1) den Acht PoC atá bunaithe ar mhionscríbhinn nó mionscríbhinní faoin mionfhianaisí cuí, lena n-áirítear baill den Gharda Síochána, Oifigigh an Bhiúró eile agus i gcásanna cuí foireann ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ó thaobh amuigh den dlínse.

Forálann an tAcht PoC gur féidir leis an tairiscint tosaithe a thabhairt do ex-parte. Ciallaíonn sé seo go ndéanann an Biúró a iarratas faoi Alt 2(1) den Acht PoC gan an riachtanas chun an duine lena mbaineann (an freagróir) a chur ar an eolas. Maireann an t-ordú Alt 2 (1) ar feadh fiche haon lá mura ndéantar iarratas faoi Alt 3 den Acht um FC bogtha/tugtha. Forálann Alt 2 den Acht PoC chomh maith gur cheart don té lena mbaineann a bheith curtha ar an eolas le linn an ama seo.

Le linn 2018, cuireadh tús le himeachtaí Alt 3 i ngach cás a thug an Biúró nuair a rinneadh ordú faoi Alt 2(1). Ceadaíonn Alt 3 faoi Acht PoC do thréimhse níos faide chun sócmhainní a chalcadh. Caithfear a nótáil gur féidir tús a chur le himeachtaí faoin Acht PoC gan ordú calctha faoi Alt 2(1) trí thairiscint tosaithe a eisiúint de bhun Alt 3(1).

Cé go gcaithfear tús a chur le cásanna faoi Alt 3 taobh istigh d'fhiche haon lá d'Ordú Alt 2, i gcleachtas, is féidir go dtógfaidh sé am fiúntach sula mbeadh éisteacht tagtha os comhair na hArd-Chúirte faoi Alt 3. Tugtar fógra don duine lena mbaineann (an freagróir) d'éisteacht faoi Alt 3 agus tá an duine sin i dteideal freastal ar an éisteacht agus an tabhairt faoin gcás maidir le sócmhainn ar leith.

Sa chás nach bhfuil sé d'acmhainn ag an bhfreagróir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil, is féidir leis an bhfreagróir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar chúnamh dlíthiúil a fháil faoi Scéim um Chúnamh Dlí atá i bhfeidhm chun na críche sin. Cinntíonn sé sin go ndéanfar ionadaíocht do chearta an fhreagróra ina n-iomláine agus de réir na gcaighdeán is airde.

Má thaispeántar chun sástacht na hArd-Chúirte le linn éisteacht Alt 3 gur tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil, déanfaidh an Ard-Chúirt ordú lena ndéanfar an tsócmhainn sin a chalcadh. Mairfidh an t-ordú sin seacht mbliana ar a laghad. Le linn na tréimhse sin, féadfaidh an freagróir nó aon pháirtí eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin iarratas a dhéanamh leis an t-ordú cúirte a dhéanamh ilchinéalach i leith na maoine sin.

Tráth a rachaidh an tréimhse seacht mbliana in éag, féadfaidh an Biúró tús a chur le himeachtaí ansin chun an tsócmhainn a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó chuig aon duine eile den sórt sin de réir mar a chinneann an Chúirt faoi Alt 4 den Acht. Le linn na n-imeachtaí seo tugtar fógra arís do gach páirtí leasmhar agus féadfaidh siad iarratais a dhéanamh chuig an gcúirt.

Sa chás nach bhfuil an tréimhse seacht mbliana in éag, féadfar Ordú Toilithe Diúscartha faoi Alt 4A den Acht a chur i gcrích le toiliú ón bhfreagróir agus ón gcúirt.

## Athbhreithniú ar Alt 1A


Leasaíodh an tAcht PoC faoin Acht PoC (Leasú), 2016. Forálann an leasú seo nuair a bhíonn Oifigeach an Bhiúró in áit phoiblí, nó in áit eile atá sé údaraithe nó a bhfuil cuireadh faighte aige, nó áit ina bhfuil sé ag déanamh cuardach, agus go bhfaigheann sé réadmhaoin a cheapann sé atá ina fáltais choiriúla le luach nach lú ná €5,000, is féidir leis an Oifigeach an réadmhaoin a urghabháil do thréimhse nach mó ná fiche ceathair uair an chloig.

Is féidir le Príomhoifigeach an Bhiúró, le linn na tréimhse fiche ceathair uair an chloig, an réadmhaoin a chur faoi choinneáil do thréimhse suas le fiche lá, ar choinníoll go bhfuil sé:

a) a) Sásta go bhfuil forais réasúnta ann a bheith amhrasach go sáraíonn an réadmhaoin, an réadmhaoin ar fad nó cuid de, go díreach nó go hindíreach, fáltais choiriúla.
b) Sásta go bhfuil forais ann a bheith amhrasach nach bhfuil luach iomlán na réadmhaoin faoi €5,000,
c) Sásta go bhfuil an Biúró ag déanamh imscrúdú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil forais shuntasacha ann chun iarratais a dhéanamh don chúirt d'ordú eatramhach nó ordú idirbhreitheach maidir leis an réadmhaoin, agus
d) Sásta go bhfuil forais réasúnta ann le creidiúint go bhfuil an réadmhaoin, ina hiomlán nó cuid de, a d'fhéadfadh, in éagmais údaraithe, a bheith curtha de láimh nó láimhseáilte ar bhealach eile, nó a luach a bheith laghdaithe, sula ndéantar iarratas mar seo.

Le linn 2018, thograigh an Biúró a chumhachtaí faoi Alt 1A den Acht PoC ar thrí ócáid, tugtar samplaí de seo thíos.

Alt 1A Coinneáil




### *Coinneáil 1*

Thóg an Biúró seilbh ar charr (luach thart ar €12,000) de bhall de ghrúpa coireachta eagraithe a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath Theas.Tá an grúpa seo freagrach as buirgléireacht a dhéanamh ar fud Laighin. Le linn na tréimhse coinneála fiche haon lá, rinne an Biúró iarratas don Ard-Cúirt agus d'éirigh leis Orduithe a fháil faoi Alt 2 & 7 den Acht PoC.

Ag éisteacht den cás, fuair an Bhiúró Ordú faoi Alt 3 den Acht PoC a bhí ina chinntiú

deiridh go raibh an fheithicil ina fáltas coiriúil.

## *Coinneáil 2*

Le linn ceann d'oibríocht chuardaigh an Bhiúró, thóg an Biúró seilbh ar fheithicil (luach thart ar €20,000) a bhí i seilbh duine a bhí baint aige le díol agus soláthar drugaí rialaithe.

Le linn na tréimhse coinneála fiche haon lá, rinne an Biúró iarratas don Ard-Cúirt agus d'éirigh leis Orduithe a fháil faoi Alt 2 & 7 den Acht PoC.

Ag éisteacht den cás, fuair an Bhiúró Ordú faoi Alt 3 den Acht PoC a bhí ina chinntiú deiridh go raibh an fheithicil ina fáltas coiriúil.

## *Coinneáil 3*

Le linn ceann d'oibríocht chuardaigh an Bhiúró, thóg an Biúró seilbh ar fheithicil (luach thart ar €12,000) a bhí i seilbh baill aonair de dhrong choireachta eagraithe a bhí baint aige le díol agus soláthar drugaí rialaithe.


Le linn na tréimhse coinneála fiche haon lá, rinne an Biúró iarratas don Ard-Cúirt agus d'éirigh leis Orduithe a fháil faoi Alt 2 & 7 den Acht PoC.
Ag éisteacht den cás, fuair an Bhiúró Ordú faoi Alt 3 den Acht PoC a bhí ina chinntiú deiridh go raibh an fheithicil ina fáltas coiriúil.

## Cásanna tosaithe

Thosaigh tríocha cás nua le linn 2018. De na cásanna seo a thosaigh, cuireadh tús le fiche a hocht trí imeachtaí a eisiúint trí thairiscint tosaithe faoi Alt 2 den Acht PoC agus dhá cheann go díreach faoi fhorálacha Alt 3.

Nótálann an Biúró gurbh é seo an méid is mó cásanna fáltas d'iompar coiriúil a tosaíodh in aon bhliain amháin ó bunaíodh an Biúró. Tá an Biúró i mbun obair fhorleathan na n-imscrúduithe seo a réiteach chun cead a thabhairt na cásanna seo a thabhairt in 2018.


Cásanna nua faoin Acht um FC a tugadh os comhair na hArd-Chúirte




## Athbhreithniú ar Alt 2 (1)


Agus an figiúr sin curtha i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2017, léirítear go raibh méadú ann i líon na sócmhainní a bhfuarthas ordú Alt 2(1) ó chéad shócmhainn go céad agus ceathair déag in 2018.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 2(1) ina leith



Le linn 2018, thóg an Biúró imeachtaí i leith réimse cineálacha sócmhainní. Chun críocha próifílithe, miondealaítear na sócmhainní mar seo a leanas: seodra, maoin, feithiclí agus sócmhainní airgeadais agus ábhair eile.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 2(1) ina leith
*Briseadh síos ar shócmhainní de réir chineáil na sócmhainne*




## Miondealú Luachála

B'ionann luach na céad shócmhainn a calcadh faoi Alt 2 den Acht um PoC le linn na bliana 2018 agus €8,393,582.30. Is féidir an figiúr sin a mhiondealú mar seo a leanas sa tábla thíos.

Anailís ar Orduithe Alt 2 de réir Cineál Sócmhainne


| **Cur síos** | **€** |
|---|---|
| Seodra | 112,150.00 |
| Foirgnimh | 2,082,855.00 |
| Feithiclí | 59,750.00 |
| Airgeadas | 6,018,832.30 |
| Eile | 119,995.00 |
| **Iomlán** | **8,393,582.30** |

I gcás na bhfigiúirí a bhaineann le seodra le maoin le feithiclí agus ábhair eile tá siad bunaithe ar an luach réamh-mheasta a chur an Biúró ar an tsócmhainn nuair a bhí iarratas á dhéanamh aige faoi Alt 2(1) den Acht um PoC.



Dordán a ghabhadh le linn Oibríocht CAB

Luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 2(1)




Léirítear sna torthaí don bhliain 2018 gur tháinig méadú de €1.4 milliúin ar luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 2(1) i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2017, bliain inar calcadh sócmhainní dar luach €7,020,539.20 Athraíonn luach sócmhainní ag brath ar shócmhainní a ndírítear orthu i ngach cás atá in ann athrú ó shócmhainní de raon ard go sócmhainní de raon íseal. Tá réimse idir €7,000 go €3.7milliúin ar luach na n-orduithe sin.

Cheadaigh laghdú na tairsí faoi reachtaíocht nua in 2016 do ghabháil 20% breise sócmhainní in 2018.




## Súil siar ar Alt 3

Déantar Orduithe Alt 3(1) ag deireadh na héisteachta ar cé acu is fáltas ó iompar coiriúil í sócmhainn nó nach ea. Mar sin, níl aon neart ag an mBiúró ar dháta ná ar fhad ama na héisteachta ar an ábhar.

Le linn na bliana 2018, bhí orduithe faoi Alt3(1) i bhfeidhm i seacht cás agus fiche os comhair na hArd-Chúirte, agus luach €6,186,566.39, ag baint leo. Tugann an Biúró faoi deara gur mhéadaigh an luach sócmhainní cé go bhfuil an líon orduithe mar an gcéanna le 2017.


Líon na gcásanna a ndearnadh Orduithe Alt 3(1) ina leith




Tháinig méadú ar líon na n-orduithe a rinne an Ard-Chúirt mar gheall ar shócmhainní de bhun Alt 3(1) ó caoga a haon sócmhainn in 2017 go céad a ceathair déag sócmhainn in 2018.

## Cuid a Trí
*Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 agus 2016*

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 3(1) ina leith




Ardú ar shócmhainní ar a raibh Ordú faoi Alt 3(1) déanta in 2018 agus dá bharr sin tháinig ardú ar luach na n-orduithe a rinneadh. Mhéadaigh luach na n-orduithe sin ó €2.1 milliún sa bhliain 2017 go €6.2 milliún sa bhliain 2018.




Airgead tirim faighte le linn oibríocht chuardaigh CAB.

Anailís ar Orduithe Alt 3 de réir Cineál Sócmhainne

| **Cur síos** | **€** |
|---|---:|
| Seodra | 150,470.00 |
| Foirgnimh | 1,056,460.50 |
| Feithiclí | 645,137.00 |
| Eile | 38,731.00 |
| Airgeadas | 4,295,767.89 |
| **Iomlán** | **6,186,566.39** |

Luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 3(1)




## Alt 3(3)

Foráiltear in Alt 3(3) den Acht um PoC go bhféadfar iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt an t-ordú a athrú nó a scaoileadh i gcásanna ina bhfuil ordú Alt 3(1) i bhfeidhm. Maidir le cás ar thionscain an Biúró é, féadfaidh an freagróir nó aon duine eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin an t-iarratas sin a dhéanamh. Cé go bpléitear in Alt 3(3) go príomha le hiarratas a bheith á thabhairt ag freagróir i gcás, foráiltear ann freisin go bhféadfaidh íospartaigh choireachta iarratas a dhéanamh ar fhilleadh na maoine atá calctha ar an gcoinníoll gur féidir leo leas dílseánaigh a thaispeáint sa mhaoin sin.

Foráiltear in Alt 3(3) freisin go bhféadfaidh duine éileamh a dhéanamh i dtaca le sócmhainn a ndearnadh ordú Alt 3(1) ina leith. Sa chás sin, féadfaidh an duine sin a iarraidh go ndéanfaí an t-ordú calctha a athrú nó a scaoileadh sa chás gur féidir a thaispeáint chun sástacht na cúirte nach fáltais ó iompar coiriúil í an tsócmhainn atá i gceist. Ní dhearnadh orduithe dá leithid faoi Alt 3(3) den Acht PoC le linn 2018.

## Miondealú Geografach

Is é sainchúram an Bhiúró ná fáltais ó chásanna coireachta a imscrúdú beag beann ar láthair na sócmhainní sin.

Le linn na bliana 2018, fuair an Biúró Orduithe a bhain le sócmhainní arbh fháltais ó choireacht iad i ngach ceann de na mórcheantair uirbeacha, i bpobail tuaithe agus i ndlínsí eachtracha.

Tá rún daingean ag an mBiúró go fóill díriú go gníomhach, agus a mhéid is féidir faoin Acht um FC, ar shócmhainní is fáltais ó iompar coiriúil, is cuma cén áit a bhfuil siad suite.

Tá an Biúró ag feabhsú a chlúdaigh náisiúnta tuilleadh trí pholasaí athbhreithnithe Choimisinéir An Gharda Síochána ar Thascáil de Phróifíleoirí um Shócmhainní Coiriúla. Cinnteoidh sé seo go bhfuil fócas ar thargaidí coiriúla áitiúla ar fud an Stáit le go mbeidh an Biúró in ann na gníomhaíochtaí a bhaint amach.

Lean an Biúró ag obair go cóngarach le pobail áitiúla trí pháirt a ghlacadh agus faisnéis a thabhairt don tríocha a sé Comhchoistí Póilíneachta ar fud na tíre in 2017 agus in 2018 agus fuarthas aiseolas dearfach dá bharr.

## Foirgnimh

Mar gheall ar na haidhmeanna agus ar na cuspóirí reachtúla atá aige, tá sé de dhualgas ar an mBiúró gníomh cuí a dhéanamh chun cosc a chur ar dhaoine a bhíonn páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach tairbhe a bhaint as coireacht den sórt sin.

I gcásanna ina léirítear gur fáltais ó iompar coiriúil atá sa mhaoin, áirítear leis an bhforáil reachtúil trína bhféadfar úsáid na maoine sin a dhiúltú do dhuine a bhaineann tairbhe as na fáltais sin, áirítear léi gur cheart an mhaoin a dhídhílsiú ón duine.

Mar chuid den bheartas sin, is féidir go mbeidh ar an mBiúró maoine a shaothrú, fiú amháin i gcásanna ina bhfuil an mhaoin fós i gcothromas diúltach.

Is é is aidhm don bheartas sin a chinntiú nach mbeidh daoine atá páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach in ann fanacht sa mhaoin agus, ar an mbealach sin, nach mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as na fáltais ó choireacht.

## Feithiclí

Leanann an Biúró le tabhairt faoi deara an spéis i bhfeithiclí ardluacha a bhíonn ag daoine a bhíonn páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach. Mar sin féin, dhírigh an Biúró ar roinnt feithiclí sa raon láir le linn na bliana 2018. Rinneadh amhlaidh, i bpáirt, chun freagairt don iarracht a bhíonn á déanamh ag daoine a bhíonn páirteach in iompar coiriúil feithiclí lena mbaineann luach níos ísle a cheannach d'fhonn brath a sheachaint.



Bhí siad seo a leanas i measc na gcineálacha feithiclí ar urghabh an Biúró iad faoi Alt 2(1) den Acht um PoC le linn na bliana 2018:

- Audi A6, A7
- Gluaisrothar Kawasaki Ninja
- VW Polo
- VW Passat
- BMW X5
- VW Tiguan

Bhí siad seo a leanas i measc na gcineálacha feithiclí ar urghabh an Biúró iad faoi Alt 3(1) den Acht um PoC le linn na bliana 2018:

- Gluaisrothar Yahama
- Dune Buggy
- Lexus RX
- Audi A3, A5 agus A6
- Mercedes CLA & E220
- Gluaisrothair Leictreacha GoCycle
- Land Rover Defender



## Só-earraí

Leanann an Biúró ag aimsiú gnóthachain neamhcheadaithe trí cheannach só-earraí maidir le teach soghluaiste, málaí láimhe dearthóra, cártaí siopa, éadaí agus coisbheart dearthóra, a bhfuil samplaí dóibh siúd léirithe thíos.



## *Cás 1*

D'ainmnigh an Tascfhórsa Speisialta Coireachta an cás seo don Bhiúró chun próifíliú a dhéanamh air agus tugadh don fhoireann imscrúdaithe é le haghaidh fiosrúcháin a dhéanamh.

Léirigh an dá freagróir stíl mhaireachtála sómasach, lena n-áirítear taistil thar lear go minic agus ceannach só-earraí, cé nach raibh ach ísealioncam acu, agus bhí siad a fáil íocaíochtaí leasa sóisialta, nach bhfuil ceadaithe anois.

Le linn 2018, cheadaigh an Ard-Cúirt Ordú faoi Alt 4A maidir le cistí i gcuntais banc éagsúla, ceathair uaireadóir dearthóra costasach, le cheile ar luach níos mó ná €70,000, dhá mála láimhe dearthóra costasach le cheile ar luach níos mó na €3,000, lear mór airgid tirim agus réadmhaoin cónaithe ar luach thart ar €300,000.

Seirbheáladh comhbhille cánach níos mó ná €300,000 ar na freagróirí chomh maith le ró-íocaíocht leasa sóisialta de €100,000.

## Alt 4(1) agus Alt 4A

Foráiltear in Alt 4(1) do mhaoin a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann an tAlt sin le


sócmhainní atá measta, ar feadh tréimhse nach lú ná seacht mbliana, a bheith mar thoradh ar iompar coiriúil agus nach bhfuil aon éileamh bailí déanta ina leith faoi Alt 3(3) den Acht um FC.

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

Foráiltear in Alt 4A go bhféadfaidh an freagróir i gcás de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ordú toilithe diúscartha a dhéanamh, rud lena gceadófar aistriú na maoine chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtréimhse atá níos lú ná seacht mbliana. Tugadh é sin isteach in Acht um FC 2005.

Críochnaíodh agus cuireadh i gcrích fiche a dó cás faoi Alt 4(1) agus 4A in 2018.

Luach na sócmhainní calcadh faoi Alt 4(1) agus faoi Alt 4A




Le linn na bliana 2018, aistríodh €2,271,799.92 san iomlán chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um PoC de bharr dhiúscairtí Alt 4(1) agus Alt 4A.

Miondealú maidir le Cásanna Alt 4(1) agus Alt 4A

| Cur síos | Líon na gCásanna | € |
|---|---|---|
| Alt 4(1) | 3 | 184,005.98 |
| Alt 4A | 19 | 2,087,793.94 |
| **Iomlán** | **22** | **2,271,799.92** |

## *Cás 1 Oibríocht Loft*

Le linn 2018, fuair an Biúró orduithe faoi Alt 3 & 7 den Acht PoC maidir le níos mó ná €529,000 a bheith i gcuntais banc ag drong choireachta eagraithe ata baint acu le sciúradh breosla cois Teorann. Cuireadh deonú orduithe faoi Alt 3 maidir leis na cuntais banc deireadh le himeachtaí an Bhiúró i gcoinne an drong choireachta eagraithe seo.

I mí na Samhna 2012 thosaigh an Biúró ar fhiosrúcháin ar shócmhainní agus gníomhaíochtaí dhá theaghlaigh lonnaithe cois Teorann i gCo Lú a raibh amhras fúthu maidir le sciúradh breosla agus sciúradh airgid de thoradh gníomhaíocht choiriúil

Rinne an Biúró oibríocht chuardaigh in 2013 le cuidiú ó Shainaonaid na nGardaí an tAonad Práinnfhreagartha san áireamh. Fuair an Biúró cuidiú suntasach ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) agus ó Choimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona le linn an imscrúdaithe.
Dhírigh an imscrúdú go sonrach ar chomhlachtaí atá á n-úsáid agus atá faoi smacht ag drong choireachta eagraithe chun méid ollmhór díosail glas a cheannach ó chomhlachtaí ola. Rinneadh sciúradh ar an díosal glas ansin agus dhíol "comhlachtaí idirghabhála" mar díosal bóithre é, comhlachtaí atá faoi smacht ag an drong choireachta eagraithe freisin.

## Cuid a Trí

*Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 agus 2016*

I mí Aibreáin 2013, chuir an Biúró tús le himeachtaí PoC i gcoinne fiche a haon duine aonair agus i gcoinne comhlachtaí agus calcadh líon mór cuntais banc dá bharr.  Le deireadh imeachtaí an Bhiúró in 2018, tá luach €1.1 milliúin ar an méid iomlán airgid ón bhfiontar sciúradh breosla seo tógtha ag an mBiúró.




## Alt 6

Foráiltear in Alt 6 go bhféadfaidh an chúirt, le linn na tréimhse ina bhfuil ordú Alt 2(1) nó 3(1) i bhfeidhm, ordú a dhéanamh an t-ordú a athrú ar mhaithe leis an bhfreagróir nó le haon pháirtí eile a chumasú:

1. Caiteachais mhaireachtála réasúnacha nó caiteachais riachtanacha eile a scaoileadh; nó
2. Gnó, trádáil, gairm nó slí bheatha eile lena mbaineann aon chuid den mhaoin a sheoladh.

Níor tháinig cás cuí chun tosaigh a raibh gá le deonú Alt 6 le linn 2018.

## Alt 7

Foráiltear in Alt 7 go bhféadfaidh an Chúirt Glacadóir a cheapadh, a n-áirítear leis na dualgais atá air luach na maoine a chaomhnú nó an mhaoin a dhiúscairt sa chás go bhfuil an mhaoin sin calctha cheana féin faoi orduithe Alt 2 nó Alt 3.

Sa bhliain 2018, fuair an Biúró orduithe glacadóireachta i ndáil le seacht sócmhainn is seasca.  Ba é Oifigeach Dlí an Bhiúró an Glacadóir ar cheap an Chúirt é i ngach cás. Ba é a bhí i gceist leis na cásanna sin ná ionaid réadmhaoine, airgead, airgead i gcuntais bhainc, mótarfheithiclí agus uaireadóirí. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt orduithe le haghaidh sealbhú agus díol ag an nGlacadóir. Ní fhéadfar ordú glacadóireachta a dhéanamh ach amháin sa chás go bhfuil ordú Alt 2 nó ordú Alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

Ráiteas faoi Chuntais Ghlacadóireachta

| | Euro€ | STG£ | US$ |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh na gcuntas glacadóireachta 01/01/2018 | 11,182,727.68 | 208,043.38 | 653,029.57 |
| Méideanna a réadaíodh, agus ús agus airleacain oibriúcháin ar áireamh iontu | 3,604,991.87 | 2.10 | 3,393.16 |
| Íocaíochtaí amach, agus íocaíochtaí leis an Státchiste agus caiteachas glacadóireachta oibriúcháin ar áireamh iontu | 2,370,266.98 | 0.00 | 1,255.46 |
| Iarmhéid deiridh na gcuntas glacadóireachta 31/12/2018 | 12,417,452.57 | 208,045.48 | 655,167.27 |

Cuid a Trí

*Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 agus 2016*

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a Ceathair
# *Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró*

## Forbhreathnú

Is é an ról atá ag na hOifigigh Ioncaim a bhfuil baint acu leis an mBiúró ná dualgais a chomhlíonadh de réir na nAchtanna agus na Rialachán Ioncaim go léir chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó choireacht nó an choireacht amhrasta. Is é atá i gceist leis sin an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a bhailiú ó ghníomhaireachtaí de chuid an Bhiúró. San áireamh anseo, tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncam agus is féidir le heolas ón Oifig seo a fháil de réir Alt 8 d'Acht 1996.

## Feidhmeanna Cánach

Is achoimre é seo ar na gníomhaíochtaí a ghlac an Biúró le linn 2018 agus uasdátú ar stádas na n-achomharc a tógadh.

## Measúnuithe Cánach

Tugtar de chumhacht d'Oifigigh Ioncaim an Bhiúró measúnuithe a dhéanamh faoi Alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (dá ngairtear ACC 1997 anseo feasta) - an chuid a bhaineann le muirir.

Mar chuid de gach imscrúdú ón mBiúró, déanfaidh Oifigeach Ioncaim de chuid an Bhiúró imscrúdú ar staid chánach gach duine atá nasctha leis an imscrúdú lena mbaineann d'fhonn dliteanas cánach na ndaoine sin a mheasúnú, nuair is cuí. Ní ionann méid agus castacht do gach imscrúdú.

Le linn 2018, measadh ceathrú a haon duine aonair ina n-iomlán faoi chinnteidil chánacha éagsúla agus is é an toradh a bhí ar sin ná figiúir iomlán cánach de €10.763m.

## Achomhairc Chánach

Bunaíodh an Coimisiúin um Achomhairc Chánach (TAC) ar an 21 Márta 2016 agus is comhlacht neamhspleách reachtúil é chun achomhairc i gcoinne measúnaithe agus cinntí a éisteacht agus a rialú.

Tá TAC ar an bhfód le breis agus dhá bhliain anois agus léiríodh méadú i rannpháirtíocht leis an mBiúró le linn 2018. Le linn 2018 cheadaigh an TAC deich achomharc, diúltaíodh cúig cás déag agus diúltaíodh go pointe áirithe sé cás eile.

Cé gur rud maith é an méadú i bpróiseáil cásanna nua, tá líon cásanna stairiúla ag fanacht le breithiúnas. Aithnítear go bhfuil an mhoill ar bhreithniú na cásanna stairiúla seo de bharr roinnt cúinsí mar gheall ar an méid mór cásanna stairiúla a bhí ann roimh a bhunú. Tá an Biúró i dteagmháil dearfach leis an TAC chun na hábhair seo a chur chun cinn.

## Achomhairc chuig na Coimisinéirí Achomhairc Cánach

Déanann na Táblaí Ioncaim 1 agus 2 atá ag deireadh na caibidle seo achoimre ar na gníomhaíochtaí achomhairc do 2018.

Ar 1 Eanáir 2018, cuireadh tríocha dó cás os comhair an TAC do bhreithniú. Le linn na bliana, chuir an TAC fiche a trí iarratas achomhairc ar aghaidh chuig an mBiúró le plé. Go ginearálta, i rith na bliana, cheadaigh an Coimisiúin deich achomharc agus diúltaíodh cúig ceann déag.

Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2018, bhí tríocha a naoi cás ina n-iomlán ag fanacht ar éisteacht / ar chinneadh.

Mar a bhí ar an 1 Eanáir 2018, bhí dhá achomharc maidir le cásanna ar diúltaíodh d'achomhairc ag fanacht ar chinneadh. Dhiúltaigh an Cigire Cánach don dhá iarratas achomhairc seo roimh an 21 Márta 2016. Ar

an 31 Nollaig 2018, tá an dá cás fós sa bpróiseas achomhairc.

## Nithe a Bailíodh

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró gach gníomh is gá a dhéanamh chun dliteanais chánach a thagann chun deiridh agus atá dochloíte a bhailiú. Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró agus bainfidh siad leas as gach modh is féidir chun fiachais chánach a shaothrú. Tá na nithe seo a leanas i measc na modhanna atá ann chun airgead a bhailiú:

- Éilimh a eisiúint – Alt 961 de ACC 1997;
- Cumhacht astaithe – Alt 1002 de ACC 1997;
- Gníomh sirriam – Alt 960(L) de ACC 1997; agus
- Imeachtaí Ard-Chúirte – Alt 960(I) de ACC 1997.

## Nithe a Aisghabhadh

B'ionann agus €3.097m an cháin iomlán ar aisghabh an Biúró í ó chaoga duine aonair / eintitis le linn na bliana 2018.

## Éilimh:

Le linn na bliana 2018, b'ionann agus €14.990m (ús san áireamh) na héilimh chánach a seirbheáladh ar daichead a cúig de dhuine /eintitis de réir Alt 961 de ACC 1997.

## Socruithe Ioncaim

Le linn 2018, ghlan ochtar aonair dliteanais chánacha gan íoc leis an mBiúró trí chomhaontú a dhéanamh ar fiú €912,989k é ina iomlán.

### *An Chúirt Chuarda*

Tionscnaíodh imeachtaí sa Chúirt Chuarda i ndáil le cás amháin dar luach €58.169k.

### *An Ard-Chúirt*

Chuir imeachtaí na hArd-Chúirte tús le haisghabháil cánach agus úis ar fiú €13.550m é i gcás is fiche.

| Cosantóir | An Méid Euro |
|---|---|
| Cás 1 | 235,063.82 |
| Cás 2 | 683,111.36 |
| Cás 3 | 123,437.75 |
| Cás 4 | 87,950.56 |
| Cás 5 | 243,335.92 |
| Cás 6 | 1,046,555.84 |
| Cás 7 | 262,270.96 |
| Cás 8 | 617,340.64 |
| Cás 9 | 146,329.52 |
| Cás 10 | 212,554.68 |
| Cás 11 | 316,858.30 |
| Cás 12 | 5,477,669.43 |
| Cás 13 | 41,434.66 |
| Cás 14 | 614,562.76 |
| Cás 15 | 115,712.43 |
| Cás 16 | 593,097.30 |
| Cás 17 | 373,941.94 |
| Cás 18 | 248,934.70 |
| Cás 19 | 141,495.23 |
| Cás 20 | 68,675.31 |
| Cás 21 | 1,899,778.43 |
| **Iomlán** | **13,550,111.54** |

### *Breithiúnais*

Fuarthas Breithiúnais ón Ard-Chúirt in aghaidh dháréag a bhain le dliteanais chánach dar luach iomlán €512,236.17.

| Cosantóir | An Méid Euro |
|---|---|
| Kathleen O' Brien | 408,807.52 |
| Jason Macken | 103,428.65 |
| **Iomlán** | **512,236.17** |

## Imscrúduithe

### *Gadaíocht agus Calaois*

Le linn 2018, ag tacú le Operation Thor agus straitéisí i gcoinne coiriúlachta a úsáideann chomhghníomhaireachtaí rinne an Biúró measúnuithe cánach ar fiche a dó duine aonair lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath maidir le coireanna gadaíochta agus calaoise. Ba é €6.7m. an méid iomlán cánach, gan ús, a bhí páirteach sna measúnuithe. Chomh maith leis na measúnuithe a rinneadh, bailíodh cáin agus ús de €1.5m ó naonúr is fiche duine a ghin brabúis nó tairbhí ó choireanna ghadaíochta agus chalaoise.

### *Tionscal Mótair*

Le linn 2018, dhírigh an Biúró ar dhaoine aonair a bhí ag iarraidh fáltais coiriúlachta a cheilt sa trádáil mótair. Rinneadh measúnuithe cánach de €1.6m gan ús ar bheirt duine agus ar dhá chomhlachtaí a raibh baint acu leis an trádáil mótair. Rinne an Biúró bailiúcháin ar fiú €841k ó triúr aonair agus dhá chomhlacht a bhí bainteach le trádáil mótair. Bhí éifeacht ar leith ar ghabhadh feithiclí ag sirriamaí um Choimisinéirí Ioncaim de réir forálacha Alt 960L TCA 1997 maidir le gníomhaíochtaí bhailiúcháin feidhmithe tugtha ag an Biúró in 2018.

Chomh maith le measúnuithe a dhéanamh agus bailiúchán cánacha a chur i bhfeidhm, d'aithin an Biúró agus chuaigh sé i ngleic le líon rioscaí ag teacht chun cinn sa trádáil mótair trí bannaí slándála, cuairteanna comhlíonta agus idirghabháil eile a chur i bhfeidhm.

### *Díol agus Soláthar Drugaí*

In 2018 rinne an Biúró measúnaithe ar dáréag aonair a bhain tairbhe ó bhrabúis agus gnóthachain ó dhíol agus ó sholáthar drugaí mídhleathach. Rinneadh measúnuithe cánach de €966k seachas ús sna himscrúduithe seo. Le linn 2018, bhailigh an Biúró €750k, trí shocruithe forfheidhmithe agus glantaí, ó thrí aonair déag a raibh bainteach le díol agus soláthar drugaí mídhleathach.

Dhírigh imscrúduithe suntasacha eile an Bhiúró in 2018 ar bhrabúis agus ar ghnóthachain a d'eascair as coireanna smuigléireachta agus comhshaoil.

## Feidhmeanna Custaim agus Máil

Tacaíonn na feidhmeanna Custaim agus Máil sa Bhiúró le gach imscrúdú trí aithint a dhéanamh ar aon saincheisteanna a bhaineann le Custam laistigh den raon leathan reachtaíochta, rialachán agus faisnéise atá ann maidir le cúrsaí Custam agus Máil.

Déanann grúpaí coireachta tromchúisí agus eagraithe i ngach dlínse iarracht rialacháin Chustaim agus rialacháin Mháil araon a shárú ar mhaithe le brabús suntasach a dhéanamh, agus cistí á mbaint acu den Státchiste agus ról diúltach á imirt acu ar an tsochaí i gcoitinne.

Is iad na feidhmeanna Custaim ag calafoirt agus ag aerfoirt go príomha a thacaíonn le himscrúduithe an Bhiúró ar na gnéithe trasdlínse den choireacht agus den bhrabús ó ghníomhaíocht choiriúil. I rith 2018, i

gcaitheamh imscrúduithe an Bhiúró, rinneadh monatóireacht ar líon coirpeach agus a gcomhghleacaithe agus fuarthas greim orthu ag na calafoirt agus ag na haerfoirt.

## *Smuigléireacht*

Le linn 2018, chuir an Biúró faisnéis oibríochta ar fail maidir le roinnt iarrachtaí smuigléireachta a dhéanamh ag baint le seachadtaí móra tráchtála alcóil, toitíní agus táirgí díosail ionadach. Lean an Biúró ar aghaidh ag monatóireacht gníomhaíochtaí eagraíochtaí coiriúla a bhí bainteach le trádáil aindleathacha in olaí mianracha, i gcomhar le Seirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim agus An Garda Síochána, mar bhealach leis an dea-thoradh a chuir isteach ar an gníomhaíocht coiriúil áirithe sin le roinnt blianta anuas a choinneáil. Tá an Biúró ar an eolas, agus ag déanamh monatóireachta ar threochtaí atá ag teacht chun cinn sa trádáil aindleathacha olaí.

## *Trádáil Feithicle agus Cáin Cláraithe Feithicle*

In 2018, lean an Biúró ar aghaidh ag tabhairt faoi imscrúduithe sa réimse údaruithe VRT a ceadaíodh do mhargairí cairr (Alt 136 Acht Airgeadais, 1992). Ag leanúint leis na gníomhartha láidre a tuairiscíodh sna blianta roimhe, d'aithin an Biúró líon ionad carranna athláimhe a bhí á reáchtáil ag grúpaí coireachta eagraithe, nó ar a son.

I gcás amháin in 2018 inar cruthaíodh baint agus ina raibh rialúcháin sáraithe, ghabh agus thóg an Bhiúró stoic feithiclí, diúltaíodh VRT údarúcháin agus ordaíodh dúnadh na n-ionad seo. I dhá chás eile chuir an Biúró cosc le hionad díolacháin nua a bhunú. Ag deireadh na bliana, fanann líon margaí eile mar ábhar imscrúdaithe ghníomhaigh agus diongbháilte an Bhiúró.

Trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta VRT, lean an Biúró ar aghaidh, i rith 2018, feithiclí luachmhara a bhaint do dhaoine aonair faoi leith a bhí ina sheilbh acu agus sháraigh siad rialacháin VRT faoi (Alt 141, Acht Airgeadais 2001). Tacaíonn na gníomhartha seo cuspóirí reachtúla an Bhiúró (Alt 4 den Acht), chun sócmhainní luachmhara a bhaint dóibh siúd atá baint acu le coireanna.

Trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta VRT, mar atá luaite thuas, le linn 2018 ghabhadh feithiclí ar fiú breis agus €914,000 iad chomh maith le VRT ar leith, fíneálacha agus pionóis fiú breis agus €36,000.

Ag deireadh na bliana, bhí cúigiú a sé cás gan íoc ina raibh an Biúró tar éis tús a chur le daorbhreitheanna imeachta na hArd-Chúirte (Cuid a 2, Acht Airgeadais 2001, arna leasú le hAlt 46(1) den Acht Airgeadais 2011). Déanann na himeachtaí seo tagairt d'urghabháil feithiclí ar ardluach ar leith ó choirpigh aonair chomh maith le stoic feithiclí ó ionaid ina bhfuil grúpaí coireachta eagraithe á bhfeidhmiú go neamhdhleathach.

Ag an Comhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann i mí na Samhna 2018, díríodh aird ar an leibhéal insíothlaithe ag grúpaí coireachta eagraithe in iompórtáil agus i ndíol carranna athláimhe. Tharraing an Biúró aird na gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí ar dhá thaobh den teorann ar úsáid a bhaint as carranna mar shaghas airgeadra ag na grúpaí coireachta eagraithe.

Nochtaigh imscrúduithe an Bhiúró go bhfuil íospartaigh na coireachta mar thoradh ar an insíothlú san trádáil mótair athláimhe ag grúpaí coireachta eagraithe. Le linn na

bliana, d'aithníodh roinnt custaiméara a cheannaigh gan fhios dóibh féin feithiclí a raibh mírangaithe ag trádálaí le linn clárúcháin, agus bhí an úinéir faoi dhliteanas VRT suntasach a raibh gan íoc dá thoradh.

Tá an Biúró ag déanamh imscrúdú ar chásanna de dhoiciméid fhalsaithe faoi láthair d'fhonn dul sa tóir ar ionchúisimh choiriúla. Leanfaidh an Biúró ar aghaidh ag déanamh monatóireachta, ag déanamh athbhreithniú agus ag tógáil na ngníomhaíochtaí riachtanacha i gcásanna a bhfuil grúpaí coireachta eagraithe tar éis, nó atá ag déanamh iarracht an trádáil dhlisteanach carranna a insíothlaigh nó dul i bhfeidhm air, le caillteanas féideartha iarmhartach de VRT don státchiste.

## *Idirchaidreamh le Custaim*

Chun comhrac in aghaidh grúpaí coireachta eagraithe a oibríonn trasna teorainneacha, is gá comhar a bheith ann idir na húdaráis inniúla ar an dá thaobh den teorainn. Ní bhaineann an comhar sin le comhroinnt faisnéise amháin, agus áirítear leis comhoibríochtaí sonracha a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhonn ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach idirnáisiúnta. I gcásanna den sórt sin, baineann an Biúró leas as gach gné den reachtaíocht um chúnamh frithpháirteach, bíodh an cúnamh sin ar bun idir feidhm Custaim amháin agus feidhm Custaim eile nó idir seirbhís Póilíneachta amháin agus seirbhís Póilíneachta eile. Is gníomhaireacht ghníomhach é an Biúró taobh istigh den Ghrúpa Trasteorann um Chalaois Ola agus den Ghrúpa um Chalaois Tobac.

In 2018, nótáil an Biúró arís idirchaidreamh láidir leis na Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona (HMRC) agus fuarthas iniamh an Bhiúró i bhforálacha d'Acht Coireachta Dáiríre 2007 (Alt 85) na Ríochta Aontaithe tairbheach ach go háirithe. Rinne an t-iniamh reachtaíochta seo foráil fianaise ón HMRC níos láidre nuair a bhí réadmhaoin de chuid an UK, sócmhainní nó náisiúnaigh i gceist in imscrúduithe CAB. Leanann an chomh-chomhaontú a síníodh i mBaile Átha Cliath in 2016 leis an HMRC ar aghaidh ag cur tacaíocht faoin gcúnamh fíorthábhachtach seo a tugadh d'fheidhmithe imscrúduithe idirnáisiúnta an Bhiúró.

Tapaíonn na hOifigigh Chustaim a bhfuil baint acu leis an mBiúró gach deis chun idirchaidreamh a dhéanamh agus oibriú lena gcuid comhghleacaithe i Seirbhísí eile Custaim ar bhonn idirnáisiúnta ar mhaithe le feabhas a chur ar a éifeachtaí atá siad in aghaidh grúpaí coireachta eagraithe. Rud suntasach in 2018, ab ea an neartú comhoibrithe le hÚdaráis Ioncaim na Gearmáine agus freastal Oifigeach Custaim Sinsearach um Ghearmáin ag an mBiúró. Mar an gcéanna, oibríonn an Biúró go dlúth le Seirbhís Custaim Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar mhaithe le hacmhainní uile an Stáit a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla maidir le dul i ngleic le coirpigh.

Cuireann an Biúró fáilte roimh chúnamh oibriúcháin a chur Seirbhís Cumas na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar líon n-oibriúcháin mhóra éagsúla CAB. Admhaíonn an Biúró arís an réimse leathan saineolais agus tacaíochta seo atá ag méadú lena n-áirítear na hIonaid Custam Mhadraí (drugaí agus airgead tirim), na hIonaid Muirí Custam, scanóirí X-Gha agus foirne oibriúcháin ag Calafoirt agus ag Aerfoirt.

## Cuid a Ceathair
### *Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró*



Oibríocht Chuardaigh CAB le cuidiú ó Aonad Gadhar Custam.

Tábla 1: Toradh na nAchomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc

| Cur síos | Líon na gCásanna |
|---|---|
| Achomhairc Oscailte mar a bhí ar an 01/01/2018 | 35 |
| Achomhairc Déanta chuig TAC | 23 |
| Achomhairc Ceadaithe ag an TAC | 10 |
| Achomhairc Diúltaithe ag an TAC | 15 |
| Achomhairc a tarraingíodh siar | 4 |
| Achomhairc Socraithe ag an TAC | 0 |
| Achomhairc Oscailte mar a bhí ar an 31/12/2018 | 39 |

**Níl na hachomhairc Ceadaithe ag an TAC san áireamh mar go bhfuil an figiúr seo san áireamh sa bhfigiúr d'achomhairc déanta don TAC.*

Tábla 2: Toradh na nAchomharc ar dhiúltaigh an Biúró dóibh (roimh 21/03/2016)

| Cur síos | Líon na gCásanna |
|---|---|
| Achomhairc Oscailte mar a bhí ar an 01/01/2018 | 2 |
| Achomhairc a tarraingíodh siar | 0 |
| Achomhairc Oscailte mar a bhí ar an 31/12/2018 | 2 |

Tábla 3: Measúnuithe Cánach

| Ceannteideal Cánach | Cáin €M 2017 | Cáin €M 2018 | Líon na measúnuithe 2017 | Líon na measúnuithe 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Cáin ioncaim | 4.761 | 9.341 | 216 | 324 |
| Na hAchtanna um Cháin Ghnóthachan Caipitiúil | 0.041 | 0.058 | 4 | 1 |
| Cáin Bhreisluacha(VAT) | 1.114 | 1.346 | 8 | 11 |
| ÍMAT / ÁSPC | - | - | 3 | - |
| Cáin Fháltas Caipitiúil (CAT) | 0.086 | 0.018 | - | 2 |
| Cáin Chorparáide (CT) | - | - | 1 | - |
| **Iomlán** | 6.002 | **10.763** | 232 | **338** |

## Cuid a Ceathair

### *Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró*

Tábla 4: Cáin agus Ús a Bailíodh

| Ceannteideal Cánach | Cáin €M 2017 | Cáin €M 2018 | Méid Bailiúcháin 2017 | Méid Bailiúcháin 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Cáin ioncaim | 1.833 | 2.585 | 41 | 42 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 0.017 | - | 1 | - |
| Cáin Chorparáide | (0.021) | - | 1 | - |
| ÍMAT/ÁSPC | 0.224 | 0.033 | 3 | 2 |
| Cáin Bhreisluacha | 0.279 | 0.445 | 5 | 5 |
| Cáin Fáltas Caipitiúil | - | 0.034 | - | 1 |
| **Iomlán** | 2.374 | **3.097** | 51 | **50** |

Tábla 5: Cáin agus Ús a Éilíodh

| Ceannteideal Cánach | Cáin €M | | Ús €M | | Iomlán €M | | Líon na gCásanna | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2017 | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 | **2018** |
| Cáin ioncaim | 8.000 | 8.003 | 3.917 | 5.202 | 11.917 | 13.205 | 22 | 36 |
| CGT | 0.082 | - | 0.078 | - | 0.160 | - | 3 | - |
| CAT | 0.046 | 0.049 | 0.014 | 0.002 | 0.060 | 0.051 | 2 | 2 |
| ÍMAT / ÁSPC | 0.165 | - | 0.037 | - | 0.202 | - | 1 | - |
| CBL | 1.368 | 1.493 | 0.344 | 0.241 | 1.712 | 1.734 | 5 | 7 |
| CCI | 0.085 | - | 0.044 | - | 0.129 | - | 1 | - |
| **Iomlán** | 9.746 | **9.545** | 4.434 | **5.445** | 14.180 | **14.990** | 34 | **45** |

# Cuid a Cúig
## *Beartais Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró*

### Forbhreathnú
Is ról leis na hOifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh gach beartas riachtanach a ghlacadh faoi réir an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, i gcomhréir leis na feidhmeanna leagtha amach i gCuid 5(1)(c) an Achta 1996. Le linn na feidhmeanna sin a dhéanamh, déanann Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh imscrúdú agus cinneadh ar incháilitheacht chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh ag aon duine a ghlacann páirt i ngníomhaíocht chóiriúil.

Tá cumhacht ag Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh freisin, faoi réir Coda 5(1)(d) an Achta, chun imscrúdú a dhéanamh má bhíonn cúiseanna réasúnacha ann chun creidiúint gur féidir le hoifigigh an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoi réir bagairtí nó cineálacha eile imeaglaithe. Le linn 2018, níor tarchuireadh aon chás nua faoi bhráid an Bhiúró faoi réir Coda 5(1)(d).

Mar thoradh ar scrúdú ar chásanna ag Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh, cuireadh tús le beartais i gcomhréir le sainchúram Leasa Shóisialaigh an Bhiúró in aghaidh dhá chéad is naoi nduine i 2018.

Mar thoradh díreach ar imscrúduithe a rinne Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh, cuireadh deireadh nó laghdú ar íocaíochtaí le líon áirithe daoine i 2018. Coigilteas €2,220,169.88 a bhí mar thoradh ar na beartais seo. Is féidir é sin a bhreacadh síos níos faide mar a leanas:

### Coigilteas
I ndiaidh imscrúduithe déanta ag Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh i 2018, ní raibh an coigilteas iomlán, a bhí ann de bharr deireadh nó stad le híocaíochtaí le daoine, i dteideal íocaíochta -

coigilteas ar luach €343,004.40. Tá liosta ar fáil leis na ceannteidil faoina raibh an coigilteas sin bainte amach ag deireadh an chaibidil seo.

### Ró-Íocaíochtaí
Mar thoradh ar na himscrúduithe a rinneadh, aithníodh agus rinneadh measúnú ar ró-íocaíochtaí a cuireadh ar dhaoine de bharr gníomh calaoiseach. Déantar cur síos ar ró-íocaíocht mar aon íocaíocht faighte ag duine aonair thar tréimhse nó tréimhsí ama nach raibh siad i dteideal nó nach raibh go leor teidil acu chuige, agus mar sin, is fiachas é aon íocaíocht faighte mar gheall ar éileamh nó éilimh chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí.

Mar thoradh ar imscrúduithe a rinne Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh, eisíodh éilimh in aghaidh líon daoine aonair i gcomhair aisíocaíochta ar fhiacha leasa shóisialaigh ar luach indibhidiúil idir €5,000 agus €277,000.

Le linn 2018, luach €1,554,081.02 a bhí ar ró-Íocaíochtaí a rinneadh measúnú orthu agus ar éilíodh iad. Tá miondealú air seo liostaithe ag deireadh na caibidle seo.

### Nithe a Aisghabhadh
Tá cumhacht ag Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a aisghabháil ó dhaoine aonair. Glactar le ró-íocaíocht mar fhiach don Státchiste. Úsáideann an Biúró go leor bealaí chun fiacha a aisghabháil, lena n-áirítear íocaíochtaí trí mheán cnapshuime

agus/nó comhaontaithe maidir le tráthchuid.
Rinne Cuid 13 an Achta Leasa Shóisialaigh 2012 leasú ar an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 maidir le haisghabháil ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh trí mheán asbhaintí seachtainiúla de theidlíocht leasa reatha shóisialaigh an duine. Ceadaíonn an leasú seo asbhaintí ar suas go dtí 15% den ráta seachtainiúil pearsanta atá iníoctha gan chomhthoil an duine.

Bhí ról lárnach ag an mBiúró i gcumhachtaí breise a thabhairt isteach chun fiachais leasa shóisialaigh a aisghabháil trí imeachtaí Fógra Astaithe. Tugann an tAcht um Leasa Sóisialach agus Pinsin 2013 cumhacht don Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun suimeanna ó íocaíochtaí coinnithe in institiúid airgeadais nó ar fhiach ó fhostóir chuig duine a raibh i bhfiach don Roinn.

Le linn 2018, d'éirigh le hOifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh in úsáid na gcumhachtaí seo nuair a chur siad ordú astaithe i bhfeidhm i leith airgead a bhí coimeádta ag údarás áitiúil a bhí duine ann ina theideal. Ina áit seo, cuireadh an t-airgead seo ar aghaidh go díreach chuig an mBiúró i leith ró-íocaíocht Leasa Shóisialaigh gan íoc. Is é seo an chéad uair a cuireadh an reachtaíocht seo i bhfeidhm go rathúil. Mar thoradh ar bheartais Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh, tugadh suim iomlán de €323,084.46 ar ais chuig an Státchiste i 2018. Tá miondealú de seo liostaithe ag deireadh na caibidle seo.

## Achomhairc

Tá athrú sa phróiseas de dhíth le haghaidh achomharc in aghaidh chinntí an Leasa Shóisialaigh, atá déanta ag Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh. Go dtí seo, teastaíonn ón bpróiseas go gcuirfeadh an tAchomharcóir isteach go díreach chuig Oifig Achomharc an Leasa Shóisialaigh (OALS), a dhéanfadh breithniú neamhspleách ar a gcás. Is faoi OALS a bhí sé glacadh le húdarás ar chás, nó diúltú dó. Má dhiúltaíodh d'údarás, moladh i scríbhinn don Achomharcóir achomharc a chur isteach go díreach leis an gCúirt Chuarda.

Mar thoradh ar chinneadh na Cúirte Cuarda maidir le cás *Bridie Hoey in aghaidh an Phríomhoifigeach Achomharc, Oifig Achomharc an Leasa Shóisialaigh agus an Aire Coimirce Sóisialaí (2015 No 614 JR),* bhí athruithe sa reachtaíocht ag teastáil ón Acht Leasa Shóisialaigh i bhfoirm leasaithe chun Achomhairc CAB an Leasa Shóisialaigh a chur chun cinn sa todhchaí. Táthar ag súil le cinneadh ar an leasú molta seo ar an Acht Leasa Shóisialaigh i 2019.

## *Cuid 5(1)(c) an Achta 1996*

### *Cás 1*

Rinneadh athbhreithniú ar theidil beirt bhall den teaghlach céanna in Iarthuaisceart na tíre maidir le híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh, a dhéantar tástáil acmhainne orthu. Imscrúdaíodh an bheirt i dtaobh chuntas bainc a bhí ann a raibh iarmhéid mór ann a bhí coimeádta i dtaisce. Níor admhaíodh an t-airgead seo don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Mar thoradh ar na himscrúduithe a rinneadh, rinneadh cinntí athbhreithnithe agus rinneadh measúnú ar na daoine seo le ró-íocaíochtaí ar luach €165,000 agus €211,000 acu faoi seach. Níor cuireadh

aon achomharc isteach maidir leis na cásanna seo.

## *Cás 2*

Rinneadh imscrúdú ar bheirt bhall den teaghlach céanna i Meán-Iarthar na tíre maidir lena bPinsin Neamhchionmhara. I measc na gcúinsí nár nochtaíodh don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí roimhe bhí tacaíocht neamhspleách airgeadais agus páirtscair i réadmhaoin eachtrach. Rinneadh cinntí athbhreithnithe i dtaobh an dá íocaíocht Leasa Shóisialaigh, a bhí ró-íocaíochtaí mar thoradh orthu, ar luach €127,000 agus €27,000 iad faoi seach. Níor cuireadh aon achomharc isteach maidir leis na cásanna seo.

## *Cás 3*

Rinneadh athbhreithniú ar theideal bhall teaghlaigh i dTuaisceart Átha Cliath i dtaobh Phinsean Neamhchionmhar Seanaoise, mar thoradh ar airgead nár nochtaíodh a bhí ina gcuntas bainc. Ní raibh suim an airgid a cuireadh isteach ar bhonn rialta seasmhach le duine arbh iad íocaíochtaí leasa shóisialaigh an t-aon fhoinse nochtaithe ioncaim a bhí acu. Rinneadh cinneadh athbhreithnithe agus rinneadh an measúnú go raibh ró-íocaíocht ann ar luach €170,000. Ní raibh aon achomharc ann sa chás seo.

## *Cás 4*

Theip ar dhuine ó Cheantar an Deiscirt, a raibh ró-íocaíocht shuntasach leasa shóisialaigh acu, cumarsáid a dhéanamh le hOifigeach an Bhiúró Leasa Shóisialaigh maidir le haisíocaíochtaí struchtúrtha ar a bhfiachas. Tharlaigh sé go raibh siad i dteideal aisíocaíocht ar luach breis agus €16,500 ó údarás áitiúil. Mar gheall ar easpa cumarsáide an duine seo, d'úsáid Oifigigh an Bhiúró Leasa Shóisialaigh cumhachtaí faoin Acht Leasa Shóisialaigh chun ordú astaithe a chur i bhfeidhm ar an airgead seo ionas go dtabharfaí an t-airgead seo ar ais

don Bhiúró chun é a fhritháireamh i gcoinne an fhiachais gan íoc.

## Cuid a Cúig
*Beartais Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró*

Tábla 1: Coigilteas Leasa Shóisialaigh

| Cineál Scéime | Coigilteas 2017 € | Coigilteas 2018 € |
|---|---|---|
| Sochar Linbh | 23,800.00 | 14,280.00 |
| Liúntas Míchumais | 52,496.00 | 111,642.40 |
| Liúntas Cuardaitheora Post | 173,802.80 | 112,656.40 |
| Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora | 167,606.40 | 35,577.60 |
| *BUNLIÚNTAS LEASA FORLÍONTACH | 53,478.40 | 68,848.00 |
| **Iomlán** | **471,183.60** | **343,004.40** |

Tábla 2: Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

| Cineál Scéime | Ró-íocaíocht 2017 € | Ró-íocaíocht 2018 € |
|---|---|---|
| Sochar Linbh | 10,960.00 | - |
| Liúntas Cúramóra | 30,565.11 | 165,258.40 |
| Liúntas Míchumais | 117,389.10 | 21,020.00 |
| Liúntas Cuardaitheora Post | 696,999.19 | 1,131,001.68 |
| Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora | 468,190.30 | 88,347.60 |
| *BUNLIÚNTAS LEASA FORLÍONTACH & Eile | 261,370.33 | 148,453.34 |
| **Iomlán** | **1,585,474.00** | **1,554,081.02** |

Tábla 3: Leas Sóisialach a Aisghabhadh

| Cineál Scéime | Méid a Aisghabhadh 2017 € | Méid a Aisghabhadh 2018 € |
|---|---|---|
| Sochar Linbh | 300.00 | 1,100.00 |
| Liúntas Cúramóra | 25,795.33 | 11,887.36 |
| Liúntas Míchumais | 77,212.60 | 37,153.62 |
| Liúntas Cuardaitheora Post | 156,424.27 | 165,874.24 |
| Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora | 59,616.79 | 90,117.20 |
| Eile | 371.32 | 16,952.04 |
| **Iomlán** | **319,720.31** | **323,084.46** |

*Soláthraíonn Liúntas Leasa Forlíontach (ar a dtugtar BASI de ghnáth), liúntas bunúsach seachtainiúil do dhaoine incháilithe atá ar bheagán ioncaim nó nach bhfuil aon ioncam acu.

# Cuid a Sé
## *Imscrúduithe suntasacha an Bhiúró*

### Réamhrá

Mar thoradh ar imscrúduithe déanta ag an mBiúró, i gcomhréir lena shainchúram reachtaíochta, rinneadh imscrúduithe coiriúla agus seoladh comhaid imscrúdaithe chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (a nglaoitear anseo "an DPP") i gcomhair treoracha maidir le cúisimh coiriúla.

Le linn 2018, seoladh dhá chomhad chuig an DPP chun stiúrthóireachta.

### Imscrúduithe a láimhseáladh iad le linn 2018

#### *Cás 1*

Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní á gcoimeád sa dlínse seo ag duine a raibh lámh acu i gcalaois idirnáisiúnta a ndeachaigh chomh fada leis an Astráil. D'aimsigh an Biúró breis agus €35,000 i gcuntas bainc Éireannaigh. Tar éis an imscrúdaithe, fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 2, 3 agus 4 den Acht PoC i dtaobh airgid a bhí i dtaisce sa chuntas bainc.

#### *Cás 2*

Agus an Biúró ag díriú ar shócmhainní agus ar ghníomhartha dhrong coiriúlachta eagraithe i Réigiún an Oirdheiscirt, a raibh lámh acu i gcoireanna in Éirinn agus timpeall na hEorpa araon, fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 3 & 7 den Acht PoC ar dhá fheithicil Mercedes ar luach measta €62,000. Tá beartais Revenue agus Leasa Shóisialaigh á ndéanamh i gcoinne bhaill an dhrong coiriúlachta eagraithe seo agus tá na beartais seo á ndéanamh go fóill.

#### *Cás 3*

Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní á gcoimeád sa dlínse seo ag duine a raibh lámh acu i gcalaois idirnáisiúnta. D'aimsigh an Biúró breis agus €870,000 i gcuntas bainc Éireannaigh. Fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 3 & 7 den Acht PoC i dtaobh airgid a bhí i dtaisce sa chuntas bainc seo.

#### *Cás 4*

Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní á gcoimeád sa dlínse seo ag duine a raibh lámh acu i soláthar ghléasanna criptithe ghutháin póca do dhaoine a raibh lámh acu i ngáinneáil ar dhrugaí i mórán dlínsí chomh fada leis na Stáit Aontaithe agus Ceanada. Níorbh fhéidir le Gníomhaireachtaí um Fheidhmiú an Dlí na gléasanna criptithe a idircheapadh. D'aimsigh an Biúró breis agus €530,000 in dá chuntas bainc Éireannaigh.

Fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 3, 4A agus 7 den Acht PoC i dtaobh airgid a bhí i dtaisce sa dhá chuntas bainc.

#### *Cás 5*

Agus an Biúró ag díriú ar shócmhainní bhall teaghlaigh de chuid mhór-bhall de dhrong coiriúlachta eagraithe i gceantar an Mheán-Iarthair, fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 3, 4A & 7 den Acht PoC i dtaobh dhá réadmhaoin i gceantar an Mheán-Iarthair. Cuireadh tús le beartais Revenue freisin agus tá siad ag dul ar aghaidh go fóill.

#### *Cás 6*

Fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 3 & 4A den Acht PoC i dtaobh €1.2 milliún in airgead tirim a urghabh Gardaí le linn a n-imscrúdaithe ar choir sciúradh airgid. D'urghabh Gardaí an €1.2 milliún in airgead tirim ó dhuine a bhí ag déanamh

iarrachta an t-airgead tirim a aistriú ó Éirinn.



### *Cás 7*

Fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 2, 3 & 7 den Acht PoC i dtaobh €150,000 in airgead tirim a urghabh Gardaí le linn cuardaigh ar theach i gceantar Dheisceart Átha Cliath le linn imscrúdaithe drugaí.

### *Cás 8*

Fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 3, 4A & 7 den Acht PoC i dtaobh €200,000 in airgead tirim agus gluaisrothar ardchumhachta a urghabh Gardaí le linn imscrúdaithe drugaí i gceantar an Oirdheiscirt.

## Oibríocht Lampa

Fuair an Biúró orduithe de réir Cuid 3 den Acht PoC i dtaobh sócmhainní, a raibh luach €1.4 milliún orthu, a urghabhadh le linn imscrúdú an Bhiúró ar dhrong coiriúlachta eagraithe lonnaithe i

gceantar Dheisceart Átha Cliath. Cuireadh mór-oibríocht cuardaigh i gcrích i 2016, ag díriú ar shócmhainní agus ar ghníomhartha an dhrong coiriúlachta seo.

Bhí comhpháirtíocht i gceist in imscrúdú an Bhiúró idir gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí sa Ríocht Aontaithe, sa Spáinn, in Mallorca agus ar Oileán Mhuirís. Tar éis imscrúdú an Bhiúró ar an drong coiriúlachta eagraithe seo, tugadh orduithe, i gcomhréir le Cuid 2 den Acht PoC, i 2017 ar ocht bpíosa maoine agus daichead, lena n-áirítear naoi bhfeithicil agus fiche, ceithre réadmhaoin, sé uaireadóir dearthóra, cuntas bainc a raibh €36,760 ann agus €34,840 in airgead tirim. Is é €2.7 milliún luach carnach na maoine a urghabhadh.

Ó bhí 31 Nollaig 2018 ann, bhí an Biúró ag fanacht le héisteacht a fháil le haghaidh ordú de réir Cuid 3 den Acht PoC ar fhuílleach na sócmhainní (€1.3 milliún).



## Oibríocht Thor

Straitéis frith-choiriúlachta is ea Oibríocht Thor, seolta ag An Garda Síochána ar an 2 Samhain 2015. Cuireann Oibríocht Thor fócas ar bhuirgléireacht a chosc, mar aon le coireanna gaolmhara ar fud na hÉireann, ag úsáid straitéisí curtha in oiriúint do láithreacha uirbeacha agus tuaithe araon.

Tacaíonn an Biúró le "Oibríocht Thor" trí aimsiú agus urghabháil an fháltais a bhaineann le gníomhaíocht amhrasta coiriúlachta. Tacaíonn an Biúró freisin le "Laethanta Aicsin Oibríocht Thor" trí Oifigigh an Bhiúró a sholáthar do Ranna i gcomhair laethanta aicsin dá leithéid, más gá.

Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró ar na daoine a bhfuil Oibríocht Thor ag díriú orthu, fuair an Biúró ordú amháin de réir Cuid 2 den Acht PoC, cúig ordú de réir Cuid 3 den Acht PoC agus trí ordú de réir Cuid 4A den Acht PoC i dtaobh sócmhainní nasctha leis na daoine seo.

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó.*

# Cuid a Seacht
## *Breithiúnais Shuntasacha Chúirte le linn 2018*

Le linn 2018, sheachaid na cúirteanna breithiúnais sna cásanna seo a leanas:

1. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Murphy & Duine Eile
2. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Connors
3. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Mannion

### An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Murphy & Duine Eile

an 27ú lá de mhí Feabhra 2018, an Ard-Chúirt: An Breitheamh Onórach O'Malley, Uimhir Thaifead na hArd-Chúirte 2011/10 CAB

**Réamhrá**

1. Tá luach na maoine atá in aighneas sna himeachtaí forghéillte sibhialta sin go measartha neamhthábhachtach - níos lú ná €20,000 in airgead tirim - ach ardaítear ceisteanna tábhachtacha leis an dlíthíocht. Is é an comhthéacs le haghaidh na gceisteanna sin gur gabhadh an t-airgead tirim, a bhfuil orduithe faighte ag an bhfreagróir ina leith faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, ó theaghais de chuid duine de na hachomharcóirí de bhun barántas cuardaigh neamhbhailí agus dá bhrí sin gur sáraíodh a chearta bunreachtúla. Ba é an deacracht leis an mbarántas atá aitheanta gur eisíodh é faoi fhorálacha alt 29 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939, mar a leasaíodh, sular dhearbhaigh an Chúirt seo go raibh(i) sé míbhunreachtúil i gcás Damache v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2012] 2 I.R. 266.

2. Rinne na hachomharcóirí (*"Murphys"*) an cás gur cheart an t-airgead tirim a chur as an áireamh ón bhfianaise mar fuarthas é go míbhunreachtúil nó go mídhleathach. Mhaígh an freagróir (*"an Biúró"*), go bunúsach, nach bhfuil feidhm ar bith ag aon riail lena gcuirtear fianaise as an áireamh in imeachtaí *in rem.* Ghlac breitheamh na trialach leis an argóint sin (féach An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Murphy [2014] IEHC 583) agus ghlac an Chúirt Achomhairc léi (An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Murphy [2016] IEHC 40). Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc gur ceapadh an riail eisiatach chun cosc a chur ar úsáid fianaise a fuarthas go míbhunreachtúil in imeachtaí *in personam* amháin i gcoinne an duine ar sáraíodh a chearta, agus ní raibh aon ábharthacht ag baint léi in imeachtaí *in rem* nuair is í an tsaincheist a bhí os comhair na cúirte foinse na maoine í féin.

3. Ina cinneadh ar an iarratas ar chead achomhairc thug an Chúirt an tábhacht phoiblí leathan faoi deara a bhaineann le soiléiriú an dlí maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil feidhm ag aon riail a bhaineann le fianaise a chur as an áireamh a fhaightear go mídhleathach nó go míbhunreachtúil in imeachtaí sibhialta. Dá bhrí sin tugadh cead achomhairc chuig an gCúirt seo de bhua na bpointí a leanas:

Nuair a théitear isteach i dteaghais seachas i gcomhréir leis an dlí, agus nuair nach bhfuil an teaghais sin ina teaghais de chuid duine atá ag iarraidh ceart bunreachtúil a dheimhniú maidir le dosháraitheacht ina leith, an féidir

fianaise a chur as an áireamh in imeachtaí a bhaineann le duine nach bhfuil ina c(h)ónaí inti?

(ii) An bhfuil aon riail an dlí ann lena n-éilítear gur cheart fianaise a fhaightear mar thoradh ar dhul isteach mídhleathach i dteaghais a chur as an áireamh ó imeachtaí sibhialta, lena n-áirítear imeachtaí *in rem* faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996, mar a leasaíodh?

(iii) An bhfuil aon riail an dlí ann lena n-éilítear gur cheart fianaise a chur as an áireamh in imeachtaí sibhialta a fhaightear mar thoradh ar neamhdhleathacht d'aon ghnó, nó mar thoradh ar earráid arb ionann í agus neamhdhleathacht, nó mar thoradh ar shárú d'aon ghnó agus d'aon turas cearta duine de na páirtithe?

4. Dar liom nach mór a lua ag an gcéim seo nach ndearnadh cur síos beacht ar an tsaincheist lárnach atá le cinneadh ag an gCúirt, b'fhéidir, trí na ceisteanna a chur in iúl i dtéarmaí fianaise a chur as an áireamh. Níor cuireadh an t-airgead tirim os comhair na Cúirte mar fhianaise atá claonta i dtreo aon saincheist fíorais faoi dhíospóid a chruthú - ina ionad sin, thug an Biúró agus na Murphys an fhianaise ar aird chun an moladh a thacú nó an bonn a bhaint uaidh faoi seach gurbh ionann an t-airgead agus fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil. Éiríonn an difríocht soiléir go háirithe maidir leis an gcéad cheist agus an tríú ceist a chuirtear, lena n-ardaítear an fhéidearthacht gur féidir fianaise an airgid thirim a chur as an áireamh maidir le páirtithe áirithe ach gur féidir glacadh léi i dtaca le páirtithe eile. Cé gurbh fhéidir freastal ar an toradh sin i dtrialacha coiriúla, bheadh sé seafóideach in imeachtaí de nádúr láithreach dá mbeadh an cás ann, mar shampla, go ndéanfadh áititheoir agus neamh-áititheoir an mhaoin a gabhadh a éileamh ar bhonn comhúinéireachta.

5. I ndáiríre, dá bhrí sin, ní ionann an fhadhb agus cé acu an féidir nó nach féidir na hearraí a fuarthas agus gabhadh a áireamh san fhianaise, ós rud é nach bhfuil sé de rún ag an mBiúró sin a dhéanamh nó aon ábhar a chruthú leis sin, ach cé acu an raibh nó nach raibh an Biúró i dteideal, ag féachaint don neamhdhleathacht chruthaithe, ordaithe a bhí beartaithe chun an t-airgead tirim a bhaint de na Murphys. I dtéarmaí níos leithne, dar liomsa gurb í an cheist gur cheart don Chúirt aghaidh a thabhairt uirthi ná cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon fheidhm ag na prionsabail bhunreachtúla lena gcuirtear taca faoin riail eisiatach in imeachtaí den nádúr seo ionas gur cheart an tairbhe a cheilt ar an Stát, i ngach cúinse nó in aon chúinse, a bhaineann le gníomh arna dhéanamh ag gníomhairí dá chuid lena sáraítear cearta bunreachtúla duine aonair.

6. D'ainneoin leithead na dtéarmaí ar a ndearnadh cead achomhairc a dheonú, dar liom go bhfuil sé níos fearr, chun críocha reatha, breithniú na saincheiste a theorannú do dhlíthíocht lena mbaineann an Stát agus do neamhdhleathacht agus

sárú ceart mar thoradh ar ghníomhaíochtaí ghníomhairí an Stáit. Is é an chúis leis sin go mbaineann an cás láithreach, mar a bhaineann an chuid is mó de chásanna mar sin, le húsáid cumhachtaí comhéigneacha a bhronntar ar dhreamanna den *force publique.* Ní thagann na fachtóirí lena bhféadfaí tionchar ceart a imirt ar chur chuige na Cúirte i leith an ábhair chun cinn go minic i ndlíthíocht atá go hiomlán príobháideach agus ar ndóigh feictear dom go bhfuil sé soiléir nach bhfuil mórán cásanna taifeadta ann nuair a tharla sé sin. Ós rud é nach mbíonn a leithéid de chumhachtaí atá comhéigneach de réir an dlí ag páirtithe príobháideacha de ghnáth, tá sé dóchúil go mbeidh breithnithe maidir le dlí coiriúil nó dlí torta nó an dá dhlí araon i gceist le cás ina n-iarrann páirtí amháin buntáiste a fháil thar an bpáirtí eile trí úsáid meán trína ndéantar cearta an pháirtí eile a shárú. Dá ndéanfaí na saincheisteanna seo a phlé i gcomhthéacs na n-imeachtaí láithreacha dhéanfaí leibhéal neamh-inmhianaithe de phlé hipitéiseach.

**Fíricí cúlra**

7. Is ionann na Murphys agus athair agus mac. I mBealtaine 2009 fuarthas roinnt arm tine nuair a rinneadh cuardach ar fheithicil arna tiomáint ag Michael Murphy Jr. Rinneadh é ionchúiseamh ina dhiaidh sin agus daoradh é as coireanna arm tine. Tar éis dó a bheith gafa, fuair gardaí imscrúdaithe barántas de bhun alt 29 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939, mar a leasaíodh, ar a rabhthas ag brath mar údarás chun teach a chuardach i gContae Chorcaí an 28 Bealtaine, 2009. Níl an fhíric in amhras gurbh é áit chónaithe pháirtí an fhógra an teach sin, a bhí ina cailín leis an Uasal Murphy Jr. Ar bhonn na fianaise a cuireadh faoi bhráid bhreitheamh na trialach san Ard-Chúirt, bhreithnigh sé go raibh sé ceart caitheamh leis mar theaghais an Uasail Murphy Jr. freisin.

8. I gcúrsa an chuardaigh d;aimsigh agus ghabh na gardaí roinnt earraí, lenar áiríodh suimeanna i steirling agus in euro de mhéid £6,625 stg agus €9,000 in airgid tirim. Mhaígh an dara achomharcóir ainmnithe, an tUasal Michael Murphy Sr., go raibh sé ina úinéir de mhéid áirithe an airgid thirim. Mhaígh sé ar dtús gur leisean an steirling uile agus go raibh sé i dteideal €5,000 freisin as an €9,000 ar bhonn iasachta a rinne sé dá mhac. Ag éisteacht an achomhairc sin dearbhaíodh go mbaineann an t-éileamh sin anois leis an steirling amháin. Éilíonn an tUasal Murphy Jr. an chuid eile.

**Imeachtaí na hArd-Chúirte**

9. I mí Iúil 2010, fuair an Biúró ordú de bhun alt 2 den Acht 1996 maidir leis an dá shuim airgid thirim agus earraí eile a gabhadh nó a aimsíodh i gcúrsa an imscrúdaithe. Déantar foráil in alt 2 le haghaidh ordú eatramhach a dhéanamh, ar bhonn iarratais *ex parte,* nuair a thaispeántar chun sástacht na Cúirte gurb ionann an mhaoin atá i

gceist, go díreach nó go hindíreach, agus fáltas ó choireacht. D'iarr an Biúró ordú ansin de bhun alt 3 den Acht. Mar achoimre ghairid, déantar foráil san alt sin nuair a fheictear don Chúirt, ar bhonn fianaise a sholáthraíonn an Biúró nó a sholáthraítear thar a cheann, go bhfuil maoin shonraithe i seilbh nó faoi rialú fhreagróir an iarratais arb ionann í, go díreach nó go hindíreach, agus fáltais ó choireacht, go ndéanfaidh an Chúirt ordú lena gcuirtear cosc ar an bhfreagróir as an maoin a dhiúscairt nó as déileáil léi ar shlí eile mura dtaispeántar chun sástacht na Cúirte, ar bhonn fianaise a sholáthraíonn an freagróir nó duine ar bith eile, nach ionann an mhaoin áirithe sin agus fáltais ó choireacht agus nach bhfuarthas í, ina hiomláine nó i bpáirt, le maoin nó maidir le maoin arb ionann í agus fáltais ó choireacht. Léirmhíníodh an fhoráil sin mar cheanglas ar an mBiúró chun cás *prima facie* a dhéanamh, agus ina dhiaidh sin aistríonn an dualgas cruthúnais chuig an bhfreagróir. Áirítear coinníoll le halt 3 nach ndéanfaidh an Chúirt an t-ordú má bhíonn sí sásta go mbeadh riosca tromchúiseach d'éagóir ann.

10. Is féidir ordú a dhéantar faoi alt 3, mura ndéantar é a chomhlíonadh nó a athrú ar chúiseanna atá sonraithe san Acht, a bheith i bhfeidhm le haghaidh thréimhse seacht bliana agus ina dhiaidh sin is féidir leis an mBiúró ordú diúscartha a iarraidh faoi alt 4. Is é éifeacht a leithéid d'ordú cearta an fhreagróra sa mhaoin atá i gceist (más ann dóibh) a bhaint de/di agus í a aistriú chuig an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí, nó chuig a leithéid de dhuine agus a chinnfidh an Chúirt. Tá an freagróir i dteideal cur i gcoinne an iarratais, agus ní dhéanfar an t-ordú má bhíonn an chúirt sásta go bhfuil riosca tromchúiseach d'éagóir ann.

11. Déantar foráil in alt 16 den Acht le haghaidh cúiteamh a íoc d'úinéir maoine maidir le caillteanas mar thoradh ar ordú a rinneadh faoin Acht, dá ndéanfaí é a dhearbhú nach raibh an mhaoin ina fáltais ó choireacht.

12. Trí alt 8 den Acht déantar fianaise chlostráchta inghlactha a thugtar i dtaca le saincheist um úinéireacht nó rialú an fhreagróra ar an maoin agus a nasc le gníomhaíocht choiriúil, arna tabhairt ag ball den Gharda Síochána nach bhfuil níos ísle ná céim Ard-Cheannfoirt nó arna tabhairt ag oifigeach údaraithe an Bhiúró. Trí alt 16A (arna chur isteach ag alt 12 den Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2005) laghdaítear raon feidhme gnáthúil riail an chlostráchta a thuilleadh fós trí ábhair cineálacha sonraithe doiciméad a dhéanamh inghlactha gan a thuilleadh cruthúnais.

13. Ordaítear in alt 8(2) go mbeidh caighdeán an chruthúnais a éilítear chun aon saincheist a chinneadh a eascraíonn faoin Acht comhionann leis an gcaighdeán is infheidhme le himeachtaí sibhialta.

14. Tháinig an t-iarratas alt 3 sa chás seo le haghaidh éisteachta ar dtús os

comhair an Bhreithimh Feeney nach maireann i Nollaig 2012 agus i mí Eanáir 2013. Mar gheall ar bhás roimh am an Bhreithimh Feeney sula ndearna sé breithiúnas a thabhairt, éisteadh leis an ábhar *de novo* os comhair an Bhreithimh Birmingham i Márta 2014. Seachadadh a bhreithiúnas i Samhain 2014. Baineann ábharthacht na ndátaí sin leis an bhfíric go raibh an Breitheamh Feeney ag déileáil leis an ábhar sa tréimhse idir cinntí na Cúirte seo i gcás Damache (breithiúnas arna sheachadadh an 23 Feabhra 2012) agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. J.C. (Uimh. 1) [2017] I.R. 417 (breithiúnais arna seachadadh an 15 Aibreán 2015).

15. Tháinig an fhianaise a cuireadh ar aird thar ceann an Bhiúró óna phríomhoifigeach Bleachtaire Ardcheannfoirt Corcoran, Bleachtaire Garda Gary Sheridan, anailísí coireachta airgeadais, oifigeach leasa shóisialaigh agus oifigeach ón mBiúró Ioncaim. Thug Bleachtaire Ardcheannfoirt Corcoran fianaise maidir lena chúiseanna gur chreid sé gurbh ionann an mhaoin go díreach nó go hindíreach agus fáltais ó choireacht. Le mionnscríbhinn an Bhleachtaire Garda Sheridan cuireadh síos ar ghabháil, ar choinneáil agus ar cheistiú an Uasail Murphy Jr. Phléigh sé an cuardach athleanúna ar an teach agus dúirt sé gur eisigh Ceannfort Con Corrigan an barántas cuardaigh do Bhleachtaire Garda Denis Cahill.

16. Mar a tugadh faoi deara cheana féin, shocraigh breitheamh na trialach chun caitheamh leis an teach a bhí i gceist mar theaghais an Uasail Murphy Jr. chomh maith le teach a chailín. Ar an mbonn sin, agus ag féachaint don chinneadh i gcás Damache, bhreithnigh sé ar an argóint a rinneadh ar son an Uasail Murphy Jr. go raibh an cuardach ar an áitreabh neamhdhleathach agus go bhfuarthas an fhianaise go míbhunreachtúil.

17. Dhealaigh breitheamh na trialach Damache ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, thug sé an fhíric chun suntais gur tháinig Damache chun cinn in ionchúiseamh coiriúil. Sa chás láithreach, bhí sé ag déileáil le hiarratas um Fháltais ó Choireacht. Bhí sé sin suntasach, dar leis, mar bhí a leithéid de chásanna *sui generis.* Rinne sé tagairt don anailís de chuid an Bhreithimh McGuinness sa chás Gilligan v. CAB [1998] 3 IR 185, nuair a tugadh faoi deara go raibh imeachtaí faoin Acht *in rem* (ag baint le stádas dlíthiúil na maoine a bhí i gceist) seachas *in personam.*

18. Sa dara dul síos, i gcás Damache d'eisigh ball fhoireann an Gharda Síochána an barántas a bhí bainteach le himscrúdú a raibh triail choiriúil ina toradh air. Sa chás láithreach, cé gur eisíodh an barántas mar chuid d'oibríocht an Gharda tar éis airm thine a ghabháil, is é an Biúró um Shócmhainní Coiriúla a thionscain na himeachtaí a bhí os comhair na cúirte.

19. Bhreithnigh breitheamh na trialach ansin na húdaráis phríomhúla ar an riail eisiatach de réir an dlí a bhí i bhfeidhm ag an am sin (An Pobal (An tArd-Aighne) v. O'Brien [1965] I.R. 142 agus DPP (an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v. Kenny [1990] 2 I.R. 110). Scrúdaigh sé breithiúnais a bhí ag plé le cur i bhfeidhm féideartha na rialach lasmuigh de réimse na n-imeachtaí coiriúla ((Kennedy v. Dlí-Chumann na hÉireann (Uimh. 3) [2002] 2 IR 458; an tÚdarás Iomaíochta v. Cumann Fiaclóireachta na hÉireann [2005] 3 I.R. 208 agus Universal City Studios Incorporated v. Mulligan [1999] 3 I.R. 407). Tar éis do anailís a dhéanamh ar an dá chinneadh sin, rinne sé amach (ag mír 45) nach réitítear an cheist le ceann ar bith acu maidir le cé acu an raibh nó nach raibh an riail eisiatach infheidhme ina hiomláine agus le héifeacht iomlán le hiarratais *sui generis* faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, agus dá bhrí sin go raibh an tsaincheist saor ó údarás. Lean sé leis i mír 46:

*"I mo thuairim féin is iad na fachtóirí a théann i gcoinne shíneadh na rialach ná go raibh na gardaí a rinne an cuardach ag leanúint nós imeachta dá ndéantar foráil i reacht. Níorbh é sin cás de neamhaird d'aon ghnó ar chearta bunreachtúla, de mheargántacht, d'aicearra nó fiú de mhíchúram. Ós rud é go bhfuil sé amhlaidh, ní thagann na breithnithe beartais, lenar n-imríodh tionchar ar Phríomh-Bhreitheamh Finlay i gcás Kenny, chun cinn. Ní fheictear dom go gcuirtear cosaint na gceart bunreachtúil chun cinn trí ghníomhaíocht gardaí a cháineadh tar éis nós imeachta reachtúil. Leanann sé ón méid atá ráite agam, dá mbeadh an cás seo ina chás ina raibh sé indéanta discréid a fheidhmiú maidir le fianaise a ghlacadh, go ndéanfainn an discréid a fheidhmiú d'fhonn an fhianaise a ghlacadh."*

20. I mír 47 cuireadh an cheist ráiteasach maidir le cé acu an mór nó nach mór earraí contrabhannacha amhail airm thine, drugaí nó maoin ghoidte a thabhairt ar ais don sealbhóir tí má gabhadh iad faoi údarás maíte bharántas alt 29.

21. Dá bhrí sin chinn an Breitheamh Birmingham nár cuireadh cosc air sna cúinsí as féachaint ar thoradh an chuardaigh de bhua chinneadh na Cúirte Uachtaraí i gcás Damache. Lena sé leis ansin chun na céimeanna a leanúint arna leagan amach ag an gCúirt seo i gcás McK. v. G.W.D. [2004] 2 I.R. 470. Tar éis machnamh grinn a dhéanamh ar an bhfianaise bhí sé sásta gurbh ionann an mhaoin agus fáltais ó choireacht. Ar an mbonn sin rinne sé an t-ordú arna iarraidh ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, faoi réir ag laghdú an mhéid iomláin faoi fhigiúr a tháinig ó fhoinse dhlisteanach de réir a chinnidh.

**An Chúirt Achomhairc**

22. Agus an t-achomharc á dhiúltú aige, bhreithnigh an Breitheamh Peart (lenar aontaigh na Breithiúna Finlay-Geoghegan agus Irvine) go raibh an Breitheamh Birmingham i gceart nuair a chinn sé nach raibh an riail eisiatach infheidhme sna cúinsí. I

ndéanta na fírinne ní raibh gá leis an tagairt i mbreithiúnas na hArd-Chúirte d'fheidhmiú discréide.

23. Ba é an fachtóir lárnach a aithníodh mar chúis leis an tátal sin nádúr *in rem* na n-imeachtaí. Ba thoradh na hanailíse a rinne an Breitheamh Peart ar an riail eisiatach gur fabhraíodh í i gcomhthéacs ionchúisimh choiriúla, d'fhonn daoine atá cúisithe a chosaint i gcásanna nuair a fuarthas fianaise a bhí le húsáid ina gcoinne trí shárú a gceart bunreachtúil. I sliocht tábhachtach dúirt sé:

*"Níl aon amhras ann dá mbeadh [an tUasal Murphy Jr.] á ionchúiseamh i robáil an dá earra airgid thirim a fuarthas i gcúrsa an chuardaigh, agus dá mbeadh an triail sin á héisteacht tar éis an chinnidh faoi Damache, bheadh an riail eisiatach i bhfeidhm, ós rud é go mbeadh dóchúlacht an chiontaithe agus na príosúnachta i ndán [dó] ar bhonn fianaise a fuarthas go míbhunreachtúil, d'fhéadfá a rá. Bheadh a leithéid d'imeachtaí go mór in personam, agus bheadh sé i dteideal gach cosanta agus le bheith ag súil go ndeimhneofaí a chearta bunreachtúla. Is iad sin go baileach na cineálacha imeachtaí as a ndearnadh an riail eisiatach a fhabhrú agus a fhorbairt. Tá comhthéacs i gceist leo ina mbaineann an tsaincheist le húsáid iarbhír na fianaise i dtriail choiriúil mar chuid de chás na gcúisitheoirí. Is í an tsaincheist ina leithéid de chás ciontacht nó neamhchiontacht an duine os comhair na cúirte le haghaidh an chiona. Difríonn an comhthéacs go mór ón gcás reatha nuair is é stádas an earra airgid thirim an tsaincheist sa chás i.e. cé acu arb ionann é nó nach ionann é agus fáltais ó choireacht.*

24. Cé gur glacadh leis go raibh "*tionchar á imirt*" ag an riail i gcineálacha áirithe d'imeachtaí sibhialta, amhail Universal City Studios Incorporated v. Mulligan agus an tÚdarás Iomaíochta v. Cumann Fiaclóireachta na hÉireann, ba é an pointe a rinneadh arís go raibh an t-ábhar a bhí i gceist sna cásanna sin le bheith in úsáid ag an triail, nuair a bheadh an cumas aici tionchar a imirt ar thoradh na n-imeachtaí idir an gearánaí agus an cosantóir nó fiú an toradh sin a shocrú. I gcodarsnacht leis sin, ní dhearnadh iarracht an t-airgead tirim a aisghabhadh sa chás reatha a úsáid mar fhianaise chun críocha éileamh éigin ón mBiúró a chinneadh, ach ina ionad sin b'ionann an t-airgead tirim agus ábhar nó oibiacht iarbhír na n-imeachtaí, agus an tsaincheist a bhí ann a fhoinse agus cé acu arbh ionann é nó nárbh ionann é agus fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil.

25. Dhearbhaigh an Breitheamh Peart mar sin (ag míreanna 39-40):

*"I mo thuairim féin, níl an dóigh ina dtáinig na hearraí airgid thirim i seilbh fhisiciúil an Gharda Síochána (agus forálacha alt 1A d'Acht 1996 á dtabhairt faoi deara mar a rinne mé) ábhartha don tsaincheist áirithe os comhair na Cúirte ar iarratas alt 3. Níl úsáid á baint as an airgead tirim é féin mar fhianaise ar dhóigh ar*

*bith lena bhféadfaí an riail eisiatach a thabhairt i gceist. Go simplí níl feidhm ar bith ag baint leis an riail sin in iarratas faoi alt 3 den Acht. Dá réir sin, ní raibh call ar bith don Chúirt íochtarach nó don Chúirt seo ach oiread machnamh a dhéanamh maidir le discréid a fheidhmiú chun fianaise a ghlacadh a fuarthas ar bhun cuardaigh a bhí neamhdhleathach, ach nár sháraigh cearta bunreachtúla, mar atá amhlaidh i gcás an chuardaigh ar 12 Bóthar Chluain Ard."*

26. Cuireadh comhthéacs na n-imeachtaí i gcomparáid le comhthéacs an imscrúdaithe roimh thriail ar chion. Rinneadh tagairt do Heffernan agus Ní Raifeartaigh, Evidence in Criminal Trials (2014, Bloomsbury) ina bhfuil sé luaite go bhfuil an riail *"teoranta d'fhianaise a thugtar ar aird ag triail seachas faisnéis a fhaightear amach do chéim imscrúdaithe roimh thriail amhail barántas cuardaigh a aimsiú*" agus do chinneadh na Cúirte seo i DPP v. Cash [2010] 1 IR 609. I gcás Cash, chinn an Breitheamh Fennelly nach raibh aon dualgas ar na cúisitheoirí chun foinse dhleathach an ábhair a chruthú a bhí ina chúis le hamhras réasúnta lena dtugadh údar leis an ngabhadh faoi agóid.

27. Agus an comhthéacs difriúil á thabhairt faoi deara aige, chinn an Breitheamh Peart (ag mír 48) an méid a leanas:

*"Tá sé ina chuidiú le mo thátail féin le feiceáil nach bhfuil raon feidhme na rialach eisiataí absalóidí uilechuimsitheach, fiú i gcomhthéacs triail choiriúil. Tá sí i bhfeidhm ina hiomláine maidir le húsáid fianaise ag triail an duine atá cúisithe, agus ceadófar léi fianaise a fuarthas go neamhdhleathach a chur as an áireamh go huile agus go hiomlán nó i bhfeidhmiú discréide breithiúnaí ag brath ar na fíricí agus ar na cúinsí lena mbaineann. Ach is féidir an t-amhras réasúnta a theastaíonn chun duine a ghabháil a bhunú ar fhianaise a bheadh neamh-inghlactha dá ndéanfaí í a thairiscint mar thaca le cás prima facie ag triail. Feictear dom más é sin an cás in ionchúiseamh coiriúil, feidhmítear fortiori leis i dtaca leis an gcás anseo nuair nach bhfuil an méid a fuarthas de bhun barántais nach féidir a mheas mar bharántas dleathach níos mó á úsáid mar fhianaise ar chor ar bith - ach ina ionad sin is í an mhaoin í féin a bhfuil a foinse ina hábhar den iarratas alt 3. I mo thuairim féin, ní labhraíonn an cinneadh in Damache ar imeachtaí faoi Acht 1996, agus go simplí tá an riail eisiatach neamh-infheidhme le hiarratais dá leithéid."*

28. Mar gheall ar an gcineál réasúnaithe sin mheas an Breitheamh Peart nach raibh call ar bith ann chun tabhairt faoi ábhair áirithe eile amhail iarmhairt chinneadh na Cúirte seo i gcás DPP v. JC [2017] 1.R. 417; bonn cirt an Bhreithimh Peart gan an t-airgead tirim a aisghabhadh a chur as an áireamh ar an mbonn go raibh na Gardaí a rinne an cuardach ag leanúint nós imeachta reachtúil; an argóint nach ndearnadh aon sárú ceart bunreachtúil d'aon ghnó, nó an fhíric go raibh alt 29 d'Acht 1939

fós i bhfeidhm nuair a rinneadh an cuardach agus bhí toimhde na bunreachtúlachta ag baint leis.

**Aighneachtaí san achomharc**

29. Áitíonn na hachomharcóirí nach soláthraítear aon bhonn leis an difríocht idir imeachtaí *in rem* agus *in personam* le haghaidh rialacha éagsúla fianaise, ós rud é gur féidir tionchar a imirt le himeachtaí *in rem* ar chearta bunreachtúla duine aonair a oiread céanna agus a imreofaí in aon chaingean *in personam*. Déantar an cás gurb é loighic dheiridh an réasúnaithe i mbreithiúnas na Cúirte Achomhairc go nglactar le "*riail eisiatach ghéar",* agus cinneadh 1955 na Ríchomhairle i gcás Kuruma v á chur i gcuimhne. R [1955] AC 197 á chur i gcuimhne. Ba é an toradh air sin gur cuma cé chomh tromchúiseach agus a bheadh an neamhdhleathacht arna dearbhú i gcás áirithe, ní bheadh aon imthosca ann nuair nach ndéanfaí an fhianaise a ghlacadh. Tá sé molta nach soláthraítear bonn loighciúil trí chur síos ar an dlíthíocht mar *sui generis* le haghaidh na himeachtaí a chur chun feidhme lasmuigh de chreat na rialacha fianaise.

30. Áitítear go bhfuil údar le J.C. don mholadh go bhfuil deimhniú chearta na saoránach ina chuid dhílis de riar an chirt i ngach cás os comhair na gcúirteanna agus ní do na cúirteanna coiriúla ina n-aonar é. Bítear ag brath ar an bhfíric gur shuigh an Breitheamh O'Donnell, i gcás J.C., bonn na rialach eisiataí i riar an chirt, agus nuair a rinne sé sin, chuir sé trialacha sibhialta agus trialacha coiriúla araon san áireamh.

31. Rinne an t-abhcóide tagairt do na trí chinntí "*phríomhúla*" de Mulligan, den Cumann Fiaclóireachta agus de Kennedy mar léiriú d'infheidhmeacht na rialach eisiataí in imeachtaí sibhialta. Áitítear gur féidir an cleachtadh cothromaithe arna ghlacadh ag mórchuid na Cúirte i gcás J.C. a chur chun feidhme in imeachtaí sibhialta arna dtionscnamh ag an *force publique* chun a dhearbhú cé acu an n-éilítear nó nach n-éilítear leigheas i leith sáraithe níba luaithe ar chearta bunreachtúla laistigh de na himeachtaí sin. Sa chás seo, déantar an cás nach ndearnadh aon chleachtadh mar sin, ós rud é nár mhionnaigh an Ceannfort a d'eisigh an barántas ná an t-oifigeach a rinne an cuardach mionnscríbhinn chun críocha na n-imeachtaí seo.

32. Tá an tástáil arna bunú i gcás J.C. leagtha amach i mbreithiúnas an Bhreithimh Clarke (ag mír 871) mar a leanas: -

(i) Tá an dualgas ar na cúisitheoirí chun inghlacthacht fianaise uile a dheimhniú. Baineann an tástáil a leanas le hagóidí i gcoinne inghlacthacht fianaise nuair nach mbaineann an agóid ach amháin leis na cúinsí ina ndearnadh an fhianaise a bhailiú agus ní bhaineann sí le macántacht nó le luach cruthúnais na fianaise lena mbaineann.

(ii) Nuair a chuirtear i gcoinne inghlacthacht fianaise ar an bhforas gur glacadh léi i gcúinsí

míbhunreachtúlachta, tá an dualgas fós ar na cúisitheoirí chun a dheimhniú:-

(a) nach ndearnadh an fhianaise a bhailiú i gcúinsí míbhunreachtúlachta; nó

(b) má rinneadh, go bhfuil sé fós iomchuí don Chúirt, mar sin féin, an fhianaise a ghlacadh.
Tríd an dualgas chun iarracht a dhéanamh bonn cirt a sholáthar do ghlacadh na fianaise a bailíodh i gcúinsí míbhunreachtúla, cuirtear oibleagáid ar na cúisitheoirí an bonn a mhíniú ar a bhfuil sé luaite gur cheart an fhianaise a ghlacadh, mar sin féin, AGUS CHOMH MAITH LEIS SIN chun aon fhíricí a dheimhniú d'fhonn bonn cirt a sholáthar do bhonn dá leithéid.

(iii) Ní mór aon fhíricí ar a bhfuil na cúisitheoirí ag brath chun ábhar ar bith dá dtagraítear ag (ii) a dheimhniú, a dheimhniú thar amhras réasúnta.

(iv) Nuair a bhailítear fianaise agus cearta bunreachtúla á sárú d'aon ghnó agus d'aon turas ansin ba cheart an fhianaise a chur as an áireamh ach amháin sna cúinsí eisceachtúla sin faoi mhachnamh sa dlí-eolaíocht atá ann. Sa chomhthéacs sin tagraítear le 'd'aon ghnó' agus le 'd'aon turas' d'eolas ar mhíbhunreachtúlacht bhailiú na fianaise ábhartha ach níl sé infheidhme leis na gníomhartha lena mbaineann. Chun measúnú a dhéanamh maidir le cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh fianaise a bhailiú agus cearta bunreachtúla á sárú d'aon ghnó agus d'aon turas teastaíonn anailís ar iompar nó ar an riocht ina raibh ní amháin an duine a bhailigh an fhianaise iarbhír ach chomh maith leis sin iompar agus riocht an oifigigh shinsearaigh nó oifigeach sinsearach laistigh den údarás imscrúdaithe nó forfheidhmithe lena mbaineann atá bainteach leis an gcinneadh sin nó le cinntí den chineál sin i gcoitinne nó le beartais a chur i bhfeidhm a bhaineann le fianaise a bhailiú den chineál atá i gceist.

(v) Nuair a bhailítear fianaise i gcúinsí míbhunreachtúlachta ach nuair a dheimhníonn na cúisitheoirí nach ndearnadh sin d'aon ghnó nó d'aon turas sa chiall roimhe seo, ansin tagann toimhde i gcoinne ghlacadh na fianaise ábhartha chun cinn. Ba cheart a leithéid d'fhianaise a ghlacadh nuair a dheimhníonn na cúisitheoirí go bhfuarthas an fhianaise i gcúinsí nuair a bhí aon sárú ceart mar thoradh ar neamh-aire nó nuair a eascraíonn sé ó fhorbairtí dlíthiúla ina dhiaidh sin.

(vi) Níor cheart fianaise a ghlacadh a fuarthas nó a bailíodh i gcúinsí nuair nárbh fhéidir a leithéid d'fhianaise a fháil nó a bhailiú go bunreachtúil fiú mura raibh siad siúd a bhí rannpháirteach i mbailiú na fianaise ábhartha eolach mar gheall ar neamh-aire ar easpa údaráis.

33. Áitíonn an t-abhcóide gur féidir na breithnithe atá leagtha amach i míreanna (i), (iv), (v) agus (vi) a chur i bhfeidhm gan mhionathrú maidir le cásanna faoin Acht um Fháltais ó Choireacht. Teastaíonn mionathrú ó

mhíreanna (ii) agus (iii) sa mhéid go soiléirítear gurb ionann caighdeán an chruthúnais agus cothromú na ndóchúlachtaí, cé nach mór a thabhairt faoi deara maidir le mír (ii) (b) go dtagann breithnithe éagsúla chun cinn sa chineál dlíthíochta seo. Níl ceart an Stáit chun coireanna a ionchúiseamh i gceist in aon chor.

34. Níl an tUasal Murphy Sr. in ann a éileamh go ndearnadh aon cheart bunreachtúil dá chuid a shárú leis an gcuardach, ós rud é níorbh é an teach a theaghais féin. Déantar an cás ar a shon, áfach, go bhfuil na prionsabail a ndearna an Chúirt iarracht iad a chaomhnú i gcás J.C. - riar ceart an chirt, riail an dlí agus leas an phobail chun a áirithiú nach ngníomhaíonn an Garda Síochána lasmuigh de na cumhachtaí dá chuid - ábhartha i gcásanna uile. Áitítear freisin go bhfuil na prionsabail a bhaineann le fianaise a fhaightear go neamhdhleathach, arna bplé ag an mBreitheamh Kingsmill Moore i gcás O'Brien, infheidhme agus dá bhrí sin gur cheart do bhreitheamh na trialach a dhiscréid a fheidhmiú i gcomhréir leis na prionsabail sin.

35. Tá na hachomharcóirí ag iarraidh go dtarchuirfí an t-ábhar chuig an Ard-Chúirt lena bhreithniú i bhfianaise na tástála arna tacú ag an mórchuid i gcás J.C., agus é mionathraithe chun an caighdeán níos ísle cruthúnais a léiriú is infheidhme sna himeachtaí seo.

36. Ar son an Bhiúró, áitíonn an t-abhcóide nach bhfuil feidhm ar bith ag an riail eisiatach maidir le himeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996, atá ina n-imeachtaí sibhialta, *in rem* agus *sui generis*. Cé go n-admhaítear gur cuireadh an riail eisiatach i bhfeidhm in imeachtaí sibhialta áirithe, (cé nach nglacann an t-abhcóide leis gur dlí "*socraithe*" é sin) áitítear, ar aon dul le cinneadh na Cúirte Achomhairc, go bhfuil na cásanna sin indealaithe go soiléir mar bhí an t-ábhar a bhí i gceist le húsáid ag triail agus bhain an cumas leis tionchar a imirt ar thoradh na n-imeachtaí nó iad a shocrú.

37. Áitítear go bhfuil an riail eisiatach deartha chun fianaise a chur as an áireamh, agus nach bhfuil an t-airgead tirim sa chás seo ina fhianaise Glacann an t-abhcóide suíomh agus glacann sé leis gur suíomh "*absalóideach*" é sin agus áitíonn sé gur cuma, chun críocha na n-imeachtaí arna dtionscnamh ag an mBiúró faoin Acht, conas a fuarthas an mhaoin. Sa chás seo tógadh é i gcúrsa imscrúdú an Gharda Síochána, agus ní raibh ról ar bith ag an mBiúró ann.

38. Maidir leis an argóint arna cur ar aghaidh ar son an Uasail Murphy Sr., áitítear, fiú má chinneann an Chúirt seo, tar éis an chinnidh i gcás Damache, nach raibh an discréid ag an mbreitheamh an fhianaise a chur as an áireamh ar bhonn neamhdhleathachta, ní dhearnadh aon bhonn a dheimhniú maidir le heisiamh mar sin sa chás seo.

**Plé**

39. Mar a dúirt mé níba luaithe, seans nach raibh sé ina chuidiú chun cur síos ar an tsaincheist faoi bhreithniú

mar infheidhmeacht na rialach eisiataí. Bhí an ceart ag an gCúirt Achomhairc, mar atá ag an abhcóide don Bhiúró, chun a áitiú gurbh ionann an t-airgead tirim agus ábhar na n-imeachtaí, agus nach raibh sé ina fhianaise a ndearnadh iarracht ina leith é a thabhairt ar aird mar chruthúnas i dtaca le haon ábhar fíriciúil faoi dhíospóid. Ach i mo thuairim féin, áfach, ní féidir deireadh a chur leis an díospóireacht de bharr sin. Is í an tsaincheist iarbhír cibé an mbaineann aon iarmhairtí leis an bhfíric gur gabhadh an t-airgead tirim de bhun barántais neamhbhailí sa dlíthíocht idir na páirtithe seo. Chun an tsaincheist sin a bhreithniú teastaíonn scrúdú, ar an gcéad dul síos, ar an réasúnaíocht taobh thiar den riail eisiatach. Chomh maith leis sin tá sé riachtanach féachaint ar chinntí na Cúirte seo maidir leis an iarmhairt ar dhlíthíocht, seachas trialacha coiriúla, a bhaineann le sárú chearta an duine aonair ag gníomhaire an Stáit - áirítear leis sin scrúdú ar rangú chásanna an Achta um Fháltais ó Choireacht mar chásanna *in rem*. Ní hé an cuspóir anseo athmhachnamh a dhéanamh ar fhoirmliú na tástála le haghaidh fianaise a fhaightear go míchuí a chur as an áireamh, ach chun na prionsabail a shainaithint atá ina mbunús le riail mar sin a bheith ann agus an méid agus a fuarthas na prionsabail sin le bheith infheidhme i riar an chirt.

An riail eisiatach i dtrialacha coiriúla.

40. Cuireadh tús le forbairt na bprionsabal de réir mar a chinntítear go bhfuil fianaise arna fáil agus cearta bunreachtúla á sárú neamh-inghlactha le breithiúnais na Cúirte seo sa chás an Pobal (An tArd-Aighne) v O'Brien [1965] I.R. 142. Ba é sin diúltú an mholta sa dlínse seo, arna dhearbhú ag an Ríchomhairle i gcás Kuruma v R. agus arna ghlacadh sa Chúirt Achomhairc Choiriúil i gcás O'Brien, gurbh fhéidir le cúirt fianaise ábhartha a bhí inghlactha ar shlí eile a ghlacadh beag beann ar an dóigh ina ndearnadh í a fháil. Ba í sin an riail faoina ndeachaigh an tArd-Aighne chun coimhlinte, cé go soiléirítear sa tuarascáil gur tugadh treoir shainráite don abhcóide chun a ghéilleadh nárbh fhéidir fianaise a ghlacadh a fhaightear mar thoradh ar fhoréigean tromchúiseach pearsanta nó trí mhodhanna lena ndéantar cion ar dhínit bhunúsach an duine. Tar éis dó an fhíric sin a thabhairt faoi deara sa bhreithiúnas dá chuid, dúirt an Breitheamh Kingsmill Moore (ag lch. 150):

*"I mo thuairim féin, dá gcuirfí suas le húsáid fianaise arna baint nó arna haimsiú trí fhoréigean tromchúiseach pearsanta, bheadh an Stát páirteach i salú morálta."*

41. Ag pointe níba dhéanaí, agus tagairt á déanamh d'Airteagal 40.3.1 agus d'Airteagal 40.3.2, dúirt sé go raibh géilleadh an Ard-Aighne go hiomlán i gcomhréir le *"meon ár mBunreachta".*

42. Ar an taobh eile, mheas an Breitheamh Kingsmill Moore go raibh an moladh arna chur ar aghaidh thar ceann an achomharcóra - go ndéanfaí fianaise neamh-inghlactha mar thoradh ar neamhdhleathacht ar bith, is cuma

cé chomh beag agus a bhí sí - *"ró-leathan go soiléir".* In éagmais aon údaráis in Éirinn, rachaidh sé ar aghaidh chun na príomh-chinntí ó Shasana, Albain agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhreithniú. Thug sé faoi deara gur dúirt an Ríchomhairle i gcás Kuruma v R go raibh an discréid ag breitheamh na trialach gan fianaise a cheadú dá n-oibreofaí na rialacha dochta inghlacthachta go héagórach i gcoinne an duine chúisithe (amhail nuair a fuarthas admháil trí chleas éagórach a imirt). Bhreithnigh sé na treonna difriúla arna nglacadh ag Cúirteanna san Albain agus ansin ag údaráis SAM a bhí ann ag an am sin, lenar áiríodh Weeks v Stáit Aontaithe Mheiriceá 232 U.S. 383 (1914), Mapp v. Ohio 367 U.S. 643 (1961) agus Olmstead v. Stáit Aontaithe Mheiriceá 277 U.S. 438 (1928). Chinn an Breitheamh Kingsmill Moore go raibh trí fhreagra fhéideartha ann ar an gceist maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh fianaise arna fáil go neamhdhleathach inghlactha. Dhiúltaigh sé dhá chinn acu as a bheith neamh-inbhuanaithe - gach fianaise ábhartha a ghlacadh beag beann ar a foinse, agus gach fianaise a chur as an áireamh arna fáil mar thoradh ar ghníomh neamhdhleathach. Dúirt sé ansin (ag lch. 160 den tuarascáil):

*"Ní mór réiteach eatramhach éigin a aimsiú. Mar a thug an Tiarna Príomh-Bhreitheamh le fios i gcás Lawrie v. Muir agus mar a thug an Breitheamh Holmes le fios i gcás Olmstead ní mór rogha a dhéanamh idir cuspóirí inmhianaithe a d'fhéadfadh a bheith neamh-chomhoiriúnach. Tá sé inmhianaithe ar son leas an phobail go ndéanfaí coireacht a bhrath agus a phionósú. Tá sé inmhianaithe nach gcuirfí daoine aonair faoi mhodhanna neamhdhleathacha nó fiosrúchánacha imscrúdaithe agus nach ndéanfadh an Stát iarracht a chuspóirí a bhaint amach trí thorthaí a leithéid de mhodhanna a úsáid."*

43. Mheas an breitheamh Kingsmill Moore gurbh é an freagra is fearr discréid a fhágáil do bhreithiúna i dtrialacha chun a chinneadh, i bhfianaise cúinsí uile an cháis, cé acu an ndéantar nó nach ndéantar

*"freastal ar leas an phobail ar an dóigh is fearr trí fhianaise ar fhíricí a ghlacadh nó a chur as an áireamh arna fáil amach mar thoradh, agus trí bhíthin, ar gníomhartha neamhdhleathacha".*

44. Léirigh sé amhras áirithe freisin maidir le heisiamh fianaise a bhí molta arna fáil trí chleas a imirt.
*"Tá claonadh ionam gan an oiread béime a chur ar éagóir líomhnaithe i leith an duine chúisithe agus a chuirim ar leas an phobail gur cheart cloí leis an dlí fiú nuair a dhéantar coir a imscrúdú. D'fhéadfadh sé nach mór nádúr na coire atá faoi imscrúdú a thabhairt san áireamh freisin."*

45. Agus trácht sainiúil á dhéanamh aige do bhreithiúnas an Bhreithimh Walsh sa chás céanna, dúirt an Breitheamh Kingsmill Moore gur aontaigh sé gur cheart fianaise a chur as an áireamh arna fáil mar thoradh ar shárú d'aon ghnó agus

d'aon turas ceart bunreachtúil (seachas sárú ceart faoin dlí coiteann) an duine chúisithe ach amháin nuair a bhí *"imthosca urghnácha maolaitheacha"* ann. Ach b'fhearr leis, áfach, gan iad sin a liostú, agus é den tuairim, arís, gur cheart é a fhágáil do dhiscréid bhreithiúna na dtrialacha.

46. D'aontaigh na Breithiúna Lavery agus Budd leis an mBreitheamh Kingsmill Moore.

47. Mheas an Breitheamh Walsh (ar aontaigh an Príomh-Breitheamh Ó Dálaigh leis) fianaise arna fáil trí cheart bunreachtúil a shárú mar a bheith i gcatagóir go hiomlán difriúil d'fhianaise arna fáil trínar féidir cur síos uirthi mar neamhdhleathacht "*shimplí*". Léirigh sé go raibh sé amhrasach, agus é ag plé leis sin (ag lch. 167), maidir leis an dearcadh in Albain nach mór do na cúirteanna iarracht a dhéanamh leasanna an tsaoránaigh agus an Stáit a réiteach. Seachas an tsaincheist d'admháil arna tabhairt ar aird go mícheart, a bhfuil breithnithe éagsúla infheidhme ina leith, ba í a thuairim nár cheart rialacha fianaise a úsáid mar airm chun neamhdhleathachtaí na bpóilíní a dhíspreagadh.

*"Tá ceanglas ar gach breitheamh inár gCúirteanna chun na dlíthe a chaomhnú agus cé nach féidir leis/léi tacú le neamhdhleathachtaí a thugann sé/sí faoi deara nó fiú neamhaird a thabhairt orthu, is é an chéad dualgas dá c(h)uid an tsaincheist atá os a c(h)omhair a chinneadh i gcomhréir leis an dlí agus gan a bheith curtha as nó gan cinneadh mícheart a cheadú ina leith ar mhaithe le bac a chur le neamhdhleathacht ar thaobh na bpóilíní, nó aird an phobail a tharraingt uirthi."*

48. Tá leigheasanna maidir le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha na bpóilíní le fáil sa dlí coiriúil agus sa dlí torta. Bhí breitheamh na trialach in ann freisin aird an phobail a tharraingt ar an neamhdhleathacht. Dá bhrí sin, ina thuairim féin, níor cheart fianaise a fhaightear go neamhdhleathach a chur as an áireamh ar an gcúis sin amháin. Trína chur chuige maidir le fianaise arna fáil agus cearta bunreachtúla á sárú, áfach - sa chás os comhair na Cúirte, dosháraitheacht na teaghaise - forchuirtear caighdeán difriúil. Tá an chúis cuimsithe sa sliocht a leanas:

*Is ceist bhunúsach í do Chúirteanna uile arna mbunú faoin mBunreacht deimhniú agus cosaint na gceart bunreachtúil. Ní féidir géilleadh do leas iomaíoch ar bith eile sa dualgas sin. In Airteagal 40 den Bhunreacht, ghlac an Stát mar chúram air féin dosháraitheacht theaghais gach saoránaigh a dheimhniú agus a chosaint. Is dualgas níos láidre é an dualgas chun cearta bunreachtúla an tsaoránaigh a chosaint agus a dheimhniú ná an dualgas chun saoránach dá leithéid a chur faoi thriail as cion coiriúil. Ní mór do na Cúirteanna, agus cumhachtaí breithiúnacha rialtais an Stáit á gcur i bhfeidhm acu, staid fhíorthábhachtach na gceart bunreachtúil a aithint agus ní mór dóibh tacú le hagóid duine chúisithe*

*i gcoinne inghlacthacht fianaise ag a t(h)riail arna fáil nó arna haimsiú ag an Stát nó ag seirbhísigh nó ag gníomhairí dá chuid mar thoradh ar shárú chearta bunreachtúla an duine chúisithe d'aon ghnó agus d'aon turas nuair nach bhfuil aon imthosca urghnácha maolaitheacha ann..."*

49. Ba í an cheist i gcás O'Brien inghlacthacht na fianaise i dtriail choiriúil, agus dá bhrí sin is ar an tsaincheist sin amháin atá na breithiúnais dírithe. Is fíor a rá gur fágadh suas do na breithiúna sna trialacha trí chur chuige an tromlaigh chun freastal ar éilimh iomaíocha an Stáit agus an duine aonair, ar mhaithe le leas an phobail, nuair a sháraigh an Stát cearta an duine aonair trí fhoirm ar bith de neamhdhleathacht lena n-áirítear sárú ceart bunreachtúil, agus b'fhéidir toimhde ann i bhfabhar eisiaimh sa dara cás. Mheas an Breitheamh Walsh nach mór tús áite a thabhairt don cheanglas bunreachtúil ar na cúirteanna chun cearta bunreachtúla a dheimhniú, lena n-éilítear go gcuirtear fianaise as an áireamh arna fáil trí shárú ceart bunreachtúil d'aon ghnó agus d'aon turas seachas in imthosca urghnácha maolaitheacha, ach nach raibh aon cheart ag na cúirteanna chun fianaise a chur as an áireamh nach bhfuarthas ach go neamhdhleathach amháin mura raibh sé soiléir go raibh call leis sin chun a áirithiú go gcloíonn na póilíní leis an dlí.

50. Níor tháinig an tsaincheist um inghlacthacht fianaise arna fáil de bhun barántas neamhbhailí os comhair na Cúirte Uachtaraí arís go dtí 1990, sa chás An Pobal (DPP) v Kenny [1990] 2 I.R. 110. Cuireadh toradh an cháis sin - riail eisiatach absalóideach (nó beagnach absalóideach) mar a tugadh air níba dhéanaí a bhunú - ar neamhní i gcás J.C. Is é m'aidhm anseo trí thagairt a dhéanamh dó go simplí chun bunús dhearcadh an tromlaigh i gcás Kenny a thaifeadadh go raibh call le riail absalóideach. Go bunúsach, ba í an chúis leis gur éilíodh a leithéid de riail de bharr dualgas na gCúirteanna faoi Airteagal 40.3.1 den Bhunreacht, chun cearta pearsanta daoine aonair a chosaint agus a dheimhniú a mhéid agus is féidir go praiticiúil, d'fhonn a chur ina luí ar phóilíní gan cearta bunreachtúla a shárú agus chun iad siúd i gceannas a spreagadh cearta pearsanta saoránach a bhreithniú go mion de réir mar atá leagtha amach sa Bhunreacht. Ba é an dearcadh, mar sin de, gur theastaigh riail bhactha láidir ó dheimhniú na gceart bunreachtúil.

51. I gcás J.C. rinne an Chúirt seo an cinneadh i gcás DPP v Kenny a athchinneadh, ag cinneadh go ndearnadh cás O'Brien a athchinneadh go hintuigthe (agus go mícheart) agus go ndearnadh earráid trí riail absalóideach a fhorchur. Ach níor mheas an tromlach go raibh cur chuige na Cúirte i gcás O'Brien sásúil, áfach, ar na cúiseanna atá leagtha amach ina chuid breithiúnas. Rinneadh foirmle nua na tástála a bhunú le haghaidh

fianaise a chur as an áireamh, níos déine ná mar a bhí glactha ag an tromlach i gcás O'Brien ach ní chomh absalóideach leis an riail a bhí leagtha síos i gcás Kenny.

52. Thug an Breitheamh O'Donnell faoi deara, cé nár tháinig aon chásanna a bhain le barántais chuardaigh os comhair na Cúirte Uachtaraí idir cás O'Brien agus cás Kenny, bhí roinnt cásanna ann a bhain le ráitis admhála arna ndéanamh i gcoinneáil neamhdhleathach - an Pobal (DPP) v Madden [1977] I.R. 336, an Pobal (DPP) v O'Loughlin [1979] I.R. 85 agus an Pobal (DPP) v Healy [1990] 2 I.R. 73. I ngach ceann de na cásanna sin cinneadh gur cheart fianaise arna fáil mar thoradh ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chur as an áireamh.

53. I gcás Madden, rialaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil, ar bhonn na fianaise, gur lean na gardaí d'aon ghnó chun an duine cúisithe a choinneáil tar éis dhul in éag na tréimhse reachtúla a bhí ceadaithe, beag beann ar a cheart chun na saoirse arna ráthú ag Airteagal 40. Agus breithiúnas na Cúirte á thabhairt, dúirt an Príomh-Bhreitheamh O'Higgins:

*"B'fhéidir nach ndearnadh déanamh an ráitis seo a spreagadh nó a chothú leis an easpa airde ar cheart bunreachtúil an chosantóra chun na saoirse, agus an mhainneachtain i ndeimhniú an chirt sin, ach ba é sin an cúinse is tábhachtaí maidir lena dhéanamh. I dtuairim na Cúirte seo ní féidir neamhaird a thabhairt ar an bhfíric sin. Tugann an Chúirt seo le faomhadh na dearcthaí faoi deara de chuid an Phríomh-Bhreithimh i gcás Youman v. Commonwealth [189 Ky. 152 (atá luaite i mbreithiúnas an Bhreithimh Kingsmill Moore sa chás An Pobal (An tArd-Aighne) v. O'Brien) nuair a dúirt sé ag lch. 158 den tuarascáil, maidir le fianaise arna fáil mar thoradh ar chuardach agus an dlí á shárú:-*

*"Feictear dúinn go ndéanfaí i bhfad níos mó dochair ná maitheas le cleachtas mar sin i riar an chirt; go gcruthófaí an creideamh i meonta an phobail leis go cinnte nach raibh aon mheas ag na Cúirteanna ar an mBunreacht nó ar na dlíthe, nuair a chuireann meas isteach ar na cuspóirí inmhianaithe atá le baint amach. Ní féidir linn cleachtas mar sin a fhaomhadh. Bheadh sé níos fearr dá ndéanfadh duine aonair ciontach pionós a sheachaint ná go gcuirfeadh Cúirt ceartais bunphrionsabal an dlí i leataobh d'fhonn a chiontú a aimsiú. Agus cumhachtaí ollmhóra dá gcuid á gcur i bhfeidhm, níl aon dualgas níos airde le cur i bhfeidhm ag na Cúirteanna ná iad siúd a bhaineann le cosaint an tsaoránaigh sna cearta sibhialta arna ráthú dó/di ag an mBunreacht, agus má tharlaíonn sé ag am ar bith go ndéantar cuspóirí an cheartais a mhoilliú, nó fiú iad a dhiúltú, i gcás áirithe trí chosaint na gceart sin, tá sé níos fearr ar mhaithe le leas an phobail go dtarlódh sé sin ná go ndéanfaí údarás bunreachtúil mór a neamhniú."*

54. Feictear dom, go gcuirtear i gcuimhne leis an sliocht sin an riachtanas chun macántacht riar an chirt a chaomhnú (agus an riachtanas do na cúirteanna meas a thaispeáint ar chearta bunreachtúla) agus an t ard-luach bunreachtúil a bhaineann le deimhniú chearta an duine aonair araon.

55. I gcás O'Loughlin, rinneadh an duine cúisithe a choinneáil agus a cheistiú go neamhfhoirmiúil (agus dá bhrí sin go neamhdhleathach) ag gardaí maidir le cion thar an bpointe nuair a bhí sé riachtanach é a ionchúiseamh maidir le hábhar difriúil agus a thabhairt os comhair cúirte. San achomharc i gcoinne an chiontaithe, chuir an Chúirt Achomhairc síos ar an gcleachtas de "*choinneáil le haghaidh ceistithe*" mar "*neamhchead oscailte d'Airteagal 40, alt 4, fo-alt 1, den Bhunreacht."* Maidir leis na fíricí, ní raibh an Chúirt in ann teacht ar aon imthosca mar leithscéal as an méid a tharla.

*"Ní dhéanfaí aon mhaitheas do mheas ar an mBunreacht agus ar dhlíthe dá léireodh an Chúirt seo do shaoránaigh i gcoitinne, trí fhianaise a ghlacadh arna fáil ar an dóigh sin, gurbh fhéidir dualgas an Stáit chun cearta bunreachtúla a chosaint agus a dheimhniú a fhágáil uainn nó a éascú in imthosca imscrúdaithe choiriúil."*

56. Arís,cuirtear béim leis an mbreithiúnas ar an ngá nach mór do na breithiúna meas ar an mBunreacht a chaomhnú trína áirithiú go mbíonn meas ag an Stát ar chearta bunreachtúla daoine aonair.

57. Ba chinneadh na Cúirte seo é cás Healy ar achomharc ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcoinne éigiontú díreach. Ba é an tsaincheist sa chás inghlacthacht ráitis admhála, in imthosca nuair a tháinig dlíodóir an duine chúisithe chuig stáisiún an Gharda Síochána agus diúltaíodh rochtain dó ar a chliant. Chinn an Chúirt d'aon ghuth go raibh an ceart ag breitheamh na trialach chun an ráiteas a chur as an áireamh, agus chinn tromlach go raibh an ceart ar rochtain ar dhlíodóir cosanta sa Bhunreacht.

58. I gcás J.C. dúirt an Breitheamh O'Donnell, cé go raibh sé dírithe ag an bpointe sin ina bhreithiúnas ar rianú léirmhíniú na tástála "*d'aon ghnó agus d'aon turas",* go raibh na cinntí sin "*ceart go soiléir*", agus go raibh siad

*"ina samplaí de na Cúirteanna ag cur na feidhme i bhfeidhm d'fhonn a áirithiú go dtugtar meas ar chearta bunreachtúla, agus go ndéantar iad a chaomhnú agus a dheimhniú."*

59. Trí anailís na Cúirte i gcás Kenny a dhiúltú, chuaigh an Breitheamh O'Donnell chun argóinte faoina réasúnaíocht, inter alia, as riail absalóideach a ghlacadh. Bhí an Chúirt ag brath ar an riachtanas mí-iompar a dhíspreagadh, ach i gcás amhail J.C. (a bhain le cuardach de bhun bharántas alt 29) ní raibh aon mhí-iompar ar thaobh na ngardaí chun a dhíspreagadh. Agus é ag

déileáil leis an áitiú gur éilíodh riail absalóideach leis an dualgas bunreachtúil chun meas a thabhairt ar chearta bunreachtúla an tsaoránaigh agus chun iad a dheimhniú, chuir sé in iúl gurbh í an tsaincheist sa chás inghlacthacht fianaise; nach dtugtar faoi cheist na hinghlacthachta sa Bhunreacht agus nárbh fhéidir glacadh fianaise é féin a bheith comhionann le sárú ar dhosháraitheacht na teaghaise. Ag mír 452 dúirt sé:

*"B'fhéidir gurb í an agóid is bunúsaí i gcoinne an chineáil argóinte sin ná go nglactar léi nach bhfuil i gceist anseo ach deimhniú cheart an duine maidir le dosháraitheacht na teaghaise cónaithe, nó réadmhaoine eile, ach amháin i gcomhréir leis an dlí. I gcaingean le haghaidh urghaire lena sriantar treaspás ex ante nó lena n-iarrtar damáistí ex post, tá seans ann ar ndóigh nach mbeadh ach an tsaincheist sin ann. Fiú ansin ,mar atá pléite thuas, níl aon riail absalóideach ann. Ach tarlaíonn glacadh fianaise i dtriail choiriúil i gcomhthéacs atá thar a bheith difriúil. Ní hí an tsaincheist lárnach ansin an cheist de shárú chearta an tsealbhóra tí, ach ina ionad sin feidhmiú an dualgais bhunreachtúil de riar an chirt. Is é atá i gceist leis sin deimhniú chiontacht nó neamhchiontacht an duine aonair...Is ionann riar an chirt faoin mBunreacht, an fheidhm fála fírinne dá chuid agus a riachtanas go mbíonn gach fianaise ábhartha ar fáil, agus fachtóir a théann i bhfabhar ghlacadh na fianaise. Ar ndóigh, tagann pointe chun cinn nuair a d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach fianaise ábhartha a chur as an áireamh ar mhaithe le riar an chirt é féin, mar shampla nuair a fuarthas an fhianaise i gcúinsí a bhí maslach do choincheap an chirt é féin. Bheadh sé sin é féin maslach do riar an chirt, rud atá ina dhualgas bunúsach de chúirt. Ach baineann cothromaíocht leis an ríomh sin, áfach, in ionad riail absalóideach."*

60. Tháinig an Breitheamh O'Donnell ar ais chuig an téama sin (ag mír 488) agus é ag tabhairt faoin gceist, ar leibhéal an phrionsabail, maidir le cé acu an raibh nó nach raibh riail absalóideach ag teastáil ón mBunreacht.

*"Ar ndóigh is é an cás nach dteastaíonn eisiamh fianaise ón mBunreacht i dtéarmaí sainráite, agus ar ndóigh níl aon rud luaite inti maidir le glacadh fianaise. Mar is amhlaidh go minic, tá sé tábhachtach dá bhrí sin chun an cheist cheart a shainaithint atá le cur. Má thugtar faoin tsaincheist seo i dtéarmaí a bhaineann le deimhniú cirt arna shárú amháin, ansin is céim ghairid go dtí go gcuirtear fianaise as an áireamh. Ach i mo thuairim féin is í sin an cheist mhícheart. Níl cúirt, cé acu is cúirt choiriúil nó cúirt shibhialta, a thugann faoi inghlacthacht fianaise gafa leis an gceist de shárú cirt a leigheas, mar a bheadh cúirt a n-iarradh uirthi urghaire a dheonú chun treaspás a shrianadh. Is ionann triail choiriúil nó shibhialta agus riar an chirt. Is ionann feidhm lárnach riar an chirt agus aimsiú fíricí, agus fáil na*

*fírinne. Aon rud a chuireann isteach ar chumas na gcúirteanna chun a fháil amach cad a tharla i ndáiríre, cuireann sé isteach ar fheidhm fála fírinne riar an chirt. Mar atá aitheanta ag go leor cúirteanna, nuair a fhaightear fianaise áititheach agus láidir ar chiontacht nach nglactar ar bhonn sárú teicniúil gan tábhacht, d'fhéadfaí míchlú a tharraingt ar riar an chirt, seachas é a chuidiú in aon chor. Is í an cheist cad é an pointe nuair a theipeann ar an triail a bheith ina triail i gcúrsa cuí an dlí mar gheall ar an dóigh ina ndearnadh fianaise a fháil? Cathain a tharraingítear míchlú ar riar an chirt trí ghlacadh na fianaise sin é féin? Is é an toradh ar an anailís sin suíomh níos caolchúisí lena nglacfaí le fianaise mar gheall ar shárú teicniúil agus inleithscéil, ach lena ndiúltófaí í nuair a fuarthas í mar thoradh ar shárú d'aon ghnó agus d'aon turas na Bunreachta."*

61. Rinne an Breitheamh Clarke an tsaincheist a anailísiú i dtéarmaí na leasanna iomaíocha a bhí ag brath uirthi. Ar an taobh amháin bhí an prionsabal ann go raibh an tsochaí agus íospartaigh na coireachta i dteideal measúnú a bheith curtha chun feidhme ag triail choiriúil ar chiontaíl duine chúisithe bunaithe ar mhachnamh ceart ar an bhfianaise ábhartha uile nuair nach raibh an fhianaise sin níos mó chun dochair ná profach. Measfar sin mar luach ard bunreachtúil. Ag mír 827 lean sé leis:

*"Ar an taobh eile, áfach, tá luach bunreachtúil suntasach ag baint leis an ngá lena áirithiú go n-oibríonn gníomhaireachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe (agus an Garda Síochána san áireamh) laistigh den dlí. Cén fáth a bhfuil dlíthe casta againn a bhaineann le gabháil, leis an gcumhacht chun iontráil ar áitribh, le ceistiú agus le meáin eile de bhailiú fianaise neamhthoiliúil, mar a d'fhéadfá a thabhairt air? Tá siad againn mar baineann luach bunreachtúil suntasach lena áirithiú go mbíonn rialacha soiléire ann lena gcuirtear teorainn le cumhachtaí na ngníomhaireachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe i dtaca le bailiú fianaise. Tá na teorainneacha sin ann chun muidne go léir a chosaint. Baineann luach bunreachtúil ard lena áirithiú go ndéantar na teorainneacha sin a chaomhnú. Is dá thoradh sin gur cheart go mbeadh iarmhairtí ann, agus ar ndóigh iarmhairtí suntasacha, nuair a dhéantar na rialacha sin a bhriseadh."*

62. Tar éis dó foirmliú na tástála iomchuí a phlé, lean an Breitheamh Clarke leis chun a thabhairt faoi deara cé go raibh fócas na díospóireachta ar bhfianaise arna fáil go míbhunreachtúil, bhí dualgas ar na cúirteanna freisin chun neamhdhleathacht a dhíspreagadh. Mheas sé gur cheart fianaise a chur as an áireamh má fuarthas í go neamhdhleathach (bíodh nach ndearnadh ceart bunreachtúil a shárú) in imthosca ar a gcuirtear síos go ceart mar místuama nó faillitheach.

63. Ba é an breithiúnas deiridh don tromlach breithiúnas an Bhreithimh MacMenamin. Agus é ag

comhaontú leis na Breithiúna O'Donnell agus Clarke go raibh an breithiúnas i gcás Kenny mícheart, thug sé faoi deara go raibh an cinneadh sa chás sin deartha chun dea-iompar i measc na ngardaí a chur chun cinn agus mí-iompar a dhíspreagadh. Nuair a bhí na fíricí comhionann leis na fíricí i gcás J.C., cheistigh sé cé acu an ndéantar nó nach ndéantar ceann ar bith de na cuspóirí sin chun cinn trí chur i bhfeidhm na rialach absalóidí, agus cé acu an ndéantar nó nach ndéantar cothromaíocht cheart idir na leasanna bunreachtúla a bhí i gceist. D'áitigh sé nach raibh sé ná baill eile na Cúirte sa tromlach ag diúltú na tábhachta a bhaineann le cosaint an duine faoi amhras, agus go raibh siad ag iarraidh sainaithint a dhéanamh ar *"phróiseas comhchuí, lena dtugtar aitheantas cuí do chearta na cosanta, do dhualgas an díspreagtha, agus do bhreithnithe ar bheartas poiblí, agus do chearta na saoránach uile."*

64. Ag mír 944 chuir sé síos ar phrionsabal an díspreagtha mar ordú chun leasa phríobháidigh agus phoiblí araon, agus lean sé leis:

*"Díspreagtar mí-iompar leis tríd an duine faoi amhras a chosaint. Caomhnaítear leas an phobail sna póilíní a oibrítear faoi riail an dlí. Mar atá sí foirmlithe faoi láthair, dílsítear sa duine faoi amhras leis an riail cearta bunreachtúla faoi Airteagal 40.3.1 den Bhunreacht. Is é an rún maidir le fianaise, arna fáil go míbhunreachtúil, a chur as an áireamh ar an dóigh sin chun mí-iompar a dhíspreagadh. Ach ní thugtar neamhaird ar cheart an tsaoránaigh le hAirteagal 40.3, agus é breathnaithe ina iomláine, ná ar leas an phobail, ná ar an leas coiteann... Is é dualgas cúirte, maidir le gach ceist bhunreachtúil, gan breithniú bunreachtúil amháin a leithlisiú nó díriú air, ach ina ionad sin cothromaíocht iomchuí a dhéanamh idir na cearta agus na dualgais ábhartha."*

65. Ba é cás an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí v. Cash [2010] 1 IR 609 cás atá luaite ina ndearna na cosantóirí iarracht raon feidhme fheidhmiú na rialach i gcás Kenny a shíneadh. Go hachomair, ba iad na fíricí sa chás go ndearnadh méarloirg a fuarthas ag láthair briste isteach a mheaitseáil le méarloirg, a bhí ar eolas mar méarloirg an duine chúisithe, a bhí coinnithe ag Biúró Teicniúil an Gharda Síochána. Ba é sin an bunús leis an amhras mar fhoras do ghabháil an duine chúisithe. Glacadh lena mhéarloirg arís tar éis é a ghabháil. Bhí sé beartaithe ag na cúisitheoirí an mheaitseáil idir na méarloirg ag láthair na coire agus na méarloirg a glacadh nuair a gabhadh an duine chúisithe as an gcion. Rinne na cosantóirí croscheistiú maidir le bunús na gabhála, agus ghéill finnéithe an ionchúisimh nach raibh siad in ann a chruthú go nglacadh na méarloirg a bhí i mBiúró Teicniúil an Gharda Síochána go dleathach nó go ndearnadh iad a choinneáil i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha.

66. I mbreithiúnas lenar aontaigh tromlach na Cúirte dúirt an Breitheamh Fennelly (ag mír 64)

nach raibh an riail eisiatach arna leagan síos i gcás Kenny infheidhme, ina téarmaí féin, ach amháin maidir le fianaise a thairgtear ag triail choiriúil. Thug sé an úsáid arís agus arís eile faoi deara de na focail "*eisiamh*" (nó a ghaoil) agus "*fianaise*" Ach mheas sé go raibh sé níos tábhachtaí fós, áfach, go raibh an Príomh-Bhreitheamh Finlay ag tagairt do "*fianaise arna fáil mar thoradh ar shárú chearta pearsanta an duine aonair*" nó a bhí "*ina toradh ar iompar míbhunreachtúil*" (béim arna leagan ag an mBreitheamh Fennelly). Ní raibh an cás ag baint le foinse dhleathach fianaise arna húsáid mar fhoras le haghaidh amhrais, agus ní dhearnadh tagairt le breithiúnas an Príomh-Bhreithimh don fhéidearthacht go bhféadfadh an prionsabal arna chur ar aird a bheith infheidhme lena leithéid de shaincheist. Dúirt an Breitheamh Fennelly maidir leis sin:

*"Is é cuspóir na rialach spreagadh dearfach a sholáthar d'údaráis an stáit, agus iad ag bailiú fianaise, chun breithniú go mion ar chearta bunreachtúla na ndaoine a mbíonn tionchar orthu ag feidhmiú a gcuid 'cumhachtaí gabhála, coinneála, cuardaigh agus ceistithe...".*

67. Chuaigh an Breitheamh Fennelly ar aghaidh chun réasúnaíocht bhreitheamh na trialach (an Breitheamh Charleton) a fhaomhadh a rinne scrúdú mion ar na húdaráis maidir leis an gciall a bhaineann le coincheap an "*amhrais*" agus maidir leis na critéir chun é a mheasúnú agus chinn sé nach raibh aon chall le rialacha fianaise sa mheasúnú sin. Bhí sé dea-bhunaithe nach raibh aon ghá le hamhras réasúnta, lena mbeifí in ann foras ceart a sholáthar do chéim imscrúdaithe, a bheith bunaithe ar fhianaise inghlactha.

**Cinntí i gcásanna neamhchoiriúla**

68. Roinnt míonna sula ndearna sí a cinneadh i gcás O'Brien sholáthar an Chúirt Uachtarach an breithiúnas sa chás an Stát (Quinn) v Ryan [1965] I.R. 70. Ní raibh an cás sin ag baint le fianaise ar chor ar bith, ach leis an bhfíric go ndearnadh duine, a bhí díreach tar éis a bheith scaoilte ó choimeád na ngardaí ar ordú na hArd-Chúirte, a bhaint láithreach de na Ceithre Cúirteanna ag gardaí ag gníomhú de bhun plean chun é a thógáil amach as an dlínse gan aon deis chun dúshlán dlíthiúil a dhéanamh. I bhfiosrúchán ina dhiaidh sin faoi Airteagal 40.4 ba é an ráiteas a cuireadh isteach ar son na ngardaí nach raibh an t-iarratasóir faoina choimeád níos mó, tar éis dóibh é a thabhairt de láimh d'oifigigh Phóilíní Mhórcheantar Uirbeach Londain a bhí i láthair i gcomharsanacht na gcúirteanna agus barántas eiseachadta acu. Shíl beirt ball den Chúirt Rannach a d'éist leis an gcás go raibh sé sin ina ráiteas imleor. D'easaontaigh Davitt, Uachtarán na hArd-Chúirte, agus an dearcadh á ghlacadh aige go gcuirtear dualgas ar an gCúirt leis an mBunreacht chun fiosrúchán a chur chun feidhme i ngearán faoi choinneáil neamhdhleathach, agus go gcuirtear dualgas breise uirthi léi, i gcás na héagóra a dhéantar, ceart bunreachtúil an iarratasóra a

dheimhniú gan an tsaoirse a bheith bainte de seachas i gcomhréir leis an dlí. Ag leathanach 89 den tuarascáil rinne sé tagairt do chearta pearsanta atá ráthaithe ag Airteagal 40 agus dúirt sé:

*"Tugtar na ráthaíochtaí sin ar son an Stáit agus baineann siad le gach foras de chuid an Stáit. Baineann siad ní amháin leis an Reachtas go simplí ach leis an bhFeidhmeannas agus leis na Breithiúna. Ní amháin nach mór do na dlíthe iomchuí arna n-achtú cloí le riachtanais na ráthaíochtaí sin, ach sa mhéid agus a cheadaítear é sin lena nádúr, ní mór do na Cúirteanna iad a léirmhíniú agus ní mór don Fheidhmeannas iad a riar agus a fhorfheidhmiú le haird chosúil ar riachtanais na ráthaíochtaí bunreachtúla."*

69. Ghlac an Chúirt seo le cur chuige cosúil le cur chuige Davitt, Uachtarán na hArd-Chúirte. Chinn sí, sa chéad dul síos, go raibh an reachtaíocht ar a raibh na gardaí ag brath (na forálacha um *"thacú le barántais"* san Acht um Chúirt Ghearr (Éire) 1851) déistineach don Bhunreacht go baileach ós rud é gur ceadaíodh an cur chuige arna ghlacadh. Ar an dara dul síos, ghníomhaigh na gardaí le neamhaird ar chearta bunreachtúla an iarratasóra, agus níorbh ceadmhach é iad a ligean an fhreagracht a sheachaint de bharr gur éirigh leo bac a chur air as faoiseamh a fháil ó na cúirteanna. Dúirt an Príomh-Bhreitheamh Ó Dálaigh (ag lch. 122) an méid a leanas:

*"Ní raibh sé beartaithe sa Bhunreacht trí chearta bunúsacha an tsaoránaigh a ráthú go ndéanfaí neamhshuim de na cearta sin nó go bhfaighfí bealach thart orthu. Is é an rud a bhí beartaithe ná go raibh cearta bunúsacha á ndearbhú don duine aonair agus go raibh na Cúirteanna ina gcoimeádaithe de na cearta sin. Mar chomhthoradh riachtanach leantar uaidh sin nach féidir le haon duine neamhshuim a dhéanamh de na cearta sin nó bealach a fháil thart orthu gan phionós, agus go bhfuil cumhachtaí na gCúirteanna maidir leis sin chomh fairsing agus a éilítear ón mBunreacht."*

70. Ar bhonn fhíricí an cháis níorbh fhéidir aon fhaoiseamh a thabhairt don Uasal Quinn, ós rud é nach raibh sé i láthair sa dlínse níos mó. Ach chinn an Chúirt, áfach, go raibh na gardaí agus na póilíní Sasanacha ciontach i ndíspeagadh cúirte.

71. Ba fhiosrúchán freisin an Stát (Trimbole) v Gobharnóir Mhuinseo [1985] I.R. 580 de bhun Airteagal 40.4 den Bhunreacht, agus an t-am sin i ndlíthiúlacht choinneáil náisiúnach na hAstráile a rabhthas sa tóir air san Astráil ar chúiseanna tromchúiseacha. Chinn an Breitheamh Egan nach raibh an t-amhras maíte ar a ndearnadh an t-iarratasóir a ghabháil fíor, ach bhí sé beartaithe chun é a choinneáil faoi choimeád go dtí go gcuirfí socruithe eiseachadta i gcrích leis an Astráil. Tar éis dó tagairt a dhéanamh do chásanna O'Brien agus Quinn, chinn sé go sainiúil nach raibh an prionsabal i gcás O'Brien teoranta

go hiomlán le glacadh fianaise i gcás coiriúil.

*"Níl aon dualgas níos airde le cur i bhfeidhm ag na Cúirteanna ná an dualgas a bhaineann le cosaint ceart bunreachtúil agus má tharlaíonn sé ag am ar bith go ndéanfaí cuspóirí an cheartais a mhoilliú, nó fiú iad a dhiúltú, i gcás áirithe trí chosaint na gceart sin, tá sé níos fearr ar mhaithe le leas an phobail go dtarlódh sé sin ná go ndéanfaí cearta bunreachtúla a neamhniú."*

72. Fágadh smál ar choinneáil an iarratasóra le mí-úsáid thromchúiseach chumhacht na gabhála, a bhí comhionann le sárú d'aon ghnó agus d'aon turas a chirt bhunreachtúil ar shaoirse agus dá réir sin ordaíodh go scaoilfí é.

73. Seasadh leis an gcur chuige sin ar achomharc. Bhain an Príomh-Bhreitheamh Finlay (lenar aontaigh na Breithiúna Henchy, Griffin agus Hederman) na prionsabail a leanas as na húdaráis:

*"Ní amháin go bhfuil dlínse bhunúsach ag na Cúirteanna ach tá dualgas amach is amach acu chun na nithe a leanas a dhéanamh: (i) daoine a chosaint i gcoinne shárú a gceart bunreachtúil; (ii) má tharla sárú, sa mhéid gur féidir é a dhéanamh, an duine dá ndearnadh damáiste dá leithéid a chur ar ais sa suíomh ina mbeadh sé/sí mura ndéanfaí a c(h)earta a shárú; agus (iii) chun a áirithiú sa mhéid gur féidir é a dhéanamh nach mbaineann daoine a ghníomhaíonn ar son an Fheidhmeannais a sháraíonn d'aon ghnó agus d'aon turas chearta bunreachtúla na saoránach, nach mbaineann siad torthaí beartaithe an tsáraithe sin amach dóibh féin nó do dhaoine os a gcionn.*

*In ainneoin na fírice, dá bhrí sin, go mbaineann trí chás as na ceithre chás dá ndearna mé tagairt [An Pobal (An tArd-Aighne) v. O'Brien, an Pobal v. Madden agus an Pobal v. Lynch] le hinghlacthacht fianaise i dtrialacha coiriúla agus gur bhain an ceathrú ceann [An Stát (Quinn) v. Ryan] le pionósú daoine a bhí ag gníomhú agus an Bhunreacht á sárú acu nuair nach raibh cosaint ná cúiteamh don duine díobhálaithe praiticiúil, tá mé sásta go mbaineann feidhm níos leithne leis an bprionsabal sin dár ndlí ná go simplí i dtaca le ceist na hinghlacthachta fianaise nó i dtaca le ceist an phionóis do dhaoine maidir le díspeagadh cúirte mar gheall ar ghníomh míbhunreachtúil."*

74. Rinne an Breitheamh McCarthy tagairt freisin do Quinn agus don sliocht as breithiúnais Uachtarán na hArd-Chúirte, Davitt (arna lua thuas) maidir leis na cearta atá ráthaithe faoi Airteagal 40. Ag leanúint air dúirt sé:

*Má tharlaíonn sé, mar sin de, go mbaineann an Feidhmeannas é féin mí-úsáid as próiseas an dlí mar a tharla sa chás seo trí úsáid mhícheart alt 30 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939, agus, más beag nó mór is fiú é, má leanann sé leis an mí-úsáid sin trí fhianaise bhréagach a thabhairt i gcúrsa fiosrúcháin bhunreachtúil, ar*

*cheart do na cúirteanna cúl a thabhairt leis agus, seachas cáineadh géar a riar i leith na ndaoine atá i gceist, an cuma a ghlacadh orthu go bhfuil siad ag ceadú an nós imeachta arna ghlacadh chun eiseachadadh duine aonair a aimsiú chuig an Stát iarrthach?"*

75. Rinneadh an argóint ar son an fhreagróra, ar bhonn fhíricí an cháis, nach raibh an t-ordú i leith eiseachadadh an iarratasóra ina "*thoradh*" ar an ngabháil éagórach (ós rud é gur glacadh áit na neamhdhleathachta bunaidh ag orduithe bailí coinneála a rinne an Chúirt Dúiche) agus dá bhrí sin nach raibh na húdaráis a bhaineann le glacadh *"torthaí"* iompair mhíchuí ar thaobh na nGardaí mar fhianaise infheidhme. Dhiúltaigh an Príomh-Bhreitheamh Finlay an t-áitiú sin.
*"Dá mbeadh an agóid in aghaidh dhleathacht choinneáil an ionchúisitheora bunaithe ar easpa dlínse sa Chúirt Dúiche, nó dá mbeadh an agóid rathúil in aghaidh na gabhála bunaidh ina hagóid de chineál lena gcruthaíodh neamhdhleathacht ach nach raibh comhionann le sárú d'aon ghnó agus d'aon turas a chirt bhunreachtúil nó mí-úsáid próisis de chuid na cúirte, mar sin de, sna himthosca sin, gan amhras....bheadh orduithe na Cúirte Dúiche, tar éis dóibh a bheith déanta laistigh de dhlínse, ina mbonn cirt le coinneáil an ionchúisitheora beag beann ar an modh trína ndearnadh é a thabhairt os comhair na cúirte sin. Níl amhras ar bith orm, áfach, go bhfuil breithnithe éagsúla infheidhme maidir le hagóid a eascraíonn ó dhiscréid ag dlí coiteann chun mí-úsáid próiseas de chuid na cúirte a chosc agus ón dualgas faoin mBunreacht chun cearta bunreachtúla an ionchúisitheora a dheimhniú."*

76. D'aontaigh an Breitheamh McCarthy leis an Stát, gur bhain na cásanna a luadh, ar an iomlán, le *"torthaí"* gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ach mheas sé go ndearnadh dearmad leis an argóint a rinneadh maidir leis sin ar an dearcadh, maidir le sárú d'aon ghnó ceart bunreachtúil, a bhí ina bhunús leis na húdaráis. Ina fhocail scoir rinne sé tagairt don dearbhú a iarrtar ar bhreithiúna faoin mBunreacht, ag tabhairt faoi deara nach n-iarrtar a choibhéis ar aon sealbhóir oifige eile sa Stát seachas an tUachtarán.
*"Cuirtear béim leis an gcúinse sin, dá mbeadh béim de dhíth, ar an bhfreagracht ard atá ar na Breithiúna d'fhonn a áirithiú nach ndéantar cearta bunreachtúla a shárú. B'fhéidir go bhfuil an cuma air, ar dtús, go bhfuil scaoileadh ar fhoras teicniúil de réir cosúlachta duine ar a rabhthas "i dtóir" ar chúiseanna tromchúiseacha inmhianaithe agus, ar ndóigh, contráilte do bheartas poiblí; b'fhéidir go bhfuil an cuma air go bhfuil sé contráilte do bheartas poiblí go ndéanfaí neamhshuim de shocruithe ilchasta le haghaidh eiseachadta trí bharrachas díograis, mar a d'fhéadfá a rá. I mo bhreithiúnais, áfach, tá prionsabal i bhfad níos mó i mbaol; nach féidir cead a thabhairt do chuid den*

*Fheidhmeannas arna ionadú ag údaráis an Gharda Síochána agus do na daoine eile a bhí freagrach as an bplean, mar a thug mé air, chun an t-ionchúisitheoir a eiseachadadh chun smaoineamh nach mbeidh mar thoradh ar iompar den chineál sin ar an gceann is measa ach achasán breithiúnach, is cuma an déine. Beidh sé mar thoradh air go ndéanfar cearta bunreachtúla an duine aonair lena mbaineann a fhorfheidhmiú láithreach, gan choinníoll, is cuma na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith air. Más iad na hiarmhairtí a bheidh ina dtoradh air chun éalaitheach a chumasú éalú ón dlí ansin ní hí an chúirt a chruthaigh a leithéid d'iarmhairtí; eascraíonn siad ó neamhdhleathacht na bpóilíní."*

77. Teastaíonn trácht ó ghnéithe áirithe de na breithiúnais sin. Is fiú a chur in iúl gur nasc an Príomh-Bhreitheamh Finlay, sa chás seo roimh chás Kenny, an coincheap de shárú d'aon ghnó agus d'aon turas ceart bunreachtúil le "*torthaí beartaithe*" an tsáraithe. Ar an dara dul síos, mar a tharlaíonn sé, níor cuireadh an dara ceann den dá phrionsabal a luadh sa chéad cheann de na míreanna atá luaite anseo ó bhreithiúnas an Phríomh-Bhreithimh Finlay i bhfeidhm go liteartha sa dlí-eolaíocht ina dhiaidh sin. Tá sé soiléir nár ghlac na cúirteanna in Éirinn leis an teagasc "*torthaí an chrainn nimhe*" ina iomláine. Léirítear é sin leis an gcinneadh i gcás Cash. Teastaíonn meon ó ghlacadh céime comhéigní, amhail gabháil nó cuardach, chun críocha fianaise inghlactha a aimsiú, nach mór a bheith bunaithe ar fhoras réasúnta. Ach is ceist a bhaineann le réasúntacht agus le loighic í sin, áfach, agus ní chuirtear ceangal ar an imscrúdaitheoir léi ábhar a chur amach as a m(h)eon a d'fhéadfadh a bheith neamh-inghlactha sa chúirt. Faoi dheireadh, ní mór béim a leagan air gur dúirt an Príomh-Bhreitheamh Finlay nach gá go mbronntar aon díolúine ar an duine lena mbaineann le gabháil neamhdhleathach, fiú má chinntear go raibh sí d'aon ghnó agus d'aon turas, ó fhorfheidhmiú ceart phróisis iomchuí an dlí tar éis a scaoileadh riachtanach ó choimeád neamhdhleathach.

78. Chun críocha reatha, baineann ábharthacht na mbreithiúnas leis an mbreith shoiléir nach raibh na prionsabail a bhféadfadh fianaise a chur as an áireamh i dtrialacha coiriúla dá réir teoranta leis an gcomhthéacs sin.

79. Aithníodh Trimbole sa chás Lynch v an Ard-Aighne [2003] 3 IR 416. Sa chás sin, bhíothas i dtóir ar an achomharcóir sa Ríocht Aontaithe ar chúiseanna ionsaí. Bhí amhras faoi sa dlínse seo freisin as páirt a ghlacadh i gcionta a bhain le seiceanna goidte. Deimhníodh i bhfianaise sna himeachtaí eiseachadta gur dúirt garda leis, dá gcuirfeadh sé faisnéis ar fáil maidir leis na seiceanna, nach gcuirfí an barántas eiseachadta ina leith i bhfeidhm. D'áitigh sé, agus é ag brath ar Trimbole, gur sáraíodh a chearta bunreachtúla. Cé gur cháin an Chúirt seo iompar na ngardaí, chinn sí d'aon ghuth nach raibh cás

Trimbole ábhartha. Dúirt an Breitheamh Denham:

*"Sa chás seo, cé go bhfuil dlínse bhunúsach ag an gcúirt mar aon le dualgas chun daoine a chosaint ar shárú a gceart bunreachtúil, níor aithníodh aon cheart bunreachtúil a rinneadh a shárú. D'áitigh an t-abhcóide don iarratasóir go raibh an ceart ann gan a bheith curtha faoi éigeantas ag gníomhairí an Stáit, go raibh an ceart ag an iarratasóir nach gcuirfí a shaoirse cinnidh faoi smacht, gur sáraíodh a cheart chun fanacht ina thost, go raibh a cheart chun labhairt go deonach agus ní faoi éigeantas i gceist agus gur bhain na cearta sin le ceart chun príobháideachta. Ach níl mé sásta, áfach, gur aithníodh ceart bunreachtúil sa chás seo, ná gur sáraíodh ceart bunreachtúil an iarratasóra. Sa bhreis air sin, is féidir An Stát (Trimbole) v. Gobharnóir Phríosún Mhuinseo [1985] I.R. 550, a shainaithint mar sa chás sin scaoileadh an t-iarratasóir mar bhain an Stát toradh amach ar a raibh smál. Sa chás seo, níor bhain an Stát toradh ar bith amach, ar a bhfuil smál nó eile.*

80. Ina focail scoir maidir leis an ngné sin, dúirt an Breitheamh Denham nach raibh iompar na ngardaí leordhóthanach chun na himeachtaí a neamhniú nó chun bonn cirt a sholáthar d'idirghabháil na gcúirteanna chun an próiseas eiseachadta a chosc.

*"Ní hionann sin, ar ndóigh, agus cinneadh nach bhféadfadh imthosca a bheith ann nuair a bheadh iompar leordhóthanach chun imeachtaí a neamhniú. Ní hionann sin agus le rá má bhí iompar neamhchoinsiasach ann ar thaobh bhall ghníomhaireacht an stáit nach mbeadh a leithéid d'imthosca ann ina ndéanfaí imeachtaí a chosc. Ach ní hé sin an cás sa chás seo, áfach.*

81. D'aontaigh an Breitheamh Hardiman. Agus e ag déanamh tagairt don sliocht thuasluaite ó bhreithiúnas McCarthy i gcás Trimbole, dúirt sé:

*"Ní bhféadfadh aon duine a bheith in amhras faoi na prionsabail a léirmhínigh an Breitheamh McCarthy chomh deaslabhartha ar an mbealach sin. Ní mór cloí leo má tá riail an dlí le bheith caomhnaithe. Ach deonaíodh an faoiseamh sa chás sin ar an mbonn go raibh infhaighteacht an iarratasóra le haghaidh fheidhmiú an bharántais eiseachadta ina toradh díreach ar an ngabháil bhréagach. Tá sé go hiomlán soiléir nach ndéanfaí aon fhaoiseamh a dheonú in éagmais an choibhnis chúisíoch sin."*

82. Agus tagairt á déanamh aige do na breithnithe sa Chúirt Uachtarach i gcás Trimbole lenar tugadh le tuiscint nach raibh an chiall ag baint lena breith go raibh an tUasal Trimbole díolmhaithe ó imeachtaí breise, dúirt an Breitheamh Hardiman:

*"Is í an chúis bhunúsach leis an suíomh sin mar a leanas: Ní fheidhmíonn na cúirteanna cumhacht smachta ghinearálta thar an bhfeidhmeannas, nó thar na gardaí go háirithe. Tá an chumhacht sin dílsithe in áit eile. Gairtear ról na*

*gcúirteanna nuair a tharlaíonn sé, i gcúrsa imeachtaí arna mbunú go ceart, go ndéantar gearán gur glacadh le céim nó rud éigin atá díobhálacha do dhuine aonair, nó gur cruthaíodh é, ar bhonn neamhdhleathachta nó gníomh míbhunreachtúil ar thaobh an dreama atá ag cur ina éadan. Má tharlaíonn sin, de ghnáth ní thabharfaidh na cúirteanna an cead don duine atá ag cur ina éadan an tairbhe a bheith aige den toradh ar ghníomh míbhunreachtúil, ar mhaithe leis an mBunreacht í féin a chaomhnú. Ach ní chuirfidh sí isteach ar nós imeachta, atá ina nós imeachta ceart ar shlí eile, ar bhonn míshásaimh le céim éigin arna glacadh ina chomhthéacs ginearálta."*

83. Ach dúirt an Breitheamh Hardiman freisin go raibh na tráchtanna sin leagtha síos ar an toimhde go raibh na gardaí faoi smacht agus faoi cheannas éifeachtach faoi lámha a n-údarás. Dá ndéanfaí é a thaispeáint ar chúis ar bith go raibh an toimhde sin neamhréadúil, agus go raibh na húdaráis ag dúnadh súile ar a leithéid d'iompar nó ag tabhairt neamhairde air, dhéanfaí an cás a athrú ó bhonn agus bheadh sé riachtanach cuimhneamh ar fhocail an Phríomh-Bhreithimh Ó Dálaigh sa chás An Stát (Quinn) v Ryan.

84. De réir cosúlachta is é an cás Universal City Studios v. Mulligan (Uimh.1) an t-aon sampla sna húdaráis arna lua don Chúirt a bhaineann le dlíthíocht a bhí go hiomlán sibhialta. Fiú sa chomhthéacs sin, áfach, d'eascair an cheist atá ábhartha anseo ó fheidhmiú chumhachtaí an Gharda Síochána. I gcaingean a bhain le sárú cóipchirt, bhí na gearánaithe ag brath ar fhianaise a bhain le roinnt físeán a ndearna garda iad a ghabháil i gcúrsa cuardaigh ar charr in áit phoiblí. Ba í an fhianaise a thug an garda gur ghníomhaigh sé de bhun barántais arna eisiúint go hiomchuí, ach cailleadh an barántas ina dhiaidh sin agus níorbh fhéidir é a thabhairt ar aird mar fhianaise. Tar éis agóid a bheith déanta in aghaidh dhleathacht an chuardaigh, chinn an Breitheamh Laffoy an cheist ar an mbonn gur cheart é a thoimhdiú go raibh an cuardach neamhdhleathach, ós rud é níorbh fhéidir a chruthú go raibh sé i gcomhréir le téarmaí an bharántais. Ach ghlac sí le fianaise an gharda, áfach, go raibh an barántas i seilbh aige agus gur ghníomhaigh sé le dea-intinn. Ós rud é nach ndearnadh aon cheart bunreachtúil a shárú, bhain sí úsáid as a discréid féin chun an fhianaise a ghlacadh.

85. Is féidir a rá gur sampla díreach é sin d'úsáid a bhaint as discréid chun fianaise arna fáil go neamhdhleathach a ghlacadh. Níl aon rud san fhianaise chun a léiriú gur cheart úsáid a bhaint as an discréid ar bhealach ar bith eile.

86. Bhí an cás Simple Imports v na Coimisinéirí Ioncaim [2000] 2 I.R. 243 ag baint le hábhar áirithe a gabhadh a líomhain na Coimisinéirí Ioncaim go raibh sé mígheanasach nó gáirsiúil. Tógadh an t-ábhar ó áitreabh na cuideachta de bhun barántas arna n-eisiúint faoin Acht

Custam (Comhdhlúthú) 1876 agus faoin Acht Custam agus Máil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1988, lena n-údaraíodh cuardach le haghaidh earraí toirmiscthe de chineál sonraithe. In imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh d'éirigh leis an gcuideachta deimhniú a fháil go raibh na barántais ar neamhní agus nach raibh aon éifeacht dhlíthiúil ag baint leo (ar chúiseanna nach bhfuil i gceist anseo), mar aon le hordú chun an mhaoin a thabhairt ar ais.

87. Tá sé ábhartha go háirithe chun a thabhairt faoi deara, chun críocha an cháis reatha, nach ndearnadh na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh i gcomhthéacs ionchúiseamh coiriúil, agus go ndearnadh an t-ordú chun an mhaoin a thabhairt ar ais go sainráite i bhfianaise na fírice sin, go baileach ós rud é nach ndéanfaí ceist na hinghlacthachta fianaise a chinneadh i dtriail choiriúil. Tá sé soiléir, murab amhlaidh an cás, go mbeadh an triail ina fóram ceart chun an t-ábhar a chinneadh.

88. Agus é ag plé nádúr na cumhachta cuardaigh agus gabhála dúirt an Breitheamh Keane (ag lch. 250):

*Tugtar an ceart do na póilíní agus d'oifigigh eile le barántais chuardaigh, amhail na cinn arna n-eisiúint sa chás reatha, dul isteach i dteaghais nó i réadmhaoin eile saoránaigh, cuardaigh a dhéanamh agus (sa chás reatha) ábhar a bhaint a aimsíonn siad ar an áitreabh agus, i gcúrsa sin a dhéanamh, a leithéid d'fhórsa a úsáid atá riachtanach chun dul isteach agus an cuardach agus an ghabháil a dhéanamh atá údaraithe leis an mbarántas. Sin iad na cumhachtaí nach mór a bheith ar fáil do na póilíní agus d'údaráis eile in imthosca sainithe chun an tsochaí a chosaint, ach ós rud é go dtugtar an t-údarú leo chun ionradh a dhéanamh le fórsa ar réadmhaoin duine, ní foláir nó go mbíonn na cúirteanna i gcónaí imníoch chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha go docht arna bhforchur ag an reachtas sular féidir a leithéid de chumhachtaí a fheidhmiú go bailí."*

89. Rinne sé tagairt do chás clúiteach Entick v Carrington [1765] 2 Wils. 275, nuair a dúirt an Tiarna Príomh-Bhreitheamh Camden:

*"Tá an méid urraime ag ár ndlí do réadmhaoin gach duine, nach féidir le haon duine a chos a chur ar chlós a chomharsan gan a cead; má dhéanann sé sin is treaspásóir é, cé nach ndéanann sé damáiste ar bith; má sheasann sé ar thalamh a chomharsan, ní mór an ceart a bheith aige dó sin faoin dlí..."*

90. Sa chás Kennedy v. An Dlí-Chumann bhí cuntasóir imscrúdaithe ceaptha ag an Dlí-Chumann chun scrúdú a dhéanamh ar chuntais chleachtas an iarratasóra. Bhí cumhacht reachtúil ag an gCumann cruinneas cuntas dlíodóra a imscrúdú, ach trí chuntasóir a cheapadh bhí sé ag tabhairt faoi *"chlár oibre folaigh"* d'fhonn fianaise a aimsiú ar éilimh bhréagacha um dhíobhálacha pearsanta. Ba é ceann de na cinntí sa chás gur imigh an Dlí-Chumann as a bhealach i mbun caimiléireachta chun an cuspóir sin a cheilt,cuspóir

nach raibh aon chumhacht dhlíthiúil aige chun tabhairt faoi. Rinneadh ordú sna himeachtaí ceapachán an chuntasóra a chur ar neamhní.

91. Baineann breithiúnas an Bhreithimh Fennelly i gcás Kennedy v. an Dlí-Chumann (Uimh. 3) [2002] 2IR 458, arna sheachadadh an 20 Nollaig 2001, le hiarmhairtí an toraidh sin, in imthosca nuair a baineadh úsáid as tuarascáil an chuntasóra mar bhonn le himscrúdú ag Coiste an Chiste Cúitimh agus le tarchur chuig an Ard-Chúirt. Áitíodh ar son an dlíodóra, agus é ag brath ar DPP v. Kennedy agus ar na húdaráis roimhe sin, gurbh é an chiall a bhain le cur ar neamhní an cheapacháin nárbh fhéidir an t-ábhar a bhailigh an cuntasóir a úsáid chun críche ar bith eile.

92. Thug an Breitheamh Fennelly faoi deara nach raibh aon údarás ann a phléigh leis an gcás-dlí maidir le fianaise arna fáil agus cearta bunreachtúla á sárú a chur i bhfeidhm le nósanna imeachta riaracháin den chineál seo. Spreagadh an Chúirt i gcás Kenny ag an riachtanas chun riail a ghlacadh a ghníomhódh mar dhíspreagadh de chumhacht imleor i gcoinne mhí-úsáid na gcumhachtaí eisceachtúla dá gcuid ag na póilíní ar féidir leo iad a fheidhmiú agus coireacht á himscrúdú.

*"In imscrúdú ar choireacht, bronntar cumhachtaí fairsinge ar na póilíní leis an dlí, nach mbíonn i seilbh de ghnáth ag binsí smachtaithe nó riaracháin, chun cúngú ar a leithéid de chearta bunúsacha. Ní chuirim an fhéidearthacht as an áireamh maidir lena leithéid de chúrsaí, ag brath ar fhíricí an cháis, go bhféadfadh cur i bhfeidhm na bprionsabal sin a bheith de dhíth i réimse éisteachtaí riaracháin, agus go háirithe, i réimse éisteachtaí smachtaithe. Ach tá sé riachtanach go mbíonn an scóip ina dtiocfadh a leithéid de chúrsaí chun cinn thar a bheith teoranta. Ní thagann siad chun cinn anseo, i mo thuairim féin. Ní raibh sárú na gcumhachtaí reachtúla ina shárú gan tábhacht, ach tharla sé i gcúrsa chur chun feidhme a róil mhaoirseachta ar dhlíodóirí ag comhlacht rialaithe na gairme. Ní féidir aon chomparáid a dhéanamh le coinneáil neamhdhleathach agus dá bhrí sin mhíbhunreachtúil duine faoi amhras nó le cuardach gan údarú ar a phearsa nó ar a theaghais. Ní dhearna an t-iarratasóir aon cheart bunreachtúil dá chuid a shainaithint a gcuireadh isteach air ag an imscrúdú.*

*Dírím anois ar an neamhdhleathacht a bhaineann leis an imscrúdú. Maidir leis sin tá sé níos éasca áit a aimsiú do chur i bhfeidhm na tástála cothromaithe arna moladh ag an mBreitheamh Kingsmill Moore. Chuir sé béim ar an ngá chun aird a thabhairt ar na himthosca uile. Bhí leas an phobail á bhreithniú aige go bunúsach, áfach, díreach mar a bhí an Príomh-Bhreitheamh Finlay ag breithniú sa chás An Pobal (An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v. Kenny [1990] 2 I.R. 110.*

*An raibh a leithéid d'imthosca neamhdhleathachta ag baint le fáil na fianaise, agus a hinghlacthacht i*

*gceist anseo, ionas go mbeadh sé doshamhlaithe chun t-údarás a cheadú í a úsáid? Tugtar le fios leis na ceisteanna a chuir an Breitheamh Kingsmill Moore air féin nach mór cás go measartha tromchúiseach de neamhdhleathacht d'aon ghnó a dhearbhú. Aontaím nach mór gné de mhí-iompar d'aon ghnó agus feasach a thaispeáint, sula mbeadh sé riachtanach fianaise a chur as an áireamh. Ní féidir rud atá ar eolas cheana a dhéanamh anaithnid. Ba cheart go mbeadh na cúirteanna cúramach maidir le haon riail eisiatach mheicniúil a ghlacadh lena n-éascaítear binsí smachtaithe a chosc as ábhar ábhartha agus profach a ghlacadh agus a éisteacht. Ba cheart cothromaíocht a dhéanamh idir cearta daoine aonair agus na comhlachtaí gairmiúla dá sanntar an tasc de mhaoirseacht a dhéanamh ar a n-iompar ionas go gcuirtear teannadh le dá cheist éagsúla; sa chéad dul síos, ba cheart nach gcuirfí bac míchuí leis an tástáil arna glacadh ar chomhlachtaí den chineál sin as a ndualgas a chur chun feidhme chun an pobal a chosaint ar mhí-iompar gairmiúil; ar an dara dul síos, ba cheart go mbeadh baill de chomhlacht gairmiúil cosanta ar a leithéid de mhí-úsáid shoiléir cumhachta trína ndéanfaí éagothrom é go nglacfaí leis an bhfianaise arna bailiú mar thoradh air sin."*

93. Chuir an Chúirt cinneadh Choiste an Chiste Cúiteamh ar neamhní a bhí bunaithe ar an tuarascáil neamhúdaraithe. Cé gur chuir an Príomh-Bhreitheamh Fennelly béim ar an bhfíric nár cuireadh aon bhac ar an gCoiste leis an ordú a bhí á dhéanamh as cinneadh nua a dhéanamh bunaithe ar fhianaise arna bailiú go ceart, ní bheadh an Dlí-Chumann in ann bheith ag brath ar fhianaise ar phróiseáil éileamh bréagach.

94. I gcás Creaven agus daoine eile v. an Biúró um Shócmhainní Coiriúla [2004] 4 IR 434 tháinig an tsaincheist chun cinn i gcomhthéacs na bhforálacha reachtúla a bhaineann le comhoibriú idirnáisiúnta in imscrúduithe coiriúla. Rinneadh agóid in aghaidh bhailíocht barántas cuardaigh as a mbaineadh úsáid chun críocha taifid a aimsiú a bhain le calaois CBL a bhí á himscrúdú sa Ríocht Aontaithe. Fuair an Biúró orduithe lena ndearnadh cuntais bhainc ábhartha a reo, agus moladh é freisin doiciméid eile a thabhairt de láimh a gabhadh sna cuardaigh do na húdaráis imscrúdaithe sa Ríocht Aontaithe. Dá bhrí sin, mar a bhí ann i gcás Simple Imports, ba é an tsaincheist dhlíthiúil an t-éileamh a rinneadh go dtabharfaí na hearraí ar ais.

95. Agus plé á dhéanamh aige ar an gcumhacht arna feidhmiú ag an mbreitheamh a d'eisigh an barántas luaigh an Breitheamh Fennelly Simple Imports agus an tagairt sa chás sin do Entick v Carrington. Mheas sé gur tugadh aitheantas sainráite sa Bhunreacht do phrionsabal an dlí choitinn a bhí i gceist, a dheonaigh cosaint ar chuardaigh agus ar ghabhálacha gan údarú ní amháin ar theaghais gach

saoránaigh ach ar mhaoin phríobháideach gach duine.

96. Tar éis di cinneadh a dhéanamh ar fhíricí an cháis nach mór na barántais a chur ar neamhní, rialaigh an Chúirt faoi dheireadh gur cheart na doiciméid a gabhadh a thabhairt ar ais do na "*húinéirí fíora*."

97. Bhain cinneadh an Bhreithimh McKechnie i gcás an tÚdarás Iomaíochta v. Cumann Fiaclóireachta na hÉireann le barántas as a mbaineadh úsáid in imscrúdú ar ghníomhaíochtaí frithiomaíocha a bhí líomhnaithe. Bhí sé soiléir go raibh cuid feidhme an bharántais fabhtach sa dóigh is gur údaraíodh cuardach leis ar fhianaise a bhain le díol agus le dáileadh mótarfheithiclí. In imeachtaí a thionscain an tÚdarás chun faoiseamh dearbhaitheach agus urghaire a iarraidh i gcoinne an Chumainn, ba é chuid den aighneacht a rinneadh ar son an Údaráis gurbh imeachtaí sibhialta iad sin agus nárbh mhór teorann láidir a chur le hinfheidhmeacht na rialach eisiataí.

98. D'aontaigh an Breitheamh McKechnie gur tháinig an tsaincheist chun cinn maidir le déileáil le fianaise arna fáil agus an dlí á shárú ar dtús i gcásanna coiriúla. Ach tháinig sé chun cinn, áfach, in imeachtaí sibhialta amhail Universal Studios agus Kennedy. Thug sé aitheantas freisin do leas mór an phobail i ndlí na rialála agus i ndlí na hiomaíochta. D'aithin sé Kennedy v. an Dlí-Chumann, agus mheas sé gur cheart caitheamh le cód na hiomaíochta amhail is go raibh sé ina chatagóir féin agus nach raibh sé cosúil leis na himeachtaí i mbinse smachtaithe nó riaracháin. Bhí difríochtaí breise le fáil san fhíric go bhféadfadh cúiseanna coiriúla a bheith ina dtoradh ar na cumhachtaí imscrúdaithe a bhí i seilbh an Údaráis, agus go ndearnadh cearta bunreachtúla an Chumainn a shárú. Agus na prionsabail i gcás DPP v. Kennedy á gcur i bhfeidhm aige, mhothaigh sé nach raibh aon discréid aige chun an fhianaise a ghlacadh.

99. Phléigh an Chúirt Achomharc na hiarmhairtí ionchasacha a bhaineann le cuardach neamhdhleathach i gcomhthéacs imeachtaí féimheachta sa chás McFeeley v. Sannaí Oifigiúil [2017] IECA 21. Chuaigh an Sannaí Oifigiúil isteach in áitreabh gnó, gan bharántas iomchuí, i bhfoirgneamh a bhí faoi úinéireacht an achomharcóra ach a bhí ar léas uaidh ag cuideachta. Ar bhonn fhíricí an cháis chinn an Chúirt Achomhairc nach ndearnadh aon sárú ar chearta maoine bunreachtúla an achomharcóra. Ach ag mír 30 den bhreithiúnas dá chuid, áfach, dúirt an Breitheamh Peart:

*"Chuirfinn an pointe i dtábhacht, áfach - mar atá léirithe ag cásanna amhail Simple Imports agus an tÚdarás Iomaíochta v Cumann Fiaclóireachta na hÉireann [[2005] 3 I.R. 208] - gur ábhar thar a bheith tromchúiseach i gcónaí é eadhon dul isteach neamhdhleathach ar áitreabh gnó ag gníomhairí an Stáit agus níor cheart aon rud sa*

*bhreithiúnas seo a thuiscint mar mhaolú an bhunphrionsabail sin, agus é ina chloch choirnéil ar a bhfuil saoirse phearsanta agus riail an dlí bunaithe. Is ábhar thar a bheith tromchúiseach go háirithe é, ina theannta sin, dul isteach ar áitreabh gnó dá leithéid ag gníomhaire bhrainse breithiúnach an rialtais amhail an Sannaí Oifigiúil, ós rud é go ndearna gach breitheamh dearbhú sollúnta de bhun Airteagal 34.6.1 den Bhunreacht chun an Bhunreacht agus an dlí a chaomhnú. Dá bhrí sin, dá rachadh an Sannaí Oifigiúil isteach go neamhdhleathach ar áitreabh gnó a bhí áitithe ag an duine féimheach - seachas ar an áitreabh nach raibh sé ach ina léasóir frithdhílse ina leith - ansin bheadh breithnithe go measartha éagsúil i gceist.*

100. Is féidir dhá chinneadh eile na cúirte seo le déanaí a lua go hachomair a bhaineann le hAirteagal 40.5 den Bhunreacht. I gcás Comhairle Contae na Mí v. Murray [2017] IESC 25, dhiúltaigh an Chúirt an aighneacht go bhféadfadh Airteagal 40.5 cosc a chur ar údarás pleanála as ordú a fháil de bhun alt 160 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, lena n-éilítear ar fhorbróir forbraíochta neamhúdaraithe í a leagan. I mbreithiúnas an Bhreithimh McKechnie pléitear an cinneadh chun éifeachta contráilte sa chás Comhairle Contae Chill Mhantáin v. Fortune (Uimh.1) [2012] IEHC 406, nuair a chinn an Breitheamh Hogan go n-éilítear leis an mBunreacht go dtaispeánann an t-údarás pleanála go hoibiachtúil agus go héifeachtach an gá le leagan na teaghaise Bhunaigh sé an rialú sin den chuid is mó ar réasúnaíocht an chinnidh i gcás Damache. Bhí an Breitheamh McKechnie (lenar n-aontaigh baill eile na Cúirte) *"sásta gan cheist le glacadh"* ní raibh cosaint na teaghaise a bhronntar ag Airteagal 40.5 teoranta leis an dlí coiriúil nó lena gcúrsaí nós imeachta thart air. Cé go bhféadfadh an fhíric go raibh an fhorbraíocht neamhúdaraithe ina teaghais, i gcomhthéacs an chóid phleanála, ina fachtóir i bhfeidhmiú dhiscréid na cúirte, níorbh fhéidir é a bheith imleor ina haonar chun cur ina luí ar chúirt chun ordú leagain a dhiúltú.

101. I gcomhthéacs difriúil, bhreithnigh an Chúirt i gcás Moore v. Comhairle Contae Rath an Dúin/Dhún Laoghaire [2016] IESC 70 an faoiseamh ceart le deonú i gcás díshealbhú neamhdhleathach. Fuair an t-údarás tithíochta go neamhdhleathach ordú ón gCúirt Dúiche le haghaidh sealbhaithe. Ní dhearna sé iarracht an t-ordú a fhorfheidhmiú, áfach, le haghaidh tréimhse i bhfad níos faide na an tréimhse sé mhí a bhí ceadaithe ag rialacha na Cúirte Dúiche. Ag an bpointe sin bhí dualgas air teacht ar ais chun na Cúirte, tar éis fógra a thabhairt do na tionóntaí, chun iarratas a dhéanamh ar bharántas sealbhaithe. Ina ionad sin, d'aimsigh sé an barántas tríd an tseift shimplí de scríobh chuig cléireach na cúirte agus é a iarraidh. Ansin rinne an Sirriam na tionóntaí a dhíshealbhú. Cé gur cinneadh san Ard-Chúirt go raibh an nós imeachta sin neamhdhleathach, chonacthas cúrsaí mar chás ina raibh feidhmiú

discréide, agus cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta, de dhíth. Diúltaíodh faoiseamh.

102. Ar achomharc, cinneadh, i mbreithiúnas comhpháirteach arna thabhairt ag na Breithiúna Clarke, Laffoy agus O'Malley, go ndearnadh sárú ar chearta an achomharcóra faoi Airteagal 40.5 (agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine). Baineadh a baile den achomharcóir ar shlí eile seachas i gcomhréir leis an dlí, agus ar ndóigh ar shlí a bhí neamhdhleathach go bunúsach. Ós rud é nár soláthraíodh aon mhíniú don Chúirt maidir leis an nós imeachta a glacadh, níor tháinig aon saincheist chun cinn go ceart maidir le cé acu arbh fhéidir nó nárbh fhéidir an t-údarás tithíochta a scaoileadh ó na hiarmhairtí a bhain le neamhbhailíocht an bharántais. San himthosca bheadh fachtóir frithchúitimh thar a bheith suntasach de dhíth sula mbeadh sé iomchuí chun faoiseamh a dhiúltú. Is é riail an dlí an rud bhí i mbaol.

*"In éagmais fachtóir frithchúitimh suntasach níor cheart go mbeadh údarás áitiúil, a fhaigheann barántas sealbhaithe ar dhóigh atá mírialta go bunúsach, in ann an tairbhe a bhaineann leis a choimeád agus níor cheart go mbeadh duine a ndeonaítear a leithéid de bharántas sealbhaithe ina choinne faoi mhíbhuntáiste."*

103. Dá mbeadh sé iomchuí sna himthosca, bhreithneodh an Chúirt ordú a dhéanamh arna dhearadh chun an t-achomharcóir a chur ar ais ina baile. Ach ag féachaint d'imeacht an ama, d'athruithe in imthosca an achomharcóra agus do chur isteach ionchasach ar chearta tríú páirtithe, áfach, níor tugadh faoin gcúrsa sin. Léiríodh go mbreithneofaí faoiseamh dearbhaitheach agus dámhachtain damáistí. Ansin tháinig na páirtithe ar a socrú féin.

104. Faoi dheireadh, is féidir a thabhairt faoi deara, i gcás CRH plc v. an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí [2017] IESC 34, gur deonaíodh faoiseamh urghaire chun sárú ionchasach príobháideachta a shrianadh maidir le hábhar a gabhadh go neamhdhleathach faoi bharántas ag an gCoimisiún. D'áitigh na gearánaithe go raibh cuid mhór den ábhar príobháideach, rúnda nó neamhábhartha do chuspóirí an chuardaigh. Ghlac an Coimisiún nach mbeadh sé uile ábhartha ach d'áitigh sé go raibh teidlíocht aige é go léir a scrúdú. Rinneadh scrúdú a chosc leis an ordú seachas i gcomhréir leis an dlí.

**Údaráis a bhaineann go sainiúil leis an Acht um Fháltais ó Choireacht**

105. Rinneadh agóid in aghaidh bhunreachtúlacht an Achta i gcás Gilligan v. an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (tuairiscítear breithiúnas na hArd-Chúirte ag [1998] 3 IR 185; le haghaidh na Cúirte Uachtaraí féach Murphy v. G.M. agus daoine eile [2001] 4 IR 113 áit a bpléitear le Gilligan sa bhreithiúnas céanna). Is é ceann amháin de na conspóidí príomhúla a rinneadh ar son an ghearánaí go raibh na himeachtaí

faoin acht coiriúil ina nádúr, go bunúsach. Líomhnaíodh go raibh an tAcht míbhunreachtúil mar theip air an ceart ar thriail chóir agus ar nósanna imeachta córa a chosaint trí thoimhde a dhéanamh, gan chúis, gan triail, nó gan chiontú, go raibh cion coiriúil ann agus trí éileamh ar an duine lena mbaineann chun a chruthú nach raibh sé ina choirpeach agus nach ionann a chuid sócmhainní agus fáltais ó choireacht.

106. Ba é sa chomhthéacs sin, tar éis cinneadh na Cúirte seo i gcás Melling v O Mathghamhna [1962] I.R. 1 a bhreithniú go mion, go ndearna an Breitheamh McGuinness tagairt ag lch. 217 den tuarascáil d'argóint an abhcóide do chosantóirí an Stáit go raibh imeachtaí faoin Acht, i ndáiríre, ina n-imeachtaí *in rem* seachas imeachtaí *in personam*. Ach rinneadh go soiléir é láithreach, gur mheas an Breitheamh McGuinness go raibh gnéithe eile níos tábhachtaí don chinneadh nach raibh na himeachtaí ina n-imeachtaí coiriúla - is é sin, nach raibh gabháil, cur siar faoi choimeád nó faoi bhannaí, ná aon phionós fíneála nó príosúnachta i gceist ar chor ar bith. Ní eascraíonn aon rud sa chuid eile den bhreithiúnas ón tréithriú *in rem*, a bpléitear leis níos mionsonraithe i mbreithiúnas na Cúirte Uachtaraí.

107. San achomharc, díríodh an argóint ar son an achomharcóra i dtaca leis an tsaincheist bhunreachtúil arís ar an áitiú go raibh na himeachtaí ina n-imeachtaí coiriúla ina nádúr. Agus é ag tabhairt bhreithiúnas na Cúirte (ag tosú ag lch. 131 den tuarascáil), thosaigh an Príomh-Bhreitheamh agus é ag tabhairt faoi deara gur áiríodh le toimhde na bunreachtúlachta a bhaineann leis an Acht an toimhde go gcuirfí aon imeachtaí nó nósanna imeachta faoin Acht chun feidhme i gcomhréir le prionsabail an cheartais bhunreachtúil agus go ndéanfadh na cúirteanna aon imeacht ó na prionsabail sin a shrianadh nó a cheartú. Níba dhéanaí sa bhreithiúnas, agus í ag plé le hargóint go raibh an tAcht chomh leathan ina raon feidhme ionas gurb ionann é agus séanadh freagrachta reachtaí, dúirt an Chúirt cé go raibh an chumhacht chun faoiseamh a shíneadh nuair a bhí *"riosca tromchúiseach don cheartas ann"* leathan ina raon feidhme gan amhras,

*"...ní féidir sin a dhéanamh ach chun na daoine aonair a éascú a bhféadfaí tionchar a imirt ar a gcearta agus bheadh dualgas ar an gcúirt, agus na forálacha sin á bhfeidhmiú aici, gníomhú i gcomhréir le riachtanais an cheartais bhunreachtúil agus nádúrtha."*

108. Ghlac an Chúirt leis más é an cás gurb ionann na nósanna imeachta faoi ailt 2, 3 agus 4 den Acht agus triail choiriúil go mbeadh siad neamhbhailí ag féachaint d'fhorálacha na Bunreachta, agus easpa beagnach iomlán thoimhde na neamhchiontachta, an caighdeán cruthúnais infheidhme agus inghlacthacht na fianaise chlostráchta á dtabhairt san

áireamh. Ach chinn an Chúirt roimhe sin, áfach, sa chás an tArd-Aighne v. Southern Industrial Trust (1957) 94 I.L.T.R. 161, nach raibh imeachtaí forghéillte, nach raibh aon duine á dhéanamh inchúisithe maidir le cion coiriúil iontu, ina n-imeachtaí coiriúla. Ar an gcoinníoll go raibh na coinníollacha arna bhforchur ag Acht 1996 á gcomhlíonadh, d'fhéadfaí an mhaoin a fhorghéilleadh gan an ceanglas chun aon éagóir a thaispeáint ar thaobh an duine a raibh an mhaoin ina seilbh nó faoina rialú, fiú má bhí an duine sin aineolach go follasach ar an ngníomhaíocht choiriúil, ach amháin má cruthaíodh riosca tromchúiseach éagóra.

109. Níor iarradh ar an gCúirt i gcás Murphy v. G.M. chun an cinneadh i gcás Southern Industrial Trust a athbhreithniú. Thug an Príomh-Bhreitheamh Keane faoi deara, fiú dá ndéanfadh sí sin, nach mbeadh sé sin ina chuidiú leis na hachomharcóirí.

*"Ní dhéantar agóid leis an tsaincheist sa chás reatha in aghaidh ceart bailí bunreachtúil ar mhaoin. Baineann sé le ceart an Stáit maoin a ghabhail, nó le ceart saoránaigh cur in aghaidh an Stáit sa ghabháil sin, a chruthaítear ar chothrom the ndóchúlachtaí gurb ionann í agus fáltais ó choireacht. Go hiondúil ní ionann a leithéid de fhorghéilleadh agus pionós agus ní theastaíonn nósanna imeachta coiriúla chun é a fheidhmiú. Ní foláir nó go mbíonn feidhmiú a leithéid de reachtaíocht íogair maidir le cearta maoine iarbhír agus cearta eile na saoránach ach i bprionsabal, agus faoi réir, gan amhras, ag fadhbanna speisialta a d'fhéadfadh eascairt i gcásanna áirithe, ní féidir aon ghearán bunreachtúil a bheith ag duine i seilbh fáltas ó choireacht má bhaintear a n-úsáid de."*

110. Scrúdaigh an Breitheamh Keane údaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá go mion agus fuair sé tacaíocht shuntasach iontu dá chinneadh go raibh nósanna imeachta *in rem* le haghaidh maoin a fhorghéilleadh ina n-imeachtaí sibhialta ina nádúr. Thug sé faoi deara gur cáineadh an dóigh a mbraitear go leanúnach ar an bhficsean dlíthiúil *in rem,* a measadh gurbh ionann an mhaoin í féin agus an cosantóir dá réir sin, i mbreithiúnas easaontach an Bhreithimh Stevens sa chás Stáit Aontaithe Mheiriceá v. Ursery 518 U.S. 267 (1996) agus an Teach na dTiarnaí sa chás Poblacht na hIndia v. India Steamship Company Ltd (No.2) [1998] AC 878, agus dúirt sé (ag lch. 153):

*"B'fhéidir, mar a chuir Holmes in iúl i The Common Law, go bhforbródh prionsabail den nádúr sin ar bhonn éagsúil óna mbunús i ré stairiúil dhifriúil agus go mbeadh a mbonn cirt acu anois i mbreithnithe ar bheartas poiblí nó ar leas an phobail. Is leor le rá, áfach, go léirítear go soiléir áit dhaingean na bprionsabal maidir le forghéilleadh sibhialta inár ndlí agus a dteacht le chéile leis an mBunreacht i gcinntí sa chás An tArd-Aighne v. Southern Industrial Trust Ltd (1957) 94 I.L.T.R.*

*161 agus i gcás* McLoughlin v. Tuite [1989] I.R. (82).”

111. Breithneoidh mé staid reatha údaráis SAM go hachomair thíos.

112. I gcás CAB v Kelly [2012] IESC 64 ba í an tsaincheist lárnach cé acu arbh fhéidir nó nárbh fhéidir ordú a dhéanamh faoin Acht i dtaca le baile teaghlaigh, a raibh sé líomhnaithe gurbh ionann é agus fáltas ó choireacht, arna áitiú ag céile agus teaghlach an duine lena mbaineann. Bhí an céile ag brath inter alia ar easpa aon líomhna de choiriúlacht ina coinne; ar an bhfíric go raibh sí fostaithe agus go raibh a hioncam féin aici; ar an bhfíric go raibh sí ina húinéir tairbhiúil de 50% den teach. Agus é ag athlua fhocail an Phríomh-Bhreithimh Keane, dúirt an Breitheamh MacMenamin:

*“32 I ngach cás, ní foláir nó go mbíonn na cúirteanna íogair maidir le cearta maoine iarbhír agus cearta eile saoránach a thagann chun cinn. Ach, mar a cuireadh in iúl, arís agus arís eile, ní féidir aon ghearán bunreachtúil a bheith ag duine nó ag daoine atá i seilbh fáltas ó choireacht ar bhonn díreach nó indíreach má bhaintear á n-úsáid de nó díobh...Baineann gné láidir an bheartais phoiblí leis an reachtaíocht sin. Is é cuspóir an bheartais sin chun a áirithiú nach mbaineann daoine tairbhe as sócmhainní a fuarthas le fáltais ó choireacht beag beann ar cé acu arbh eol nó nárbh eol don duine a bhaineann an tairbhe astu iarbhír conas a fuarthas a leithéid de réadmhaoin le fáltais ó choireacht ach ag brath ar cé acu an bhféadfadh sé nó nach bhféadfadh sé go raibh an duine sin ina cheannaitheoir bona fide ar bhonn luacha, áit ina bhféadfadh breithnithe éagsúla a theacht chun cinn*

*.*

*33. Déantar foráil san Acht go gcloítear le nósanna imeachta córa. Ní féidir cuma treallach a bheith air. Tá sé deartha chun cuspóir sóisialta a bhaint amach agus chun a bheith comhréireach. Ní féidir a rá go gcuireann sé isteach ar an gceart ar réadmhaoin phríobháideach, mar fuarthas an réadmhaoin go neamhdhleathach.”*

113. B’ábhar an t-éileamh ar leas tairbhiúil sa teach a rabhthas in ann tábhacht a cheangal leis, ach ar fhianaise an cháis bhí breithnithe frithchúitimh ann. Rinneadh an dearbhú maidir le leas na mná céile in imeachtaí an dlí teaghlaigh nár cuireadh ina n-éadan arna dtionscnamh, de réir cosúlachta, mar gheall ar imeachtaí an Bhiúró é féin. Níorbh fhéidir réadmhaoin a ceannaíodh le fáltais ó choireacht a aistriú go céile ar an mbealach sin go simplí mar mheáin chun cuspóirí dlisteanacha na reachtaíochta a dhiúltú.

Suíomh Stáit Aontaithe Mheiriceá

114. Pléadh go mion sa bhreithiúnas i gcás Murphy v. G.M., mar atá luaite thuas, údaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtaca le forghéilleadh sibhialta, agus tagairt á déanamh go háirithe do chinntí Chúirt Uachtarach Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcás Calero-Toledo v.

Pearson Yacht Leasing Co. 416 U.S. 663 (1974) agus Stáit Aontaithe Mheiriceá v. Ursery 518 U.S. 267 (1996).

115. Go hachomair, dealraíonn sé gurb é an suíomh mar a leanas: Tuillfidh forghéilleadh in imeachtaí coiriúla nó gar-choiriúla cosaint na rialach eisiataí (One 1958 Plymouth Sedan v. Pennsylvania 380 U.S. 693 (1965)). Ach tá foráil reachtúil curtha i bhfeidhm ag an gcuid is mó de na Stáit maidir le forghéilleadh sibhialta. Mar a thug an Príomh-Bhreitheamh Keane faoi deara, ba í an chiall a bhain le tréithriú imeachtaí faoina leithéid d'fhorálacha mar imeachtaí *in rem* nach raibh na cosaintí arna n-éileamh leis an mBunreacht maidir le himeachtaí coiriúla infheidhme. Maidir leis sin rinne sé tagairt do Calero-Toledo v. Pearson Yacht Leasing Company (a ndearbhaíodh leis nach raibh neamhchiontacht an úinéara ina cosaint ar fhorghéilleadh ruda arna úsáid chun coir a dhéanamh) agus Stáit Aontaithe Mheiriceá v. Ursery (1996) (a ndeimhníodh leis nár chuir an riail um chontúirt dhúbailte cosc ar chaingne coiriúla agus imeachtaí forghéillte shibhialta comhthreomhara, ós rud é nach raibh forghéilleadh ina phionós - is é sin, níor bhain sé saoirse ná maoin arna fáil go dleathach de dhuine).

116. I gcás Ursery, tar éis tagairt a dhéanamh do stair fhada na reachtaíochta lena n-údaraítear caingne forghéillte shibhialta *in rem* agus ionchúisimh choiriúla go comhthreomhar, luaigh an Príomh-Bhreitheamh Rehnquist an sliocht a leanas ó chás Various Items of Personal Property v. Stáit Aontaithe Mheiriceá 282 US 577 (1931):-

*"Is imeacht in rem é...an t-imeacht forghéillte seo. Is í an mhaoin a ndéantar an t-imeacht ina héadan, agus, trí dhul i muinín ficsean dlíthiúil, a chinntear ciontach agus a dhaortar amhail is go raibh sí comhfhiosach in ionad a bheith neamhbheo agus neamh-mhothaitheach. In ionchúiseamh coiriúil is é an ciontóir go pearsanta a ndéantar an t-imeacht ina éadan, a chiontaítear agus a phionósaítear. Níl an forghéilleadh ina chuid ar chor ar bith den phionós as an gcion coiriúil..."*

117. B'fhéidir go bhfuil an dearcadh ar an tsaincheist sin ag athrú sna Stáit Aontaithe, áfach. Tá sé suimiúil ráiteas a rinne an Breitheamh Thomas a thabhairt faoi deara a chuaigh le diúltú le déanaí d'eascaire *certiorari* ag Cúirt Uachtarach Stáit Aontaithe Mheiriceá sa chás Leonard v. Texas 580 U.S. (2017). Bhain an cás le méid mór airgid a fuarthas i gcarr. D'áitigh máthair an tiománaí gur léi an t-airgead agus gur fáltais ó dhíol tí é. Ach in imeachtaí forghéillte shibhialta, áfach, ghlac an chúirt trialach leis, *"ar thromlach na fianaise"*, go raibh sé ag baint le díolacháin drugaí choiriúla. Rinne an mháthair iarracht an argóint a dhéanamh go raibh na nósanna imeacht forghéillte míbhunreachtúil agus gur éilíodh ar an Stáit leis an gClásal Próise Cuí chun a chás a chruthú le fianaise shoiléir agus

inchreidte seachas le tromlach na fianaise. Diúltaíodh an achainí, mar níor ardaigh sí an argóint sna cúirteanna íochtaracha. Ach cuirtear buarthaí soiléire in iúl, áfach, leis an ráiteas tionlacain, maidir leis an nós imeacht forghéillte mar a oibrítear é i roinnt de na stáit.

118. Dúirt an Breitheamh Thomas go raibh sé *"soiléir"* gur dearadh reachtanna forghéillte shibhialta na linne seo, i bpáirt ar a laghad, chun úinéir maoine arna húsáid chun críocha coiriúla a phionósú. Ceadaíodh stáit le dlí-eolaíocht na Cúirte Uachtaraí, áfach, imeachtaí a thionscnamh trí bhíthin ionchúisimh choiriúla agus forghéilleadh sibhialta araon. Go minic cuireadh ar chumas an Rialtais le himeachtaí *in rem* an mhaoin a ghabháil gan aon phróiseas breithiúnach réamh-dhíothaithe agus chun forghéilleadh na maoine a fháil fiú nuair a bhí an t-úinéir neamhchiontach, gan na cosaintí a bhaineann le hionchúisimh choiriúla. Mar thoradh i bpáirt ar an gcóras dlíthiúil ar leith sin, le fiche nó tríocha bliain anuas d'éirigh forghéilleadh sibhialta *"forleathan agus an-bhrabúsach"* agus bhí "mí-úsáidí uafásacha ar a raibh go leor cuntas" ina dtoradh air. Cuirtear roinnt samplaí doiciméadaithe den mhí-úsáid ar fáil, a bheadh ina gcúis imní go cinnte.

119. Cuirtear síos go hachomair ar na cúiseanna stairiúla le *"caitheamh bunreachtúil uathúil"* le forghéilleadh sibhialta mar rud a tháinig as dlí Shasana a bhí i réim nuair a bunaíodh Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ghlac an Stát nua le dlíthe a chuir longa faoi fhorghéilleadh a raibh baint acu le cionta custaim nó le píoráideacht. Ceadaíodh an rialtas leis an gcoincheap *"in rem"* dul ar aghaidh amhail is go raibh an rud é féin, seachas an t-úinéir, ciontach i gcoir.

120. Luaigh an Breitheamh Thomas go n-éileofaí ar an gCúirt leis an mBunreacht *"de réir cosúlachta"*, in éagmais a leithéid de chúiseanna, an teagasc ar leith lena rialaítear forghéilleadh sibhialta a chomhfhogasú lena teagaisc lena rialaítear foirmeacha eile de ghníomhaíocht phionósach an stáit agus de dhíothú maoine. Rinne sé tagairt do Bennis v Michigan 516 U.S. 442 (1996), nuair a mhol sé go bhféadfadh duine nach raibh eolach ar an stair maidir le dlíthe forghéillte *"a thoimhdiú, agus údar aige, go bhfuil a leithéid de scéim mídhleathach - sárú ar phróis chuí"*, agus cheistigh sé cé acu arbh fhéidir nó nárbh fhéidir bonn cirt a sholáthar leis an gcleachtas stairiúil maidir le forghéilleadh *in rem* don chleachtas leathan nua-aimseartha.

**Conclúidí**

121. Ag féachaint do raon na n-údarás Éireannach arna lua thuas, feictear dom go bhfuil sé soiléir nach riail neamhspleách í an riail eisiatach a forbraíodh nó atá ann chun leasa cosantóirí amháin in imeachtaí coiriúla nó sibhialta. Cé go bhfuil sí de thionscnamh i gcomhthéacs triail choiriúil (O'Brien), is é an cuspóir níos leithne a bhaineann léi chun cearta agus luachanna bunreachtúla tábhachtacha a chosaint.

Chonacthas, ag amanna éagsúla agus iad ag plé le saincheisteanna éagsúla, gur chuir breithiúna aonair béim, a bheag nó a mhór, ar ghnéithe áirithe na gceart agus na luachanna sin. Ach is iad na téamaí coitianta ionracas i riar an chirt, an gá chun gníomhaithe an Stáit a spreagadh chun cloí leis an dlí nó iad a dhíspreagadh ó é a bhriseadh, agus an dualgas bunreachtúil chun cearta daoine aonair a chosaint agus a dheimhniú. Is coincheapa iad sin atá an-tábhachtach ó thaobh na bunreachta de. Chonacthas gur leor gach ceann ar leith acu, nó comhcheangal díobh, chun prionsabal a bhunú lena bhfuiltear in ann an tairbhe a dhiúltú don Stát nó do na gníomhaithe dá chuid a thagann ó shárú ceart a dhéantar i gcúrsa fheidhmiú cumhachta comhéigní dlíthiúla.

122. Níl na cearta agus luachanna sin teoranta le trialacha coiriúla agus níl an tionchar a bhaineann leo teoranta le fianaise a chur as an áireamh. Cinneadh go raibh na prionsabail bunúsacha infheidhme i bhfiosrúcháin Airteagal 40.4 (An Stát (Quinn) v. Ryan agus Trimbole); in imeachtaí eiseachadta (ditto); in imeachtaí sibhialta idir páirtithe príobháideacha nuair a úsáideadh cumhacht chomhéigneach an Stáit agus cearta daoine aonair á sárú (Universal City Studios); in imeachtaí sibhialta arna dtionscnamh ag an duine aonair lena mbaineann a bhí ag iarraidh maoin a fháil ar ais a gabhadh ag gníomhaithe an Stáit (Simple Imports, Creaven); in imeachtaí sibhialta arna nglacadh chun cearta príobháideachta a chosaint in ábhar gafa (CRH); agus in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh lena ndearnadh agóid in aghaidh díshealbhú neamhdhleathach ag údarás tithíochta (Moore). Cinneadh go raibh siad ábhartha freisin, bíodh go raibh sé ar shlí níos lú, in imeachtaí sibhialta a bhain le binsí smachtaithe nó riaracháin (Kennedy v an Dlí-Chumann); agus ar shlí níos lú arís in imeachtaí forfheidhmithe pleanála (Comhairle Contae na Mí v Murray). Níor fhíoraítear an moladh le húdarás nach bhfuil na prionsabail infheidhme ach amháin maidir le fianaise a bhfuiltear ag iarraidh í a úsáid i gcoinne an duine aonair.

123. Is í an cheist mar sin de cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon rud ann a bhaineann le himeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht lena ndéantar na prionsabail bhunúsacha sin neamh-infheidhme sa chomhthéacs seo. Braitheann an Biúró ar thréithriú na n-imeachtaí sin mar imeachtaí *in rem* seachas imeachtaí *in personam,* agus tá sé fíor gurb í an tsaincheist sa chás foinse na maoine. Ach tá sé soiléir, áfach, ón anailís i gcás Murphy v G.M. gur bhain tábhacht an tréithrithe sin leis an díospóireacht maidir le cé acu an raibh nó nach raibh na himeachtaí ina n-imeachtaí coiriúla nó sibhialta. Ba é argóint an ghearánaí gurbh imeachtaí coiriúla na himeachtaí go bunúsach, agus dá bhrí sin go raibh an reacht míbhunreachtúil mar níor soláthraíodh cosaintí leis a bhí riachtanach de réir na Bunreachta maidir le toimhde na

neamhchiontachta, cruthúnas ar *mens rea* agus dualgas agus caighdeán cruthúnais. Chinn an Chúirt seo nach raibh na cosaintí sin ríthábhachtach ach amháin i dtrialacha coiriúla agus, ag féachaint do na húdaráis maidir le forghéilleadh, nárbh imeachtaí coiriúla na himeachtaí. Ní raibh duine á dhéanamh inchúisithe as cion coiriúil. Ní raibh sé molta leis gurbh í an chiall leis an gconclúid sin nach raibh tionchar ar bith ag aon chearta bunreachtúla eile - os a choinne sin, soiléirítear leis an mbreithiúnas (arna athlua ar an bpointe sin i gcás CAB v. Kelly) nach mó an reachtaíocht a fheidhmiú ag féachaint do *"chearta maoine agus cearta eile na saoránach."*

124. I gcás Gilligan agus i gcás G.M. cuireadh an tAcht um Fháltais 1996 ó Choireacht faoi agóidí bunreachtúla forleathana. Tháinig sé slán as na hagóidí sin i bpáirt ós rud é gur baineadh mí-bhrí as an tréithriú de na himeachtaí dá chuid mar imeachtaí coiriúla, agus chomh maith leis sin ós rud é go ndéantar foráil san Acht do nósanna imeachta córa agus, mar líontán sábhála, bronntar an chumhacht leis ar an gcúirt chun ordú a dhiúltú nuair atá riosca tromchúiseach éagóra ann. I mo thuairimse, níor smaoiníodh air i gcúrsa na hagóide sin gurbh í an chiall leis an aicmiú *in rem* ar fhorghéilleadh go dtarlódh sárú ceart bunreachtúil in imeachtaí faoin Acht gan aon fhreagairt ar thaobh na Cúirte. Chun frása a ghlacadh ar iasacht ón mBreitheamh Thomas, ní ionann forghéilleadh sa dlínse seo agus *"scéim mhídhleathach".*

125. Thug mé le fios go luath sa bhreithiúnas seo gur shíl mé gur bheag an chabhair í an lipéad a bhuaileadh ar an tsaincheist sa chás áirithe anseo mar infheidhmeacht na rialach lena gcuirtear fianaise arna fáil go neamhdhleathach as an áireamh, mar níorbh fhianaise an t-airgead tirim ann féin, agus trí chaitheamh leis mar fhianaise chun críocha na rialach d'fhéadfadh torthaí seafóideacha a bheith ina thoradh air sin go hionchasach sa chás go mbeadh níos mó ná duine amháin in ann a éileamh gur leosan é. Ní mór do chúirt a phléann leis na himeachtaí faoin Acht cinneadh a dhéanamh, nó diúltú cinneadh a dhéanamh, go bhfuil an mhaoin atá i gceist ina fáltais ó choireacht nó gurb ionann í agus fáltais ó choireacht. Tagann iarmhairtí sainithe as cinneadh gurb amhlaidh sin, agus ní féidir tionchar a imirt leis na hiarmhairtí sin i gcoinne duine amháin ach gan i gcoinne duine eile (seachas, b'fhéidir, i gcás ar leith ar fad sealbhóir bona fide neamhchiontach.

126. Ar an gcúis chéanna, ní féidir leis an leagan mionathraithe den tástáil J.C., a mholann na hachomharcóirí, oibriú go héifeachtach, i mo thuairim. Is í an cheist, mar sin de, an freagra cuí ó chúirt nuair atá sárú ar chearta bunreachtúla i gceist i ngabháil na sócmhainní a bhaineann leis an gcás.

127. Cé nach bhfuil an tástáil J.C. go hiomlán in oiriúint, is féidir cur

chuige na Cúirte a leasú, dar liom, chun freagra cuí a sholáthar don tsaincheist seo in imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht.

128. Tá sé riachtanach roinnt de ghnéithe bunúsacha an chomhthéacs a choinneáil i gcuimhne a bhfuil an chúirt trialach ag oibriú laistigh de. Ní triail choiriúil í éisteacht faoin Acht um Fháltais ó Choireacht - níl aon duine á phionósú nó á dhéanamh inchúisithe as cion coiriúil. Tá ceart bunreachtúil ag duine atá cúisithe as cion coiriúil ar thairbhe thoimhde na neamhchiontachta agus ar an gceanglas go ndéanfaí ciontacht a chruthú thar amhras réasúnach (faoi réir ag roinnt mionathruithe nach bhfuil ábhartha anseo), ach tá sé soiléir go bhfuil scéim an Achta de nádúr iomlán éagsúil. Ní mór a chuimhneamh, mar a chuir an Chúirt seo béim air i gcás G.M. agus i gcás Gilligan, nach bhfuil aon cheart bunreachtúil ag duine tairbhe a bhaint as maoin atá ina fáltais ó choireacht nó atá comhionann le fáltais ó choireacht. Nuair a chruthaítear gurb amhlaidh sócmhainn, i gcomhréir leis an Acht, níl an dualgas chun cearta pearsanta a dheimhniú infheidhme leis an tsócmhainn sin. Níor cheart diúltú ordaithe chun a leithéid de shócmhainní a reo nó a choigistiú, in ainneoin na fianaise lena ndearbhaítear an fhoinse sa mhéid a theastaíonn, níor cheart é a bhreithniú mar mheáin chun rud nach bhfuil cosaint tuillte dó a chosaint.

129. Feictear domsa, dá bhrí sin, gurb iad na luachanna bunreachtúla a bheidh i gceist go príomha macántacht riar an chirt agus an gá le comhlíonadh an dlí a áirithiú ag gníomhaithe an Stáit. Is féidir imthosca a shamhlú ina gcinnfeadh cúirt dá dtoradh gur cheart, i gcomhréir le Denham, na himeachtaí *"a chur ar neamhní"*. Ní hé sin moladh gan fasach i gcásanna faoin Acht - tá de theist ar an Ard-Chúirt roimhe seo an t-ordú eatramhach a scaoileadh agus na himeachtaí a chaitheamh amach mar gheall ar mainneachtain i nochtadh faisnéis ábhartha ag an gcéim *ex parte.* Is féidir sin a mheas mar fhreagairt iomchuí ar mhí-úsáid phróiseas na cúirte, agus mar mheán freisin chun ceart an fhreagróra ar nósanna imeachta córa a dheimhniú.

130. Ag teacht le hanailís J.C. ba cheart don chúirt, i mo thuairimse, an t-ordú arna iarraidh ag an mBiúró a dhiúltú má bhunaítear leis an bhfianaise gur gabhadh an tsócmhainn ina leithéid d'imthosca amhlaidh is go mbeadh an chúirt ag tabhairt a próisis ar iasacht do chaingean ar thaobh ghníomhaire nó ghníomhairí an Stáit a bhaineann le sárú d'aon ghnó agus d'aon turas ceart bunreachtúil (sa chiall arna soiléiriú ag an gCúirt i gcás J.C.) Ba cheart go gcruthófaí discréid trí shárú meargánta nó mórfhaillitheach chearta bunreachtúla an fhreagróra ach le toimhde i bhfabhar dhiúltú an ordaithe.

131. Nuair a bhaineann an tsaincheist le fianaise sa bhrí cheart, is féidir an

tástáil J.C. a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear an chuid sin den tástáil a bhaineann le fianaise arna bailiú go neamhdhleathach ach gan trí shárú cheart bunreachtúil a shárú) faoi réir ag mionathrú an dualgais chruthúnais go dtí cothrom na ndóchúlachtaí. Is féidir déileáil le saincheist dá leithéid, sa dóigh ghnáthúil agus mar a mheasann an breitheamh oiriúnach, mar réamhábhar nó mar a thagann sé chun cinn i gcúrsa na héisteachta. Níl sé i gceist agam níos mó a rá faoin ngné sin, i gcás go bhfeicfí a leithéid de thrácht mar léamh nó mar mhionathrú ar an tástáil J.C.

132. Nuair a bhaineann sárú líomhnaithe ar chearta leis an tsócmhainn iarbhír a bhfuiltear ag iarraidh í a ghabháil, níl *"eisiamh"* na sócmhainne i gceist. Ina ionad sin, is í an cheist a bheidh os comhair na cúirte cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh sárú ar chearta sa chaoi is nár cheart ordú a dhéanamh faoin Acht. Sin an cheist, dá bhrí sin, óna dteastaíonn freagra ag deireadh na héisteacht, ós rud é nach dtiocfaidh sí chun cinn mura gcinneann an chúirt ar dtús gur fáltais ó choireacht an tsócmhainn. Ach chun agóidí déanacha a sheachaint, áfach, lena gcruthófaí an fhéidearthacht go mbeadh ar an gcúirt tús a chur le héisteacht nua ag an gcéim seo, ní foláir nó gur ardaíodh an tsaincheist go sainráite san éisteacht, trí thagairt d'fhianaise sna mionnscríbhinní os comhair na cúirte. Beidh an deis ag an mBiúró ansin fianaise atá ábhartha di a thabhairt ar aird.

133. Nuair a ardaítear an tsaincheist, ní foláir nó go mbíonn an dualgas ar an Biúró chun a chruthú, ar chothrom na ndóchúlachtaí, (i) nár gabhadh an tsócmhainn in imthosca na míbhunreachtúlachta, nó (ii) má gabhadh í sna himthosca sin, go bhfuil sé iomchuí ina dhiaidh sin is uile chun an t-ordú arna iarraidh a dhéanamh. Sa chás deiridh tá an dualgas ar an mBiúró chun an bonn a mhíniú ar a n-áitíonn sé gur cheart an t-ordú a dhéanamh, agus chun aon fhíricí a dhearbhú chun bonn cirt a thabhairt do chonclúid mar sin.

134. Ba cheart go mbeadh freagróir i dteideal gan bheith ag brath ach ar shárú a c(h)eart féin, mura bhfuil an chúirt sásta go bhfuil sárú ceart duine eile chomh uafásach ionas go dtugtar bonn cirt do chaitheamh amach na n-imeachtaí. Cé is móite de laistigh de na himthosca sin, níor cheart go mbeadh sárú ceart de chuid tríú páirtí nach bhfuil ina fhreagróir ina chúis le diúltú an ordaithe - níl aon chúis mhaith ann, agus an scéim reachtúil a thabhairt san áireamh, go mbeadh sárú chearta an duine A ina theidlíocht do dhuine B fáltais ó choireacht a choinneáil mura bhfuil an sárú chomh tromchúiseach sin go dtarraingítear amhras ar mhacántacht riar an chirt.

135. Mar an gcéanna, nuair a bhíonn níos mó na freagróir amháin ann atá ag éileamh gur leosan an tsócmhainn go dlisteanach, agus nuair nach gcuirtear isteach leis an sárú bunreachtúil ach ar dhuine amháin, nó ar a laghad gan chur isteach ar

chor ar bith, níor cheart don chúirt an t-ordú a dhiúltú murab é an sárú den chineál a bheadh ina bhonn cirt do chaitheamh amach na n-imeachtaí.

136. B'fhéidir go mbeidh sé ina thoradh ar fheidhmiú na bprionsabal sin go bhfágfar sárú ceart gan réiteach nach mbaineann leis an maoin atá i gceist. Beidh an rogha fós ag an bpáirtí dá ndéantar difear imeachtaí a thionscnamh le haghaidh na ndamáistí sin.

137. Féadfar gur gá a léiriú nach dtabharfar sócmhainn ar ais don fhreagróir ónar tógadh é mar thoradh ar ordú a dhíbheann iarratas an Bhiúró, sa chaoi chéanna is nach dtugtar contrabhanna ar nós arm tine, drugaí nó réadmhaoin ar léir gur goideadh é ar ais do dhuine a éigiontaíodh tar éis trialach. Níl aon cheart bunreachtúil nó dleathach, mar a luadh roinnt uaireanta, na rudaí sin a shealbhú.

138. Sna himthosca, cheadóinn an t-achomharc agus tharchuirfinn an t-ábhar chuig an Ard-Chúirt le haghaidh athéisteachta i bhfianaise an bhreithiúnais seo

.

## An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v Connors

29 Samhain 2018, Ard-Chúirt: Comhdhéanamh na Cúirte:
an Breitheamh Peart, an Breitheamh Irvine, an Breitheamh Whelan
Breithiúnas ag:
An Breitheamh Irvine, Uimhir Thaifid Ard-Chúirte 2016 24 *CAB*

1. Seo é achomharc Margaret Connors, an t-achomharcóir, in aghaidh ordú na hArd-Chúirte (An Breitheamh Stewart) an 11 Meitheamh 2018.

2. Faoina hordú, dhiúltaigh breitheamh na hArd-Chúirte iarratas de chuid Bhean Connors chun bac a chur ar na himeachtaí seo go dtí:-

(i) cinneadh na hArd-Chúirte ar a hachomharc in aghaidh dhiúltú na cúirte cúnamh dlí a thabhairt di faoin scéim ad hoc um chúnamh dlí agus/n

(ii) críoch d'imeachtaí coiriúla áirithe a bhí ar feitheamh an tráth sin os comhair na Cúirte Cuarda Coiriúla.

**Cúlra an iarratais**

3. Ar an 17 Bealtaine 2016 stopadh Bean Connors ag an nGarda Síochána nuair a bhí sí ag tiomáint a cairr ar Sheachród Thamhlachta. Gabhadh agus coinníodh í faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí (Alt 23). Níor braitheadh aon drugaí ach fuarthas go raibh GBP£13,000, €8,000 agus míreanna seodra ar fiú €4,000 iad ina seilbh aici. Urghabhadh iad sin faoi alt 7 den Acht um an Dlí Coiriúil 1976.

4. Cúisíodh Bean Connors ina dhiaidh sin i sciúradh airgid contrártha d'alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 agus tá a triail choiriúil sceidealaithe le tosú ar an 27 Feabhra seo chugainn i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Deonaíodh cúnamh dlí di chun na himeachtaí sin a chosaint.

5. Ar ndóigh, is í Bean Connors freagróir freisin na n-imeachtaí sin a thionscain an Biúró um Shócmhainní Coiriúla faoi alt 3 den Acht um Fháltais ó Choireacht 1996-2006 (*"imeachtaí CAB"*) agus é sin mar atá, thug sí iarratas ag lorg cúnamh dlí faoin scéim ad hoc um chúnamh dlí chun cabhrú léi le héileamh *CAB* a chosaint. Diúltaíodh an t-iarratas sin le hordú ón Ard-Chúirt an 23 Meitheamh 2017 agus tá a hachomharc in aghaidh an diúltaithe sin dlite le héisteacht ar an 4 Feabhra 2019.

**Aighneachtaí ar an achomharc**

6. Mar thacú lena hachomharc in aghaidh ordú bhreitheamh na hArd-Chúirte a dhiúltaigh do bhac a chur le himeachtaí CAB, éilíonn an tUasal Moloney BL, thar ceann Bhean Connors, go ndearna breitheamh na hArd-Chúirte botún ó thaobh dlí de nuair a theip uirthi na prionsabail a leagadh amach i gcinneadh na Cúirte Uachtaraí in Campus Oil v. an tAire Tionscail agus Fuinnimh (Uimh 2) [1983] I.R. 88 a chur i bhfeidhm. Áitíonn sí gur léir go raibh cothrom na caoithiúlachta, nó cothrom an cheartais (mar a rinne sí cur síos ar an tástáil), i bhfabhar an bac a dheonú. Chuir an t-abhcóide béim

ar an mbaol go mbeadh dochar dá cliaint dá mbeadh uirthi dul i ngleic le himeachtaí CAB roimh a triail choiriúil, go háirithe ó ba rud é nach dóchúil go mbeadh ionadaíocht dhlíthiúil ag Bean Connors in imeachtaí CAB. I gcodarsnacht leis sin, ní bheadh aon dochar do CAB dá gcuirfí imeachtaí CAB ar atráth ar feadh an tamaill ghearr a thógfadh sé chun cinneadh a dhéanamh ar na himeachtaí coiriúla. Os a choinne sin, ní bheadh baol ann don réadmhaoin a d'urghabh CAB ó ba rud é go bhfanfadh sé faoina choimeád, agus fiú dá n-éireodh le CAB sna himeachtaí sin, féadfar nach mbeadh sé in ann an réadmhaoin a chur de láimh ar feadh seacht mbliana.

7. Áitíonn an tUasal Moloney freisin go ndearna breitheamh na hArd-Chúirte botún ó thaobh dlí de nuair a dhiúltaigh sí don bhac nuair a thugann an cásdlí ábhartha rabhadh i gcoinne déileáil le saincheisteanna tábhachtacha a d'fhéadfadh teacht aníos sa triail choiriúil in aon imeachtaí atá le héisteacht roimh an triail.

8. Dar leis an abhcóide, ba é ceann de na saincheisteanna tábhachtacha in imeachtaí CAB ná inghlacthacht na fianaise a fuarthas de bhun an chuardaigh ar charr Bhean Connors agus urghabháil an fhreagróra ina dhiaidh sin ar an réadmhaoin atá ina ábhar de na himeachtaí coiriúla. Áitíonn an tUasal Moloney go bhfuil baol ann go ndéanfadh aon chinneadh a dhéanfar maidir le hinghlacthacht na fianaise sin dochar do Bhean Connors ina cosaint ar na himeachtaí coiriúla. Mar an gcéanna, tá baol ann go ndéanfaí dochar di lena fianaise féin in imeachtaí CAB, gan trácht ar an dochar a d'fhéadfadh cinntí bhreitheamh na hArd-Chúirte a dhéanamh di freisin.

9. Ar son Bhean Connors, áitítear go raibh cothrom an cheartais i bhfabhar an bac ar iarr sí a dheonú agus mar sin, ba chóir don chúirt seo an bac a diúltaíodh ag an gcéad chéim ag an mBreitheamh Stewart a dheonú.

10. Ar deireadh, i bhfianaise fhorais an achomhairc agus na haighneachtaí scríofa a comhdaíodh, tá sé tábhachtach a thaifeadadh nach ndearna an t-abhcóide iarracht a argóint go ndearna breitheamh na hArd-Chúirte botún ó thaobh dlí de nuair a rinne sí cinneadh nach raibh Bean Connors i dteideal bac a iarraidh ar imeachtaí CAB chun fanacht ar thoradh a hachomhairc i gcoinne diúltú do dheimhniú um chúnamh dlí faoin scéim ad hoc, ó ba rud é go ndearnadh iarratas dá leithéid roimhe sin agus gur diúltaíodh dó ar an 22 Eanáir 2018. Is cosúil gur glacadh go mall leis go raibh an ceart ag breitheamh na hArd-Chúirte an cinneadh a dhéanamh go raibh an tsaincheist sin, mar a áitíodh don fhreagróir, res judicata.

11. Ar son CAB, áitítear ag an Uasal Dodd BL nach é an tástáil ar chóir do bhreitheamh Ard-Chúirte a chur i bhfeidhm agus iarratas chun bac a chur ar imeachtaí sibhialta ar feitheamh toradh imeachtaí coiriúla an tástáil a thagann ón gcinneadh in

Campus Oil. Pléann an cinneadh sin an tástáil atá le cur i bhfeidhm ag an gcúirt ar iarratas ar urghaire idirbhreitheach i gcaingean nuair a chinnfear cearta substainteacha na bpáirtithe sna himeachtaí céanna ag éisteacht iomlánach ar deireadh.

12. Dar leis an abhcóide, tá líne dhifriúil ar leith dlí-eolaíochta ann a shainaithníonn na tosca le cur faoi chaibidil ag cúirt nuair a iarrtar uirthi imeachtaí sibhialta a chur ar atráth chun fanacht ar thoradh imeachtaí coiriúla. Braitear ar na cinntí in Dillon v. Dunnes Stores [1996] I.R. 397, Comhairle Contae Chill Mhantáin v. O'Reilly [2006] 3 IR 623 agus C.G. v. Coimisinéirí Achomhairc [2005] 2 I.R. 223. Mar sin, ní féidir a rá gur chuir breitheamh na hArd-Chúirte an tástáil mhícheart i bhfeidhm.

13. Áitíonn an tUasal Dodd go raibh an dualgas ar Bhean Connors an baol dáiríre dochair a bhunú dá mba rud é go raibh na himeachtaí seo le héisteacht roimh a triail choiriúil agus ní raibh sé sin déanta aici. Ina tuairim féin, bhí rialú déanta ag breitheamh na hArd-Chúirte maidir leis an gcaoi a stiúrfaí imeachtaí CAB ionas go gcosnófaí in aghaidh aon dochar a d'fhéadfadh a tharlú murach sin trí na himeachtaí sin a chinneadh roimh an triail choiriúil.

14. Braitheann an t-abhcóide ar an bhfíoras go mbíonn imeachtaí coiriúla ar siúl ag an am céanna i gcás céatadán suntasach de na héilimh a dhéanann CAB faoi alt 3 den Acht. Sa mhéid sin, níl aon rud ar leith faoi fhíorais an cháis seo. Ina theannta sin, más féidir le Bean Connors an teidlíocht chun bac a chur ar na himeachtaí seo a choimeád ar feitheamh thoradh na trialach coiriúla, ansin bheadh gach freagróir sna tosca céanna i dteideal an rud céanna. Chuirfeadh sin moill shuntasach ar riaradh an cheartais.

**Plé agus Cinneadh**

15. Tá an cinneadh sa chás C.G. v. na Coimisinéirí Achomhairc, cás inarb iad na Coimisinéirí Ioncaim (an Biúró um Shócmhainní Coiriúla) an Fógra-Pháirtí, úsáideach maidir leis an gcur chuige ceart le glacadh ag cúirt nuair atáthar ag tabhairt faoi iarratas chun imeachtaí sibhialta a chur ar atráth ag feitheamh ar thoradh imeachtaí coiriúla a bhaineann leis an ábhar céanna. Bhí achomharc déanta ag an iarratasóir, C.G., faoi mheasúnú cánach ioncaim a rinne an Fógra-Pháirtí maidir le naoi dtréimhse measúnaithe. Bhí imeachtaí coiriúla ar feitheamh ina aghaidh freisin maidir lena mhainneachtain líomhnaithe tuairisceáin chánach a dhéanamh le haghaidh trí cinn de na blianta a bhain lena achomharc cánach ioncaim. Rinne sé iarratas ar an bhfreagróir a achomharc a chur ar atráth ag feitheamh ar thoradh a thrialach coiriúla ach diúltaíodh don iarratas sin. Ansin, rinne C.G. iarratas chuig an Ard-Chúirt ar ordú Certiorari chun an diúltú sin a neamhniú agus d'iarr sé urghaire freisin chun srian a chur ar an bhfreagróir ó leanúint lena achomharc ar feitheamh chinneadh na n-imeachtaí coiriúla.

16. Le linn a cinnidh, leag an Breitheamh Finlay Geoghegan amach na prionsabail a bhí le cur i bhfeidhm ag cúirt agus iarratas chun bac a chur ar imeachtaí sibhialta ar feitheamh thoradh imeachtaí coiriúla os a comhair. Ghlac sí mar thúsphointe an cinneadh a rinne an Chúirt Uachtarach in Dillon v. Dunnes Stores [1996] I.R. 397 nuair a dúirt an Breitheamh C. O'Dalaigh a leanas:-

*"Ós rud é nach bhféadfaí ordú chun bac a chur ar imeachtaí coiriúla go dtí deireadh caingne sibhialta a bheith ag an ngearánaí, sa chaoi chéanna, ní fhéadfaí go mbeadh ar éisteacht caingne sibhialta fanacht ar thoradh imeachtaí coiriúla. Níl aon bhreithniúcháin beartais phoiblí i gceist."*

17. Dúirt an Breitheamh Finlay Geoghegan ar leathanach 479 dá breithiúnas:-
*"Ar an gcaoi chéanna, is cás coitianta é idir páirtithe nach mór gach iarratas ar imeachtaí sibhialta a chur ar atráth ar feitheamh chinnidh imeachtaí coiriúla a chinneadh ar a fhíorais féin.........., go bhfuil an dualgas ar an iarratasóir a bhunú go bhfuil baol dáiríre dochair nó éagóra ann má théann an t-achomharc cánach ar aghaidh."*

18. Agus an t-iarratas ar urghaire á dhiúltú, dúirt an Breitheamh Finlay Geoghegan an méid a leanas maidir le haighneachtaí an fhreagróra ag mír 28 dá breithiúnas:-
*"Táim sásta go bhfuil bunús maith ag gach ceann de na haighneachtaí thuas. Bunaithe ar fhíorais ar leith an achomhairc seo, ní mheasaim gur bhunaigh an t-iarratasóir go bhfuil baol dáiríre dochair nó éagóra dá mbeadh air dul ar aghaidh lena achomharc cánach a éilíonn go dtabharfadh an chúirt seo urghaire, fiú maidir leis na hachomhairc a bhaineann le measúnú na mblianta céanna is na cúisimh choiriúla. Níl aon fhianaise faoi láthair a thugann le fios go mbeidh ar an iarratasóir fianaise de chineál féin-inchoiritheach a thabhairt ag éisteacht an achomhairc chánach. Más ann d'fhíorais ábhartha eile, is faoin bhfreagróir atá sé an t-ábhar a mheas agus a chinneadh, á chur san áireamh go mbeidh sé le cinntiú ag breitheamh na trialach ag an triail choiriúil trí rialaithe cuí nach bhfuil aon sárú ar chearta an iarratasóra faoi Airteagal 38.1 den Bhunreacht i gcomhréir leis na prionsabail thuas.*

19. Glacadh leis na prionsabail a imlíníodh in C.G. i neart cinntí le déanaí lena n-áirítear cinneadh an Bhreithimh Clarke, mar a bhí air an tráth sin, i gComhairle Contae Chill Mhantáin v. John O'Reilly inar leag sé béim ar thábhacht cheart an ghearánaí a chosaint chun réiteach tráthúil a bhaint amach ina imeachtaí sibhialta agus inar dhearbhaigh sé go bhfuil an dualgas ar an iarratasóir atá ag iarraidh imeachtaí sibhialta a chur ar atráth chun fanacht ar thoradh imeachtaí coiriúla a bhunú go mbeadh baol dáiríre dochair nó éigeartais ann dá mbeadh an cás sibhialta in ann dul ar aghaidh. Ní mór breithiúnas a dhéanamh ar gach cás bunaithe ar a fhíorais féin le go ndéanfaí measúnú

má tá baol dáiríre ann go mbeadh éigeartas sna himeachtaí coiriúla dá rachadh na himeachtaí sibhialta ar aghaidh. Rinne an Breitheamh Clarke achoimre ar an staid dhlíthiúil ag mír 35 dá bhreithiúnas sna téarmaí a leanas:-

*"Is cosúil, mar sin, nach bhfuil aon riail dhocht dhaingean ann maidir leis an gcaoi go rachadh imeachtaí sibhialta agus coiriúla comhaimseartha a thagann ón ábhar céanna ar aghaidh. Is léir go bhfuil an dualgas ar an bpáirtí a bhfuil bac ar imeachtaí sibhialta uaidh na forais riachtanacha a bhunú chun go mbeadh an chúirt in ann é a thabhairt. Agus aon mheasúnú mar sin á thabhairt, ní mór don chúirt, ar láimh amháin, aitheantas cuí a thabhairt don thábhacht a bhaineann le ligean don ghearánaí nó don pháirtí eile sna himeachtaí sibhialta réiteach tráthúil ar na himeachtaí sin a bhaint amach agus leas aon orduithe cuí a fháil. Ar an láimh eile, ní mór don chúirt a mheá, os a choinne sin, a mhéid atá baol dáiríre ann go mb'fhéidir go ndéanfaí dochar do na himeachtaí coiriúla. Táim sásta nach mór don chúirt iarracht a dhéanamh, agus measúnú á thabhairt ar an ábhar deireanach sin, an dóchúlacht go mbeadh dochar dá leithéid ann a anailísiú agus aird a thabhairt ar an méid is go bhféadfaí bearta a ghlacadh sa phróiseas coiriúil chun dochar dá leithéid a d'fhéadfadh a tharlú a íoslaghdú nó a fheabhsú."*

20. Leis an ráiteas thuasluaite de chuid an Bhreithimh Clarke, chuirfinn gur chóir don chúirt, i mo thuairim féin, cuimhneamh ar a mhéid a d'fhéadfadh an breitheamh, mar gheall ar aon fhoráil reachtúil ábhartha nó eile, an dochar ionchasach a íoslaghdú nó a fheabhsú nó an t-iarratasóir a chosaint a thuilleadh ó dhochar ionchasach sna himeachtaí coiriúla le linn na n-imeachtaí sibhialta beartaithe.

21. Ó thaobh na n-imeachtaí seo, tá tábhacht ar leith ag baint leis an méid a dúirt breitheamh na trialach ag mír 13 den tras-scríbhinn nuair a dúirt sí gur cé gur iondúil i bhformhór mór na n-iarratas alt 3 atá á chonspóid go míneodh an freagróir trí mhionnscríbhinn conas a tháinig an réadmhaoin atá ina ábhar don iarratas ina sheilbh, go bhforáiltear le halt 9(2) den Acht um Fháltais ó Choireacht 1996, arna leasú ag alt 11 den Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2005, nach bhfuil aon mhionnscríbhinn mar sin inghlactha in imeachtaí coiriúla. Foráiltear leis an alt, a mhéid is a dtagraíonn sé do mhionnscríbhinn mar sin, an méid a leanas:

*"(2) Such an affidavit is not admissible in evidence in any criminal proceedings against that person or his or her spouse, except proceedings for perjury arising from statements in the affidavit."*

22. Chuaigh breitheamh na hArd-Chúirte, le linn a rialaithe, céim eile fiú chun Bean Connors a chosaint ó aon dochar ionchasach sa mhéid is gur threoraigh sí nach mbeadh aon mhionnscríbhinn a mhionnaigh sí de bhun alt 9 inghlactha in imeachtaí coiriúla agus threoródh sí freisin

nach mbeadh "*aon fhianaise*" a thabharfadh sí le linn imeachtaí alt 3 inghlactha sna himeachtaí coiriúla. Rinne sí é sin, a dúirt sí, chun Bean Connors a chosaint ó aon dochar ionchasach a d'fhéadfadh teacht aníos di ina himeachtaí coiriúla dá mba rud é go ndéanfaí croscheistiú uirthi maidir lena mionnscríbhinn le linn imeachtaí CAB agus dá ndéanfaí iarracht a cuid fianaise a thabhairt isteach arís sna himeachtaí coiriúla.

23. Ina theannta sin, thug breitheamh na hArd-Chúirte treoir go n-úsáidfí forálacha alt 8(3) agus (4) d'Acht 1996 in imeachtaí CAB agus go gcosnófaí Bean Connors a thuilleadh ó dhochar i gcomhthéacs a himeachtaí coiriúla mar thoradh ar an treoir sin. D'éistfí le himeachtaí CAB i gcúirt iata agus dhéanfadh sí ordú a chuirfeadh cosc ar fhoilsiú aon fhaisnéise a bhain leis an iarratas.

24. Foráiltear a leanas leis na hailt seo:
*"(3) Gheobhaidh imeachtaí faoin Acht seo éisteacht maidir le hord sealadach ar bhealach eile ná go poiblí agus is féidir le haon imeachtaí eile faoin acht seo, má iarrann an freagróir nó aon pháirtí eile do na himeachtaí (seachas an t-iarrthóir) é sin, agus más cuí dar leis an gcúirt, éisteacht a fháil ar bhealach eile ná go poiblí.*
*(4) Is ceadmhach don chúirt, más cuí dar léi, cosc a chur ar fhoilseachán an eolais sin de réir a sonraíochta féin maidir leis na himeachtaí faoin acht seo, lena n-áirítear eolas a bhaineann le hiarratais, déanamh nó diúltú ar na hábhair a bhfuil ag oird faoin acht seo agus na daoine a mbaineann siad leo."*

25. Cé gur léirigh an t-abhcóide do Bhean Connors imní go nglacfaí le haon chinntí ó bhreitheamh na hArd-Chúirte i gcomhthéacs na n-imeachtaí alt 3 a bhain le bailíocht an chuardaigh agus urghabhála a rinne oifigigh CAB agus go mbeadh sí thíos leo sna himeachtaí coiriúla, is léir nach amhlaidh an cás. Ní mór go mbunófar gach gné den choir lena gcúisítear í faoi alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 le linn na trialach coiriúla agus go gcruthófar a ciontacht ar chaighdeán coiriúil níos airde. Ní dhéanfaidh aon rud a d'fhéadfadh a tharlú le linn imeachtaí alt 3 dochar do Bhean Connors ó thaobh na n-argóintí a dhéanfaidh sí le linn na n-imeachtaí coiriúla a bhaineann le dleathacht an chuardaigh agus urghabhála a rinne oifigigh CAB nó inghlacthacht na fianaise mar thoradh air sin. Ina theannta sin, beidh sé faoin mbreitheamh a bheidh i gceannas ar an triail, mar a dúirt an Breitheamh Finlay Geoghegan in C.G. "*a chinntiú trí rialaithe cuí nach bhfuil aon sárú ar chearta an iarratasóra faoi Airteagal 38.1 den Bhunreacht*."

26. Tá sé ábhartha freisin, dar liom, ó thaobh lánrogha na cúirte maidir le hiarratas mar seo, go bhfuil sé soiléir ón Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 go samhlaítear go mbeidh imeachtaí sibhialta agus coiriúla a bhaineann leis na gníomhaíochtaí céanna ag tarlú ag an am céanna.

Mar sin, tá cúiseanna beartais phoiblí shuntasacha ann, i mo thuairim, nach cóir imeachtaí sibhialta, ar nós na cinn a thagann ó alt 3 den acht, a chur ar atráth go dtí go ndéantar cinneadh ar aon imeachtaí coiriúla a bhaineann leis na gníomhaíochtaí céanna.

27. Tar éis dom athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a bhí os comhair bhreitheamh na hArd-Chúirte agus measúnú a dhéanamh ar na haighneachtaí a rinneadh ar a son, táim sásta ar an gcéad dul síos gur chuir breitheamh na hArd-Chúirte na prionsabail chearta i bhfeidhm nuair a tháinig iarratas Bhean Connors aníos chun bac a chur ar na himeachtaí ar feitheamh chinneadh na n-imeachtaí coiriúla. Ní hé an tástáil é a moladh in Campus Oil. Is é an tástáil é a shainaithin an Breitheamh Finlay Geoghegan in C.G. i measc cinntí eile. Sa mhéid sin, déarfainn arís anseo go bhfuil an dualgas ar an iarratasóir atá ag iarraidh imeachtaí sibhialta a chur ar atráth chun fanacht ar thoradh na n-imeachtaí coiriúla a bhunú go bhfuil baol dáiríre dochair má dhiúltaítear an bac. Is tairseach ard é agus ní fhéadtar laghdú a dhéanamh air ná é a sheach-chur má tharlaíonn sé go bhfuil an t-iarratasóir in ann a bhunú go mb'fhéidir nach ndéanfaí dochar don ghearánaí sna himeachtaí sibhialta trí aon mhoill a d'fhéadfadh a bheith ar na himeachtaí sibhialta.

28. Ar an dara dul síos, mheas breitheamh na hArd-Chúirte go ceart an chaoi a bhféadfadh imeachtaí alt 3 dul i bhfeidhm ar na himeachtaí coiriúla agus chun aon bhaol dochair nach gá do Bhean Connors a fheabhsú thug sí roinnt treoracha i gcomhréir le forálacha Acht 1996 chun a leasa. Tar éis a shonrú nach bhféadfaí aon mhionnscríbhinn a mhionnaigh Bean Connors a ghlacadh sna himeachtaí coiriúla, threoraigh sí nach mbeadh aon fhianaise a thabharfaí in imeachtaí alt 3 inghlactha sna himeachtaí coiriúla. Threoraigh sí freisin go n-éistfear le himeachtaí alt 3 i gcúirt iata agus d'fhorchuir sí srianta tuairiscithe mar a moladh cheana.

29. Ar an tríú dul síos, tá mé sásta go raibh an ceart ag breitheamh na hArd-Chúirte, go háirithe ag féachaint do na treoracha a luaigh mé thuas, faoin dlí agus mar cheist fhíorais nuair a chinn sí nach raibh sé bunaithe ag Bean Connors go mbeadh baol dáiríre dochair dá n-éistfí agus dá gcinnfí imeachtaí alt 3 roimh na himeachtaí coiriúla. Mar a luadh cheana, ní mór don chúirt caitheamh le gach iarratas ar leithligh agus é a chinneadh bunaithe ar a fhíorais féin. Ina theannta sin, ní raibh aon fhíorais ar leith sainaitheanta ag Bean Connors a bhí bainteach le himeachtaí alt 3 chun tacú lena dearbhú lom go ndéanfaí dochar di murar cuireadh bac ar na himeachtaí sin ar feitheamh thoradh na trialach coiriúla. B'fhéidir gur tharla amhlaidh ó ba rud é go raibh míthuiscint uirthi agus gur cheap sí

go raibh sí i dteideal bac má bhunaigh sí go mbeadh aon bhac mar sin a dheonófaí gearr go leor agus nach mbeadh dochar suntasach do CAB mar thoradh air.

30. Ar an gceathrú dul síos, mar a dúirt an Breitheamh Clarke i gComhairle Contae Chill Mhantáin v. O'Reilly, ní mór don chúirt aird chuí a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le ligean do ghearánaí dul ar aghaidh in imeachtaí sibhialta chun réiteach tráthúil a bhaint amach ar na himeachtaí sin. Measaim go bhfuil sé seo níos suntasaí fós i dtosca an cháis seo ina samhlaítear leis an reachtaíocht a rialaíonn na himeachtaí sibhialta go mbeidh, in an-chuid cásanna, imeachtaí sibhialta agus coiriúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht chéanna.

**Focal Scoir**

31. Mar gheall ar na fáthanna a luadh cheana sa bhreithiúnas seo, táim sásta gur chuir breitheamh na hArd-Chúirte an tástáil cheart i bhfeidhm agus í ag déanamh measúnú ar iarratas Bhean Connors chun bac a chur ar imeachtaí alt 3 go dtí chinneadh na n-imeachtaí coiriúla. Bunaithe ar na fíorais a bhí os a comhair bhí an ceart ag breitheamh na hArd-Chúirte nuair a mheas sí nach raibh Bean Connors in ann a bhunú go mbeadh sí i mbaol dochair dháiríre dá n-éistfí le himeachtaí alt 3 agus dá gcinnfí orthu roimh a himeachtaí coiriúla. Os a choinne sin, bhí breitheamh na hArd-Chúirte ceart nuair a d'fheabhsaigh sí na baoil a d'fhéadfadh teacht aníos do Bhean Connors ina himeachtaí coiriúla mar thoradh ar imeachtaí CAB trína treoir nach nglacfaí le haon fhianaise lena n-éistfí in imeachtaí alt 3 sna himeachtaí coiriúla. Ina theannta sin rinne sé orduithe faoi alt 8(3) agus 8(4) d'Acht 1996. Mar a luadh cheana, bainfidh Bean Connors leas as an gcosaint bhreise atá ann mar thoradh ar fhorálacha alt 9(2) den Acht a choisceann aon mhionnscríbhinn a mhionnaítear sna himeachtaí sin a bheith glactha in imeachtaí coiriúla den chineál atá in aghaidh Bean Connors.

32. Mar gheall ar na fáthanna uile thuasluaite, dhíbhfinn an t-achomharc.

## An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v Mannion

17 Nollaig 2018, Ard-Chúirt: An Breitheamh Stewart, Uimhir Thaifid Ard-Chúirte 2016 11 CAB

1. Sna himeachtaí seo, iarrann an t-iarratasóir (dá ngairfear an Biúró anseo feasta) orduithe de bhun alt 3 den Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 (arna leasú) faoi réadmhaoin a shonraítear sa sceideal atá ag gabháil leis an bhfógra foriarratais arna dhátú an 28 Iúil, 2016. An réadmhaoin atá i gceist ná 2,013.96 Ether, ar a ngairtear Ethereum i dtéarmaí airgeadra, a fuarthas i sparán criptea-airgeadra ar ríomhaire an fhreagróra. Ar an 28 Iúil 2016, b'fhiú tuairim is €24,852 a raibh sa sparán. Cónaíonn an freagróir i bPríosún Cruithneachtáin faoi láthair, ónar ciontaíodh é i gcionta atá contrártha d'ailt 3, 15 agus 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977. Ar an 21 Nollaig 2015, cuireadh pianbhreith sé bliana go leith air as na cionta sin ón gCúirt Chuarda Choiriúil ina suí i mBaile Átha Cliath, pianbhreith a sheas ar achomharc.

**Cúlra**

2. Ar an 5 Samhain 2014, chuardaigh baill den Gharda Síochána réadmhaoin suite ar an gCuarbhóthar Theas. Aimsíodh roinnt drugaí rialaithe stóráilte ag an áitreabh le linn an chuardaigh. Gabhadh an freagróir ag an áitreabh, cuireadh faoi choimeád é agus cuireadh agallamh air roinnt uaireanta. Cuardaíodh a theach freisin. Le linn agallaimh, d'admhaigh sé go raibh an t-áitreabh á úsáid mar ionad dáilte drugaí chun substaintí rialaithe a dhíol ar an idirlíon dorcha. D'admhaigh sé go ndearna sé trádáil ar na suíomhanna gréasáin Silk Road agus Agora faoin ailias "*The Hulkster*". Íocadh The Hulkster le Bitcoin as na drugaí sin a dhíol agus a sholáthar. Tar éis an chuardaigh agus urghabhála sin, d'eisigh an Biúró imeachtaí agus d'iarr sé orduithe faoi chistí a bhí i seilbh an fhreagróra (CAB v. Neil Mannion (2015/15CAB), dá ngairfear an chéad sraith d'imeachtaí anseo feasta). San áireamh sna cistí sin bhí airgead i gcuntais bhainc, i gcártaí creidmheasa, i gcártaí dochair, i ndearbháin, suimeanna airgid thirim agus méid shuntasach Bitcoin. Rinneadh ordú de bhun alt 2 d'Acht 1996 ag an mBreitheamh Fullam ar an 12 Deireadh Fómhair 2015. Dréachtaíodh comhaontú toilithe idir na páirtithe agus rinne an Breitheamh Fullam ordú de bhun alt 3 d'Acht 1996 ar an 22 Feabhra 2016. Cuireadh bac ar na himeachtaí sin agus socraíodh iad dá bhrí sin. Ní raibh an Ethereum mar chuid den chéad sraith sin d'imeachtaí. Rinne an Breitheamh Fullam ordú alt 2 maidir leis an Ether ar an 27 Iúil 2016, mar chuid den dara sraith seo d'imeachtaí.

3. Tar éis ghabháil an fhreagróra, urghabhadh roinnt gléasanna leictreonacha óna theach agus ón réadmhaoin suite ag an gCuarbhóthar Theas. Bhí ríomhairí glúine, fóin agus gléasanna stórais inbhainte i measc na ngléasanna sin. Rinneadh íomhá fhóiréinseach de gach gléas ag an Aonad Imscrúdaithe um Choireacht

Ríomhaire den Gharda Síochána. Seachadadh na híomhánna sin chuig Anailíseoir Coireachta Airgeadais Uimh. 2 (ACA2) de chuid an Bhiúró chun iad a iniúchadh. Mhionnaigh ACA2 mionnscríbhinn ar an 22 Iúil 2016 inar míníodh an chaoi ar oibrigh córas ríomhaire an fhreagróra. Bhraith an freagróir ar roinnt ríomhchláir bogearraí chun a ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a éascú, lena n-áirítear bogearraí Truecrypt, an líonra TOR, Bitcoin agus Ethereum. Ar nós Bitcoin, is teicneolaíocht blocshlabhra é airgeadra Ethereum le feidhmiúlacht idirbhearta in-ríomhchláraithe. Thosaigh sé ag trádáil ar an 30 Iúil 2015, dhá mhí sular ndearnadh ordú alt 2 ag an mBreitheamh Fullam sa chéad sraith d'imeachtaí.

4. Nochtadh sparáin chriptea-airgeadra ag iniúchadh ACA2, a tharla i mí na Samhna 2014, ina raibh an Bitcoin a bhí mar chuid d'ábhar an chéad sraith d'imeachtaí. Nochtadh an sparán leis an Ethereum freisin. Ag an am, áfach, ní raibh Ethereum ag trádáil mar airgeadra, rud a chiallaigh nach rabhthas in ann a raibh sa sparán a fhuascailt ar an ngnáthbhealach. Bhí a luach airgeadais cothrom leis an Bitcoin amháin lenar ceannaíodh é i dtosach, arbh fhiú tuairim is €350 é ag an am sin. Ceannaíodh an Ether le Bitcoin agus tiontaíodh é uaidh sin ar an 5 Lúnasa 2014, tráth a raibh an freagróir, dar lena admháil féin, an-bhainteach le drugaí neamhdhleathacha a dhíol agus a sholáthar ar an idirlíon dorcha. Éilítear tairseach luach íosta reachtúil ag ailt 2(1)(b) agus 3(1)(b) d'Acht 1996, nach mór a chomhlíonadh sula bhféadtar ordú a dhéanamh de bhun Acht 1996 maidir le mír mhaoine. Ag an am ábhartha, b'ionann tairseach an luacha íosta seo agus €13,000 (Laghdaigh an tAcht um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2016 an tairseach sin go híosmhéid €5,000 ar an 12 Lúnasa 2016). Bunaithe ar an bhfianaise a tugadh ar aird os comhair na Cúirte seo, is cosúil nárbh é gur chlis an Ether an tairseach sin a chomhlánú an fáth gur fágadh amach as an gcéad sraith d'imeachtaí é. Ba chirte a rá gur bhain imní an Bhiúró le praiticiúlacht ós rud é nach bhfuil fóram bunaithe ag airgeadra neamhthrádála ina mbeifí in ann é a dhíol agus a luach a fhíorú. Mar gheall ar an imní sin, ní dhearnadh ach an sparán ar chóras an fhreagróra a bhreacadh síos le linn iniúchadh ACA2 agus ní dhearnadh aon rud eile maidir leis.

5. Go déanach i mí Bealtaine 2016, tar éis don Bhreitheamh Fullam an t-ordú toilithe a dhéanamh, rinne ACA2 athbhreithniú ar an ábhar imscrúdaithe bunaidh lena chinntiú gur tugadh faoi gach rud i gceart sular cuireadh na páipéir ar aghaidh le haghaidh cartlannaithe. Le linn an t-athbhreithniú sin a dhéanamh, rinneadh ath-iniúchadh ar an sparán criptea-airgeadra ina raibh an Ether. Thug ACA2 faoi deara go raibh Ethereum á thrádáil anois agus go bhféadfaí é a dhíol ar shuim shuntasach airgid. Cuireadh an tsaincheist seo ar shúile oifigigh eile an Bhiúró agus threoraigh Eugene

Corcoran, Coimisinéir Cúnta an Gharda agus Príomhoifigeach an Bhiúró (POB) ag an am, ACA2 chun an méid a raibh sa sparán a urghabháil. D'aistrigh ACA2 an Ether ón sparán ar ríomhaire an fhreagróra go dtí sparán a bhí faoi urlámhas aonair an Bhiúró.

6. Mhionnaigh an freagróir mionnscríbhinní ar an 13 Meán Fómhair agus an 10 Samhain 2016. Mionnaíodh an chéad mhionnscríbhinn d'fhonn rochtain a fháil ar an Scéim Ad Hoc um Cúnamh Dlí. Rinne an Breitheamh Fullam ordú a dheonaigh rochtain ar an Scéim dó ar an 17 Deireadh Fómhair 2016. Rinneadh agus deonaíodh iarratas dá leithéid le linn an chéad sraith d'imeachtaí. Sa dara mionnscríbhinn leagtar amach taobh an fhreagróra sa chás. Deimhneascann sé gur chuir sé in aghaidh na chéad sraithe d'imeachtaí ar fhorais go raibh cistí dlisteanacha aige ó fhostaíochta agus infheistíocht san am atá caite. Bhí na téarmaí a leanas san áireamh sa chomhaontú toilithe a d'aontaigh na páirtithe sna himeachtaí sin:

(a) Toiliú d'ordú de bhun alt 2(3) d'Acht 1996 a scaoil 50% de na cistí a bhí i gCuntas Comhair Creidmheasa Dhún Droma de chuid an fhreagróra;

(b) Toiliú d'orduithe éagsúla de bhun Acht 1996 faoi na sócmhainní eile a liostaítear i Sceideal an chomhaontaithe, ordú diúscartha san áireamh; agus,

(c) Comhoibriú iomlán leis an mBiúró ina n-iarrachtaí lán-luach na sócmhainní atá sa Sceideal a fhíorú.

Deimhneascann an freagróir gur thuig sé gur ionann an toiliú sin agus socraíocht iomlán agus glanadh deiridh ar aon dliteanas a bhí aige don Bhiúró. Ina thuairim, thoiligh sé do chuardach dá ríomhaire ag na húdaráis le linn an chéad imscrúdú coiriúil i mí na Samhna 2014, ach níor thoiligh sé go mbeadh cumhacht cuardaigh éiginnte dílsithe in oifigigh an Stáit. Mar sin, déanann sé agóid faoin mbonn ar a bhfuarthas rochtain ar a ríomhaire tar éis don imscrúdú a bheith críochnaithe.

7. Deimhneascann an freagróir go raibh Ethereum ag trádáil roimh mhí Iúil 2015, ach é sin agus luach i bhfad níos lú aige ná mar atá aige anois. D'ainneoin an cliseadh sin chun eolas faoi Ether a chur ar fáil nó aird an Gharda Síochána a dhíriú air, áitíonn sé go raibh sé éasca teacht ar an sparán. Tagraíonn sé siar do thras-scríbhinní na n-agallamh éagsúla a rinne sé le baill den Gharda Síochána, inar leag sé amach foinsí a ioncaim agus an chaoi inar thug sé faoina ghnó. Deimhneascann sé gur aistríodh aon Bitcoin a fuarthas ó ghníomhaíocht neamhdhlisteanach go cártaí dochair réamhíoctha agus nár úsáideadh é chun an Ether sin a cheannach.

8. Mhionnaigh an Bleachtaire Garda Mark Gallagher mionnscríbhinn ar an 15 Samhain 2016 ina n-aibhsíonn

sé gur urghabhadh ríomhaire glúine an fhreagróra faoi bharántas a fuarthas ó Bhreitheamh Cúirte Dúiche de bhun alt 26(1)(b) den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977/84, agus nach mbaineann a thoiliú le hábhar mar gheall air sin. Deimhneascann sé freisin nach raibh na húdaráis ag baint úsáid leanúnach as ríomhaire glúine an fhreagróra, ó ba rud é gur íomhá fhóiréinseach a ndearnadh scrúdú air d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh. Cuirtear i leith go ndearnadh urghabháil an Ether ar bhealach a chiallaigh nach raibh rochtain ar ríomhaire an fhreagróra de dhíth. Aibhsítear deimhneasc an fhreagróra i bpara 16 dá mhionnscríbhinn freisin, ina ndeir sé go raibh na fáltais óna chuid gáinneáil drugaí mar chuid dá infheistiú in Bitcoin. Déanann an Bleachtaire Garda Gallagher agóid faoin éileamh gur ceannaíodh an Ether le Bitcoin a fuarthas go dlisteanach, ós rud é gur theip ar an bhfreagróir fianaise a chur i láthair faoin gcaoi ar ceannaíodh an Bitcoin dlisteanach sin, mar dhea, agus faoin gcaoi inar féidir é a idirdhealú óna chuid Bitcoin neamhdhlisteanach. Fiú más ann do Bitcoin dlisteanach dá leithéid, dearbhaíonn an Bleachtaire Garda Gallagher go bhfuil sé faoi smál ag an bpróiseas sciúrtha airgid d'ionadú, ó ba rud é nach bhféadfadh leis na cistí dlisteanacha sin a fhabhrú murar úsáid sé na cistí neamhdhlisteanacha chun a stíl mhaireachtála laethúil a mhaoiniú.

9. Mhionnaigh an Bleachtaire Ard-Cheannfoirt Patrick Clavin, PBO reatha an Bhiúró tar éis don Choimisinéir Cúnta Corcoran an oifig a fhágáil, mionnscríbhinn ar an 15 Samhain 2016. Deimhneascann sé go ndearna sé athbhreithniú ar an ábhair ar fad sa chás seo agus go gcreideann sé go láidir gur fáltais coiriúlachta é an Ether seo, go díreach nó go hindíreach. Táirgeann sé an chreidiúint sin don Chúirt seo mar fhianaise faoi alt 8 d'Acht 1996.

**An Éisteacht**

10. Sheirbheáil an dá pháirtí fógraí chun na teisteoirí a chroscheistiú maidir le hábhair a mionnscríbhinní. Ag an éisteacht ar an 22 Márta 2017, thug an Bleachtaire Garda Gallagher, ACA2 agus an freagróir go léir fianaise viva voce agus faoi mhionn. Thug an Bleachtaire Garda Gallagher fianaise faoi mhéid an imscrúdaithe seo; bhí an fiontar a bhunaigh an freagróir go hiomlán difriúil ó aon rud a bhfaca an Garda Síochána cheana. Caitheadh an-chuid ama agus iarrachta ar an imscrúdú agus cloíodh go docht le prótacal, a mhéid is gur féidir é a chur i bhfeidhm ar an réimse nua coiriúlachta seo. D'aibhsigh sé an fhianaise gur tháinig méadú ar chistí neamhdhlisteanacha lasmuigh de chártaí dochair an fhreagróra. Dúirt sé freisin go ndearnadh taifeadadh ar ghníomhaíochtaí an Hulkster siar chomh fada le mí Aibreáin 2014. Nuair a teannadh air faoi chistí dlisteanacha an fhreagróra, d'aibhsigh an Bleachtaire Garda Gallagher go raibh oifigigh an Bhiúró ar fáil chun imscrúdú a dhéanamh ar aon fhianaise a raibh an freagróir in ann a chur ar fáil a dhéanfadh idirdhealú idir cistí dlisteanacha

agus neamhdhlisteanacha, mar a bhí déanta acu le linn na chéad sraithe d'imeachtaí maidir lena Chuntas Comhair Creidmheasa Dhún Droma, ach nach raibh fianaise le fáil.

11. Dar leis an mBleachtaire Garda Gallagher, ní gá gur ionann conclúid imeachtaí Ard-Chúirte agus conclúid imscrúdú foriomlán an Bhiúró . Dar lena fhianaise, caithfear athbhreithniú a tharlú ionas go bhféadfadh leis an mBiúró a bheith sásta gur tugadh faoi gach ábhar atá faoina shainchúram agus go bhféadfaí an t-imscrúdú a chur i gcrích. Dúirt sé nach raibh a fhios ag an mBiúró nuair a thosaigh siad leis an gcéad sraith d'imeachtaí go raibh Ethereum i mbun trádála le roinnt míonna anuas ó ba rud é nach raibh aon phróiseas athbhreithnithe i bhfeidhm le seiceáil go rialta an raibh luach nua ag sócmhainní ar ceapadh iad a bheith gan luach cheana. Dar leis, ba "*earráid dhaonna*" é sin agus tugadh faoin earráid leis an bpróiseas athbhreithnithe a tharla ina dhiaidh. D'aibhsigh sé gur féidir botún mar sin a mhíniú go héasca ó ba rud é go raibh an Garda Síochána ag fiosrú réimse nua gníomhaíochta coiriúla. Maidir leis an gconclúid a rinne an Biúró nach raibh luach ag an Ether roimh mhí Iúil 2015, níor thuig an Bleachtaire Garda Gallagher conas a d'fhéadfadh an Biúró sócmhainn a dhíol nuair nach raibh margadh bunaithe nó fóram de cheannaitheoirí le suim ann dó.

12. Ó thaobh na nósanna imeachta a rialaigh an próiseas athbhreithnithe, dúirt an Bleachtaire Garda Gallagher nach raibh beartas ná nós imeachta i bhfeidhm. Déantar athbhreithnithe nuair a bhíonn am saor ag na hoifigigh imscrúdaithe chun iad a dhéanamh agus/nó nuair a theastaíonn uathu spás a chruthú ina n-oifig. Dúirt sé go dtarlaíonn an t-athbhreithniú chomh gar le conclúid na n-imeachtaí agus is féidir go hiondúil. Ní dhéantar athbhreithnithe le linn saolré na n-imeachtaí ós rud é nach mbíonn go leor ama ná acmhainní ann dá leithéid.

13. I bhfianaise ó bhéal, chuir ACA2 míniú a bhí i bhfad níos doimhne ar fáil maidir le coincheapa teicneolaíochta an ábhair seo. D'aontaigh ACA2 go hiomlán leis an mBleachtaire Garda Gallagher nach raibh aon luach ag an Ether roimh mhí Iúil 2015. Dúirt ACA2 gur cheannaigh an freagróir duillín gealltóireachta go bunúsach; níorbh fhéidir leis an Ether luach a fhabhrú gan imeacht ar leith a tharlú sa todhchaí (sa chás seo, ba é sin tús trádála an airgeadra Ethereum). Dar le ACA2, ní raibh sé réalaíoch go praiticiúil go bhfaighfí ceannaitheoir le haghaidh an duillín gealltóireachta seo. I gcodarsnacht le Bitcoin, ní raibh aon bhlocshlabhraí ann le haghaidh Ethereum sular thosaigh an trádáil. Ciallaíonn sin nach raibh aon chlár úinéireachta. Fiú dá bhféadfadh le ceannaitheoir ionchasach a bheith cinnte go dtarlódh an t-imeacht riachtanach sin sa todhchaí, ní raibh aon bhealach acu le fáil amach má

rinneadh a chomhad Ethereum a dhúbláil agus a dhíol le ceannaitheoirí tánaisteacha. Dá mba rud é go raibh níos mó ná ceannaitheoir amháin, cibé duine a bhris an duillín i dtús fuair siad luach na sócmhainne agus bheadh gach ceannaitheoir tánaisteach eile fágtha le faic. Dar le ACA2, ní fhéadfaí an duillín a dhíol ar aon mhargadh bunaithe mar gheall ar an leibhéal ard riosca sin.

14. Chun críocha croscheistiúcháin, slánaíodh an t-ordú chun an freagróir a fháil ó Phríosún Cruithneachtáin ón gCúirt seo i mí Eanáir 2017. Dúirt sé i bhfianaise nach raibh roinnt den airgead a urghabhadh óna chuntas Comhair Creidmheasa Dhún Droma agus a diúscraíodh faoin ordú toilithe faoi smál ag a chistí neamhdhlisteanacha. Dúirt sé gur chomhthoiligh sé d'ainneoin sin leis na horduithe a rinne an Breitheamh Fullam i bhfianaise an phrionsabail athraithe a leagadh amach i mionnscríbhinn ag an mBleachtaire Garda Gallagher. D'áitigh sé go raibh sé aitheanta ag an mBiúró go bhfuil ioncam dlisteanach éigin aige ón bhfostaíocht a bhí aige roimhe agus ón trádáil dhlisteanach a rinne sé le Bitcoin ó ba rud é gur shocraigh siad an chéad chás agus gur scaoil siad le 50% de na cistí a bhí ina chuntas Comhair Creidmheasa Dhún Droma. Dar leis an bhfreagróir, bhí luach ag an Ether i gcónaí agus d'fhéadfaí é a thrádáil díreach ar nós Bitcoin i bhfóram príobháideach idir ceannaitheoirí agus díoltóirí dílse. Nuair a fiafraíodh de cén fáth nár luaigh sé an Ether le linn agallamh an Gharda ná le linn a iarratais ar chúnamh dlí, dúirt sé nach raibh a fhios aige go raibh Ethereum i mbun trádála an uair sin. Chomh fada agus a bhain sé leis, níorbh fhiú ach €350 an Ether, agus níor shócmhainn ar luach suntasach é mar sin a rithfeadh leis agus é ag cur a iarratas ar chúnamh dlí isteach.

15. Dúirt an freagróir gur choinnigh sé a chistí dlisteanacha agus neamhdhlisteanacha i sparáin éagsúla chun crostruailliú a sheachaint, agus nach ndeachaigh aon ghnó neamhdhlisteanach tríd an seoladh ríomhphoist a d'úsáid sé chun an Ether a cheannach. Léadh an léiriú ar charachtar an fhreagróra, mar atá leagtha amach i gcinneadh na Cúirte Achomhairc dá achomharc ar phianbhreith, a rinne an Breitheamh Birmingham (mar a bhí air an tráth sin), ag an abhcóide ar son an Bhiúró. Chuaigh an freagróir go díreach i gcoinne na cinntí sin, mar aon leis an bhfianaise a thug an Stát le linn na n-imeachtaí coiriúla, ag maíomh nach raibh siad cruinn. Má thug sé le fios gur tharla crostruailliú nó ionadú le linn agallaimh na nGardaí, a dúirt sé, rinne sé amhlaidh chun críocha béim a leagan ar aon fhachtóirí maolaitheacha a d'fhéadfadh sé brath orthu ag céim pianbhreithe a trialach. Dar lena leagan féin ar imeachtaí, coinníodh an Bitcoin ar fad a tuilleadh go neamhdhlisteanach i sparán ar leith faoi chriptiú. Níor thug an freagróir aon mhíniú faoin bhfáth gur thoiligh sé go ndiúscrófaí an Bitcoin a coinníodh sna sparáin gan chriptiú le linn na chéad sraithe d'imeachtaí.

Ba chosúil go raibh an freagróir ag maíomh gur thoiligh sé leis an ordú diúscartha a d'iarr an Biúró toisc gur theastaigh uaidh a bheith críochnaithe leis an scéal agus imeachtaí an Bhiúró a fhágáil ina dhiaidh.

16. Nuair a fiafraíodh de cén fáth nár tháirg sé aon taifid mar fhianaise ar a infheistíochtaí dlisteanacha, d'áitigh an freagróir nach raibh na ceisteanna ar chuir na Gardaí air suntasach. Fiú má bhain suntas leo, dúirt sé nach raibh sé in ann na taifid sin a tháirgeadh, ó ba rud é go bhfuair an Biúró ordú calctha ar an gcuntas bainc ábhartha. Nuair a dhírigh an t-abhcóide ar son an Bhiúró aird ar an gcaoi a raibh gach taifead ábhartha ar fáil dó le linn na chéad sraith d'imeachtaí dá mba rud é go raibh sé féin ná a ionadaithe dlíthiúla á lorg, dúirt an freagróir nach raibh sé cinnte faoi na hábhair a cuireadh ar fáil. Croscheistíodh an freagróir go mion faoi amlíne na n-imeachtaí a tharla in 2014. Tugadh le tuiscint go raibh an freagróir ag déileáil drugaí siar chomh fada le mí Aibreáin 2014. Ba thréimhse é sin a mhair trí nó ceithre mhí ní b'fhaide ná an tréimhse a leag sé amach ina agallaimh leis na Gardaí. Ghlac an freagróir leis go raibh sé ag déileáil drugaí siar chomh fada le mí Aibreáin 2014.

**Aighneachtaí**

17. Braitheann an freagróir go mór ar na prionsabail a leagadh amach sa Chúirt Uachtarach in DPP v. JC [2017] 1 I.R. 417 agus CAB v. Murphy [2018] IESC 12. Braitheann sé freisin ar bhreithniú na Cúirte Uachtaraí faoi chearta príobháideachta, mar a cuireadh in iúl in CRH Plc v. an Coimisinéir um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí [2017] IESC 34. Áitíonn sé go gcomhghaolaíonn cinntí na Cúirte Uachtaraí le cinntí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (CECD) maidir le príobháideacht i gcomhthéacs coiriúil, mar a cuireadh in iúl in S & Marper v. an Ríocht Aontaithe (2009) 48 CECD 50. Áitíonn sé go dtéann alt 9 den Acht um an Dlí Coiriúil 1976 i ngleic leis an tsaincheist sin sa dlínse seo.

18. Áitíonn an freagróir gur chríochnaigh na himeachtaí coiriúla ina aghaidh ar an 21 Nollaig 2015. Dar leis, ón dáta sin ar aghaidh, ní raibh údarás ag an Stát a thuilleadh faoi alt 9 d'Acht 1976 chun a chóras ríomhaire a choimeád ná cóipeanna a dhéanamh de. Áitíonn sé gur chóir go mbeadh an próiseas chun an ríomhaire a thabhairt ar ais agus na cóipeanna a scriosadh tosaithe tar éis an dáta sin. Fiú dá gceadófaí don athbhreithniú a rinne ACA2, dírítear aird na Cúirte ar an modh ad hoc agus lánroghnach inar ceadaíodh do ghníomhaithe an Stáit iad féin a iompar i gcúrsaí mar seo. Áitítear go bhfuil an status quo go hiomlán difriúil le breithiúnas na Cúirte Uachtaraí in CRH agus cinneadh an CECD in Marper. Maidir leis an tástáil cheart le cur i bhfeidhm, áitíonn an freagróir gurb é an tástáil in J.C. é. Agus an tástáil á cur i bhfeidhm, géilleann an freagróir nach d'aon ghnó a bhí an sárú, mar a thuigtear an téarma sin tar éis chinneadh an J.C. Ina ionad sin, áitíonn sé gur tharla an sárú trí

thimpiste. I bhfianaise na heaspa údaráis le haghaidh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil a rinne an ACA2 a sháraigh cearta an fhreagróra, áitítear nach féidir glacadh leis an mainneachtain sin agus nach cóir an t-ábhar a chur san áireamh. Go neamhspleách ar argóintí an fhreagróra faoi Murphy agus J.C., áitíodh gur mí-úsáid próisis é na himeachtaí seo, mar a leagadh amach sa rialú in Henderson v. Henderson.

19. Agus cineál agus scála choiriúlacht an fhreagróra á dtréithriú, tagraíonn an Biúró do bhreithiúnas na Cúirte Achomhairc ar dhéine a phianbhreithe (An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Mannion [2016] IECA 314), ina ndúirt Birmingham P. go raibh an freagróir gníomhach i bhfiontar tráchtála ar scála idirnáisiúnta. Arís eile, chuir an Biúró béim ar an easpa sonraí a thug an freagróir faoina chuid infheistíochtaí dlisteanacha. Mar a dúirt an Bleachtaire Garda Gallagher agus é á chroscheistiú, braitheadh an ghníomhaíocht a bhí ar siúl ag an Hulkster ar an idirlíon dorcha ó mí Aibreáin 2014 ar aghaidh agus d'fhág an freagróir a fhostaíocht bhrabúsach in 2013, rud a chiallaíonn go bhfuil na hinfheistíochtaí Bitcoin a tharla i ndiaidh na ndátaí sin faoi smál na neamhdhleathachta. Aibhsíonn an Biúró gur ceannaíodh an Ether thart ar an am céanna is a fuair an freagróir coinsíniú mór táibléid eacstaise. Maidir le fianaise an fhreagróra ó bhéal nach raibh luach an Ether ar eolas aige agus gurb é sin an fáth nár dhearbhaigh sé é le linn a chéad iarratas ar chúnamh dhlí, ní chreideann an Biúró an moladh sin ós rud é go raibh sé ar bhannaí ag an am agus go raibh rochtain iomlán aige ar an idirlíon.

20. Cuireann an Biúró béim mhór ar na prionsabail bheartais phoiblí atá ina mbunús d'fháltais ghníomhaíochtaí na coiriúlachta, mar a cuireadh in iúl i gcinntí éagsúla na nUaschúirteanna. Tagraítear do léiriú reachtúil ar na prionsabail sin in ailt 4 agus 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996. Áitítear go gcuireann na prionsabail sin creatlach ar fáil ina bhfeidhmíonn an Biúró a chumhacht chun fianaise a bhailiú. Maidir le halt 9 d'Acht 1976, aibhsíonn an Biúró go samhlaítear leis an alt seo go gcoinneofaí ábhar go dtí go gcríochnaíonn na himeachtaí, agus ina dhiaidh sin go bhféadfaí iarratas faoin Police (Property) Act 1897 a dhéanamh. Dar lena n-aighneacht, foráiltear meicníocht leis an Acht sin lena bhféadann úinéirí sócmhainní a urghabhadh iarratas a dhéanamh chun na sócmhainní sin a fháil ar ais. Ní dhearnadh iarratas sa chás seo. Molann siad nach gciallaíonn alt 9 go raibh rochtain ar an ríomhaire glúine neamhdhleathach tar éis chríoch na n-imeachtaí. Abair go bhfuair an Chúirt gur sáraíodh cearta an fhreagróra, áfach, áitíonn an Biúró gurb é an tástáil i gcás Murphy atá i bhfeidhm, agus ní an tástáil i gcás J.C. Áitítear nach raibh aon mheargántacht nó mórfhaillí sa chás seo, agus nach d'aon ghnó a bhí an sárú líomhnaithe. Ba chirte a rá nár tharla ach earráid dhaonna,

earráid a líomhann an freagróir go ndearna sé féin freisin, más fíor nach raibh a fhios aige go raibh Ethereum i mbun trádála nuair a chuir sé iarratas isteach ar an scéim um chúnamh dlí.

**Plé**

21. Is comhlacht reachtúil é an Biúró, an t-iarratasóir, a bunaíodh ag an Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 agus ag an Acht um Fháltais ó Choireacht 1996. An sainchúram atá aige ná sócmhainní atá ina bhfáltais ón gcoiriúlacht, dar leis, a aithint agus na bearta riachtanacha a ghlacadh chun teidlíocht thairbhiúil na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar na sócmhainní sin a dhiúltú. Ní páirtí díobháilte ná éagóraithe é an Biúró lenar féidir socrú a dhéanamh agus dliteanas a urscaoileadh. Níl an freagróir faoi dhliteanas don Bhiúró. Tá cúis ag an mBiúró lena chreidiúint go bhfuil rochtain ag an bhfreagróir ar shócmhainní a dtagann faoina shainchúram agus tá sé tagtha chuig an gCúirt seo chun a chás a chruthú. Níl aon saincheist dliteanais anseo agus tá dul amú ar an bhfreagróir le haon deimhneasc atá déanta aige a thugann a mhalairt le tuiscint. Maidir leis an ábhar atá dáiríre i gceist sa chás seo, tá roinnt argóintí mionsonraithe dlí ardaithe ag na páirtithe a thagann ó réimsí casta an dlí. Mar sin, bheadh sé chun leas na Cúirte gach saincheist a phlé ceann ar cheann sula leagtar amach a cinneadh ar an ábhar seo.

**An Biúró um Shócmhainní Coiriúla -v- Murphy**

22. Tharla éisteacht na Cúirte Uachtaraí faoi chás Murphy an tseachtain i ndiaidh thús na héisteachta a bhain leis an gcás seo ar an 22 Márta 2017. I bhfianaise ábharthacht ionchasach an chinnidh i gcás Murphy, mhol an t-abhcóide ag deireadh na fianaise go gcuirfí argóint dlíthiúil ar atráth go dtí dáta tar éis don Chúirt Uachtarach a cinneadh a thabhairt. Tharla sé gur moladh críonna é sin, ós rud é go bhfuil an breithiúnas in Murphy an-ábhartha don ábhar seo agus feidhmíonn sé mar ráiteas mínitheach ar an dlí sa réimse seo. Rinne an Breitheamh O'Malley athbhreithniú leathan mionsonraithe ar na húdaráis agus ar na hábhair imní i gcásanna a bhaineann le fáltais ó choiriúlacht. Luann sí an tábhacht a bhaineann le nósanna imeachta cothroma d'ábhair mar sin agus an riachtanas go mbeidh iarmhairtí ann nuair a sáraítear cearta bunreachtúla. I bpara. 121, tagraíonn sí do na téamaí coitianta a threoraíonn na Breithiúna agus iad ag cur an riail eisiatach i bhfeidhm. Is iad sin, *"...ionracas i riaradh an cheartais, an gá chun gníomhaithe an Stáit a spreagadh chun cloígh leis an dlí nó iad a dhíspreagadh ó é a bhriseadh, agus an dualgas bunreachtúil chun cearta daoine aonair a chosaint agus a ghlanadh ó chúis."* Leanann sí ar aghaidh ina dhiaidh sin:-

*"...Is coincheapa iad seo atá an-tábhachtach ó thaobh na bunreachta de. Tá sé feicthe gur leor gach ceann ar leith acu, nó meascán acu, chun prionsabal a bhunú atá in*

*ann an Stát nó a ghníomhaithe a choinneáil ón leas a thagann ó shárú cearta a dhéantar i gcúrsa feidhmiú cumhachta chomhéigní dlí."*

23. Agus í ag díriú ar an tionchar a bheadh ag sárú cearta ar dhlíthíocht maidir le hiarratais ar fháltais ón gcoiriúlacht, deir an Breitheamh O'Malley gur cóir measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige ceart bunaithe ar an ról a bhíonn ag an mír lena mbaineann sna himeachtaí. Má airbheartaítear gur fianaise é an mhír "*sa chiall cheart*", tuigim as sin gur tugadh ar aird é chun críocha aon saincheist fíorais is ábhar díospóide a chruthú. Dá bhrí sin is é an tsaincheist atá idir láimhe ná más cóir an fhianaise atá i gceist a eisiamh ó na himeachtaí. Agus an tsaincheist sin á cinneadh, tá an tástáil a leagadh amach ag an gCúirt Uachtarach i bhfeidhm, ach amháin go gcuirfí an caighdeán cruthúnais "*thar amhras réasúnach*" ann in áit an chaighdeáin a bhaineann le himeachtaí sibhialta. Tagann cúinsí atá go hiomlán éagsúil chun cinn nuair is ionann an mhír agus ábhar iomlán nó páirteach an iarratais. Sna cúinsí sin, ní thugtar an mhír ar aird chun críocha aon saincheist fíorais a chruthú agus ní bhíonn feidhm ag an tástáil J.C. Ba chirte a rá gurb é ábhar cúram na Cúirte an cheist i dtaobh an mhír a bheith urghafa i gcúinsí ina mbeadh an Chúirt, tríd an t-ordú a iarradh a dhéanamh, ag tabhairt a cuid próiseas ar iasacht do chaingne ar son ghníomhaithe an Stáit atá ag comhlíonadh a gcuid dualgas ar bhealach míchuí. I gcásanna mar sin, ní mór don Chúirt gníomhú chun ceart an fhreagróra chun nósanna imeachta cothroma a shuíomh agus chun a gcuid nósanna imeachta féin a chosaint ó mhí-úsáid. Agus an tsaincheist sin á cinneadh, ní threoraítear an Chúirt ag an riail eisiatach, ach ag na prionsabail ar a bhfuil an riail bunaithe. Scrúdaíodh na prionsabail sin go mion thar chúrsa chinneadh an Bhreithimh O'Malley agus áiríodh na téamaí coitianta dá dtagraíodh thuas.

24. Tá an dlí níos soiléire anois tar éis an bhreithiúnais in Murphy. Mar shampla, is léir nach mór an t-ordú a dhiúltú i gcás ina raibh sárú d'aon ghnó ar chearta bunreachtúla ag baint le gníomhaíocht mhíchuí an Stáit. I gcás gur tharla sárú mar thoradh ar iompar meargánta nó mórfhaillíoch, coimeádann an Chúirt lánrogha chun an t-ordú a iarradh a dhéanamh, ach é sin agus toimhde i bhfabhar diúltaithe. Is léir freisin nach mór saincheist an tsáraithe a ardú go sainráite ar mhionnscríbhinn. Cinntear ar an tsaincheist ag deireadh éisteachta, tar éis don Chúirt cinneadh a dhéanamh cé acu an fáltais ó choiriúlacht é an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, nó nach é. Tugann an breithiúnas aghaidh freisin ar an té a bhfuil an dualgas cruthúnais air (mír 133), ar an ábharthacht atá i sárú chearta tríú páirtí (mír 134) agus líomhaintí comhúinéireachta (mír 135). Ní bheartaím díriú ar an dá shaincheist dheireanacha sin, ós rud é nach dtagann siad aníos i bhfíoras an cháis seo. Tá dhá shaincheist a sainaithníodh sa chinneadh, áfach, a fágadh don Ard-Chúirt chun machnamh a dhéanamh orthu is

cosúil agus a éilíonn scrúdú gearr ag an bpointe seo.

25. I bpara. 137, deir an Breitheamh O'Malley nach dtabharfaí an tsócmhainn ar ais don fhreagróir ónar urghabhadh é mar thoradh ar ordú a dhíbhfeadh iarratas an Bhiúró i ngach cás. Thángthas ar an gcinneadh ar an mbonn nach bhfuil aon cheart bunreachtúil ná dlíthiúil chun réadmhaoine a fuarthas trí fháltais na coiriúlachta. Níl sé soiléir go díreach cén cur chuige ar chóir don Ard-Chúirt a thógáil sna cúinsí sin. Gan dabht bheadh aighneachtaí mionsonraithe dlíthiúla uaim ó gach páirtí ábhartha dá dtiocfadh an tsaincheist seo aníos riamh. Is léir ó na húdaráis, go háirithe ó chinneadh an Bhreithimh C. Keane in Murphy v. G.M. [2001] 4 IR 113, ag mír 137, go mbíonn an freagróir ina úinéir ar an tsócmhainn atá i gceist go dtí go ndéantar ordú de bhun alt 4 d'Acht 1996 lena gceadaítear an tsócmhainn a dhiúscairt. Ní fhónann orduithe de bhun ailt 2 agus 3 d'Acht 1996 ach don tsócmhainn a chalcadh agus an freagróir a choinneáil ón sealúchas tairbhiúil a mbeidís i dteideal murach sin. Má cheapann an Chúirt riamh nár chóir d'ordú de bhun ailt 3 a dhéanamh, bheadh forálacha alt 2(5) d'Acht 1996 i bhfeidhm ansin. Ag glacadh leis nach ndéanfaí diúltú na Cúirte chun ordú alt 3 a achomhairc, nó, dá ndéanfaí é a achomhairc nár seasadh leis, rachadh an t-ordú eatramhach a rinneadh de bhun alt 2 as feidhm. Ní bheadh an tsócmhainn lena mbaineann calctha a thuilleadh agus dhílseofaí sealúchas tairbhiúil na sócmhainne don úinéir dlíthiúil láithreach, i.e. an freagróir, chun déileáil léi mar is mian leo.

26. Níl sé soiléir fós conas a fheidhmeofar tuairimí na Cúirte Uachtaraí ag mír 137 i gcleachtas agus, dá bharr, leanúint le sealúchas tairbhiúil sócmhainne a dhiúltú d'fhreagróir tar éis d'iarratas alt 3 maidir leis an tsócmhainn sin a dhiúltú. D'fhéadfaí a argóint gur chóir orduithe a iarradh de bhun ailt 5 nó 7 d'Acht 1996 sula dtéann an t-ordú eatramhach as feidhm de bhun alt 2(5). Dar liom, thabharfadh moladh chomh samhlaíoch sin léamh atá i bhfad rófhlaithiúil do na ranna sin, de bharr déine na gcineálacha seo imeachtaí. Is cosúil freisin nach bhfuil an lánrogha riachtanach ag an Ard-Chúirt chun a foriarratas féin a chur i ngníomh agus ordú a dhéanamh chun an status quo a choimeád.

27. Fiú dá bhféadfaí orduithe dílseacháin mar sin a dhéanamh a choimeádfadh an status quo, níl sé soiléir cad ba chóir a dhéanamh leis an tsócmhainn ina dhiaidh. I bhfianaise chinneadh na Cúirte gurb ionann an tsócmhainn agus fáltais ón gcoiriúlacht, níl aon cheart bunreachtúil ná dlíthiúil ag an bhfreagróir di. É sin ráite, ní féidir an tsócmhainn a dhiúscairt ar bhealach a bheadh chun tairbhe an Stáit, toisc go mbainfeadh sin an bonn den chúis ar diúltaíodh an t-iarratas alt 3 (i.e. freagracht na Cúirte chun nósanna imeachta cothroma a chinntiú, mí-úsáid a cuid próiseas a chosaint agus gníomhaithe Stáit, a bhaineann mí-úsáid as a n-údarás

agus a dhéanann iarracht leas a bhaint as sárú cearta a dhéantar le linn chumhacht dhlíthiúil chomhéigneach a úsáid, a sheachaint). Mar sin, cad go díreach ar chóir a dhéanamh leis an tsócmhainn mura bhfuil sí á tabhairt ar ais don fhreagróir? An bhfuil an Chúirt i dteideal a lánrogha a úsáid maidir leis an réadmhaoin a dhiúscairt nó a úsáid sa todhchaí? An bhfuil an tsócmhainn le scriosadh? Seans go bhforálann foráil reachtach éigin eile freagraí ar na ceisteanna uile seo. I ndáiríre, áfach, ceapaim gurb é is dóichí ná go mbeidh leasú suntasach ag teastáil ó Acht 1996 ag an Oireachtas d'fhonn tuairimí na Cúirte Uachtaraí a chur san áireamh.

28. An dara pointe a thagann chun cinn ná ar chóir an t-ordú alt 3 a dhiúltú i gcás gur sáraíodh ceart bunreachtúil, ach nach raibh an sárú sin meargánta, mórfhaillíoch ná d'aon ghnó (e.g. gníomh neamhaire). Níor sonraíodh ach oiread cad atá le déanamh más sárú dlíthiúil, seachas bunreachtúil, a bhí i gceist. Agus na ceisteanna seo á bplé, is fiú trácht a dhéanamh ar phara. 125-127 de cinneadh an Bhreithimh O'Malley, mar a sonraítear:

*"125. Thug mé le fios, ag luathchéim sa bhreithiúnas seo, gur shíl mé go raibh sé míchabhrach a mhaíomh gurbh é infheidhmeacht na rialach a fhágann fianaise faighte go míbhunreachtúil ar lár an fhadhb sa chás áirithe seo, mar níorbh fhianaise é an t-airgead tirim seo faoi chaibidil le firinne, agus d'fhéadfaí a chaitheamh leis mar fianaise a d'fhéadfadh a bheith ba chúis le torthaí áiféiseacha, sa chás go bhféadfadh níos mó ná duine amháin a mhaíomh gur leosan é...Eascraíonn sain-iarmhairtí ó chinneadh gur [léiríonn an acmhainn fáltais na coiriúlachta], agus ní féidir leis na hiarmhairtí seo dul i gcoinne duine amháin ach gan dul i gcoinne duine eile...*

*126. Ar an gcúis chéanna, ní féidir leis an leagan mionathraithe den tástáil J.C., a mholann na hachomharcóirí, oibriú go héifeachtach, dar liom. An cheist, mar sin de, ná an freagra cuí ó chúirt mar a bhfuil páirt ag sárú ar chearta bunreachtúla in urghabháil na sócmhainní a bhaineann leis an gcás.*

*127. Cé nach bhfuil an tástáil J.C. go hiomlán in oiriúint, is féidir cur chuige na Cúirte a leasú, dar liom, chun freagra cuí a sholáthar don fhadhb seo sna himeachtaí de réir an Achta um Fháltais na Coiriúlachta."*

Is ag cuimhneamh ar na tuairimí seo a dhíríonn an Chúirt seo chuig J.C.

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí –v- J.C.**

29. Go hiondúil, mar gheall ar easpa na hinfheidhmeachta dírí, ní mhachnódh an Chúirt ar J.C. ach i gciall an-leathan agus amháin nuair a bhí sé de dhíth chun an t-iarratas roimhe a réiteach. Mar sin féin, tá sé áitithe ag an bhfreagróir gurb é J.C., ní Murphy, a leagan amach an tástáil infheidhme sa chúrsa seo. Mar sin déanfaidh an Chúirt machnamh níos mine ar fheidhm na Cúirte Uachtaraí

as an riail eisiatach, mar a chuirtear in iúl in J.C. Tugann an Chúirt teorannú an Bhreithimh O'Donnell i leith a bhreithiúnais i réimse na mbarántas cuardaigh faoi deara. Cé gur comhalta de thromlach an lucht cinnte in J.C. é an Breitheamh O'Donnell, ní ionann a bhreithiúnas agus an breithiúnas tromlaigh. Is leis an mBreitheamh Clarke (mar a bhí ansin) atá an breithiúnas tromlaigh, agus ní dhéanann a chinneadh aon tagairt do theorannú infheidhmeacht na tástála J.C., seachas imthosca a bhfuil amhras faoi ionracas/mhacántacht na fianaise.

30. I bpara. 871, achoimríonn an Breitheamh Clarke an tástáil mar a leanas:

*"(i) tá an dualgas ar na cúisitheoirí chun inghlacthacht fianaise uile a dheimhniú. Baineann an tástáil a leanas le hagóidí i gcoinne inghlacthacht fianaise nuair nach mbaineann an agóid ach amháin leis na himthosca ina ndearnadh an fhianaise a bhailiú agus ní bhaineann sí le macántacht nó le luach cruthúnais na fianaise lena mbaineann.*
*(ii) nuair a chuirtear i gcoinne inghlacthacht fianaise ar an bhforas gur glacadh léi in imthosca míbhunreachtúlachta, tá an dualgas fós ar na cúisitheoirí chun a dheimhniú:-*

*(a) nach ndearnadh an fhianaise a bhailiú in imthosca míbhunreachtúlachta; nó*

*(b) má rinneadh, go bhfuil sé fós iomchuí don chúirt, mar sin féin, glacadh leis an bhfianaise*.

*Tríd an dualgas chun iarracht a dhéanamh bonn cirt a sholáthar do ghlacadh na fianaise a bailíodh in imthosca míbhunreachtúla, cuirtear oibleagáid ar na cúisitheoirí an bonn a mhíniú ar a bhfuil sé luaite gur cheart glacadh leis an bhfianaise, mar sin féin, AGUS CHOMH MAITH LEIS SIN chun aon fhíricí a dheimhniú d'fhonn bonn cirt a sholáthar do bhonn dá leithéid.*
*(iii) ní mór aon fhíricí ar a bhfuil na cúisitheoirí ag brath chun ábhar ar bith dá dtagraítear ag (ii) a dheimhniú, a dheimhniú thar amhras réasúnta;*

*(iv) nuair a bhailítear fianaise agus cearta bunreachtúla, á sárú d'aon ghnó agus d'aon turas, ansin ba cheart an fhianaise a chur as an áireamh ach amháin sna himthosca eisceachtúla sin faoi mhachnamh sa dlí-eolaíocht atá ann. Sa chomhthéacs seo tagraítear le 'd'aon ghnó' agus le 'd'aon turas' d'eolas ar mhíbhunreachtúlacht bhailiú na fianaise ábhartha ach níl sé infheidhme leis na gníomhartha lena mbaineann. Chun measúnú a dhéanamh maidir le cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh fianaise a bhailiú agus cearta bunreachtúla á sárú d'aon ghnó agus d'aon turas teastaíonn anailís ar iompar nó ar an riocht ina raibh, ní amháin an duine a bhailigh an fhianaise iarbhír, ach chomh maith leis sin iompar agus riocht an oifigigh shinsearaigh nó oifigeach sinsearach laistigh den údarás*

*imscrúdaithe nó forfheidhmithe lena mbaineann, atá bainteach leis an gcinneadh sin nó le cinntí den chineál sin i gcoitinne nó le beartais a chur i bhfeidhm a bhaineann le fianaise a bhailiú den chineál atá i gceist.*

*(v) nuair a bhailítear fianaise in imthosca míbhunreachtúlachta ach nuair a dheimhníonn na cúisitheoirí nach ndearnadh sin d'aon ghnó nó d'aon turas sa chiall roimhe seo, ansin tagann toimhde i gcoinne ghlacadh na fianaise ábhartha chun cinn. Ba cheart glacadh lena leithéid d'fhianaise nuair a dheimhníonn na cúisitheoirí go bhfuarthas an fhianaise in imthosca nuair a bhí aon sárú ceart mar thoradh ar neamh-aire nó nuair a eascraíonn sé ó fhorbairtí dlíthiúla ina dhiaidh sin.*

*(vi) níor cheart glacadh le fianaise a fuarthas nó a bailíodh in imthosca nuair nárbh fhéidir a leithéid d'fhianaise a fháil nó a bhailiú go bunreachtúil fiú mura raibh siad siúd a bhí rannpháirteach i mbailiú na fianaise ábhartha eolach mar gheall ar neamh-aire ar easpa údaráis."*

31. De réir J.C., an chéad fhadhb ar chóir don Chúirt cinneadh a dhéanamh air ná, an bhfuil ceist dhlisteanach á ardú maidir le píosa fianaise, a thugann dúshlán do hinghlacthacht na fianaise sin ar bhoinn a bhaineann leis an tslí a bailíodh nó a fuarthas é, agus ní ar bhoinn a bhaineann lena ionracas ná a mhacántacht. Nuair a bhaineann an cheist sin le hionracas nó le macántacht, níl sé soiléir má tá tástáil iomlán difriúil i gceist nó ar chóir an tástáil J.C. a chur i bhfeidhm ar ghné inghlacthacht na ceiste nuair atá na ceisteanna a bhaineann le hionracas/macántacht réitithe. Ní thagann an fhadhb seo aníos sna himeachtaí seo. Mar sin de, ní dhéanfaidh an Chúirt aon trácht eile. Tá sé deacair a shainmhíniú céard is ceist dhlisteanach ann agus céard nach ceist dhlisteanach ann. Mar sin féin, táim den tuairim go mbeadh sé riachtanach go luafadh an cheist go sonrach an fhianaise atá á ceistiú, ar a laghad, ach go luafadh sé go sonrach an acht a táthar a mhaíomh gur sárú ar chearta agus/nó ar an gceart beacht sáraithe a táthar a mhaíomh.

32. An chéad chéim eile ná fáil amach an bhfuil sé deimhnithe ag na cúisitheoirí thar amhras réasúnta (ba chóir aon tagairt do *"thar amhras réasúnta"* sa bhreithiúnas seo a úsáid in áit *"cóimheá na ndóchúlachtaí"* nuair a phléitear le cúinsí sibhialta) nár bailíodh an fhianaise réamhráite in imthosca míbhunreachtúlachta. Mura dheimhníonn siad é seo, ní mór don Chúirt ansin cinneadh an raibh sé indéanta an fhianaise réamhráite a bhailiú i mbealach bunreachtúil. Mura raibh, ní mór an fhianaise a chur as an áireamh de réir prionsabal (vi) den tástáil J.C. Má bhí sé indéanta an fhianaise a bhailiú i mbealach bunreachtúil, ní mór do na cúisitheoirí deimhniú thar amhras réasúnta, ní amháin ar an bhforas go mbíonn sé fós ceart an fhianaise a cheadú, ach na fíricí a thacaíonn leis an bhforas sin freisin.

33. Tá na féidearthachtaí le haghaidh an bhailiúchán cuí d'fhianaise cuimsithe go héifeachtúil faoi na próiseanna nó na forálacha a sholáthraíonn do bhailiúcháin mar sin; má bhíonn sé indéanta fianaise a bhailiú i gceart, ní mór go mbeadh próis nó foráil dhlíthiúil a cheadaíonn dó sin. Iarmhairt nádúrtha don leasú sin ná an chúis chruinn gur theip ar ghníomhaire/ghníomhairí an Stáit cloí leis an bpróis nó leis an bhforáil sin. Go bunúsach is é seo an chéad phrionsabal a threoraíonn cinneadh na Cúirte an bhfuil sé fós ceart an fhianaise a cheadú. Feictear domsa go gceadaíonn an tástáil J.C. do cheithre chúis shoiléire a mhíníonn teip mar sin, inar féidir na sáruithe ar fad a rangú: gníomh d'aon ghnó agus d'aon turas, gníomh meargánta nó mórfhaillitheach, gníomh místaidéarach nó gníomh a bhí i gceart ag an am a rinneadh é ach atá mícheart anois de réir forbairtí dlíthiúla ina dhiaidh sin. Tá gach ceann de na cúiseanna seo mar bhun le ceisteanna suntasacha dlíthiúla agus céimeanna difriúla de bhreithiúnas, a bheidh iniúchadh mionsonraithe ag teastáil má, agus nuair a, iompaíonn siad ina bhfadhbanna beo os comhair cúirte. I bpara. 20 dá aighneachtaí scríofa, áitíonn an freagróir:-

*"...Ina thaobh seo, cé nár féidir a rá go raibh sárú an fhreagróra déanta d'aon ghnó nó d'aon turas, áitítear go measúil chomh maith céanna go raibh an earráid "místaidéarach" sa chiall a úsáidtear in [J.C.]..."*

Áitíonn an Biúró, dá mbeadh an Chúirt seo chun cinneadh a dhéanamh gur sáraíodh cearta an fhreagróra, go raibh an sárú réamhráite go hiomlán místaidéarach. Mar sin de, ní hé ach ón tríú cúis (gníomh místaidéarach) a theastaíonn plé eile ar fhíricí an cháis seo.

34. Tá prionsabal (v) i bhfeidhm i gcásanna a bhfuil cúirt sásta thar amhras réasúnta nár ghníomh déanta d'aon ghnó nó d'aon turas ag gníomhaire an Stáit nó ag oifigigh sinsearacha, a threoraigh gníomhartha an ghníomhaire, é an sárú. Sna himthosca seo, tá toimhde ann i gcoinne cheadú na fianaise. Diúltóidh don toimhde sin má bhíonn cúirt sásta thar amhras réasúnta go ndearna an sárú gan chuimhneamh nó gur tharla sé de bharr fhorbairtí dlíthiúla ina dhiaidh sin. Tá sé riachtanach iarracht a dhéanamh sainmhíniú de chineál éigin a sholáthar don téarma *"místaidéar"*. Feictear go soiléir domsa gur leagadh an tástáil J.C. amach le haghaidh ligean do cheadú na fianaise sa chás gur tharla an sárú de bharr, mar a thagair an Breitheamh O'Donnell dó i bpara. 489, mar *"místaidéar, macántacht nó earráid inmhaite"*. D'áireofaí *"earráid dhaonna"* leis sin. Feictear go soiléir domsa, agus úsáid an Breitheamh O'Donnell as bailiúchán mar seo de théarmaí, gur shamhlaigh an Chúirt Uachtarach feidhmiú dhá chuid agus místaidéar á fhorléiriú: ní mór don Chúirt bheith sásta thar amhras réasúnta go raibh an sárú místaidéarach ar an gcéad dul síos, agus ar an dara dul síos, go raibh an místaidéar inmhaite. Ní ghlacfaí ceadú na

fianaise ar fhoras mar seo ach amháin nuair nach bhfuil bona fides an ghníomhaire Stáit faoi amhras. Mar shampla, níorbh mhór go mbeadh an Chúirt sásta thar amhras réasúnta go ndearna an gníomhaire iarracht iad féin a iompar sa chaoi chuí, rud atá leordhóthanach chun a b(h)otún a bhaint lasmuigh de réimse na hearráide do-mhaite (i.e. meargántacht nó mórfhaillí).

35. Agus na bona fides agus iompar inmhaite an ghníomhaire á measúnú, tá sé tábhachtach coinneáil i gcuimhne go bhfuil an Chúirt ag cuardach go gníomhach le haghaidh fianaise de na dá choincheap sin. Níl easpa mala fides ina fhianaise go bhfuil bona fides ann. Ní mór an dá choincheap a mheasúnú i bhfianaise an ráitis seo a leanas ón mBreitheamh Clarke i bpara. 857:-

*"[857] D'fhéadfaí a áitiú go bhfeadfadh ceadú fianaise, a bailíodh in imthosca a raibh sárú místaidéarach ann, cúiteamh a chur ar aineolas. Ní chuirfear fianaise, a fuarthas i sárú d'aon ghnó agus d'aon turas de chearta bunreachtúla, sa tslí a bhfuil an téarma sin úsáidte agam, san áireamh. D'fhéadfaí a rá go bhfuil sé níos éasca cinneadh a dhéanamh gur thuig an lucht a bhí ar an eolas céard a bhí á dhéanamh acu i gcomparáid leo siúd a d'fhéadfadh a bheith aineolach ar an dlí ábhartha. Mar sin féin, tá sé soiléir, sa tslí ar mhol mé gur chóir an téarma "místaidéar" a úsáid, nach féidir le gníomhaireachtaí imscrúdaithe iad féin a cheilt taobh thiar de easpa do-ghlactha eolais atá riachtanach dá dtasc chun críocha místaidéar a phléadáil. Ní fheictear domsa, mar sin de, go dtugann an tástáil a mholaimse, nuair a dhéantar anailís i gceart, áis dóibh siúd a d'fhéadfadh brath ar aineolas áibhéalta ar an dlí chun rialú ar son cheadú na fianaise a bailíodh, agus cearta bunreachtúla á sárú, a sheachaint."*

36. Tá sé curtha in iúl go glan soiléir ag an gCúirt Uachtarach nach bhfuil aon chúiteamh ann le haghaidh aineolais. Ní chuireann J.C. fáilte roimh oifigigh sinsearacha feidhm a bhaint as easpa maite eolais i dtaobh an ábhair chun ceadú fianaise, a bailíodh go míchuí, a shlánú. Go mbeadh místaideár inmhaite, ní mór go mbeadh fianaise ann de choinne dáiríre leis na dualgais agus na riachtanais dlíthiúla a thagann le hoifig ghníomhaire Stáit. Léireodh freisin an tagairt ag an mBreitheamh Clarke do *"gníomhaireachtaí imscrúdaithe"* go raibh gné chórasach ann i dtaobh místaidéir inmhaite, mar a mbíonn i gcásanna a mbíonn sárú d'aon ghnó agus d'aon turas ann. I gcásanna a dtugann an t-oifigeach *"atá i mbun na hoibre"* fianaise a aistrítear chuig místaidéar, ní mór don Chúirt bheith sásta thar amhras réasúnta 1) nach raibh aon pháirt ná ról ag an gcóoras, ar oibrigh an t-oifigeach ann (agus na hoifigigh shinsearacha ar threoraigh dó), sa mhístaidéar a chruthú, nó 2) má bhí a leithéid de ról acu, go raibh an ról réamhráite go místaidéarach inmhaite acusan. Cé nach ndearna prionsabal (v) tagairt follasach do mheasúnú ar

iompar nó staid intinne, mar atá i bprionsabal (iv), tá mé sásta go n-oibríonn an feidhmiú, ar éigean don Chúirt tabhairt faoi, i dtéarmaí cosúil leis.

37. Tugann an Chúirt faoi deara go bhfuil an chuma air go bhfuil rogha dílsithe ag an gCúirt agus í á chinneadh ar chóir di iompar nó staid intinne a mheasúnú. Cinnte, ní theastaíonn measúnú ar iompar agus staid intinne araon ón tástáil J.C. Ní ábhair a dteastaíonn cinneadh ar fhíricí an cháis iad tábhacht agus tionchar an rogha sin, agus an t-idirdhealú idir an dá choincheap. Fianaise an Bhleachtaire Garda Gallagher ná nach raibh aon pholasaí ann ar an bpróiseas athbhreithnithe agus gur cheist don oifigeach aonair é chun aghaidh a thabhairt air. In imthosca a mbeadh an chuma air nach bhfuil aon oifigeach treoraithe sinsearach ag treorú an phróisis seo, níl aon staid chórasach intinne ar féidir leis an gCúirt imscrúdú a dhéanamh air. Mar sin de, tá measúnú ar iompar na n-oifigeach sinsearach de dhíth. Sa chás seo, an t-iompar a bheadh faoi chaibidil ná a gcinneadh 1) gan intinn treoraithe a sholáthar, agus 2) gan aon ról treoraithe a ghlacadh sa phróiseas athbhreithnithe ar chor ar bith, á fhágáil, mar sin, don oifigeach *"atá i mbun na hoibre"* a ndiscréid féin a úsáid. Déanann an measúnú seo iarracht a dhéanamh cinneadh a dhéanamh an ionann iompar mar seo agus místaidéar inmhaite, ag glacadh leis dar ndóigh gur sásaíodh na réamhghnéithe den tástáil J.C., agus go bhfuil sé de dhíth, mar sin de, measúnú mar sin a dhéanamh.

38. Agus an measúnú seo á dhéanamh, tá lamháil an mhístaidéir inmhaite níos cúinge d'oifigigh shinsearacha ná mar atá don oifigeach *"atá i mbun na hoibre"*, mar bítear ag súil go mbeadh oifigigh shinsearacha níos eolaí maidir lena ndualgais. Ar an mbealach céanna, bheinn ag súil go mbeadh an córas bunaithe i slí a chuireann cearta saoránach san áireamh, agus a chosnaíonn iad. Níl an Chúirt ag iarraidh cinneadh a dhéanamh ar arbh ann do pholasaí a dhéanann neamhaird ar cearta saoránach (cur chuige a cáineadh ag an gCúirt Uachtarach in DPP v. Madden [1977] I.R. 336 agus a ndearna an Breitheamh MacMenamin tagairt dó i bpara. 921 de J.C.), ach arbh ann do pholasaí a dhéanann iarracht cearta an duine aonair a chosaint agus a ghlanadh ó chúis, agus, mar sin de, a sheachnaíonn tarlú sáruithe ar an gcéad dul síos. Gné ábhartha i measúnú na Cúirte ab ea easpa aon pholasaí, mar méadaíonn, dar ndóigh, teip na n-oifigeach sinsearach aon treoir a sholáthar an seans go dtarlódh sárú. Ní hé seo an ghné cinntiúcháin ar místaidéar inmhaite in aon chor. Is féidir le cásanna neamhghnácha gan choinne teacht ó na himthosca is neamhurchóidí. Tá sé indéanta nárbh fhéidir leis an Stát a thuar go réasúnta go mbeadh an córas faoi chaibidil ina chúis leis an gcás a mbeadh treoir de dhíth air in ionad sárú ar chearta a sheachaint. Ina theannta sin, tá sé indéanta gurbh fhéidir leis an Stát cúis a sholáthar a dhlisteanaíonn an easpa reatha de pholasaí mar seo (Féach, mar shampla, DPP v. Murphy [2016] IECA

287, bíodh go bhfuil sé i gcomhthéacs sárú ar chearta reachtúla, inar dúirt an Breitheamh Mahon gur tháinig an teip chórasach as an *"deacracht theicniúil d'éifeacht a thabhairt do pholasaí réamhráite an reachtais"*). Agus é sin ráite, is gné shuntasach é an easpa treorach don Chúirt machnamh a dhéanamh air, i dteannta cé chomh teicniúil nó mór a bhí an sárú, an raibh sé logánta nó forleathan, an raibh iliomad sáruithe ann etc.

39. Ar deireadh, ba chóir a thabhairt faoi deara, fiú má chruthaítear místaidéar inmhaite ag oifigigh sóisearacha agus sinsearacha araon, agus gur diúltaíodh don toimhde mar a achoimrítear i bprionsabal (v), mar sin, ní chiallaíonn sé sin go gcaithfear an fhianaise a cheadú go huathfheidhmeach. An chéad phrionsabal in aon imeacht coiriúil ná triail chóir de réir an dlí. Dá mbainfeadh gníomhartha an Stáit an bhonn a bhaint den phrionsabal, ní mór don chúirt dul i mbun gnímh chun cearta an chúisithe a ghlanadh ó chúis, is cuma cé chomh místaidéarach a bhí an sárú.

**Cuid 9 den Acht um an Dlí Coiriúil 1976**

40. Tá cuid 9 den Acht 1976 mar a leanas:-

9.—(1) Más rud é, i gcúrsa aon chumhachtaí de réir an Achta seo a fheidhmiú, nó i gcúrsa aon chuardach á chur i gcrích de réir aon chumhacht eile, go bhfaighidh comhalta den Gharda Síochána, oifigeach príosúin nó comhalta Óglaigh na hÉireann, nó go dtiocfaidh ina sheilbh, aon ní a chreideann sé gur fianaise é ar aon chion nó ar aon chion amhrasta, d'fhéadfaí é a urghabháil agus a choinneáil, lena úsáid mar fhianaise in aon imeachtaí coiriúla, nó in aon imeachtaí a bhaineann le sárú ar smacht an phríosúin, ar feadh cibé tréimhse is réasúnaí ó dháta na hurghabhála nó, má thionscnaítear imeachtaí ina bhfuil an rud a urghabhadh amhlaidh ag teastáil lena úsáid i bhfianaise, go dtí deireadh na n-imeachtaí, agus beidh feidhm, dá éis sin, ag an Police (Property) Act 1897, maidir leis an rud a urghabhadh amhlaidh amhail mar atá feidhm ag an Acht sin maidir le maoin a tháinig i seilbh an Gharda Síochána sna himthosca a luaitear san Acht sin.

…

Agus an pointe, ag a dtagann the Police (Property) Act 1897 i bhfeidhm, á chinneadh soláthraíonn cuid 9 le haghaidh dhá chás: 1) sroicheann an tréimhse ó dháta an urghabhála pointe nach bhfuil sé réasúnta a thuilleadh, nó 2) tá cinneadh na n-imeachtaí inar urghabhadh agus a coinníodh an ní de dhíth le húsáid mar fhianaise. Maidir le fíricí an cháis seo, d'áireofaí le himeachtaí mar seo imeachtaí coiriúla agus an chéad tacar d'imeachtaí an CAB. Ag glacadh leis go bhfuil mé sásta nár sáraíodh na bprionsabail in Murphy agus J.C., bheadh an dara tacar d'imeachtaí an CAB seo ábhartha le haghaidh na gcuspóirí i gcuid 9. Go hiondúil, ní chuirfear imeachtaí CAB i gcrích go hiomlán ar feadh, ar a laghad seacht mbliana, mar toisc

nár féidir iarratas chuid 4 um dhiúscairt a dhéanamh go dtí go bhfuil seacht mbliana, ar a laghad, caite ó dhéanamh ordú chuid 3. Tá sé i dteideal ag an mBiúró, gan aon agó, an fhianaise ar fad a choinneáil ar a mbraitheann sé go dtí go bhfuil a shuim sa chás curtha i gcrích go hiomlán. Mar sin féin, toisc go ndearnadh ordú toilithe chuid 4A, ní tharlaíonn an machnamh sin mar gheall ar fhíricí an cháis seo. Tá foráil san Acht 1897 do chumas chomhalta an Gharda Síochána nó éilitheoir na maoine iarratas a dhéanamh do chúirt dhlínse achomhairc le haghaidh ordú a dtugann an mhaoin ar ais chuig an úinéir nó, i gcásanna nárbh fhéidir an t-úinéir a dhearbhú, cibé ordú a mheasann an chúirt ábhartha atá cuí. Sa chás nárbh fhéidir úinéir a dhearbhú agus nach bhfuil ordú déanta ag cúirt inniúil, is féidir leis an Aire rialacháin a dhéanamh do dhiúscairt maoine mar seo.

41. Áitíonn an freagróir gur sroicheadh an pointe a bhfuil an Acht 1897 i bhfeidhm. Nuair a shroichtear é, áitíonn sé go bhfuil sé riachtanach de réir an Achta go dtabharfadh an Stát a ríomhaire glúine ar ais dó agus aon chóip a rinneadh de a ghlanadh, mura fhaightear ordú ón gCúirt Dúiche a ordaíonn a mhalairt. Is fiú a lua nár cuireadh údarás dlíthiúil ar fheidhmíocht na nAchtanna 1897 agus 1976 faoi bhráid na Cúirte, seachas para. 46 de CRH, a mhaíonn go bhfuil an fhreagracht ar an bhfreagróir éileamh a dhéanamh ar thabhairt a mhaoine ar ais. Tá mé sásta nach dtacaíonn na forálacha leis an gciall a luann an freagróir leo. Cruthú an fhreagróra ar Acht 1976 ná, nuair atá an tAcht 1897 i bhfeidhm, meastar go bhfuil an mhaoin á coimeád go mídhleathach mura chuirtear iarratas isteach de réir an Achta. Ní cruthú ceart ar an dlí é seo. Soláthraíonn an Acht 1897 próiseas inar féidir coimeád leanúnach ní ag an Stát a athbhreithniú agus, más cuí, a chur i gcrích. Sonraíonn Cuid 1 gur féidir le cúirt dhlínse achomair orduithe cuí a dhéanamh nuair a chuirtear iarratas isteach air. Sonraíonn Cuid 2 gur féidir leis an Aire rialuithe a dhéanamh a éascaíonn diúscairt an ní nuair nach féidir an t-úinéir a dhearbhú agus nuair nach bhfuil ordú cúirte déanta. Mura ndéanann éilitheoir iarratas, cuireann comhalta An Gharda Síochána an próiseas athbhreithnithe ar bun de réir cuid 1. Ag glacadh leis go raibh urghabháil tosaigh agus coimeád an ní dleathach, tá an coimeád leanúnach fós dleathach go dtí go gcuirtear an próiseas athbhreithnithe i gcrích.

42. Má tharla aon mhí-ionracas de bharr chríochnú nó ghríosú an phróiseas athbhreithnithe, thiocfadh tosca difriúla chun cinn, mar sin de. Ach cinnte dearfa, níl aon bhunús ann do mhaíomh go bhfuil an coimeád mídhleathach chomh luath agus a chríochnaíonn na himeachtaí. Ní mór deis réasúnta a thabhairt don Stát athbhreithniú a dhéanamh ar na fíricí faoi chaibidil, agus iarratas a ullmhú de réir cuid 1 den Acht 1897 (má bhíonn iarratas mar seo riachtanach) agus iarratas a thionscain faoi bhráid na Cúirte Dúiche. Fágann sé sin gur riachtanaí deis mar seo i gcásanna casta mar

seo. Is fadhb é seo ar a bhfillfidh mé níos déanaí sa bhreithiúnas seo.

**Na Cinntí in CRH PLC v. CCPC agus S & Marper v. An Ríocht Aontaithe**

43. Cé go n-ardaíonn CRH agus Marper araon fadhbanna dlíthiúla atá cosúil leo siúd a ardaítear sa chás seo (an ceart bunreachtúil um phríobháideacht agus Alt 8 den ECTHR) tá siad araon an-difriúil maidir lena bhfíricí nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an gceist atá faoi bhráid na Cúirte faoi láthair. In CRH, tugadh dúshlán faoi dlíthiúlacht an urghabhála thosaigh agus d'fheidhmigh údaráis an Stáit agus neamhaird iomlán á ndéanamh acu ar chearta an ghearánaí. Bhain an t-aighneas le cumarsáid ríomhphoist go príomha, in ionad leis an ríomhaire féin. In Marper, tháinig an dúshlán chun cinn sa chomhthéacs traidisiúnta coiriúil agus bhain sé le DNA agus samplaí méarloirg a tógadh ó na hiarratasóirí. Mhol an Ballstát go gcoimeádfaí eolas bitheolaíoch an iarratasóra de facto choíche, in ainneoin go raibh siad neamhchiontach d'aon éagóir go dleathach. Ní féidir liom neamhaird a dhéanamh ar fhoinse fhíriciúil dhifriúil na gcásanna seo. Mar sin de, molaimse go mbraithfear ar CRH agus Marper mar ráitis de phrionsabal infheidhme.

44. In CRH, leag an Breitheamh MacMenamin béim gur chóir breathnú ar ghníomhartha an Stáit laistigh den chomhthéacs beacht de na fíricí atá faoi chaibidil. Oibríonn na forálacha cuardaigh agus urghabhála i reachtaíocht chosaint an tomhaltóra go difriúil ó na forálacha atá infheidhme d'imscrúduithe coiriúla, mar is dual dóibh. Tá an raon níos cúinge ná mar a bhíonn i gcúrsaí coiriúlachta, mar a mbíonn an líon saoirse a thugtar don Stát maidir le measúnú thábhacht an ní a urghabhtar. Bíonn am, práinn agus riachtanas difriúil freisin. Ní mór don Chúirt cuimhneamh ar na gnéithe seo agus comhréireacht ghníomhartha an Stáit á meas, más féidir a rá go bhfuil córas follasach neamhspleách maoirseachta breithiúnaí i bhfeidhm, mar a shamhlaítear ag an ECTHR, nó nár féidir. Déanann na Breithiúna MacMenamin agus Charleton araon tagairt d'easpa polasaí nó chód cleachtais maidir le hurghabhálacha a chuirtear i gcrích. Go deimhin, mhol an Breitheamh Charelton go ndréachtófaí polasaí do chásanna sa todhchaí fiú.

45. I bpara. 29, mhaígh an Breitheamh MacMenamin gur chóir neamh-chomhréireacht a chinneadh *"tar éis measúnú a dhéanamh ar glacadh le modhanna réasúnacha riachtanacha chun na cuspóirí bunreachtúla faoi chaibidil a bhaint amach, nó nár glacadh"*. I bpara. 55, cuireann sé in iúl go gcaithfear an ceart um phríobháideacht a *"chomhoiriúnú le, agus d'fhéadfaí go mbeadh sé teoranta ag, cearta bunreachtúla daoine eile, riachtanais an leasa choitinn, agus na riachtanais um ord poiblí agus um mhoráltacht".* Tá na *"cúrsaí saoil"* ina bhfuil an Stát ag iarraidh a fhiosrú fíor-ábhartha. I gcomhthéacs an choimeádta, d'áireofaí leis seo íogaireacht an

eolais a bhfuiltear ag iarraidh a choimeád. I bpara. 117 rinne an Breitheamh MacMenamin tagairt do go leor gnéithe a mbíonn tionchar acu ar an bprionsabal infheidhme ag leibhéal na hEorpa, lena n-áirítear slándáil náisiúnta, folláine eacnamaíochta agus cosc na coiriúlachta. Chomhtháthódh sé seo le prionsabail na héifeachtachta agus na héifeachtúlachta, mar a dhéantar tagairt dó i bpara. 42 bhreithiúnas an Bhreitheamh Laffoy. Go ginearálta, bhí an Chúirt Uachtarach doshéanta in a tuairim gur ceart le cnámh droma ab ea an ceart um phríobháideacht; ní féidir é a laghdú de réir a chéile go neamhní, *"nó a bhá go hiomlán i suimeanna nó dualgais an leasa choitinn".* Is ceart é a chaithfear a léiriú agus a chosaint ó ionsaí éagórach.

46. Léiríonn cinntí an ECTHR in Marper ábhar bhreithiúnas an Bhreitheamh Laffoy go forleathan, mar a ndearna sí mion-anailís ar dhlí-eolaíocht na hEorpa. Agus an cinneadh déanta go raibh bac ar chearta Airt. 8 an iarratasóra, rinne an ECTHR iarracht cinneadh a dhéanamh ar a raibh bac mar sin dlisteanaithe. D'oibrigh an breithiúnas seo sna gnáth-théarmaí, an raibh an bac i gcomhréir leis an dí, an raibh cuspóir dhlisteanach ann i gcónaí agus an raibh sé riachtanach i sochaí daonlathach. Agus an t-athbhreithniú curtha i gcrích, bheartaigh an Chúirt gur theip ar chúinsí neamhshrianta chumhachtaí an Stáit cothromaíocht chóir a aimsiú idir suimeanna príobháideacha agus poiblí, agus, mar sin de, sáraíodh teorainn an léirmheasa. Bhunaigh sé seo bac díréireach le cearta nárbh fhéidir a mheas mar riachtanais i sochaí daonlathach. Ar an mbonn sin, fuair an ECTHR ar son na n-iarratasóirí.

**Cinneadh**

**An Tástáil Infheidhme**

47. Ní aontaíonn na páirtithe ar an scrúdú atá infheidhme ar fhíricí an cháis seo, an tástáil atá leagtha amach ag an mBreitheamh O'Malley nó an tástáil atá leagtha amach ag an mBreitheamh Clarke in J.C. Mar a shonraítear thuas, freagraítear an cheist tríd an ról a imríonn ní sna himeachtaí a scrúdú. An fianaise é nó an ábhar an ghníomh é? Ábhar an ghnímh seo ná an Ether. Tá sé curtha in iúl ag an mBiúró gur urghabhadh an Ether gan cur isteach ar an ríomhaire glúine nó ar a bhunshonraí. Má bhíonn sé seo amhlaidh, níor míníodh an chaoi inar éiríodh leis an urghabháil a dhéanamh i gceart don Chúirt seo. Cé gurbh fhéidir le FCA2 cóipeanna de chóras an fhreagróra a cheistiú, níl ach bunchóip amháin den tiachóg ina bhfuil an Ether agus bhí sé stóráilte ar ríomhaire an fhreagróra. De réir cosúlachta, níor mhór an bhunchóip a urghabháil ionas go ndéileálfadh an glacadóir a cheaptar leis an sócmhainn de bhun cuid 7 de Acht 1996. Mar sin de, is é ábhar an ghnímh a bhfuil smál air de bharr na neamhdhleathachta, agus ní ar aon phíosa fianaise a d'fhéadfadh an Cúirt a chur as an áireamh dá mbeadh sé chun cinntí diúltacha a dhéanamh de réir an tástáil J.C.

48. Tugann an Chúirt faoi deara gur taispeántar seatanna scáileáin de

chóras ríomhaire an fhreagróra don mhionnscríbhinn de FCA2 agus go bhfuil sé inargóinte go bhfuil aird na Cúirte tugtha ar chuid éigin de chóras an ríomhaire mar fhianaise. Mar sin féin, ní chuirfeadh na seatanna scáileáin sin a fhágáil as an áireamh cás an fhreagróra i bhfad chun cinn, mar is fianaise iad de ghníomhachtaí an fhreagróra ar na láithreáin gréasáin Silk Road agus Agora. Níl aon aighneas idir na páirtithe i dtaobh na ceiste sin. Agus machnamh déanta ar an gceist iomlán seo, feictear domsa gurb í an tástáil ar a leagann Murphy an bhéim, an tástáil chuí. Agus é sin mar atá, tá an gnás ar mhór don Chúirt a leanúint soiléir: ní mór di cinneadh a dhéanamh ar chóimheá na ndóchúlachtaí ar an gcéad dul síos, an léiríonn an gníomh seo fáltais na coiriúlachta, agus ansin machnamh a dhéanamh ar chóir, nó nár chóir, an t-ordú a lorgaíodh ar chúinsí gníomhaíochta míbhunreachtúla in urghabháil nó coimeád an ábhair, a dhiúltú.

**An Tástáil in F . McK v. GWD**

49. Leagann an Breitheamh McCracken an tástáil do dheonú iarratas chuid 3 sa chás F . McK v. GWD [2004] 2 I.R. 470. Cuireann sé in iúl mar a leanas i bpara. 70:-

*"70 ... (1) Ba chóir do [Bhreitheamh na Trialach] machnamh a dhéanamh ar an áit ar an gcéad dul síos de réir alt 8. Ba chóir dó machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise a thug an comhalta nó an t-oifigeach údaraithe ar a thuairim agus ag an am céanna ba chóir dó machnamh a dhéanamh ar aon fhianaise eile a d'fhéadfadh bonn réasúnta a thabhairt le fios maidir leis an tuairim sin;*

*(2) má bhíonn sé sásta go bhfuil bonn réasúnta ann don tuairim, ba chóir dó cinneadh faoi leith a dhéanamh gur fianaise é an tuairim sin de chuid an chomhalta nó an oifigigh údaraithe*

*(3) is ansin amháin ar chóir dó leanúint ar aghaidh le machnamh a dhéanamh ar an áit de réir alt 3. Ba chóir dó machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise a thugann an gearánaí, a bheadh sa chás reatha mar fhianaise an chomhalta nó an oifigigh údaraithe de réir chuid 8 agus dar ndóigh fianaise na bpóilíní eile araon;*

*(4) ba chóir dó cinneadh a dhéanamh an mbunaíonn an fhianaise seo cás prima facie de réir chuid 3 agus, má bhunaíonn, aistríonn an fhreagracht chuig an gcosantóir nó duine sonraithe eile;*

*(5) ba chóir dó machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise a sholáthraíonn an cosantóir nó an duine sonraithe eile, agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé sásta gur comhlíonadh an fhreagracht a ghlac an cosantóir nó an duine sonraithe eile chucu féin;*

*(6) má bhíonn sé sásta gur chomhlíon an cosantóir nó an duine sonraithe eile freagracht a chruthúnais ba chóir go ndíbhfí na himeachtaí ansin;*

*(7) mura mbíonn sé sásta ba chóir dó machnamh a dhéanamh an mbeadh*

*baol tromchúiseach ann d'éagóir ansin...."*

50. An fhianaise atá faoi mhachnamh chun críche chuid 8(1) de Acht 1996 ná an fhianaise de chuid Choimisinéir Cúnta Corcoran agus Bleachtaire Ardcheannfoirt Clavin, mar a leagtar síos ina mionnscríbhinní dar dáta 22 Iúil agus 15 Samhain 2016, faoi seach. Mhionnaigh Coimisinéir Cúnta Corcoran a mhionnscríbhinn, agus é ina CBO ag an am, chun críche chuid 2 den fheidhmiú. Tugann an Bleachtaire Ardcheannfoirt Clavin mionn in a mhionnscríbhinn chun críche an iarratais de réir chuid 3 agus glacann sé le hábhar mhionnscríbhinn a réamhtheachtaithe maidir leis seo. Tagraíonn an bheirt CBO don eolas agus don fhaisnéis faoina mbráid le linn a n-imscrúduithe ar an ábhar seo. Leagann Coimisinéir Cúnta Corcoran an cúlra don ábhar seo amach go mion, iar-imeachtaí san áireamh, ciontú an fhreagróra, gnó a fhiontair choiriúil agus cineál a bheartaíocht airgeadais. Agus machnamh déanta ar na hábhair sin ar fad, tá mé sásta go bhfuil bonn réasúnta ann le bheith de na tuairimí a dtagraítear dóibh i gcuid 8(1) de Acht 1996. Tá mé sásta freisin gur fianaise iad na tuairimí sin chun críche na n-imeachtaí seo.

51. Agus machnamh á dhéanamh ar an bhfianaise a thug an Biúró san ábhar seo, tá sé suntasach a laghad atá ann san aighneas idir an dá pháirtí. Tá sé coitianta go raibh an freagróir i mbun gníomhaíochta suntasaí coiriúla, go raibh teacht aige ar fháltais na gníomhaíochta coiriúla sin agus gur chaith sé an fáltais sin le linn na tréimhse faoi chaibidil. Athraíonn an t-aighneas má chaitear an fáltais le haghaidh cheannach an Ether a chuireann as d'ábhar na n-imeachtaí seo, agus má tharlaigh an ceannach sin agus úsáid á bhaint as Bitcoin a fuarthas le hioncam dlisteanach. Áitíonn an Biúró nach bhfuil aon tábhacht le haimsiú san idirdhealú seo. Ina n-aighneacht, fiú má úsáideadh Bitcoin *"dlisteanach"* i gceannach an Ether, ní raibh an t-airgead dlisteanach ar fáil don fhreagróir ach amháin mar gheall gur úsáid sé fáltais a gcoireanna chun costas an tsaoil laethúil a fhritháireamh. Ní bheadh orm ach machnamh a dhéanamh ar cheist an mhalartaithe má bhíonn sé indéanta idirdhealú a dhéanamh idir airgead dlisteanach agus mídhlisteanach an fhreagróra.

52. Le linn croscheistithe, ag 2:55PM ar lá na héisteachta, d'admhaigh an freagróir go raibh sé ag mangaireacht drugaí chomh fada siar le mí Aibreáin, 2014. Léiríonn sé seo athrú suntasach san fhianaise, ach go háirithe, de bharr mo chuid tuairimí ag para. 54 agus 55 thíos maidir le fianaise an fhreagróra. Go dtí lá na héisteachta, bhí an freagróir ag áitiú i gcónaí nár thosaigh sé ag mangaireacht drugaí go dtí trí nó cheithre mhí roimh a ghabháil i mí na Samhna, 2014. Ceannaíodh an Ether ar an 5 Lúnasa, 2014, atá cothrom an ama a d'áitigh an freagróir gur thosaigh sé a ghníomhaíochtaí mídhleathacha. Is léir go mbeadh an meascadh, idir airgead dleathach agus airgead

mídhleathach, ag céim níos airde dá mbeadh na ceithre mhí caite ó thosaigh an t-airgead mídhleathach ag fabhrú, ná mar a mbeadh agus gan ach cúpla seachtain i gceist.

53. Ag deireadh chéad sraith na n-imeachtaí, rinneadh ordú toilithe mar gheall ar chártaí dochair, ar chuntais bainc, ar shuimeanna airgid agus ar 50% den airgead a bhí i dtaisce i gCuntas Chomhar Creidmheasa an fhreagróra i nDún Droma. Is cuma cé mhéad ama atá caite ó thosaigh meascadh an airgid, is léir go ndeachaigh airgead mídhleathach i gcion ar bhonneagar iomlán airgeadais an fhreagróra. Bheadh sé fíor-dheacair, dodhéanta seans, miondealú idir an Bitcoin a ceannaíodh le hairgead dleathach agus an Bitcoin a ceannaíodh trí ghníomhaíocht mhídhleathach agus le hairgead mídhleathach. Bheadh an chuma air go raibh níos mó seans ann, in ionad níos lú seans, gur ceannaíodh an Ether ag baint úsáide as Bitcoin a fuarthas trí ghníomhaíocht choiriúil agus/nó le fáltais na coiriúlachta. Mar sin de, tá mé sásta go mbunaíonn an fhianaise, a luadh faoi bhráid na Cúirte seo, cás prima facie de réir chuid 3 den Acht 1996. Tá an fhreagracht aistrithe anois chuig an bhfreagróir an Chúirt a shásamh nach bhfuil an Ether bainteach le fáltais na coiriúlachta.

54. Tógtar an sliocht a leanas ón éisteacht ag 2:47PM:

*"Q: Anois ní mór dom é a rá leat, Mr. Mannion, go bhfuil tú ag argóint go raibh do chuid airgid mhídhleathaigh ar fad ar na cártaí leictreon Visa Debit. Tá lúb ar lár éigin ann nuair a chuirtear i gcoinne na fírice é go n-admhaíonn tú gur cuireadh €7,000, beagán níos lú ná €7,000, i dtaisce i do chuntas Bhanc Uladh i nDún Droma ar 26 Lúnasa, agus gur tháinig sé sin ó dhíol Bitcoin agus gur dócha go raibh an Bitcoin bainteach le drugaí?*
*A: Dúirt mé é sin in agallamh i Ráth Maonais. Tá seans ann go raibh píosa beag traséillithe ann. Dúirt mé é sin mar bhí mé den tuiscint go scaoilfinn leis seo, an t-airgead seo, traséilliú nó ionadú, agus go gcuirfeadh sé sin dea-chuma ormsa do mo phianbhreith do Chuid 15(a), nach raibh mar chríoch air sa deireadh. Ach tá sé i gceart go ndúirt mé é sin.*

*Q: An é d'fhianaise anois é nach raibh sé sin i gceart, go ndeir tú anois nár tháinig sé sin ó dhíol an Bitcoin?*

*A: Tháinig sé ó dhíol an Bitcoin agus glacaim leis go bhfuil sé i gceart go bhfhuil baint éigin ann leis an airgead mídhleathach.*

Tá an t-aighneas seo suntasach ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, go bunúsach, admhaíonn an freagróir go raibh traséilliú de chineál éigin idir a chuid airgid mhídhleathaigh agus an iliomad airgid eile a raibh rochtain aige air. Is ficsean é an t-uisce glan gorm a bhí ann, mar dhea, idir an dá fhoinse airgid a bhí aige. Ar an dara dul síos, d'admhaigh an freagróir nár shínigh an t-eolas a thug sé do na húdaráis, sa mhéid gur féidir brath air, ach

chomh fada is a chruthódh sé cás níos fabhraí dó féin. Bhí sé, déanta na fírinne, toilteanach imthosca maolaitheacha a chumadh agus bac a chur ar riar na córa sa phróiseas, más gá. Léiríonn an t-admháil seo ráitis na nGardaí a chuir an freagróir faoi agallamh aon uair déag idir mí na Samhna, 2014 agus mí Feabhra, 2015. Déanann na hoifigigh a rinne an t-agallamh cúpla tagairt dá míshásamh le freagraí an fhreagróra. Agus an deis agam féachaint ar an bhfreagróir i gclár na mionn agus é ag tabhairt a fhianaise, aontaím go hiomlán leis na tuairimí seo. Ar a mhion-laghad, d'fhéadfaí a rá go raibh an freagróir tíosach leis an bhfírinne. Cuireadh an tíos seo ar aghaidh chuig An Garda Síochána, chuig an mBiúró agus chuig cúpla comhalta na Breithiúna.

55. Mar gheall ar an easpa fhollasach ionracais ar thaobh an fhreagróra, ní féidir liom brath ar a fhianaise le haon chinnteacht mura thacaítear leis le fianaise oibiachtúil. Níl aon fhianaise mar seo luaite ag an bhfreagróir. D'áitigh an freagróir gur chuir a phríosúnacht bac ar a chumas chun a chás a dhéanamh. Ceadaíodh rochtain ar Scéim Ad Hoc Chúnamh Dlí sa dá shraith d'imeachtaí don fhreagróir. Sa chéad sraith de na himeachtaí, ní raibh a fhoireann dhlí in ann an Biúró a shásamh agus iad ag déanamh iarrachta a chruthú nárbh ionann 50% den airgead sa chuntas Chomhar Creidmheasa i nDún Droma agus fáltais na coiriúlachta. Rinneadh orduithe chun na críche sin le toiliú an Bhreitheamh Fullam. Dá mbeadh an freagróir chomh cáiréiseach lena chuid airgid mar a mhaíonn sé, bheadh a fhoireann dhlí in ann an fhianaise riachtanach chun a chás a chruthú a aimsiú gan dabht. Níl amhlaidh déanta acu. Níl aon fhianaise thathagach iontaofa leis an bhfreagracht a ghlac an freagróir chuig féin a chomhlíonadh, agus mar sin de, níl sé ann chun an cás prima facie déanta ag an mBiúró a bhréagnú. Agus é sin amhlaidh, níl fágtha le machnamh a dhéanamh air ná an mbeadh baol tromchúiseach ann d'éagóir i gceadú an ordú a lorgaítear. Lasmuigh den imní maidir le Murphy, níl mé sásta gurb ann d'aon bhaol dá leithéid sa chás seo. Tá claonadh ionam, mar sin, an t-ordú a lorgaítear a cheadú.

**Feidhmiú na tástála in CAB –v- Murphy**

56. Ardaíonn na mionnscríbhinní agus na haighneachtaí a thairgeann an freagróir trí fhadhb ar chóir don Chúirt machnamh a dhéanamh orthu agus iad ag cur tástáil Murphy i bhfeidhm: 1) na forálacha de na hAchtanna 1897 agus 1976, 2) agóid Henderson v. Henderson, agus 3) cearta príobháideachta an fhreagróra. Ní mór dom anois measúnú a dhéanamh ar bhunaigh an Biúró, agus é ina pháirtí tionscnaimh, ar chóimheá na ndóchúlachtaí nach raibh aon ghné de neamhdhleathacht nó de mhíbhunreachtúlacht ina ndéileáil leis an Ether.

57. Tá mé sásta nárbh fhéidir a rá gur féidir le haon cheann de na cásanna a samhlaíodh i gcuid 9 den Acht 1976 bheith i gceist maidir le hábhar na n-imeachtaí. Spreag an Stát na himeachtaí i gcoinne an fhreagróra

agus ní bheadh aon fhéidearthacht ann go dtiocfadh cuid 9 chun cinn go dtí go gcuirfí na himeachtaí sin i gcrích. D'áitigh an freagróir gur chríochnaigh na himeachtaí ar 21 Nollaig, 2015, nuair a ghearr an Breitheamh Uasal Nolan pianbhreith air sa Chúirt Chuarda Choiriúil. I mo thuairimse, bheadh sé níos cruinne a áitiú chur chríochnaigh cinneadh na n-ábhar seo sa chéad áir nuair a bhí an t-ordú toilithe déanta ag an mBreitheamh Fullam ar 22 Feabhra, 2016. Ach, fiú dá ndearnadh an aighneacht sin, ní bheadh cuid 9 i gceist fós mar bhí na himeachtaí coiriúla i bhfeidhm fós. Rinne an freagróir achomharc in aghaidh a phianbhreithe os chomhair na Cúirte Achomhairc. Níor cuireadh na himeachtaí i gcrích go dtí 3 Samhain, 2016, le bheith cruinn faoi, nuair a thug an Chúirt Achomhairc a cinneadh. Cé gur chríochnaigh na himeachtaí coiriúla ar an gcéad dul síos i mí na Nollag, 2015, tá sé i dteideal chúirt achomhairc athbhreithniú a dhéanamh ar gach fianaise agus ábhar a cuireadh faoi bhráid Bhreitheamh na Trialach. Bheadh droch-chuma ar an Stát dá n-iarrfadh an Chúirt Achomhairc ar radharc píosa fianaise ar braitheadh air ag an triail, le go dtabharfaí le fios gur scrios an Stát é. Níl ann ach gnáthchiall go gcoimeádfaí agus go gcaomhnófaí gach fianaise agus ábhar go dtí go gcuirfí críoch iomlán leis na himeachtaí.

58. Fiú dá mbeinn den tuairim gur chríochnaigh na himeachtaí i mí Feabhra, 2016, agus go raibh cuid 9 i bhfeidhm ina dhiaidh sin, ní chabhródh sé sin leis an bhfreagróir in aon bhealach fiúntach. Mar a leagtar amach i bpara. 42 thuas, ní mór deis réasúnta a chur ar fáil don Stát le hiarratas a ullmhú agus a chur ar bun de réir chuid 1 den Acht 1897, má bhíonn gá le hiarratas mar sin. Rinneadh athscrúdú ar an Ether le linn phróiseas athbhreithnithe a rinneadh ag deireadh mhí Bealtaine, 2016, tuairim is 3 mhí i ndiaidh don chéad sraith d'imeachtaí críochnú. Thosaigh an dara sraith d'imeachtaí go déanach i mí Iúil, tuairim is 5 mhí i ndiaidh don chéad sraith d'imeachtaí críochnú. Fiú dá mbeadh na himeachtaí críochnaithe agus dá mbeadh cuid 9 i bhfeidhm, táim den tuairim go bhfuil tréimhse 3-5 mhí laistigh den teorainn ama a thugann an deis réasúnta sin.

59. Cé nach bhfuil an freagróir ag iarraidh dúshlán a thabhairt faoi scóip na céad urghabhála a rinne Gardaí, déanann an scóip sin eolas d'fhorbairtí níos déanaí agus is fiú trácht a dhéanamh air ar feadh seal gairid. D'aithin an Breitheamh MacMenanmin go bhfuil saoirse shuntasach tugtha don Stát maidir le hurghabháil le linn imscrúduithe coiriúlachta (para. 31 dá bhreithiúnas in CRH). Agus é mar chroílár a fhiontar choiriúil, ní féidir aon dabht a bheith ann go raibh Gardaí i dteideal inneachar iomlán ríomhaire glúine an fhreagróra a urghabháil agus a choimeád. Tá gach cosúlacht ann go raibh ábhar ar ríomhaire glúine an fhreagróra nach raibh bainte leis, agus nach raibh gá ann a urghabháil. Ach ní féidir dearmad a dhéanamh ar fhíricí an cháis. Ní sraith ríomhphost a bhí

ann, arbh fhéidir cuardach eochairfhocail agus scagadh a dhéanamh air, mar a bhí in CRH, ná ní imscrúdú ar mhíghníomh rialaitheach a bhí ann ach an oiread. Ba chóras ríomhaire é seo, ina mbíonn clár amháin ag brath ar chláir eile chun feidhmiú. Bhí páirt ag inneachar an chórais sin i ndéanamh cionta coiriúla tromchúiseacha. Gan amhras, ar mhaithe le cóir ba chóir córas ríomhaire iomlán an fhreagróra a choimeád nuair a bhí an t-imscrúdú agus an t-ionchúiseamh ar siúl.

60. Dá ndéanfaí iarratas de réir chuid 1 sá chás seo, bheinn den tuairim go bhfuil sé i dteideal an Stáit ní amháin an t-ábhar a bhaineann go díreach le coiriúlacht a choimeád, ach aon ríomhchlárú nó crua-earraí eile atá riachtanach chun an t-inneachar ábhartha intuigthe agus inúsáidte. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, bheinn ag brath go príomha ar fhianaise na mionnscríbhinne FCA2, ina míníonn siad cúlra teicneolaíochta an ábhair seo, lena n-áirítear na bogearraí criptithe a d'úsáid an freagróir. Tá sé soiléir go bhfuil gá le cláir faoi leith, ar nós *"eochracha"* Bitcoin agus an brabhsálaí TOR, sula bhfuil an coiriúlacht a raibh páirt a glacadh ag an bhfreagróir ann soiléir. Sular féidir le haon iarratas de réir chuid 1 dul chun cinn, bheadh mion-athbhreithniú ar córas ríomhaire an fhreagróra ag teastáil le cinneadh a dhéanamh a dhéanamh ar céard ar chóir nó nár chóir a choimeád. Bheadh an t-athbhreithniú seo déanta is dócha ag duine a raibh lámh acu san imscrúdú, mar a bhí in FCA2. Leathnódh athbhreithniú de chastacht mar sin an teorainn ama de *"deis réasúnta",* mar a ndéantar tagairt dó thuas. Go dtí go bhfuil an deis réasúnta sin caite, níorbh fhéidir amhras a tharraingt ar choimeád Stáit an ábhair. Tá mé níos mó ná sásta nach dtagann aon fhadhb chun cinn de réir chuid 9 den Acht 1976.

61. Ar mhaithe le críochnúlacht, ba chóir dom a rá gur faoi chúirt eile atá sé machnamh a dhéanamh ar na himthosca beachta a mbíonn iarratas ag teastáil de réir chuid 1. Ní fadhb bheo í sin sa chás seo mar níl an tAcht 1897 i bhfeidhm go fóill. Ach go háirithe, d'fhágfainn ar leataobh ceisteanna maidir le himthosca beachta ina mbíonn sé riachtanach do chomhalta den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh de réir an Achta 1897 chun leanúint ar aghaidh ag coimeád an ábhair. Níl riachtanas mar seo curtha in iúl go follasach i gceachta na nAchtanna 1897 nó 1976, ach d'fhéadfadh sé teacht chun cinn ar bhonn dleathach nó bunreachtúil eile. Staonfainn freisin ó aon tuairim a nochtadh mar gheall ar stádas an ábhair urghafa a bhfuil iarratas de réir chuid 1 ag teastáil dó ach nach bhfuil déanta ag comhalta na nGardaí laistigh den deis réasúnta a ndéantar tagairt dó i bpara. 42 thuas. I mo thuairmise, bheadh sé míchuí cinntí chomh suntasach seo a dhéanamh go dtí go dtiocfadh cás ós chomhair na cúirteanna a bhfuil feidhmiú an Achta 1897 faoi chaibidil ag an dá pháirtí.

62. Maidir le hagóid an fhreagróra de bhun na rialach in Henderson v. Henderson, níl an pointe seo inbhuanaithe dá mbeadh sé indéanta an Ether a dhíol sula ndearnadh an t-ordú toilithe i mí Feabhra, 2016. Tá ceisteanna suntasacha ardaithe ag an bhfreagróir maidir le hindíoltacht an Ether i mí na Samhna, 2014. Áitíonn sé go héifeachtúil go bhféadfaí an sócmhainn a cheannach agus a dhíol mar bhí sé ceannaithe aige agus gurbh fhéidir leis é a dhíol. I mo thuairimse, ní shin an caighdeán ag a ndéantar measúnú ar indíoltacht agus ar luach indíolta de réir an Achta 1996. Is féidir le díoltóir éifeachtúil aon rud a dhíol dá mbeidís in ann duine amháin a aimsiú, a bhuaileann an spadhar iad, é a cheannach. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil aon luach ag an sócmhainn. Dá gciallódh, bheadh an íos-thairseach luacha a leagtar amach san Acht 1996 gan bhrí. D'fhéadfaí a rá go tagann beagnach aon ní faoi chúram urghabhála an Bhiúró, mar ní bheadh ar an mBiúró ach cóimheá na ndóchúlachtaí a chruthú go mbeidís in ann duine a aimsiú a cheannódh é ar phraghas níos airde ná an íos-thairseach luacha. Déantar cinneadh ar luach indíolta na sócmhainne trí úsáid a bhaint as critéir oibiachtúla ar féidir a fheiceáil i margadh bunaithe. Is é an margadh bunaithe seo a cheadaíonn don Bhiúró a fheidhmeanna a chur i gcríoch agus na sócmhainní atá urghafa aige a dhiúscairt. Is lú tábhacht atá le fáil i gcleachtais fhóram folaithe eile. De bharr fianaise FCA2, tá mé sásta nárbh ann d'aon mhargadh bunaithe do Ethereum go dtí gur thosaigh an t-airgeadra ag trádáil i mí Iúil, 2015.

63. Chuaigh seacht mí thart idir an dáta sin agus déanamh an ordaithe toilithe. Le linn an ama sin, níorbh fhéidir aon amhras a bheith ann gurbh ann do mhargadh do Ethereum agus go raibh luach ag an Ether. Ní dhearnadh iarratas chun Ether a dhéanamh mar chuid den ábhar i gcéad iarratas an Bhiúró. Níor tháinig an teip as mímhacántacht nó gníomh míchuí de chuid an Stáit, ach mar gheall ar neamart simplí ar thosú na trádála. Forbairt ollmhór eacnamaíochta agus teicneolaíochta ab ea cruthú criptea-airgeadra. Tá an sochaí ar fad ag fáil greim ar iarmhairtí na bhforbairtí seo fós. Ní de bharr neamairt a tharla an teip ar thosú trádála an Ethereum a thabhairt faoi deara, ach de bharr nár ullmhaíodh le haghaidh rud a d'fhéadfadh tarlú, nach raibh iomrá ar bith ar go dtí an pointe sin. Bhí an Biúró ag dul i ngleic le bonneagair eacnamaíochta a bhí fós ag forbairt iad féin. Níor tháinig forbairt an Ethereum le haon rialacha nó deimhnithe. Bhí sé go hiomlán in-féideartha nach dtosódh an t-airgeadra ag trádáil agus go mbeadh na céad infheisteoirí fágtha as póca mar gheall air. Bhí an Biúró ag déileáil le cainníocht anaithnid. Mar thoradh air seo, tharla neamart intuigthe. I mo thuairim féin, ní bhunaíonn na hiarrachtaí de chuid an Bhiúró ina dhiaidh sin chun an neamart a leigheas sárú ar an rialú in Henderson v. Henderson. Fiú dá mb'ionann iad agus sárú mar sin, agus dá rachfaí i gcion ar chearta an

freagróra, tá mé sásta nach gcorródh an sárú seo ceisteanna a spreagfadh an Chúirt seo chun rialú i gcoinne an Stáit a dhéanamh faoin dlí-eolaíocht in Murphy agus J.C.

64. Ag díriú ar deireadh ar chearta príobháideachta an fhreagróra, is gá an sárú a mhaítear ina chomhthéasc iomlán ceart. Mar a mhaítear thuas, bheadh athbhreithniú ar gach inneachar ar chóras an fhreagróra de dhíth sular féidir iarratas a dhéanamh de réir chuid 1 den Acht 1897, ina leagfadh an Stát amach cén t-ábhar ar mhian leis a choimeád agus cén t-ábhar nach raibh sé i gceist aige a choimeád a thuilleadh. Leis an dearcadh sin, bhí athbhreithniú ar inneachar an ríomhaire glúine dosheachanta. Tá fianaise an Bhleachtaire Gharda Gallagher ábhartha chomh maith. Bhí sé croscheistithe go mór ag an gcomhaire don fhreagróir maidir le modh ad hoc an phróiseas athbhreithnithe, agus an fáth nár tharla an próiseas athbhreithnithe sular réitíodh an chéad sraith d'imeachtaí. Agus cuimhne á coimeád ar é seo go léir, feictear domsa nach bhfuil an agóid sin i gcoinne an phróiseas athbhreithnithe féin. Níl an freagróir ag argóint nárbh fhéidir athbhreithniú a dhéanamh ar aon chúis. Ina áit sin, go mbaineann an t-aighneas le tráthúlacht, cuspóir agus modh an athbhreithnithe a rinneadh.

65. Tharla an t-athbhreithniú déanta ag FCA2 i ndiaidh do réiteach na céad sraithe d'imeachtaí. Tá mé sásta nach raibh sárú ar chearta príobháideachta an fhreagróra mar thoradh air seo. Mar a mhaítear thuas, bhí imeachtaí coiriúla in aghaidh an fhreagróra fós ar siúl i mí Bealtaine, 2016. Bhí athbhreithniú go hiomlán dlisteanach ag an am sular chríochnaigh na himeachtaí coiriúla agus sula ndeachaigh an deis réasúnta a ndéantar tagairt dó i bpara. 42 thuas in éag. Maidir leis an athbhreithniú, rinne FCA2 athscrúdú ar an gcóras ríomhaire chun cinntiú gur tugadh aird shásúil ar gach ábhar agus ionas go bhféadfaí críoch foirmiúil le himscrúdú an Bhiúró. Is cúis iomlán dlisteanach é seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar an cháis. Go deimhin, dá mbeadh an tAcht 1897 i bhfeidhm, bhraithfí ar an gcúis chéanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar agus iarratas de réir chuid 1 a dhlisteanú. Rinneadh an t-athbhreithniú seo le cinntiú gur chomhlíon an Biúró a dhualgais reachtúla agus a oibleagáidí dlíthiúla. Ní féidir liom aon locht a fháil ansin. Dar ndóigh, bheadh sé foirfe dá dtarlódh athbhreithniú sula ndearna an Breitheamh Fullam ordú toilithe i mí Feabhra, 2016. Agus is mó an difríocht atá ann idir cur chuige níos lú agus cur chuige mídhleathach. Tá mé sásta gur féidir cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha an Bhiúró mar an chéad cheann, in ionad an dara ceann. Ní raibh aon bhonn ann le creidiúint go raibh gá le hathbhreithniú réamh-chríochnaithe. Ní féidir a rá gur iompair an Biúró é féin go héagórach, go díréireach nó go míchuí mar theip air ceann a

dhéanamh, ná ní féidir cur síos a dhéanamh ar an athbhreithniú iarchríochnaithe a tharla mar sin.

66. Maidir le modh an athbhreithnithe, ní féidir a shéanadh nach bhfuil aon pholasaí ann ar an gceist. Fágtar athbhreithnithe faoin oifigeach féin go héifeachtúil. Bhí cúirteanna na hEorpa an-chriticiúil faoin teip seo treoir agus gnás cuí a sholáthar i bhfeidhmiú chumhachtaí an Stáir, agus thug siad breith i bhfabhar na n-iarratasóirí nuair a tharla teipeanna mar sin. Agus é sin ráite, bhí aighneachtaí an fhreagróra ar an bpointe seo an-neamhréalaíoch ar fad. Dá mbeadh a argóint i gceart, bheadh sé d'oibleagáid ar an Stáit polasaithe agus gnás a phleanáil go cúramach do gach ní nó gníomh a d'fhéadfadh tarlú riamh, is cuma cé chomh neamhghnách nó leamh a bheidís. Dá dteipfeadh orthu é sin a dhéanamh, bheadh baol ann do chinneadh breithiúnach contráilte ag pointe éigin sa todhchaí. Ní amháin go bhfuil tasc mar seo tuirsiúil; ach tá sé dodhéanta. Níl aon bhealach ann le gach féidearthacht a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí a thuar, agus plean a dhéanamh dó. Ná níl sé indéanta polasaí nó gnás a chruthú a chlúdaíonn gach gníomh leamh nó fánach a dhéanann gníomhaire Stáit le linn a gcuid dualgas a dhéanamh. Tá, dar ndóigh, eisceacht ann a sholáthródh an Stáit treoir dá oifigigh nuair a chuirtear cumhachtaí an Stáit i bhfeidhm i mbealach suntasach ar bhonn rialta, nó nuair a fheictear go bhfuil aighneas intuartha idir gníomhaíocht an Stáit agus cearta saoránach. I mo thuairim féin, níl athbhreithniú deireanach ar ábhar a urghabhadh, a coimeádadh agus ar braitheadh air go bailí le linn na himscrúdaithe choiriúil seo ina chúis d'ionchas mar seo. Tá mé sásta, mar sin de, nach raibh an bealach ina ndearnadh an t-athbhreithniú seo ina chúis don sárú ar chearta príobháideachta an fhreagróra.

67. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil carte blanche ag gníomhairí an Stáit a rogha a dhéanamh mura chuirtear treoir ar fáil dóibh. Tá oibleagáid ginearálta ag gach gníomhaire Stáit cloígh leis an dlí agus meas a bheith acu ar chearta pearsanta in úsáid a gcumhachtaí agus i ndéanamh a ndualgas. Ní cás seo ar féidir a rá gur sáraíodh an t-oibleagáid ginearálta seo de thaisme, nó eile. Bhí an t-athbhreithniú ar an ríomhaire glúine seo agus an t-inneachar a bhí ar, ag gach céim, go hiomlán dlisteanach. Ar fhíricí an cháis seo, ní mór do cheart an fhreagróra do phríobháideacht mar gheall ar an ngléas seo géilleadh do cheart an Stáit aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíocht thromchúiseach coiriúlachta. Leanadh an gnás riachtanach chun é seo a dhéanamh agus ní raibh aon sárú nó gníomh míchuí ann a tharraingeodh míchlú air sin. Ní féidir aon rud a thabhairt le fios a d'fhéadfadh a rá go raibh bac míchuí, nach raibh ag teastáil sa chás seo. Fiú dá mbeadh, ní dhlisteanódh na baic sin rialú i gcoinne an Bhiúró. Tá an tástáil in Murphy soiléir go leor. Tá prionsabail bunúsacha bunreachtúla ann ar ghá don Stáit

cloí leo agus a ghlanadh ó chúis in úsáid a chumhachtaí. Nuair nach seasann gníomhairí Stáit leis na prionsabail sin, ní mór do na cúirteanna beart a dhéanamh. Agus athbhreithniú déanta ar ghníomhartha ghníomhairí an Stáit sa chás seo, ní féidir a rá go bhfuil an Chúirt seo ag tabhairt a bpróiseas do gníomh na ngníomhairí Stáit atá ag comhlíonadh a ndualgas i mbealach míchuí. Tá mé sásta go bhfuil a ndualgais reachtúla comhlíonta i gceart ag an mBiúró.

**Ráitis Deiridh**

68. D'iompair na gníomhairí Stáit a bhí páirt acu sa chás seo iad féin, i mo thuairim féin, le díograis inmholta le meas ar a gcuid oibleagáid bunreachtúil. Mar a dúirt an Bleachtaire Gharda Gallagher, bhris An Garda Síochána talamh úr sa chás seo. Agus é sin ráite, ní raibh an t-imscrúdú ar ghníomhachtaí coiriúlachta an fhreagróra gan smál. Tá breithiúnas déanta agam i gcoinne an fhreagróra ar na ceisteanna a d'ardaigh sé le linn na héisteachta. Níor sáraíodh a chearta bunreachtúla agus dlíthiúla agus níl aon ghá machnamh a dhéanamh ar an tástáil in Murphy. Ach ní raibh na hargóintí a rinne an freagróir gan fiúntas. Cuireadh neart ama agus iarrachta isteach san imscrúdú seo agus d'fhéadfaí gur baineadh an bonn ó iarrachtaí an Stáit ag castacht chearta príobháideachta sonraí agus malairtí criptea-airgeadra. Cé gur ardaigh na castachtaí seo ceisteanna dlisteanacha ar thaobh an fhreagróra, ní raibh siad ina chúis dó shárú na gceart. Ar ghnáthfhíricí an cháis seo, tá sé bunaithe ag an mBiúró nár urghabhadh nó coimeádadh an sócmhainn in imthosca míbhunreachtúlachta. Ní hionann é sin is a rá nárbh fhéidir le sárú teacht chun cinn i gcás sa todhchaí. Bheadh sé stuama ullmhú le haghaidh na deacrachtaí seo a d'fhéadfadh tarlú as seo amach.

69. Ar son na gcúiseanna a leagtar amach thuas, dhéanfainn na horduithe mar atá á lorg ag an mBiúró maidir leis an Ether a chuimsíonn ábhar an ghnímh seo.

# Cuid a hOcht
# *Forbairtí idirnáisiúnta*

## An Ghné Idirnáisiúnta

Agus é ina ghníomhaireacht tosaigh sa chomhrac in aghaidh coiriúlachta, tá cumas an Bhiúró an fheidhm sin a chomhlíonadh, agus an rath atá bainte amach aige go dtí seo, bunaithe, a bheag nó a mhór, ar an gcur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach lena nglacann sé. Tacaíonn sraith uathúil prionsabal dlí ina leith sin freisin. Leanann an Biúró ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt ar leibhéal idirnáisiúnta ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de.

## An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS)

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, is é an Biúró an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) ainmnithe in Éirinn. Tar éis Cinneadh ón gComhairle Eorpach i 2007, bunaíodh Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní ar fud an Aontais Eorpaigh chun ligean do mhalartú faisnéise idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a bhí páirteach in imscrúdú, sainaithint agus coigistiú sócmhainní a mheastar gur fáltais ó iompar coiriúil iad.

Mar chuid dá thiomantas mar Oifig um Aisghabháil Sócmhainní, d'fhreastail an Biúró ar thrí chruinniú a tionóladh san Eoraip chun obair agus comhoibriú na nOifigí Aisghabhála Sócmhainní a phlé. Tionóladh na cruinnithe seo sa Bhruiséil.

Le linn na bliana 2018, fuair an Biúró cúige iarratas ar chuidiú. Bhí an Biúró in ann faisnéis a chur ar fáil ansin i dtaca leis na hiarratais sin. Fuarthas na hiarratais ó thrí thír déag dhifriúla laistigh den Aontas Eorpach. Sheol an Biúró é féin ochtó n-iarratas chuig seacht dtír dhifriúla agus fuair sé freagraí ar na hiarratais seo.

## Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Ó thaobh oibríochtaí de, leanann an Biúró le bheith páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta. Bíonn rannpháirtíocht an Bhiúró in oibríochtaí den sórt sin ag brath ar imthosca an cháis lena mbaineann. Mar shampla, cuireann an Biúró faisnéis leanúnach ar fáil chun cabhrú le himscrúdú i ndlínse eile uaireanta. I bhformhór na gcásanna sin, baineann rannpháirtíocht an Bhiúró le ról gníomhach a ghlacadh i dtargaidí coiriúla aonair, agus sócmhainní na dtargaidí sin, a rianú i gcomhar le gníomhaireachtaí den chineál céanna i ndlínsí eile.

## Europol

Leanann an Biúró ar aghaidh leis an ról atá aige mar phríomhghníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí in Éirinn, agus é páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta leanúnacha a bhíonn á mbainistiú ag Europol. Bíonn na hoibríochtaí sin ag díriú ar ghníomhaíochtaí na ndronganna coireachta eagraithe a oibríonn trasna teorainneacha agus a fhéachann le leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann le saorghluaiseacht trasna teorainneacha idirnáisiúnta a úsáid ar mhaithe lena gcuid gníomhaíocht choiriúil nó ar mhaithe le gníomhaíocht den sórt sin a éascú.

## Interpol

Is é is Interpol ann ná gníomhaireacht atá comhdhéanta de bhallraíocht na n-eagraíochtaí póilíneachta i gcéad is nócha tír ar fud an domhain. Is é príomhfheidhm na gníomhaireachta ná cabhrú le himscrúduithe intíre a théann thar theorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain an Biúró leas as an ngníomhaireacht sin i roinnt imscrúduithe a rinneadh sa bhliain 2018.

## CARIN

Sa bhliain 2002, d'óstáil an Biúró agus Europol comhdháil le chéile i mBaile Átha Cliath in Óstán Chúirt Camden. Bhí cleachtóirí fhorfheidhmiú an dlí agus cleachtóirí breithiúnacha i measc na rannpháirtithe sa chomhdháil.

Lógó CARIN

Ba é cuspóir na comhdhála ná moltaí a chur i láthair a bhain le fáltais ó choireacht a aithint, a rianú agus a urghabháil. Ba é ceann de na moltaí a tháinig as na ceardlanna ná breithniú a dhéanamh ar ghréasán neamhfhoirmiúil teagmhálaithe agus ar ghrúpa comhoibríoch sa réimse a bhaineann le sócmhainní coiriúla a aithint agus a aisghabháil a chur ar bun. Cuireadh an Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) ar bun ina dhiaidh sin.

Is é an aidhm atá le CARIN ná feabhas a chur ar a éifeachtaí a bhíonn iarrachtaí chun brabús aindleathach a bhaint de choirpigh.

Rinneadh Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní a sheoladh go hoifigiúil le linn Chomhdháil Bunaithe CARIN sa Háig i mí Mheán Fómhair 2004.

Tá rúnaíocht bhuan CARIN lonnaithe i gceanncheathrú Europol sa Háig. Tá an eagraíocht á rialú ag Coiste Stiúrtha atá comhdhéanta de naonúr comhaltaí agus a bhfuil Uachtaránacht rothlach aige.

Le linn 2018, d'fhan an Biúró mar bhall den Ghrúpa Stiúrtha agus d'fhreastail sé ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a reáchtáladh i Vársá ar an 23 - 25 Bealtaine 2018.

## ALEFA

(Cumann na gCuntasóirí Fóiréinseacha Forfheidhmithe Dlí)

Is é is Gréasán ALEFA ann ná tionscadal cistithe Eorpach a bunaíodh chun cáilíocht agus tionchar na cuntasaíochta fóiréinsí ar fud gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a fhorbairt ionas go dtabharfar cabhair níos fearr do na cúirteanna, d'íospartaigh, d'fhinnéithe, d'amhrastaigh, do chosantóirí agus dá n-ionadaithe dlíthiúla i dtaca le calaois líomhnaithe, leis an gcoireacht fhioscach, leis an gcoireacht airgeadais agus leis an tromchoireacht eagraithe.

Lógó ALEFA

Tá baint ag Ballstáit uile an AE leis an Líonra ALEFA agus tugann sé cuireadh do rannpháirtíocht ó na Stáit Aontaithe, Ceanada agus ón Astráil.

Le linn 2018, bhí baint ag an mBiúró, mar bhall den Ghrúpa Stiúrtha ALEFA, le Ciste Slándála Inmheánaí an AE a fhorbairt - tionscadal maoinithe, "Financial Investigation as a means to combat Trafficking in Human Beings (THB)" ("Imscrúdú Airgeadais mar bhealach chun dul i ngleic le Gáinneáil ar Dhaoine (THB)").

Is í aidhm an tionscadail ná teicnící anailíse airgeadais a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar aimsiú agus ar choigistiú fáltais

choireanna THB. Soláthraíodh Grúpa Stiúrtha ALEFA ócáid oiliúna um imscrúdú airgeadais THB le haghaidh toscairí um imscrúdaitheoirí airgeadais agus toscairí um chuntasóirí fóiréinseacha san Háig le linn Aibreáin 2018.

Maidir leis sin, ghlac an Biúró páirt i gcruinnithe tionscadail de chuid an Ghrúpa Stiúrtha ag forbairt ábhar na hócáide oiliúna. Ina dhiaidh sin chuir Grúpa Stiúrtha ALEFA, i rannpháirtíocht leis an mBiúró, lámhleabhar agus bileog imscrúdaithe airgeadais THB ar fáil, a foilseofar agus a cuirfear faoi bhráid an AE go luath in 2019.

## An Coláiste Idirnáisiúnta um Imscrúdú Airgeadais (ICOFI)

Sholáthar an Biúró teagascóir ag an Chomhdháil ICOFI ar "LEA perspective on Virtual Currencies" idir an 20 agus 23 Samhain 2018 ag Coláiste Oiliúna Idirnáisiúnta i mBúdaipeist san Ungáir.

Rinne teagascóir an Bhiúró cur síos ar mionsonraí taithí an Bhiúró maidir le criptea-airgeadra ó iompar coiriúil a aimsiú agus a gabháil. Chlúdaigh an teagascóir fiosrúchán ceann go ceann maidir le mangaireacht drugaí Darknet agus ceachtanna a d'fhoghlaimíodh a bhí bainteach leis an gcás.

Lógó de ICOFI

## Comhdhálacha ar Airgeadra Fíorúil

### Siompóisiam ar Airgeadra Fíorúil

Tugadh cuireadh don Bhiúró cur i láthair a thabhairt ag an "Siompóisiam ar Chriptea Airgeadra " a bhí ar siúl idir an 6 - 10 Lúnasa 2018 i bhFéinics, Arizona, SAM. Eagraítear an chomhdháil seo ag Comh-Thascfhórsa Náisiúnta um Cibirimscrúdú (NCIJTF) sna Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Tá an comhdháil dírithe ar phearsanra fhorfheidhmiú dlí a bhfuil faisnéis go meán-leibhéil agus go hard-leibhéil acu ar airgeadra fíorúil agus taithí acu bheith ag obair lena leithéid d'imscrúduithe. Ag freastal, bhí ionadaí ó Gníomhaíochtaí Feidearálach Fhorfheidhmiú Dlí éagsúla sna Stáit Aontaithe chomh maith le pháirtithe idirnáisiúnta, an Biúró san áireamh.

Chuaigh an ócáid i ngleic leis na treochtaí choire is déanaí, ag rianú, ag cur i leith, agus comhoibriú idir Fhorfheidhmiú Dlí agus an earnáil phríobháideach iomchuí.

Bhain an Biúró an- tairbhe as an gcomhdháil maidir le méadú faisnéise agus inniúlachta i bhfiosrú airgeadra fíorúil.

## Caidreamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí Seachtracha

Tá caidreamh uathúil ag an mBiúró leis na húdaráis sa Ríocht Aontaithe, toisc gurb í an t-aon tír amháin lena gcomhroinnimid teorainn talún agus toisc go bhfuil an caidreamh idir an dá dhlínse á fhorbairt le blianta fada.

### An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann

Ag an gComhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann, tugtar deis do gach gníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí ar an dá thaobh den teorainn teacht le chéile agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhí ar siúl sa bhliain

roimhe agus pleanáil a dhéanamh don bhliain atá le teacht. Tugtar deis lena linn freisin eolas agus taithí a mhalartú agus an dea-chleachtas a aithint in aon réimse comhair ar leith.

I mí na Nollag 2018, d'fhreastal Príomh Oifigigh an Bhiúró ar an gComhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann a reáchtáladh i dTuaisceart Éireann.

Mar chuid den chomhoibriú Trasteorann, thug Oifigigh Sinsearacha ón Gníomhaireacht Náisiúnta um Choireacht (NCA) cuairt ar an mBiúró ar an 24 de mhí Iúil 2018. Mar an gcéanna, thug Príomh Oifigigh um Bhiúró cuairt ar oifigí an Gníomhaireacht Náisiúnta um Choireacht i mBéal Feirste i mí na Nollag 2018.



B/Ard-Cheannfort Patrick Clavin, an tUas Declan O'Reilly, Oifigeach Dlí an Bhiúró agus Bleachtaire Sáirsint Fergal Harrington ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla ag bualadh le Oifigigh Shinsearacha um Ghníomhaireacht Náisiúnta um Choireacht ar an 24 d'Iúil 2018.

### Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann (JATF)

Ba thiomantas ó Rialtais na hÉireann agus na Breataine a bhí i mbunú an Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann sa *'Chomhaontú Tús Úr'* 2015 agus tá an Tascfhórsa ag feidhmiú ó 2016 ar aghaidh.

Is é atá sa Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta ná Grúpa Maoirseachta Straitéisí a aithníonn agus a bhainistíonn na tosaíochtaí straitéiseacha maidir leis an gcomhrac i gcoinne coireachta eagraithe tras-dhlínse agus Grúpa um Chomhordú Oibríochtaí a chomhordaíonn oibríochtaí comhpháirteacha agus a bhainistíonn na hacmhainní ilghníomhaireachta atá riachtanach do na hoibríochtaí sin.

Leis an Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann, tugtar le chéile na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ábhartha sa dá dhlínse chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla i gcoinne na dronganna coireachta eagraithe trasteorann. Tá an Tascfhórsa comhdhéanta d'Oifigigh Shinsearacha ón nGarda Síochána, an SPTÉ, Custam na gCoimisinéirí Ioncaim, Ioncam agus Custaim (HMRC), an Biúró agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (a bhfuil an príomhról acu maidir le sócmhainní coiriúla a aisghabháil).

Uaireanta, áirítear seirbhísí cuí forfheidhmithe dlí eile, (mar shampla gníomhaireachtaí cosanta comhshaoil agus seirbhísí inimirce) nuair a éilítear orthu le hoibríochtaí an Tascfhórsa.

In 2018 d'fhreastal an Biúró ar cheithre cruinniú oibríochta i dtaca leis an Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta agus tá siad páirteach i roinnt oibríochta atá á threorú faoin Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta.

## Cuairteanna ar an mBiúró

Leanann rath an Bhiúró le haird idirnáisiúnta a tharraingt. Le linn na bliana 2018, d'éascaigh an Biúró cuairteanna ó thoscaireachtaí eachtracha maidir le raon disciplíní éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tugann rannpháirtíocht leantach an Bhiúró in imscrúduithe ag a bhfuil gné idirnáisiúnta deis le cur leis an bhfreagairt idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí don bhagairt leanúnach a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil eagraithe thrasnáisiúnta agus le heolas a dhéanamh don fhreagairt sin. Anuas air sin, tugann an rannpháirtíocht sin deis don Bhiúró an taithí atá aige a chomhroinnt le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta ar comhpháirtithe dá chuid iad.

Chuir an Biúró fáilte roimh an tUas Anthony Cook, Gníomhaire Speisialta / Attaché, Sciúradh Airgid agus Ioncam Coiriúil, An Roinn Chistíochta, Fiosrúcháin Choiriúla IRS, Ambasáid na Stáit Aontaithe, Londain ar 25 mí Mheán Fómhair 2018 agus tugadh léargas do ar obair an Bhiúró agus pléadh réimsí leasa agus comhoibriú eatarthu.

Chuir an Biúró fáilte roimh an tUasal Hervé Mathevet Attaché Custaim na Fraince chuig an RA agus Eire ar 1 Samhain 2018. Ba chúis leis an gcruinniú ná seisiún eolais ar róil agus feidhmeanna agus réimsí leasa a malartú.

## Cuairt Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach (DEASP), an tUasal John McKeon ar 16 Bealtaine 2018.

Thug Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach, an tUasal John McKeon cuairt ar oifigí an Bhiúró ar 16 Bealtaine 2018 áit ar chuireadh ar an eolas é maidir le oibríochtaí an Bhiúró agus go háirithe an obair a dhéanann Oifigigh um Bhiúró Leasa Shóisialaigh.



B/Ard-Cheannfort Patrick Clavin, an tUasal John McKeon, Ard Rúnaí agus an tUasal Declan O'Reilly, Oifigeach Dlí an Bhiúró, 16 Bealtaine 2018.

Cuid a hOcht
*Forbairtí idirnáisiúnta*

## Cuairt an Choimisinéara, an tUasal Drew Harris 21 Meán Fómhair 2018.

Ar an Aoine 21 Meán Fómhair 2018, thug Coimisinéir nua cheaptha na nGardaí, Drew Harris cuairt ar Oifigí an Bhiúró. Bhuail an Coimisinéir Harris le Príomh-Oifigeach an Bhiúró, Oifigigh an Bhiúró, foireann an Bhiúró agus foireann Phríomh-Aturnae an Stáit atá lonnaithe in Oifigí an Bhiúró. Tugadh faisnéis don Choimisinéir maidir le feidhmiú an Bhiúró agus chuaigh sé isteach sna hoifigí ina ndearna sé teagmháil leis na hoifigigh agus leis an bhfoireann go léir.




B/Ard-Cheannfort Patrick Clavin agus Coimisinéir na nGardaí an tUasal Drew Harris, 21 Meán Fómhair 2018.

# Cuid a Naoi

## *Tuarascáil Bhliantúil um Nochtuithe Cosanta*

### An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuarascáil maidir le nochtadh cosanta a ullmhú agus a fhoilsiú don bhliain díreach roimhe sin tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh.

Ní bhfuair an Biúró aon nochtadh cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2018.

Cuid a Naoi
*Tuarascáil Bhliantúil um Nochtuithe Cosanta*

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a Deich
## *Conclúidí*

Le linn 2018, tá a dhualgas reachtúil neamhspleách á fheidhmiú ag an mBiúró chun dul sa tóir ar fháltais iompair choiriúil. D'fhonn an sainchúram reachtúil neamhspleách sin a chomhlíonadh, bhain an Biúró leas as forálacha an Achta um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005, agus as an reachtaíocht um Ioncam agus Cosaint Shóisialta, de bhreis ar chumhachtaí faoin gcód coiriúil a fheidhmiú.

Cuireann an Biúró fáilte roimh na cumhachtaí breise agus na hathruithe a tugadh i bhfeidhm trí thosach feidhme an Achta um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2016, a úsáideadh go rathúil. Foráiltear le forálacha an Achta fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, arna leasú, d'fheidhmiú fheidhmeanna an Bhiúró ach cur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach a úsáid.

Lean an Biúró de bheith ag díriú ar shócmhainní a tháinig ó chineálacha éagsúla iompair amhrasta choiriúil, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, calaois, gadaíocht, sciúradh agus smuigleáil breosla agus trádáil neamhdhleathach tobac.

Dírigh an Biúró ar threochtaí atá ag teacht chun cinn ar nós úsáid a bhaint as ngó mótair chun sócmhainní coiriúla a cheilt agus úsáid a bhaint as criptea-airgeadra chun sócmhainní a aistriú agus calaois idirnáisiúnta.

Le linn na bliana 2018, chuir an Biúró béim ar leith ar dhíriú ar na dronganna coireachta eagraithe a bhíonn ag gabháil do choireacht maoine, amhail buirgléireacht. Le gníomhaíochtaí an Bhiúró, cuirtear béim ar leith ar choireacht tuaithe agus bhí roinnt gníomhartha an Bhiúró ag tacú le forghníomhú an dlí in áiteanna réigiúnacha.

De bharr imscrúduithe a rinne an Biúró agus de thoradh na n-imeachtaí agus na ngníomhartha a tháinig as na himscrúduithe sin, cuireadh níos mó ná €2.2 milliún ar aghaidh chuig an Státchiste faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht. Bailíodh níos mó ná €3 milliún i bhfoirm Ioncaim agus aisghabhadh ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh arbh fhiú níos mó ná €323,000 iad freisin.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, choinnigh an Biúró naisc láidre ar bun le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain.

Lean an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ag a bhfuil naisc trasdlínse, go háirithe Interpol, Europol, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta sa Ríocht Aontaithe agus Gréasán CARIN. Ós rud é go bhfuil sé ar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) ainmnithe in Éirinn, leanann an Biúró ar aghaidh ag déanamh tuilleadh forbartha ar naisc fheabhsaithe forfheidhmithe dlí le Ballstáit eile den AE.

Agus é ag féachaint lena chuid cuspóirí a bhaint amach, leanann an Biúró ar aghaidh le dul i ndlúth-theagmháil leis an nGarda Síochána, leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar mhaithe le straitéis chomhtháite a fhorbairt trína ndíreofar ar na sócmhainní agus ar an mbrabús a thagann ó iompar coiriúil. Meastar gur uirlis éifeachtach í an straitéis sin sa chomhrac foriomlán in aghaidh coireacht eagraithe.

Le linn na bliana 2018, cuireadh níos mó ná €5.6 milliún ar aghaidh chuig an bPríomh-

## Cuid a Deich
*Conclúidí*

Chiste de thoradh ghníomhartha an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Tá an fhoireann ildisciplíneach fós ag croílár an tsamhail CAB ina n-oibríonn gairmithe le chéile chun críche coitianta chun na gnóthais a fuair na coirpigh go míchuí a dhiúltú agus a bhaint astu.

Leanann an Biúró air ag fás agus ag forbairt mar fhreagra ar an mbagairt atá ann mar gheall ar choirpigh áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ceann de phríomh láidreachta an Bhiúró is ea an cumas atá aige teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Ní fhéadfadh an leis an mBiúró tabhairt faoi a chuid gníomhaíochtaí gan tacaíocht ó go leor de rannóga na nGardaí Síochána, an Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta san áireamh, an tAonad Práinnfhreagartha, an tAonad Tacaíocht faoi Airm Réigiúnach agus pearsanra roinne áitiúil.

Faigheann an Biúró cuidiú thar barr ó na rannóga éagsúla in Oifig na gCoimisinéirí Ioncam, an Oifig Faisnéise agus Aonaid Custaim. Cuidíonn oifigigh ó rannóga éagsúla den Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach leis an mBiúró chun tairbhe a cheile. Dá bhrí sin tá tionchar forleathan ag an mBiúró in ainneoin a mhéid measartha.

Tugann oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhairle agus tacaíocht den scoth don mBiúró maidir le airgeadas, rialachas agus iniúchadh agus riosca. Déanann an Roinn machnamh ar mholtaí i dtaca le hathruithe reachtaíochta agus beartais a thacaíonn le sainchúram reachtúil an Bhiúró.

# Aguisín A
## *Cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró*

### Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

4.—Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad seo na cuspóirí a bheidh ag an mBiúró—

(a) sócmhainní a aithint, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) beart iomchuí a ghlacadh faoin dlí leis na sócmhainní sin, ina n-iomláine, nó i bpáirt, mar a d'fhéadfadh a bheith iomchuí, a choimeád ó na daoine sin nó a dhiúltú orthu, agus

© tabhairt faoi aon imscrúdú nó aon réamhobair eile i dtaca le himeachtaí ar bith a éiríonn ó na cuspóirí a luaitear in ailt (a) agus (b).

### Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

5.—(1) Gan dochar d'fhairsinge Alt 4, is iad na feidhmeanna a bheidh ag an mBiúró, ag oibriú trína n-oifigigh, ná gach beart riachtanach a dhéanamh —

(a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha, coigistiú, srianadh, úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a aithnítear mar shócmhainní a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) faoi na hAchtanna Ioncaim nó aon fhoráil d'aon achtú eile, cibé acu ar achtaíodh é roimh nó tar éis achtú an Achta seo, a bhaineann le hioncam, le cinntiú go dtagann fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta faoi réir cánach agus go gcuirtear na hAchtanna Ioncaim, nuair is iomchuí, i bhfeidhm go hiomlán ar fháltais nó ar ghníomhaíochtaí mar iad, de réir mar a bheidh,

(c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le haghaidh imscrúdú agus cinneadh, de réir mar is iomchuí, aon éilimh ar nó i dtaca le sochar (laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 ag duine ar bith atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil, agus

(d) ar iarraidh an Aire Leasa Shóisialaigh, imscrúdú nó cinneadh a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon éileamh ar nó i dtaca le sochar, laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nuair a dheimhníonn an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnta ann a chreidiúint i gcás imscrúdú ar leith, go bhféadfadh oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó foirmeacha eile imeaglaithe,

agus áirítear ar bhearta den sórt sin, de réir mar is iomchuí, faoi réir aon chomhaontú idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíní, nó aon údarás, ar údarás aisghabhála fáltais ó choireacht, cánach nó slándáil shóisialta é, in aon chríocha nó stát seachas an Stát.

Aguisín A

*Cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró*

(2) I dtaca le gnéithe a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar rud ar bith san Acht seo mar ghné a théann i gcion nó a shrianann ar bhealach ar bith —

(a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó

(b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Príomh-Aturnae Stáit.

# Aguisín B

## *Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha*

### Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Bhiúró Sócmhainní Coiriúla aithním freagracht atá orm, Príomh Oifigeach an Bhiúró, as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach ceannais inmheánaigh. Téann an fhreagracht sin i ngleic le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Dearbhaím go n-aontaítear plean gnó leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí (SMT) go bliantúil, agus cuirtear é faoi bhráid an Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar eolas.

Tá "Comhaontú um Rialachas Corparáideach a Dhearbhú" idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis na blianta 2017-2019 socraithe agus faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh.

Dearbhaím gur cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas um Chomhlíontacht faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

### Feidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas é a dhíothú. Ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis an gcóras, mar sin, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear earráidí nithiúla nó neamhrialtachtaí nó go ndéantar iad a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### An Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tuairiscíonn an Biúró um Shócmhainní Coiriúla don Aonad Iniúchóireachta agus Riosca Inmheánach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le hábhair iniúchta agus tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) bunaithe aige. Tháinig RIC um Bhiúró le cheile 4 seal le linn 2018.

Le linn 2018, rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar rialú airgeadais agus ar cheannais eile sa Biúró um Shócmhainní Coiriúla, de réir a chlár bliantúil iniúchta.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an CIR ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí na ról agus na bhfreagrachtaí atá ag an bhfoireann maidir le riosca. Eisíodh an beartas do na bainisteoirí go léir laistigh den mBiúró agus moladh dóibh an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

### Creatlach Riosca agus Rialaithe

Chuir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear agus tuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm sa Biúró um Shócmhainní Coiriúla ina sainaithnítear na

príomhrioscaí atá roimh an Biúró agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Athbhreithnítear agus nuashonraítear an clár ag an CIR ar bhonn ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha. Sonraítear sa Chlár Rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a sanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú.

Thar ceann an Bhiúró, dearbhaím go bhfuil comhshaol rialaithe ann ina bhfaightear na gnéithe seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú le haghaidh gach príomhphróiseas gnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach,
- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní an Bhiúró a chosaint.
- Cuireann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte párolla na Seirbhísí Comhroinnte ar fáil don Bhiúró

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Le linn an tréimhse atá clúdaithe faoin Ráiteas Airgeadais seo, cuireadh nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun críche monatóireachta agus ceannais. Tuairiscíodh easpa ceannais dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaithe agus do bhainistíocht, más chuí, gan mhoill. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta ann maidir leis an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla:

- tá eochair-rioscaí agus na rialuithe lena mbaineann sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na n-eochair-rialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú;
- rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar cheannais airgeadais agus ceannais eile;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal a bhfuil an fhreagracht do bhainistiú airgeadais sannta ina leith;
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/tuartha.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon an Biúró um Shócmhainní coiriúla na nósanna imeachta siúd i rith 2018.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Chuir obair an ARC inmheánach, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh na Roinne Dlí

agus Cirt agus Comhionannais agus an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste an Biúró ar an eolas maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta rialaithe. Tá an ARC laistigh den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe inmheánaigh.

Le linn 2018, rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ag an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chun cinnteacht a chuir ar fáil don Choiste Iniúchóireachta maidir le Vóta 24 (Dlí agus Cirt).

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2018 óna dteastaíonn nochtadh sna Ráitis Airgeadais.



______________________

**PATRICK CLAVIN**
**Príomh-Oifigeach an Bhiúró**
**Bealtaine 2019**

Aguisín **B**
*Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha*

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Nótaí

An Biúró um Shócmhainní
Coiriúla
Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 PT89